
# IORRAS AITHNEACH – '90










Iris Choiste Forbartha Chárna

£3.00

# PÁDRAIG Ó CATHÁIN

CONRAITHEOIRÍ TÓGÁLA
GABHLA
095 – 31017


Ag tógáil tí, ag méadú nó ag athrú
taobh istigh nó taobh amuigh

Chuile chineál obair thógála

Fáilte roimh iarratais ar mheastacháin

# CLÁR


| | Lth. |
|---|---|
| Eagarfhocal | 3 |
| Nóta ón Eagarthóir | 5 |
| Fáilte Roimh Phroinsias Mac Aonghusa | 7 |
| Baill Choiste Forbartha Chárna | 9 |
| Otharcharr Chárna | 11 |
| Feachtas na mBóithre | 15 |
| Cárna Phádraig Uí Ghaora | 17 |
| Uisce Ghlinnsge agus Mhuighrois | 18 |
| Dán leis an Sáirsint Ó Conghaile | 20 |
| Údarás na Gaeltachta agus Forbairt Áitiúil | 21 |
| Daonra an Phobail – Inniu agus Inné | 23 |
| Bás Breith agus Pósadh | 27 |
| Muintir an Phobail ag Obair | 29 |
| An Fheilméireacht Éisc sa bPobal | 31 |
| Seaimpín Phaddy Phaitseach | 37 |
| Hugo Carey – Peileadóir | 41 |
| Peil Ghaelach sa gCeantar | 45 |
| Seomraí Feistis ag an bPáirc | 47 |
| Páirc Chárna le nOscailt Arís | 47 |
| Agallaimh leis na Polaiteoirí | 49 |
| Na Teachtaí Dála a Bhí ag an Taobh Seo Cheana | 53 |
| Na Comhairleoirí Contae a Bhí Againn | 55 |
| Mar a Vótáil an Pobal | 57 |
| Na Sagairt a Bhí Againn | 59 |
| Glór na nGael Chárna | 60 |
| Sagart Cúnta Nua agus Séiplíneach ag Imeacht | 61 |
| Scoileanna Náisiúnta an Pharóiste | 63 |
| Le Ciumhais na hAbhann i gCárna | 69 |
| Síomón na Bolgaigh | 71 |
| An Fheilméireacht Éisc agus Truailliú | 73 |
| Club Óige Chárna | 74 |
| Comharchumann Sliogéisc Chonamara | 75 |
| Nuacht an Iarthair ar an Raidió | 81 |
| Colm Ó Caodháin | 83 |
| Pat Walsh – Fear an Union i mBoston | 87 |
| Naíonraí na hÁite | 89 |
| Scoil Phobail Mhic Dara | 91 |
| Feis Chárna | 91 |
| Is Aisteach an Mac é an Saol | 93 |
| Tar éis na Scoile | 95 |
| Coiste Timpeallachta | 96 |
| Joe Éinniú | 97 |
| Buaiteoirí an Oireachtais | 99 |
| Ceangal Croí leis na Beanna Beola | 103 |
| Ionad Tuismitheoirí / Múinteoirí an Pharóiste | 104 |
| Ag Forbairt na Feamainne | 105 |
| Cladaí Chonamara | 107 |
| Dhá Mhála Pulp | 109 |
| Amhrán a rinne Michael Éinniú | 111 |
| Carna and the Connemara Country | 115 |
| Ionad Taighde Cheann Mása | 116 |
| Seó na Bliana 1946 i gCárna | 117 |
| Pictiúir ó Sheó na Bliana 1939 | 121 |
| Cumhacht i gConamara | 125 |
| Córas an Teileafóin | 126 |
| Dhá Dhán | 127 |


SEIRBHÍS
Banc na hÉireann
I mBanc na hÉireann cuirimid raon leathan seirbhísí ar fáil agus leis an ngréasán craobhacha is leithne sa tír, bíonn tú i gcónaí gar do cheann dár mbrainsí.
Banc na hÉireann
Anois, cad is féidir linn a dhéanamh duitse?

# Eagarfhocal

San Irisleabhar seo, caitheann muid súil ar an gceantar a shíneann ó dhroichead Inbhir siar le cósta agus amach ó thuaidh chomh fada le droichead Bhun na hAbhann. Sin é paróiste Mhuighrois, nó paróiste Chárna mar a thugtar air go hiondúil ...pobail Chill Chiaráin agus Chárna nó Dúiche Iorras Aithnigh. Bhuaigh Cárna an comórtas is deireannaí don "Phobal Beo" in iarthar na tíre. Seo é Comórtas Forbartha Pobail Údarás na Gaeltachta. Is faoi scáth Choiste Forbartha Chárna, a bunaíodh i 1986 a bhí an t-iarratas sin istigh. Mar chomóradh ar an mbua sin, thapaigh muid a ndeis le súil a chaitheamh siar, súil a chaitheamh chun cinn agus súil a chaitheamh orainn féin. "Iorras Aithneach 90" an teideal atá ar an iarracht sin agus seo agaibh í mar Irisleabhar.

Tá cupla rud fíor-shuntasach sa bpobal seo anois. Tá an fhostaíocht feabhsaithe go mór le roinnt bhlianta agus sí an Fheilméireacht Éisc is cúis leis sin, cuid mhaith. Dá réir sin, fiú is go bhfuil an-bhánú déanta ag an imirce, níl an scéal chomh dona agus a bhéadh sé d'uireasa na fostaíochta breise seo. Ach, ár ndóigh, níl a ndóthain fostaíochta againn fós agus tá muid buailte cheal seirbhísí cearta.

Níl aon ghá dúinn a mheabhrú díbh go bhfuil na bóithre thar a bheith go dona. Ó tharla muide a bheith ar imeall thiar Chonamara, na hÉireann agus na hEorpa, tá an córas bóithre thar a bheith tábhachtach dúinne. Tá feabhas an-mhór ag teastáil ar na bóithre amach chomh fada leis an Sraith Salach agus soir chomh fada le Doire an Fhia. Dá mbeadh an méid sin déanta bheadh bóthar réasúnta againn go Gaillimh. Teastaíonn caoi a chur ar na bóithre sa gceantar féin chomh géar céanna. Tá cuid de na bóithre thart anseo ina masla do na daoine atá ag braith orthu. Ach, ar a laghad, tá roinnt oibre déanta ar an mbóthar ó dheas i mbliana.

Tá sé cloiste againn agus muid ag cur na hIrise seo le chéile go bhfuil daoine buailte cheal seirbhísí cearta teileafóin. Tá lucht gnó an-bhuartha faoin gcás. Caithfear an córas sin a fheabhsú freisin. Caithfear seirbhísí teileafóin agus leictreachais a choinneáil ar chaighdeán árd mar go bhfuil na tionscail nua ag braith orthu. Ó thaobh uisce de, tá fó-choiste den Choiste Forbartha ag iarraidh an córas uisce a thabhairt siar go Muighros agus suas go Glinnsge. Níl ansin ach cuid bheag den obair atá ar siúl ag daoine dá ndeoin féin.

Ár ndóigh, tá cáil ar an t-seirbhís otharchairr pobail atá againn anseo agus tá an Coiste Cabhrach anseo ag féachaint le seirbhísí níos fearr a thabhairt do dhaoine atá ag éirí aosta. Arís, seo obair dheonach – obair go deimhin féin atá ag sábháil airgid don Stát. Tá an ghluaiseacht phobail seo láidir anois agus tá sí ina húdar misnigh dúinne. Mar shampla eile, tá an Coiste Timpeallachta ag déanamh obair dháiríre ar mhaithe leis an timpeallacht. San am céanna, tá daoine eile ag iarraidh feabhas a chur ar an iascaireacht thraidisúnta agus ar na cuanta. Tá daoine eile fós ag cur oiliúint ar dhaoine óga i gcúrsaí ceoil agus damhsa, seanachais agus scéalaíochta. Pobal gníomhach. Daoine ag obair dá ndeoin féin. Daoine ag roinnt a gcumais ar bhealaí go leor leis an bpobal. Tá áird tarraingthe ag na daoine seo ar chúis na mbóithre ach tá sé cruthaithe go maith acu gur daoine dearfacha, gníomhacha, dháiríre iad ar bhealaí go leor eile freisin.

Ins an Iris seo, díríonn muid áird an phobail ar an obair dheonach forbartha pobail atá ar bun, caitheann muid súil ar fhorbairt eacnamaíoch na háite, labhrann muid leis na polaiteóirí, éisteann muid le glór na ndéagóirí, ní ligeann muid cúrsaí spóirt i ndearmad, tugann muid cuntas ar fhostaíocht, ar na scoileanna, ar obair na hEaglaise. Tá cuntas cruinn againn ar líon na ndaoine sa bpobal anois. Caitheann muid súil siar ar an aimsir a caitheadh, caitheann muid seal ag seanachas agus tugann muid aitheantas do lucht na filíochta agus na n-amhrán. Ní raibh aon ghanntan ábhair orainn – go deimhin, sé an peaca é nach bhféadfaí míle mór leathanach a phriondáil. D'fhéadfaí iad a líonadh agus iad a líonadh faoi dhó.

Má tá an casán siar buille beag anróiteach, níor cuireadh den bhóthar fós muid. Deirtear go bhfuil saol na linne seo in aghaidh na bpobail bheaga amuigh faoin tuaith. Ach, níl fáth ar bith go gcaillfeadh muid an misneach. Níor bhain sé linn go ligfeadh muid na maidí le sruth.

San Irisleabhar seo, tugtar léargas ar phobal pharóiste Mhuighrois, ar phobal Chill Chiaráin agus Chárna. Is go mórtasach a chuireann muid an scathán seo orainn féin sa bpobal seo ós bhur gcomhair.

# Marglann nua an Chlocháin

# Clifden Mart

## Margaí rialta
## Beithigh, caoire, caiple.

**Ag déanamh éascaíochta.**

**Ag tabhairt seirbhíse d'iarthar Chonamara.**

**Díreach taobh amuigh den Chlochán**

**Stiúrthóirí John Sweeney**
**Malachy King**

**Teilefón : 095 - 21861**

# Nóta ón Eagarthóir



Mar a dúradh san Eagarfhocal, d'fhéadfaí an tIrisleabhar seo a scríobh deich n-uaire agus ní bheadh aitheantas tugtha do chuile dhuine as an bpobal seo a raibh sin dlite dó. B'éigean dúinne oiread áirithe ábhair a chur taobh istigh den dá chlúdach seo agus bhí teorainn ar an triáil a bhí againn.Tá dóchas agam féin agus ag an gCoiste go dtabharfar faoina léithide seo arís agus gur féidir cíoradh a dhéanamh agus cur síos a dhéanamh ar chuimse ábhair eile. Mo mhíle buíochas do na scríbheóirí a chuaigh i mbun pinn san Iris seo, do na daoine a thug eolas agus a thug pictiúir dúinn. Tá cuid de na pictiúir seo thar a bheith luachmhar do na daoine ar leo iad agus is mór an ní dúinn gur thrust siad muid leis na pictiúir seo.

Ná déanaigí dearmad ar na comhlachtaí agus ar na daoine a chuir fógraí san Iris seo agus sibh ag tóraíocht earraí nó seirbhísí. Tá muid an-bhuíoch do Roinn na Gaeltachta as ucht an chúnamh a gheall siad dúinn agus d'Údarás na Gaeltachta a chuidigh linn freisin.

Tá mé an-bhuíoch do bhaill an Choiste Eagarthóireachta a chruthaigh thar cionn faoi bhrú ama agus a d'oibrigh go dícheallach agus go stuama chúns a bhí an tIrisleabhar seo á cur le chéile. Beidh teacht le chéile níos ré-chúisí againn roimh na Nollag! Ár ndóigh, ní fada uainn an Nollaig féin anois agus guíonn Coiste na hIrise agus baill Choiste Forbartha Chárna Nollaig shona oraibh uilig agus go n-éirí an bóthar libh i 1991.

*Máirtín Ó Catháin.*
*Eagarthóir.*

**Fó-choiste de Choiste Forbartha Chárna a d'ullmhaigh an tIrisleabhair seo.**

***Seo iad an dream a bhí ar an bhfó-choiste sin:***
Máire Áine Uí Choirbín, Cárna.
Pádraig Ó Cosgordha, Cárna
Máire T. Uí Chuinneagáin, Glinnsge
Máirtín Ó Catháin, Gabhla
Bairbre Bean Uí Ghuairim, Ruisín na Maithníoch
Colm Ó hUaithnín, Muigh-Inis

***Comhairleoir don Choiste Eagarthóireachta:***
Seosamh Ó Cuaig

## Na Picitiúir ar Chlúdach an Irisleabhair

**Barr an Leathanaigh:**
*Ar chlé: Báid agus iascairí ag Céibh Chill Chiaráin. Sí an fharraige, bonnchloch na háite. Ar dheis: An Dochtúr Ó Cathasaigh, Cárna agus Othar Charr pobail an cheantair. Seirbhís iontach a bhfuil páirtíocht mhór pobail inti.*

**Íochtar an leathanaigh:**
*Ar chlé: Bóithre. Ábhar gearáin san áit ach, tá cuid acu dá ndeasú. Ar dheis: An tAifreann ar Oileán Mhic Dara ar lá Patrúin an cheantair, an 16ú lá de Iúil. Sé Naomh Mac Dara Patrún na háite seo.*

**I lár an leathanaigh:**
*Bronnann an tAire Stáit Gaeltachta san am, Donncha Ó Gallchóir an phríomh-dhuais don Iarthar sa gcomórtas "An Pobal Beo" ar Chathaoirleach Choiste Forbartha Chárna, Máire T. Uí Chuinneagáin. Ar chlé sa bpictiúr, tá Bairbre Bean Uí Ghuairim, Rúnaí an Choiste Forbartha agus ar dheis, tá an tAthair Micheál Ó Riordáin a bhí ina Chisteoir ar an gCoiste san am.*

# BRADÁN MARA TEO

**LEITIR ÁRD**
**CAISEAL**


095 - 32392/93/94

**Táirgeoirí Bradán Atlantach den scoth le chúig bhliana déag anuas.**

**Díoltar ár dtáirge san Eoraip, i Meiriceá agus sa tSeapáin chomh maith le Éirinn.**

*Gabhaimid comhgháirdeachas le Coiste Forbartha Chárna as a bhfuil bainte amach acu i bhforbairt pobail.*

# Fáilte roimh Uachtarán Chonradh na Gaeilge agus Cathaoirleach Bhord na Gaeilge



Shocraigh muid go n-iarrfadh muid ar Uachtarán Chonradh na Gaeilge agus Cathaoirleach Bhord na Gaeilge, Proinsias Mac Aonghusa an tIrisleabhar seo a sheoladh dúinn i gCárna. Tá áthas orainn gur ghlac sé leis an gcuireadh. Ar ndóigh is comharsa dúinn é sa méid agus go bhfuil teach aige i nDoire Iorrais, an baile is faide soir sa bparóiste seo. Caitheann sé tréimhsí i nDoire Iorrais. Is as Rosmuc ó dhúchas dó agus sé an chead duine as Gaeltachtaí an Iarthair a toghadh ina Uachtarán ar Chonradh na Gaeilge. Bhain sé cáil mhór amach mar fhear Raidió, Telefíse agus mar Iriseoir nuachtáin. Sin ceird, go deimhin, nár thréig sé fós.

Cuirimid céad fáilte roimh Phroinsias Mac Aonghusa go Cárna le "Iorras Aithneach '90" a sheoladh go hoifigiúil.

## SEIRBHÍSÍ EAGLASTA

### Amanna Aifrinn

| | |
|---|---|
| *Cárna* | |
| Luan go hAoine | 10.00 a.m. |
| Dé Sathairn (samhradh) | 7.30 p.m. |
| Dé Sathairn (geimhreadh) | 6.30 p.m. |
| Dé Domhnaigh | 10.30 a.m. |
| *Muighros/Glinnsge* | 9.30 a.m. agus 11.00 a.m. chuile dhara Domhnach |

| | |
|---|---|
| *Cill Chiaráin* | |
| Luan go hAoine | 9.00 a.m. |
| Dé Sathairn (samhradh) | 7.30 p.m. |
| Dé Sathairn (geimhreadh) | 6.30 p.m. |
| Dé Domhnaigh | 11.00 a.m. |
| *Loch Con Aortha* | |
| Dé Domhnaigh | 10.00 a.m. |

Nollaig mhór mhaith
ag Pobal Iorras Aithnigh
ó

TIGH MHÓRÁIN

☎ (095) 32244

# An Chistin

## An Cheathrú Rua

**Teach spóirt, ceol agus craic**

**Bia agus Deoch**

*Comhghairdeachas le Coiste Forbartha Charna*
*ó*
*Mhuintir Uí Shé*

**Fón: 091 - 95151**


# Baill Choiste Forbartha Chárna – Samhain 1990

**Máire T. Uí Chuinneagáin**



As Glinnsge í Máire T. agus tá sí ag múnadh i Scoil Phobail Mhic Dara i gCárna. Sí atá ina Cathaoirleach ar Choiste Forbartha Chárna. Tá sí ina ball de Bhord Bainistíochta Scoil Mhuire i gCárna. Bhí sí an-ghníomhach in ath-bheochan Fheis Chárna. Tá sí ina Stiúrthóir ar Chumann Sóisireach Naomh Uinsionn de Pól. Bhí sí i gCoiste na Scoileanna Gaeltachta roimhe seo. Ball gníomhach de Chraobh Chárna d'Ord Mhálta. Mar Chathaoirleach ar Choiste Forbartha Chárna, bhí sí go mór chun cinn sa bhfeachtas do bhóithre níos fearr i gCárna agus bhí sí ar dhuine den toscaireacht a chas leis an Aire Comhshaoil, Pádraig Ó Floinn, T.D. i gCaisleán Átha na Fuinseoige san Aibreán seo caite.

**An tAthair Pádraig Audley**



Rugadh an tAthair Pádraig i Leitir Mealláin, Conamara. Fuair sé a chuid scolaíochta i Scoil Náisiúnta Leitir Mealláin, i gColaiste na gCarmilíteach, Baile na Martra, Corcaigh. Chuaigh sé ansin go Coláiste Naomh Eoin, Port Láirge agus oirníodh ina Shagart é i 1964.

Thug sé aghaidh ar Mheiriceá i 1964 agus chaith sé dhá bhliain déag ansin i mbun obair phobail agus mar shéiplíneach in Ollscoil Missouri. D'fhill sé abhaile i 1976. Bhí sé trí bliana i gCill Rónáin, Árainn agus aon bhliain déag ar an Tulach, Cois Fharraige. I Meitheamh na bliana seo tháinig sé anoir le cósta go Cárna. Tá sé anois 'na Shagart Paróiste i gCárna. Tá sé mar chisteoir ar Choiste Forbartha Chárna agus baint aige le coistí eile sa gceantar freisin.

**Seán Ó Cathasaigh**


As Muighinis é Seán agus tá sé ag múnadh sa Scoil Phobail i gCárna. Iar-chathaoirleach é ar an gCoiste Forbartha i gCárna. Bhíodh baint mhór aige le cúrsaí dramaíochta. Tá cáilíocht aige i bhforbairt pobail ó Cholaiste na hOllscoile i nGaillimh.

**Mairéad Mhic Oireachtaigh**




As Sligeach í Mairéad ó dhúchas. Tá cónaí uirthi i gCárna ón mbliain 1970. Tá sí i mbun gnó Ollmhargaidh lena fear céile, Micheál i sráidbhaile Chárna. Tá Mairéad ina Cisteoir ar Chomheagar Chonamara. Tá sí ina rúnaí ar Choiste Bhailte Slachtmhara Chárna agus ina ball de Choiste Timpeallachta Chill Chiaráin/Cárna. Tá sí gníomhach i mbuíon Chárna d'Ord Mhalta. Bhí sí ar dhuine de bhunaitheoirí Naíonra Chárna.

**Tomás Ó Nídh**



As Glinn Chatha i Rosmuc é Tomás ó dhúchas agus tá cónaí air anois i Muighros. Sé atá ina Leas Phríomh Oide i Scoil Phobail Chárna. Tá sé ina Leas Chathaoirleach ar an gCoiste Forbartha i gCárna. Tá sé ina Rúnaí ar Choiste Tógála na Seomraí Feistis. Sé atá ina Chathaoirleach ar Choiste na mBóithre agus bhí sé ina cheannródaí ar ghluaiseacht na mbóithre in iarthar Chonamara. Tá Tomás ina bhall de Chumann Tuismitheoirí Scoil Phobail Chárna freisin. Bhí baint aige le obair fhorbartha i bPort Omna, áit ar chaith sé seal ag múnadh scoile.

**Máirín Bean Uí Dhubhda**



As baile Chárna í Máirín. Bhí sí ina múinteoir ceoil. Tá sí i mbun obair thaighde anois sa stáisiún Taighde Atmasféir i gCeann Mása.

Tá Máirín ina ball de Chomheagar Chonamara – grúpa atá ag iarraidh co-oirdniú a dhéanamh ar fheachtaisí turasóireachta i gConamara. Tá sí ina ball de Chomhairle Thuatach Árd Dheoise Thuama. Bhí baint aice le ath-bheochan Fheis Chárna. Rinne sí cúrsa i scileanna tuismitheoireachta leis an Athair Paddy Tyrell.

**Colm Ó hUaithnín**




As Muigh-Inis é Colm Ó hUaithnín. Tá sé ina mhúinteoir adhmadóireachta i Scoil Phobail Chárna. Sé atá ina Rúnaí ar Chumann Peile Naomh Conal/MacDara agus imríonn sé leis an bhfoireann chomh maith. Tá Colm ina bhall de Choiste Seomraí Feistis Chárna agus tá sé ina bhall freisin de choiste Bóithre Choiste Forbartha Chárna.

**Bairbre Bean Uí Ghuairim**



Tá cónaí ar Bhairbre i Ruisín na Maithníoch agus tá sí ag múnadh i mBunscoil Mhuighrois. Sí an rúnaí í ar Choiste Forbartha Chárna. Sí atá ina Rúnaí freisin ar Choiste an Halla agus ina Cathaoirleach ar Choiste Tuismitheoirí na Scoile Pobail. Bhí sí ina Cathaoirleach ar Choiste Fheis Chárna ó 1986 – 1989. Tá sí ina Cathaoirleach ar Choiste Tuismitheoirí Mhuighrois agus ina ball d'eagraíocht Scoileanna na Gaeltachta. Tá sí ina Rúnaí ar Choiste Ghlór na nGael agus tá sí an-ghníomhach in eagrú imeachtaí do dhaoine óga.

**Pádraig Ó Cosgordha**



Iar-mhúinteoir bunscoile é Pádraig Ó Cosgordha. Tá sé ina riarthóir anois i gComharchumann Chonamara Thiar. Sa Leath-Mhás a rugadh agus a tógadh Pádraig ach is i sráidbhaile Chárna atá cónaí air anois.


Tá taithí fhada aige ar fhorbairt pobail. Bhí baint aige le bunú an Choláiste Gaeilge sa gceantar. Bhí páirt mhór aige in obair Ghael Linn sa gceantar. Bhí sé ina bhall do Mhuintir na Gaeltachta a chuir brú go mbunófaí Roinn na Gaeltachta. Bhí sé ina rúnaí ar Chumann Peile Mhic Dara sna blianta inar bhuaigh siad go leor Craobhanna. Bhí baint aige le eagraíochtaí go leor eile freisin.

**Máire Áine Uí Choirbín**



As baile Chárna í Máire Áine agus tá sí ina Cléireach Oifige i gcomhlacht feilméireachta éisc Uí Chearrbhail. Sí atá ina Leas Rúnaí ar an gCoiste Forbartha. Bhí baint aice le ath-bheochan Fheis Chárna agus tá sí gníomhach i bhforbairt na Páirce Peile i gCárna. Tá sí ina ball de Choiste Tuismitheoirí Scoil Phobail Mhic Dara.

**Máirtín Ó Catháin**



As Gabhla é Máirtín. Tá sé ina Iriseoir le Raidió na Gaeltachta agus scríobhann sé do nuachtáin freisin. Le cúrsaí reatha is mó a bhíonn baint aige agus tá roinnt mhaith cláracha déanta aige agus altanna scríofa aige faoi dhaoine as an Iarthar i Meiriceá le cúpla bliain anuas

Taithí mhór aige in imeachtaí pobail. Iar chathaoirleach ar Chomhnaidhm na gComhairlí Pobail in Iarthar Chonamara. Cathaoirleach ar an gCoiste a thóg Ionad Pobail an Chaisil agus Pionnúr Liathróid Láimhe an Chaisil. Baint mhór aige le forbairt Chomhar Creidmheasa an Chaisil a thugann seirbhís do chúig céad ball ó Chárna go Chlochán. Cathaoirleach ar an gCoiste a thóg Áras nua an Chomhair Creidmheasa. Duine de na ceannródaithe ar bhunú sheirbhís othar-chárr Chárna. Cathaoirleach ar Choiste Timpeallachta Chill Chiaráin/Cárna. Gníomhach i gCoiste Cabhrach Chárna atá ag iarraidh seirbhísí níos fearr a thabhairt do dhaoine aosta. Bhí sé i gceannas ar roinnt mhaith scéimeanna fostaíochta óige agus fostaíochta sóisialta.

Eagraí ar imeachtaí spóirt agus stáitse freisin.

**Iar Bhaill don Choiste**

Bhí Micheál Mac Oireachtaigh as Cárna agus Máire Ní Uaithnín as Muighinis gníomhach ar an gCoiste nó gur éirigh siad as le bliain anuas.

# Othar Charr Chárna
# Seirbhís Iontach a Bunaíodh i 1990

*Is dócha go bhfuil othar charr pobail Chárna ar cheann de na seirbhísí is fearr a bunaíodh sa bpobal seo ariamh. Is sampla iontach í an tseirbhís seo don phobal ag gníomhú ar a son féin. Ach, ní gan obair mhór a cuireadh an t-seirbhís seo ar bóthar.*


*As Leitir Árd é an Ceannphort Airm, Maitias Mac Donnchadha. D'oibrigh sé go stuama agus go héifeachtach le linn don tseirbhís seo a bheith dá bunú. San alt seo, insíonn An Ceannphort Maitias Mac Donnchadha scéal othar-charr Chárna ón gcéad lá....*

* * * * * * * * * *

Is i gCárna a tóigeadh mise. Nuair a d'fhág mé Cárna breis agus dhá scór blianta ó shoin bhí sé mar bhí sráid bhaile ar bith eile dá mhéid, faoin dtuaith, sa tír. Gach uile dhuine ag déanamh a dhícheall maireachtáil a bhaint as an mbeagán, agus an aimsir mar ghnáth ábhar cómhra.

Ar fhilleadh dom go Cárna taréis breis agus dhá scór bliain is iomaí athrú a chonaic mé ar an áit. Feabhas mór ar bhealaí. Rudaí nach raibh aon athrú orthu, ach anois bhí trí ábhar cómhrá go ginearálta. An aimsir, droch staid na mbóithre, easpaí móra ar chóras leighis agus sláinte. Ní shin le rá nach raibh a lán ábhair eile cainte acu; ní bhfuair tú bean nó fear sa bParóiste nach raibh in ann labhairt leat ar aon ábhar a chuirfeá chucu.

Má labhair siad ar an aimsir, bhí fhios acu go mba mar ba toil le Dia a bheadh sí. Stáid na mbóithre - bhí siad seo faoi chúram rialtais áitiúil agus ag gearán leo faol seo ba ag déanamh do ghearáin le Giolla gan truagh é. Maidir le córas leighis, is ag gearradh siar ar chaiteachas a bhí an Roinn Sláinte. Is in olcas a bhéadh an scéal ag dul, nó an eadh?



*An Ceannphort Airm Maitias Mac Donnchadha - scríbhneoir an ailt seo.*

**An Dochtúr Micheál Ó Cathasaigh**

Is mar sin a bhí an scéal nuair a tháinig an dochtúr Micheál Ó Cathasaigh go Cárna - fear a raibh taithí mhaith aige ar dheacrachtaí a bhain le bheith i gceantar tuaithe i bhfad ó Ospidéil. Bhí fhios aige má bhí feabhas le theacht ar an scéal go raibh sé suas dó féin agus don pharóiste rud éigin a dhéanamh mar gheall air. Is ag an am seo a léigh mé píosa sa bpáipéar áitiúil - agallamh a bhí ag an dochtúr le Máirtín Ó Catháin. Lua sé na deacrachtaí is mó a chonaic sé agus an ceann is mó ná an mhoill a bhí ar othar a fháil go dtí an t-ospidéal i gcás práinneach. Ba chosúil anois go raibh dochtúr i gCárna a thuig má bhí leigheas ar an scéal nach í an Roinn Sláinte a dhéanfadh é.

Tháinig sé féin agus Máirtín agus an tAth. Ó Ríordáin le chéile agus bunaíodh coiste. Rinneadh díospóireacht ar na rudaí a bhí ag teastáil.

An chéad rud, othar charr a fháil agus a fheistiú, a bheadh le fáil i gcás práinneach. Bhí géar ghá leis seo mar tharla ó am go ham go mbeadh othar i dtimpist nó le taom croí. An t-am a thóigeadh sé an t-othar charr a theacht as Gaillimh dá mbeadh ceann le fáil - agus is minic a tharla nach raibh - bhí sé ag cur shaol an othair sin i mbaol. Chun an scéim seo a thabhairt chun cinn bheadh airgead le bailiú agus daoine le hoiliúint i gcéad fhóirthint. Chun buntáistí eile bheadh riachtanach a fháil, bheadh sé tairbheach a bheith fé bhráid Ord Mhálta.

Socraíodh cruinniú poiblí chun an scéim a chur ós comhair an phobail. Bhí sé soiléar go raibh muintir an pharóiste i bhfabhar dul chun cinn leis. Ag an gcéad chruinniú eile don choiste socraíodh bailiúchán an airgid, ag tosnú le muintir an pharóiste. Bheadh scór punt ar gach teaghlach le bheith tógtha ina dhá chuid. Ina dhiaidh sin, aon chabhair a b'fhéidir fháil ó lucht gnó a raibh baint acu leis an bparóiste nó as aon áit eile. Mheas muid go mbeadh timpeall le £22,000 ag teastáil. Bheadh muid ag súil le timpeall £10,000 ó mhuintir na háite. Bheadh £12,000 breise ag teastáil.

**Cara as Meiriceá**

Ag an am, fuair muid cabhair nach raibh súil againn leis. Bhí úinéir Óstán Chárna, Gill Sullivan sa mbaile. Bhí fhios agam go dtugadh sé síntiús gach bliain le dul chun tairbhe do scéim éigin a bheadh tairbheach do dhaoine in Éirinn nó




*Lá mór - Buíon Ord Mhalta Chárna ag láinseáil seirbhís othar-cháirr pobail Chárna - Aibreán 1990.*

scéimeanna in áit éigin in Éirinn. Ar mholadh uaim an bhliain roimhe sin, thug sé an síntiús don scoil speisialta i gCaisleán Nua. D'iarr mé anois air smaoineamh ar chabhrú le scéim an othar cháirr. Taréis dó labhairt leis an dochtúr, gheall sé $5,000 dó. Taréis dó dul ar ais go dtí na Stáit ghlaoigh sé le rá go dtabharfadh sé punt ar phunt dúinn ar an méid a bhailigh muid ó mhuintir na háite. Ó bhí an chéad chuid den bhailiúchán tógtha, timpeall le £7,000, ba mhór an gar dúinn é seo. Go deimhin, fuair muid síntiús na bliana 1990 uaidh freisin $5,000. Chomh fada agus is cuimhin liom, fuair muid breis 's £10,000 ar fad uaidh. Le £7,000 bailithe ó mhuintir na háite agus tuilleadh le teacht, roinnt ó lucht gnó agus tuilleadh geallta agus súil againn le deontas ó Roinn na Gaeltachta agus b'fhéidir ón National Lottery mheas muid go raibh muid ar mhuin na muice.

**Ord Mhálta**

Chuaigh muid i dteangmháil le Ord Mhalta chun buíon a eagrú i gCárna agus taréis roinnt deacrachtaí fuair muid údarás a dhul ar aghaidh, ár mbuíochas do Lft. Col. Joe McGough agus Lft. Frank Hearns. Chuir an dochtúr tús le ranganna céad fhóirthinte agus arís bhí sé soiléar go raibh suim mhór iontu agus ar fhreastal orthu. Nuair a chuaigh muid chun carr a cheannacht d'fhoghlaim muid nach mbeadh an ceann a bhí ar intinn againn ró-oiriúnach. Ag leanúint ar chomhairle a fuair muid ó lucht eolais, cheannaigh muid an ceann a moladh dúinn cé go raibh sí i bhfad níos daoire. Níl an costas go cruinn agam ach bhí sí timpeall £29,000 nuair a bhí sí feistithe. Deir lucht an eolais liom go bhfuil sí ar an gceann is nua-aimsire sa tír. Chosain bunú na seirbhíse uile thart ar £49,000.

Lean rudaí ar aghaidh i dteannta a chéile. Tháinig breis airgid isteach. An dara cuid den bhailiúchán paróiste, síntiúisí ó lucht gnó agus deontas ó Roinn na Gaeltachta. Chríochnaigh na ranganna agus taréis na dteisteanna bhí ós cionn dhá scór cáilithe. Ar an 16ú Aibreán 1990 taréis Aifrinn, bhí lánseoil oifigiúil de charr na n-othar agus an chéad bhuíon Ghaelach de Ord Mhálta sa tír againn i gCárna.

**Rinne siad a gcion go maith**

Ó d'éirigh chomh maith leis an scéim tá buíochas ag dul go a lán. Don dochtúr Micheál Ó Cathasaigh a chonaic céard a bhí ag teastáil agus a raibh sé de mhisneach aige rud éigin a dhéanamh mar gheall air, don choiste a tháinig le chéile go rí-mhinic i ngach saghas aimsire, a chuaigh ó theach go teach san bparóiste ag bailiú airgid agus go deimhin áit ar bith eile ar mheas siad a raibh punt le fáil.

Don bhuíon d'Ord Mhálta a thug agus a thugann dá n-am chun cinntiú go mbeadh carr na n-othar le fáil nuair tá sí ag teastáil, ina dteannta, na tiománaithe nach bhfuil san Ord ach a thugann dá n-am. Do na hoifigí in Ord Mhálta a d'oscail a lán bearnaí dúinn agus a thug comhairle agus cabhair. Do Bhord Sláinte an Iarthair a bhí fábharach don scéim. Do gach duine a chabhraigh linn, ach go háirithe do mhuintir an pharóiste. Bhíodar fial, flaithiúil agus fáilteach agus gan an tacaíocht a thug siad ní bheadh seans ag an scéim. Is maith sibh a mhuintir Chárna.

Leis na fiacha uilig a íoc bhí muid gearr in airgead. Buíochas mór do Choiste Forbartha Chárna a thug iasacht gan ús dúinn.

Seirbhís anseo agus i bparóistí eile

Tá an t-othar charr ar bóthar le cuid mhaith de bhliain anois. Bhí sí agus cuid den bhuíon ar paráid i mBleá Cliath ar an ocáid stairiúil sin nuair a thug an Grand Knight, Ord Mhálta, cuairt ar an tír seo. Bhí sí agus an fhoireann ar dualgas i gCnoc Mhuire agus i mBaile Locha Riach. Tá sí ar bóthar ar an meán faoi dhó sa t-seachtain. Chomh maith leis an méid atá déanta i gCárna bhí sí le fáil i gcásanna fíor phráinneach i Leitir Móir, sa gCaiseal, i Rosmuc, Clochán agus Cloch na Rón. Dúirt an dochtúr Micheál Ó Cathasaigh liom go raibh sé in ann a rá go raibh cúigear sa bparóiste atá ina mbeatha inniú de bharr go raibh ar a chumas iad a fháil go dtí an t-ospidéal in am. Fear eile a rinne a lán oibre, ná Cathaoirleach an choiste, an tAthair Ó Ríordáin, agus atá aistrithe uainn. Go raibh rath ar do chuid oibre, a Athair. Is mór an chailliúint do Chárna thú. Is fíor an sean fhocal : "Níor chaill fear an mhisnigh ariamh é."


*Comhgháirdeachas le Coiste Forbartha Chárna*

# TIGH LEAVY

**An Áird Mhóir, Cill Chiaráin**
**Conamara, Co. na Gaillimhe**
**Fón: (095) 32230**

# Grósaera agus Beár
# Gual•Kosangas•Ola Diesel



# Risteárd Mac Donnchadha

**Cill Chiaráin**

**Grósaera – Búistéar**
**Córas Iompair ar fáil**

*Deá-Mhéin chuig Coiste Forbartha Chárna*

# Comhlacht Aerphort Chonamara

Buíochas le muintir Chárna agus Chill Chiaráin a sheas go láidir linn.
Toradh an phobail bhreith a bhí ar siúl ar an 18ú Feabhra 1990

An Cheist: *An bhfuil tú i bhfábhar go dtógfaí Aerphort in Ardagh, An Clochán?*

| | |
|---|---|
| Iomlán ar chlár na vótóirí : | 6293 |
| Iomlán vótaí a caitheadh : | 3653 (58%) |
| Tá: | 3341 (91.46%) |
| Níl: | 256 |
| Vótaí millte: | 56 |

| | |
|---|---|
| Céadchodán don toghchán iomlán ar a shon: | 53.21% |
| Líon na vótóirí atá san áit dháiríre: | 5,304 |

Dá réir sin, vótáil os cionn 60% de mhuintir an cheantair ina fhábhar.

Ar gá dúinn ṭada eile a rá.

*- Stiúrthóirí Chomhlucht an Aerphoirt*

# Feachtas na mBóithre

## Ní féidir neamh-shuim a dhéanamh dúinn feasta

*Nuair a bhuaigh Cárna an phríomh-dhuais i gcomórtas Forbartha Pobail Údarás na Gaeltachta "An Pobal Beo", luadh an feachtas ar shon bóithre níos fearr ar an bpríomh ghaisce a rinne an Coiste Forbartha. Díríodh áird ar an droch-bhail atá ar bhóithre na háite agus tá an feachtas ag leanacht ar aghaidh ó shoin.*

*Sé Tomás Ó Nídh Cathaoirleach Choiste Bóithre Choiste Forbartha Chárna agus sé a bhí ina cheannródaí ar an bhfeachtas.*

*Déanann Tomás Ó Nídh cur síos ar fheachtas na mbóithre i gCárna.*

**********



Ag cruinniú polaiteoirí Ghaillimh Thiar i Halla Chárna ar an 15 Meitheamh 1990 chuir fó-choiste Bóithre do Choiste Forbartha Chárna "Cairt chearta bóithre" do Chárna ós a gcomhair. Sa gCairt seo, bhí scrúdú déanta ar bhóithre an cheantair uilig agus meastúchán curtha ar an airgead a theastódh le haghaidh caoi réasúnta a chur ar na bóithre céanna. £2.94 milliún a bhí i gceist.

Tharla rud súntasach ag an gcruinniú seo. Bhí na polaiteoirí uilig ar aon fhocal agus bhí siad sásta tacaíocht iomlán a thabhairt don iarratas seo. Go deimhin, cheap siad go raibh ár gcuid figiúirí beagán ró-íseal rud a cruthaíodh níos deireannaí nuair a chonaic muid an méid mílte bóthair a bhí £$\frac{1}{2}$ mhilliún punt a dheisiú idir Cárna agus Scríb.

Mhol siad freisin gur iarratas breise a bheadh anseo ós cionn an ghnáth chaiteachas a theastaíonn ar bhóithre ó bhliain go bliain.

**Iarratas chuig an Roinn Comhshaoil**

Socraíodh an t-iarratas a chuir chuig an Roinn Comhshaoil mar, gan airgead, nach raibh sé ar chumas an Chomhairle Condae morán a dhéanamh. Gheall na polaiteoirí lán-thacaíocht dá chéile ina gcuid iarrachtaí chun feabhas a chur ar bhóithre Iarthar Chonamara.

Ní raibh sa gcruinniú agus san gCairt seo ach céim eile sa bhfeachtas bóithre anseo i gCárna. Thosaigh an feachtas seo tuairim is trí bliana ó shoin le cruinnithe poiblí i Halla Chárna. Ó shoin i leith, bhí muid istigh ag an gComhairle Condae agus labhair muid ag cruinnithe don Chomhairle Condae faoi dhó. D'fhreastal muid ar chruinnithe eile don Chomhairle Condae chun súil ghéar a choinneál ar na himeachtaí agus bhí cruinnithe againn le oifigí an Chomhairle Condae agus le polaiteoirí Ghaillimh Thiar.

Taréis na gcruinnithe seo ar fad bhí dhá rud súntasach le tabhairt faoi deara:

1. nach raibh an Chomhairle Condae ag fáil a ndóthain airgid ón Roinn Comhshaoil agus
2. nach raibh Conamara ag fáil cothrom na féinne ón gComhairle Condae.

**Casann muid leis an Aire**

Chun áird na Roinne Comhshaoil a dhíriú ar an bhfaidhb, thug muid ár n-aghaidh ar Chaisleán Áth an Fuinseoige san Aibreán seo caite áit a raibh cruinniú do Airí Comhshaoil an Chomhphobail ar siúl. Labhair muid leis an Aire Comhshaoil, Pádraig Ó Floinn T.D. an lá sin. Níor gheall sé aon airgead dúinn ach, gheall sé go dtabhairfeadh sé cuairt ar Chonamara chun an fhaidhb a fheiceál dhó féin. Chuaigh sé siar ar a fhocal faríor; tá sé anois sé mhí ó gheall sé cuairt a thabhairt ar Chonamara agus níor sheas sé i gConamara ó shoin.

**Airgead Comhairle Condae claonta**

Maidir le Comhairle Condae na Gaillimhe, sé mo thuairim féin go roinntear airgead bóithre an Chomhairle Condae ar bhonn an-chlaonta. Tá an ceathrú cuid de bhóithre réigiúnacha agus de bhóithre condae Chomhairle Condae na Gaillimhe i gConamara ach níl ach an séú cuid den daonra againn. Fágann sé seo ar an gcaol chuid muid maidir le caiteachas. Tá trí bhóthar náisiúnta don chéad ghrád ag dul trí oirthear na Gaillimhe chomh maith le roinnt mhaith Bóithre Náisiúnta don dara grád. Tagann na deontaisí iomlán do na bóithre seo díreach ón Eoraip agus ón Roinn Comhshaoil. Níl ach Bóthar Náisiúnta amháin den dára grád againn i gConamara, sé sin Bóthar an Chlocháin.

Tá fhios ag madraí na sráide go bhfuil faillí déanta ar Chárna maidir le bóithre. Tá cruinniú iarrtha againn agus geallta dhúinn ag Innealtóir Condae Chomhairle Condae na Gaillimhe chun plean forbartha bóithre an Chomhairle Condae do Chárna a phlé leis.

Tá feabhas tagtha ar chuid do bhóithre Chárna le trí bliana anuas. Tá go leor oibre fós le déanamh ach tá sé soiléar anois do na húdaráis uilig nach bhféadfaidh siad dearmad a dhéanamh ar bhóithre Chárna feasta.

*Comhghháirdeachas ó chroí le Coiste Forbartha Chárna ar fhoilsiú a nIrise.*

**Tá obair mhór le déanamh ar son na Gaeilge.**
**Cuidigh linn san obair sin. Tá baint ag Conradh na Gaeilge le gach gné go náisiúnta.**
**Bíonn toradh buan ar an obair seo, m.sh.**

**- reachtáil naíonraí lán Ghaeilge do pháistí óga**
**- ranganna Gaeilge agus ciorcail chomhrá a reachtáil**
**- dramaí Gaeilge a léiriú**

Más mian leat clárú mar bhall de Chonradh na Gaeilge déan teangmháil le:

# Conradh na Gaeilge

## 6 Sráid Fhearchair, Baile Átha Cliath 2

**Fón: 01 - 757401/757402**

# I gCárna im Óige

## *Súil Siar Thríd an gCeamara*

*Tá aithne súl ag cuimse daoine ar Phádraig Ó Gaora. Mar Iriseoir i Seomra Nuachta Raidió Teilifís Éireann i nDomhnach Broc i mBaile Átha Cliath,is minic a thugann sé léargas don tír ar imeachtaí an t-saoil mhóir ar theilifís RTE.*

*Beidh cuimhne ag go leor daoine air freisin mar "Cholm" sa t-sraith dramaí raidió "Colm i Sasana" agus gach uile Cholm eile.*

*Ár ndóigh, is i mBaile Átha Cliath atá cónaí anois air agus ins an alt seo caitheann sé súil ar laethanta a óige agus ar a bhaile dúchais, Cárna.*

* * * * * * * * * *

'Twas in the year of '39
The Skies were black with lead.
Hitler made for Poland
And Paddy for Hollyhead.

Bhí neart cuid suntais eile ann an mhí áithrid sin in ar thosaigh an t-ár a bhfuil trácht air thuas agus in ar rugadh mise i gCárna. Bhí Corcaigh buailte ag Cill Chainnigh sa gcluiche cáiliúil a dtugtar "thunder and lightning final" air go dtí an lá atá inniú ann. Deich scilleacha sa t-seachtain seanphinsean agus pinsean caoch a bhí ann. Ceathair déag sa t-seachtain 'dole' agus gheobhfá píosa Clarke's Plug agus bosca matcheannaí ar scilling agus deich bpingne.

D'fhág go leor de na daoine móra a bhí ag fanacht Tigh Mhongáin le deifir go bhfillfidís ar an taobh ó thuaidh agus ar Shasana. Chuir Jim Beag a málaí i mbút a gcarr, chraith sé an t-soinseáil a bhí ina phóca le rud eicínt a mheabhrú dóibh, chuir sé a bheannacht leo, nó le cuid acu, agus dúirt go raibh súil aige go bhfeicfeadh sé arís iad an samhradh dár gcionn.

Ní fheicfeadh. Bhí go leor acu nach bhfillfeadh ar Chárna arís lena ngoin le dhul ag iascach ar Loch Troscáin, Loch Buaile, Loch an Aon Oileáin, Loch a'Bhuí ná Loch an Óir. Ní ghabhfaidís ag snámh agus ag déanamh aeraíochta dóibh féin arís ar thránna gainimhe Ruisín a' Chalaidh, Mhuighinse, Mhuighrois ná Chaladh bhFuighinse. Ní chloisfí torann a ngunnaí breátha bairille dúbailte ag foghlaeireacht ar an gCnoc Buí, i nDubhlitir, i gCluais Ghiorria ná i nGleann a'Rud. Bhí a bpostú lena reisimint ar ármhá na hEorpa ag fanacht le go leor acu ar fhilleadh abhaile dóibh. Thógfadh cuimhní faoi laethanta saoire a chaithidís Tigh Mhongáin i gCárna cian is cumha díobh in uaigneas na dtrínsí fliucha, fuara ar éadan catha an iarthair an geimhreadh a bhí chucu.

Chaithfeadh sé go raibh cora an chogaidh sin go mór faoi chaibidil Tigh na nGaorach i gCárna mar gurb é mo ghéarchuimhne na comharsana a



*Pádraig Ó Gaora – ag caitheamh súil siar as Stiúideó Mhontrós go Cárna.*

fheiceáil ag teacht isteach san oíche 'ag éisteacht leis an news' agus mura bhfuil mé ag dul amú bhaintí an t-sásamh as an nGearmánach a bheith á fháil gorm. Chaintítí ar a leitheide seo de raic a tháinig i dtír i Muighinis, ar an Oileán Máisean, nó sna hÁirdeannaí – paca rubair a mb'fhiú an t-úafás é, haistí loinge a dhéanfadh togha ciseannaí aimsir chur amach na móna, boscaí brioscaí mílse a choinneodh gasúir chantalacha socair agus stuff níos láidre, faraor, a chuir codladh fada ar roinnt dár bhlais é, bairille peitril dearg a chuir m'athair i bhfolach sa raithneach in íochtar baile is a mheascadh sé leis an bpeitril coupáin a d'fháigheadh sé Tigh Josie Mongan don charr.

Cuimhním ar mo chéad lá ar scoil chomh maith is dá mba é inné é. An 4ú Márta, 1944 a bhí ann, lá na stáisiúin i dteach sin againne. Shínigh an Sagart paróiste a ainm agus an dáta ar phictiúr beannaithe a crochadh ar bhalla na cisteanaí agus a bhí ansin ar feadh na mblianta. Théis dom dul faoi láimh Easpaig, d'fhág mé scoil an Chonvent agus seo linn go Scoil an Mháistir áit a bhfuil an Halla anois. Dara Mór an Bhreathnaigh a bhí ag múnadh ann. Ach faraor níor mhair Scoil a'Mháistir i gCárna i bhfad tar éis domsa a dhul ann. Bhí an tinreamh ag titim. D'athraigh an máistir go dtí scoil níos mó. Dhún an scoil. Rinne

tuismitheoirí gearán le Fr. Corcoran, an sagart paróiste. Cuireadh mise agus mo dhreatháir Joe go dtí scoil Hugh Phádraig Rua Ó Dónaill i Muighinis agus d'fhanadh muid tigh Choilmín Sheáin Bairéad, uncail mo mháthar, i Muighinis, ó Luan go hAoine.

Níor mhair an spraoi i bhfad. An fómhar a bhí chugainn bunaíodh an chéad scoil "co-ed" in Éirinn nuair a socraíodh Scoil a'Mháistir a chur isteach le Scoil a'Chonvent. Thiocfadh "na buachaillí móra" faoi smacht na 'nuns' ath-uair agus muid uilig a cheapadh nach mbeadh na mná rialta in ann riar ná reacht a choinneáil ach is mór an díchéille a bhí orainn. Bhí Sister Theresa i gceannas na scoile agus níorbh fhada ar ais muid go raibh muid ag caitheamh i ndiaidh Scoil a'Mháistir agus údar againn. Anois agus mé ag breathnú siar féadaim a rá nár casadh leithéide Sr. Theresa de mhúinteoir orm riamh ó shoin.

An t-oideachas nach bhfuair muid sa scoil, fuair muid ar choirneál Tigh Mhóráin é. Ní chorraíodh mórán i ngan fhios don choirnéal. Dá ndéanfadh caint é b'ann a bhuailtí an chuid ab fhearr den bháire.

Ní bhíodh an lá sách fada ar chor ar bith lena mbíodh ar ár n-aire. Bhíodh muid craiceáilte ag bualadh báire nuair a bhíodh an aimsir ann dó. Théadh muid ag fiach coiníní soir Ruisín a'Mhullagáin, ag iascaireacht ar an abhainn le dorú, duán is péist. Théadh muid ag cuartú neadrachaí éan sa "bplantation". D'imríodh muid deiseannaí ar scoil, lascadh muid creabhair agus shéideadh muid frogannaí ar an mbealach abhaile. Théadh muid "ag caitheamh leis an mbob" agus ag tossáil. Dhéanadh muid báid bheaga siolastraim agus chuireadh ag snámh ar locháin iad. Tá fhios agam lena ndéanamh fós. D'imríodh muid 'i bhfolach beag' agus gunnaí maide againn le cheile a chaitheadh. Chuireadh muid bláth buí bhainne bó bleachtáin suas le smig a chéile le fios a fháil ar an gceird a bheadh orainn nuair a bheadh muid mór. Ní cuimhneach liom riamh go raibh sé i bhfáistine an bhláth buí go mbeinn ag tabhairt amach na nuachta ar RTÉ, i mo Cholm i gColm i Sasana, Colm ar Strae, Colm sa mBaile agus chuile Cholm eile. Ní cuimhneach liom go bhfaca mé sa mbláth buí go mbeinn ag gabháil d'iriseoireacht na Gaeilge lá breá eicínt.

Bhí Carna go maith dhom. Ní fhéadfadh duine blianta tosaigh a shaoil a chaitheamh i mbaile níos fearr ná i dteach níos fearr. Bhí aon nduine dhéag againn ann - cúigear romham agus cúigear in mo dhiaidh – agus marach mo dhreatháir Máirtín a cailleadh agus é seacht mbliana déag d'aois, bhí linn ar fad buíochas le Dia. Bhí fáilte roimh an gcomharsa, roimh an gcuairteoir agus roimh an strainséara sa teach agus tá i gcónaí.

Ní baileach go bhfuil an t-sráidbhaile fhéin chomh piocthaí, na claíochaí chomh biorraithe ná na sráideanna chomh néata is a bhíodh le mo linn-sa. Driopás agus cúramaí móra an t-saoil nuaí atá anois ann is mó is ciontsiocair leis sin, cinnte.

Ach sé'n Cárna céanna é. Gnaiúlacht agus láíocht á chaitheamh amach doras gach tigh ann. Grá na gcomharsan agus grá De á chleachtadh ann mar a bhí riamh. Lucht na n-amhrán, an t-seanachais, na scéalta agus an cheoil ag éirí gann, faraor, ach sin é an bealach leis an saol.

Is ann a chaith mé blianta tosaigh mo shaoil agus níl aon lá nach gcuimhním ar na blianta iontacha sin agus an lorg a d'fhágadar ar mo shaol. Tuilleadh bisigh chugat a Chárna ghnaíúil! Go maire tú do dhuais bhreá, shaothraithe! Is maith an aghaidh ort é. Nár chaille tú do shaothúlacht ná do chuid Gaeilge go brách. Nár chaille tú é, ar aon nós sula dtabharfaidh mise mo thuras deireanach go Muighinis is go dtabharfaidh mé mo chúl leis an Meall Rua agus m'aghaidh siar isteach ar an Oileán Máisean, an dreancaid mhara agus an tonachán trá mar chomharsana nua agam agus búireach bhodhar na toinne go síorraí in mo chluasa.

---

## Coiste Uisce Ghlinnsge agus Mhuighrois

Ceann do bhunriachtanaisí maireachtála an duine ná seirbhís cheart uisce. Níl seirbhís den t-sórt seo ag muintir bhailte Ghlinnsge, Leitir-Árd, Dhamhrais ná roinnt do Mhuighros.

Tá suas le ochtú teach i gceist san gceantar seo. San áireamh, tá Scoil Náisiúnta Mhuighrois ar a bfreastalaíonn gasúir na háite. Tá ionad oibre do chuid Carrolls, tithe lóistín, tithe saoire, obair feilme agus Ionad Pobail Scoile Ghlinnsge.

I mí Lúnasa seo caite thóig Coiste Forbartha Chárna an cás idir lámha. Bunaíodh fó-choiste agus toghadh ionadaithe as na bailte atá i gceist.

Ó shoin i leith, tá Coiste Uisce Ghlinnsge agus Mhuighrois gníomhach i mbun beartaíochta le Comhairle Condae na Gaillimhe agus leis an Roinn Comhshaoil.

Tá sé geallta ag polaiteoirí Chonamara agus Iarthar na Gaillimhe lán tacaíocht a thabhairt don Choiste ar mhaithe le córas ceart caighdeánach uisce a chur ar fáil do na bailte seo atá buailte gan uisce.

*Máire T. Uí Chuinneagáin, Rúnaí an Choiste Uisce*



*Thar farraige anonn – turas "Chairdeas" chun na Breatine Bige, mí Lúnasa 1990. Thug baill an Choiste Forbartha cuairt ar ionaid oideachais, craoltóireachta agus an t-ionad rialtais i dtuaisceart na Breataine Bige. Bhí Sorcha Nic Dhonncha as Údarás na Gaeltachta ina gcuideachta. Níl Pádraig Ó Cosgordha a bhí ar an turas sa bpictiúr seo.*



*Éamonn Mac an Ríogh as an Áird Thoir, Cárna ó dhúchas a bhí ina Stiúrthóir ar fheachtas bhótála Aerphoirt Chonamara i dtús na bliana seo. Iar-mhúinteoir é Éamon agus tá sé i mbun gnó sa gClochán anois. Pléadh an scéal faoin Aerphort ar fud na hÉireann agus níos faide ó bhaile.*

*Dúirt Éamonn go ndeachaigh sé féin i mbun gnímh mar go mb'fhacthas do go raibh beag is fiú dá dhéanamh do mhuintir Chonamara de bharr cuid de na ráitísí a bhí dá gcur amach. Bhótáil móramh na bhótóirí i bhfábhar an Aerphoirt.*



*Máirtín Ó Catháin, an Comhairleoir Micheál Ó Móráin agus Maitias Mac Donnchadha ag ócáid láinseála Othar Charr Charna.*



*Coiste Cabhrach Chárna a bhunaigh seirbhís otharcháirr Chárna/Cill Chiaráin. Ó chlé: Máirtín Ó Catháin, Micheál Mac Oireachtaigh, Dr. Micheál Ó Cathasaigh, an tAthair Micheál Ó Ríordáin, An Comhairleoir Micheál Ó Móráin, Ann Marie Ní Cheannabháin, Gearóid Ó Cosgordha, Maitias Mac Donncha.*

*Ní raibh na baill seo leanas den Choiste i láthair nuair a tógadh an pictiúr seo: Seosamh Ó Cuaig, Micheál Breathnach (An Áird Mhóir), Tomás Ó Laoi, Lúí Mac an Iomaire, Caitríona Uí Cheóinín, Micheál Breathnach (Cill Chiaráin), Tomás Breathnach.*



*Cailín Gaelach Chonamara 1990 – Caitríona Ní Choirbín as Cárna, Ionadaí Chonamara ag comórtas na bliana seo i gCorca Dhuibhne, Ciarraí.*




*Othar-chárr Chárna – cúigear d'fhoireann Ord Mhalta ó chlé: Beartla Breathnach, Cristine Bn. an Bhreathnaigh, Cill Chiaráín, Cáit Ní Uaithnín, An Más, Pádraig Ó Maoilchiaráin, Leitir Árd agus Máire Bn. Mhic an Rí, An Áird Thoir.*



*Ag láinseáil seirbhís Othar-Cháirr Chárna ó chlé go deas: Máire T. Uí Chuinneagáin, Máirín Bn. Uí Dhubhda agus Pádraig Ó Cualáin, triúr do na freastalaithe gar-chabharach.*



*Cathaoirleach Choiste Forbartha Chárna, Máire T. Uí Chuinneagáin i measc toscaireacht a chuaigh isteach go Caisleán Átha na Fuinnseoige i mí Aibreáin seo caite lena ngearáin faoin mbail atá ar bhóithre Chonamara a chur in iúl don Aire Comhshaoil, Pádraig Ó Floinn, T.D. Bhí cruinniú de Airí Comhshaoil an Chomhphobail Eorpaigh ar siúl san gCaisleán an lá sin. Gheall an tAire go dtiocfadh sé go Conamara le súil a chaitheadh ar na bóithre é féin.*

---

# Tú fhéin a Dhuine

*An Sáirsint Pádraig Ó Conghaile*

Tabhair cluas don saol
Éist le scréach chráite an ainmhí
I ngéibheann
Is tú tá ciontach
A Dhuine.
Screadaíl, caoineadh
Clampar
Colainn stróicíthe stractha i bpian
Ar bhóthar
Ag do ghluaisteán
A Dhuine.
Pléascáin, piléir
Dóiteán
Slí beatha do chomrádaithe scuabtha
Caradas daonna scriosta
Ar son Tír – Ghrá?
Cé'n toradh atá ad
A Dhuine.

Cnámha briste do chomharsan
Faoi phian
Éist leis an Olagón
Na daill gan radharc
Éist le tap tap na maidí ar
Thaobh sráide
Tá siad gan solas
Agus tusa tú fhéin
A Dhuine.
Amach as an mbrúscar
Tá na sluaite
Ag tarraingt agus ag triall
Go Cill
Ní féidir leat-sa
Éisteacht anois
Le torann bodhar shluaiste na marbh
Ar do chónra
A Dhuine.

# Údarás na Gaeltachta agus Forbairt Áitiúil

*Máirtín Ó Conghaile, Bainisteoir Réigiúnach, Údarás na Gaeltachta*



Sé Údarás na Gaeltachta an eagraíocht Stát-urraithe atá freagrach as forbairt eacnamaíochta, shóisialta agus chultúrtha na Gaeltachta. Is cúraimí leathana agus casta iad sin agus níl siad gan dúshlán mór. Tá an tÚdarás breis agus deich mbliana bunaithe anois agus níorbh iontas é dá mbeadh athruithe áirithe le tabhairt faoi deara i bpolasaithe na heagraíochta sin in imeacht an ama sin. Má tá eagraíocht le bheith beo bríomhar ní mór di a bheith ag déanamh athbhreithniú ar a polasaithe agus ar a bhfeidhmiú ó am go chéile agus sé a fhearacht sin ag an Údarás é.

Tá athruithe tábhachtacha tárlaithe i bhfeidhmiú pholasaithe an Údaráis i 1990 – athruithe nach mbeidh a dtionchar le n-aineachtáil go ceann bliana eile ar a laghad. Ar an athrú is tábhachtaí tá béim níos mó á chur ar réigiúnachas agus ar fhorbairt áitiúil. Mar thacaíocht leis seo tá sé beartaithe breis fóirne a chur i mbun cúraimí forbartha sna réigiúin éagsúla.

Níl amhras ach go dtiocfaidh na hathruithe seo chun tairbhe do phobal Chárna agus Dheisceart Chonamara fré chéile. Tá Tadhg Ó Conghaile ceaptha le déanaí mar Fheidhmeannach Forbartha le cúraimí ar leith do cheantar Chárna agus beidh Éamon Ó Domhnail ar fáil chun tacú leis agus le láimh chúnta a thabhairt do ghníomhaíochtaí pobail sa cheantar. Osclófar fó-oifig ar feadh lá sa t-seachtain i gCárna mar léiriú ar ár ndáiríreacht sna hiarrachtaí seo. Ó lár na n-ochtóidí nó mar sin ar aghaidh chuir an tÚdarás béim ar leith ar fhorbairt acmhainní nádúrtha. Tá toradh an pholasaí sin níos feiceálaí i gceantar Chárna agus Chill Chiaráin ná mar atá sé in aon cheantar eile Gaeltachta san tír.

### Údarás na Gaeltachta agus Forbairt Áitiúil

Aithnítear go forleathan anois go bhfuil sé i bhfad níos sábháilte sa bhfadtéarma forbairt agus cruthú fostaíochta a bheith bunaithe ar acmhainn atá ar fáil go háitiúil. I gceantar Chárna agus Chill Chiaráin tá béim mhór ag an Údarás le blianta beaga anuas ar mhuirshaothrú nó an fheilméireacht éisc mar a thugtar go coitianta air. Go dtí seo tá furmhór na bpostanna cruthaithe trí fheirmeoireacht bradán agus an tionscal próiseála agus seirbhíse a lean é. Amach anseo níl amhras ach go mbeidh níos mó béime á chur ar an tionscal sliogéisc. Tá breis agus 200 duine fostaithe go lánaimseartha i gceantar Chárna agus Chill Chiaráin ag comhlachtaí a fuair tacaíocht ó Údarás na Gaeltachta. Tá 78% acu sin fostaithe i dtionscal na feilméireachta éisc nó i dtionscail a d'eascair as. Tá 4,229 méadar cearnach de achar monarchan ar léas ag an Údarás le chúig chomhlacht éagsúla. Níl oiread agus méadar cearnach amháin de spás folamh faoi láthair sa cheantar agus níl amhras ach go mbeidh gá le breis spás tionsclaíochta a sholáthar go luath.

### Sliogéisc

Ceann de na samplaí is spéisiúla d'fhiontair forbartha áitiúla in aon Ghaeltacht sea iarrachtaí Chomharchumann Sliogéisc Chonamara ar acmhainn thábhachtach oisrí agus muiríní atá sna cuanta áitiúla a fhorbairt. Is dúshlán mór é seo do na hiascairí agus don phobal áitiúil. Tá an tÚdarás sáite go domhain san iarracht seo ón tús mar ba léir dó gur b'fhiú dul i bpáirtíocht leis an bpobal áitiúil i bhforbairt acmhainn a bhí imithe i léig agus i mbaol a scriosta. Ba toradh maith ar infheistíocht an Údaráis agus ar eagrúchán an Chomharchumainn gur tugadh timpeall 50 tonna oisrí i dtír in imeacht coicíse i mí Dheireadh Fómhair. Beidh an tÚdarás i bpáirtíocht leis an gComharchumann amach anseo lena chinntiú go bhfairsingeofar na beirtreacha agus go gcruthófar fhostaíocht fhiúntach ón acmhainn luachmhar seo. Le tacaíocht an Chomharchumainn tá an tÚdarás ag tabhairt spreagadh do dhaoine aonaracha feirmeacha sliogéisc dá gcuid féin a bhunú taobh istigh de limistéar an Chomharchumainn. Tá dóchas go dtiocfaidh borradh faoi na feirmeacha seo sna blianta beaga atá amach romhainn.

**Forbairt Chomhlánaithe**

Ar ndóigh bheadh sé dainséarach d'aon eagraíocht nó ceantar a mhuinín iomlán a chur i gcúrsaí iascaireachta amháin nó in aon chinéal tionscail amháin. Tuigeann an tÚdarás an tábhacht atá le forbairt chomhlánaithe nó le forbairt cúpla earnáil ar bhealach ciallmhar le chéile. Mar léiriú air seo tá spéis ar leith ag an Údarás i bhforbairt turasóireachta (i dteannta Bhord Fáilte a bhfuil cúraimí reachtúla turasóireachta air). Níl cúis ar bith go mbeadh an mhuirshaothrú agus an turasóireacht ag teacht salach ar a chéile i gceantar Chárna agus tá sé mar aidhm ag an bhFóram a bhunaigh an tÚdarás i mbliana go gcaomhnófaí an timpeallacht nádúrtha ar leas an phobail i gcoitinne. Tá an dá thionscail sin bunaithe ar acmhainní nádúrtha, tá siad ag brath ar thacaíocht agus ar pháirtíocht an phobail agus tá d'acmhainneacht acu araon ioncam breise a chruthú do go leor daoine sa phobal.

Tuigtear freisin an tábhacht atá le eagraíochtaí éagsúla Stáit comhoibriú le chéile i dteannta le eagraíochtaí áitiúla i gceantar ar leith. Beidh béim ar leith á chur ag Rannóg Réigiúnach an Údaráis ar an ngné seo lena chinntiú go mbeidh an buntáiste is fearr le baint as iarrachtaí an Stáit i gceantar ar bith.

**Ról Eagraíochtaí Deonacha**

Tá sé fíor thábhachtach go mbeadh eagraíochtaí láidre deonacha i bparóiste ar bith. Comhlánaíonn agus treisíonn eagraíochtaí gníomhach áitiúla obair an Údaráis. Le blianta beaga anuas tá Coiste Forbartha Chárna thar a bheith gníomhach i bhforbairt áitiúil a gceantair agus tá aitheantas tugtha ag an Údarás dó seo. Is léiriú eile foilsiú na hirise seo ar thionscnamh an Choiste. I dteannta le Comharchumann Sliogéisc Chonamara a bhfuil baill ghníomhach aige i bparóiste Chárna, tá aitheantas tuillte freisin ag Comharchumann Chonamara Thiar agus ag na daoine a bhunaigh é le seirbhís thábhachtach a sholáthar sa cheantar. Tá a lán cur agus cúiteamh le blianta fada maidir le forbairt pobail agus ról eagraíochtaí deonacha in Éirinn agus ní liachtaí duine ná tuairim maidir leis an ábhar. Níl amhras ach go dtuigtear ag léibhéal an Chomhphobail Eorpaigh anois an tábhacht atá le forbairt tuaithe agus forbairt áitiúil. Maidir leis an Údarás dhe feictear ról eagraíochtaí deonacha mar leanas:

- ag spreagadh páirtíocht an phobail i bhforbairt a gceantair
- ag comhoibriú le eagraisí stáit i bhforbairt eacnamaíochta agus i gcruthú fostaíochta
- mar urlabhraithe ar riachtanaisí an phobail
- ag síor airdeall ar an timpeallacht
- mar chaomhnóir teangan agus cultúir áitiúil
- ag cuidiú le forbairt shóisialta.

**Teanga agus Cultúr**

Murach ceist na teanga ní bheadh gá le eagraíocht cosúil le Údarás na Gaeltachta. Is mar gheall ar an nGaeilge atá eagraíocht ar leith forbartha ag an nGaeltacht. Dá thoradh sin tá cuspóirí teanga agus forbartha pobail ag baint le gach cabhair airgid a chuireann an tÚdarás ar fáil do thionscail nó do ghrúpaí áitiúla deonacha. Sé dúshlán chaomhnú na teanga an dúshlán is mó atá ag an Údarás. Tá ról án-tábhachtach ag eagraíochtaí pobail áitiúla i gcaomhnú na teanga agus ní féidir le pobal ar bith a bheith sleamchúiseach faoi cheist na teanga sna naochadaí. Bheadh an tÚdarás ag súil ní amháin go gcaomhnófaí an teanga ach go n-úsáidfí í le fostaíocht a chruthú ar bhealach dearfach (.i. turasóireacht chultúrtha).

**An Todhchaí**

Sé aidhm an Údaráis ná cuidiú le cruthú fostaíochta ar bhonn ciallmhar sna blianta beaga atá amach romhainn i bpobal Chárna. Díreofar go speisialta ar fhorbairt acmhainní nádúrtha an cheantair ar mhaithe leis an bpobal fré chéile. Cuirfear béim chomh fada agus is féidir ar chruthú tograí d'árdchaighdeán. Díreofar nuair is féidir ar thograí bunaithe ar theicneolaíocht fáisnéise. Beidh an tÚdarás ag tnúth go mór le tionscnaimh an phobail áitiúil sna hiarrachtaí seo uilig. Le go n-éireoidh linn bonn níos folláine a chur faoin tionsclaíocht agus faoin turasóireacht sa gceantar caithfear an bonneagar – idir bhóithre agus seirbhísí eile – a fheabhsú go mór agus is léir go dtuigeann pobal an cheantair gurb í seo eochair an dul chun cinn. Is i dteannta a chéile is fearr muid.

# Daonra an Phobail
# Na Figiúirí is Deireanaí

Ar an deichiú lá fichead de Dheireadh Fómhair, 1990, thóg muid cuntas cruinn ar dhaonra an phobail seo ó dhroichead Inbhir siar thimpeall chomh fada le droichead Bhun na hAbhann. Chomhair muid chuile fhear, bean agus páiste sa bparóiste. Seo é toradh an chomhairimh sin:

| | |
|---|---|
| Doire Iorrais | 78 |
| Coill Sáile | 103 |
| Loch con Aortha | 90 |
| Cill Chiaráin (an sráidbhaile) | 149 |
| Áill na Brún | 29 |
| Bántrach Árd | 49 |
| An Áird Mhóir | 152 |
| Caladh bhFuighinse | 86 |
| Ruisín na Maithníoch | 113 |
| *Muighinis:* | |
| Cartúr | 41 |
| Feithearnach | 76 |
| Meáll Rua | 40 |
| Ruisín a Chalaidh | 4 |
| Crumpán | 45 |
| Cárna | |
| Ón gClochar go dtí an tÓstán: | 117 |
| Leitir Deiscirt | 37 |
| Coillín | 49 |
| An Áird Thoir | 60 |
| An Áird Thiar | 69 |
| Más | 41 |
| Leath Mhás | 4 |
| Duibhithir | 66 |
| Muighros | 85 |
| Leitir Árd | 103 |
| Damhros | 20 |
| Glinnsge | 64 |
| Caladh an Chnoic | 7 |
| Gabhla | 41 |
| **Daonra iomlán an pharóiste** | 1818 |

571 teach nó seoladh poist atá sa bparóiste anois.

Siad Bairbre Uí Neachtain (Loch Con Aortha), Bairbre Bean Uí Ghuairim (Ruisín na Maithníoch), Máire Uí Laighin (Coillín) agus Máire T. Uí Chuinneagáin (Glinnsge) a thóg an cuntas seo ar dhaonra an pharóiste.

NA BLIANTA SIAR

Is fiú comparáidí a dhéanamh leis na blianta a caitheadh ó thaobh daonra de. Ár mbuíochas don Athair Pádraig Ó Dubhshláine a thug na figiúirí seo dúinn:

Paróiste Mhuighrois

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1911: | 3,493 | 1976: | 1,979 |
| 1926: | 2,766 | 1978: | 1,947 |
| 1941: | 2,566 | 1980: | 1,999 |
| 1944: | 2,525 | 1982: | 1,732 |
| 1947: | 2,610 | 1984: | 1,927 |
| 1970: | 2,086 | 1985: | 2,002 |
| 1974: | 1,915 | 1986: | 1,756 |
| 1975: | 1,933 | 1988: | 1746 |

## Ag Dul Siar go Tús an Chéid

Tá fáil ar fhigiúirí againn do chomhaireamh an-chruinn a déanadh ar dhaonra an phobail i 1901.

Ní hé amháin go bhfuil na daoine comhartha; tá na tithe comhartha freisin. Bhí bailte agus oileáin sa gcomhaireamh sin nach bhfuil aon nduine ina gcónaí iontu anois.

Bhí cheithre ghrád tithe i gceist. Bhí grád 1 áirithe ar na tithe ab fhearr, grád 2 ina ndiaidh agus mar sin de. Sé Seosamh Ó Cuaig a chuir an t-eolas ó dhaonáireamh 1901 le chéile dúinn.

DAONRA AN PHARÓISTE I 1901

| Ceantar | Tithe | Daoine |
|---|---|---|
| Dú-ithir | 34 | 152 |
| An Coillín | 17 | 85 |
| Carna | 29 | 141 |
| An Áird Thiar | 29 | 151 |
| An Áird Thoir | 21 | 109 |
| Caladh bhFuighinse | 32 | 158 |
| Gabhla | 15 | 74 |
| Fínis | 23 | 134 |
| An Aird Mhóir | 49 | 208 |
| Roisín na Maithníoch | 56 | 255 |
| Cill Chiaráin | 101 | 461 |
| Caladh an Chnoic | 7 | 33 |
| Loch Con Aortha | 26 | 153 |
| Coill Sáile | 42 | 233 |
| Doire Iorrais | 25 | 154 |
| Bior Mór | 2 | 17 |
| Roisín a' Chalaidh | 5 | 32 |
| Maoinis | 75 | 422 |
| An tOileán Máisean | 15 | 72 |
| Roisín a' Bholgáin | 2 | 2 |
| Muighros | 25 | 110 |
| An Más | 19 | 100 |
| Leitir Deiscirt | 14 | 76 |

| | | |
|---|---|---|
| Leitir Árd | 59 | 359 |
| An Leath-Mhás | 15 | 73 |
| Glinsce | 20 | 110 |
| An tOileán Gorm | 2 | 9 |
| An Cnoc Buí | 1 | 4 |
| Gabhlán Thoir | 1 | 10 |
| Gleann a' Rud | 1 | 4 |
| Dú-Leitir | 1 | 10 |
| Seanac Dónaill | 1 | 12 |
| **Iomlán** | 764 teach | 3923 daonra |

## NA TITHE IS MÓ A RAIBH DAOINE IONTU I 1901

| | |
|---|---|
| Óstán Mhongáin, Carna | 15 |
| Thomas Keaney (Mark), Glinnsce | 14 |
| Beairic Chill Chiaráin | 12 |
| Thomas Joyce, Seanac Dónaill | 12 |
| Martin Ridge, Fínis | 12 |
| Pat Burke, Dú-ithir | 12 |
| Coleman Keane, Cill Chiaráin | 11 |
| Martin Joyce, Cill Chiaráin | 11 |
| Mark Keely, Leitir Ard | 11 |
| Pat Keaney, Leitir Ard | 11 |
| Colman Gorham, Leitir Ard | 11 |
| Pat Curran, An tOileán Máisean | 11 |
| Peter Melia,Doire Iorrais | 11 |
| Patrick Conroy, Doire Iorrais | 11 |
| John Cooke, Coill Sáile | 11 |
| John Madden, Coill Sáile | 11 |
| Thomas Sullivan, Loch Con Aortha | 11 |
| Patrick Keaney, Caladh an Chnoic | 11 |
| Coleman Green, Roisín na Maithníoch | 11 |
| Michael Lydon, Roisín na Maithníoch | 11 |
| Michael Nee, Caladh bhFuighinse | 11 |
| Mark King, An Aird Thoir | 11 |
| Pat Greene, Dú-ithir | 11 |
| Patrick Canavan, Cill Chiaráin | 10 |
| Bridget Cooke, Cill Chiaráin | 10 |
| Joe Curran, Dú-leitir | 10 |
| John O'Brien, Gabhlán Thoir | 10 |
| Martin Keane (Pat), Glinnsce | 10 |
| Michael O'Donnell, Leitir Ard | 10 |
| Pat Jennings, Leitir Ard | 10 |
| Tom Keaney, Leitir Ard | 10 |
| Symon Gorham, Leitir Ard | 10 |
| John Keane, Leitir Ard | 10 |
| Val Geary, Leitir Ard | 10 |
| Ned King, An Más | 10 |
| Michael Conneely, Maoinis | 10 |
| Barbara Lyden, Maoinis | 10 |
| William Green, Maoinis | 10 |
| John Coyne, Maoinis | 10 |
| Joseph Casey, Maoinis | 10 |
| John Green, Roisín a'Chalaidh | 10 |
| John Conneely, Coill Sáile | 10 |
| Patrick Dundass, Coill Sáile | 10 |
| John Mulkerrin, Roisín na Maithníoch | 10 |
| Pat Conneely, Fínis | 10 |
| Bridget Lyden, Fínis | 10 |
| Joseph Madden, Fínis | 10 |
| Mark Canavan, An Aird Mhóir | 10 |
| John Donohue, An Aird Mhóir | 10 |
| John McDonagh, An Aird Thiar | 10 |
| Martin Curran, Carna | 10 |
| Joe Folan, Dú-ithir | 10 |

## TITHE DEN CHÉAD GHRÁD SA bPARÓISTE I 1901

| | |
|---|---|
| John Power (C.D.B.) | An Cnoc Buí |
| Catherine O'Donnell | Muighros |
| T.W.P. Kinton | Muighros |
| Rev. Arthur Manning | Muighros |
| Coleman Keane, | Cill Chiaráin |
| Mary Conroy | Cill Chiaráin |
| Bridget Cooke | Cill Chiaráin |
| John Fergus (Beairic an R.I.C.) | Cill Chiaráin |
| Rev. Sr. Lee | An Clochar, Carna |
| Martin Mongan | Carna |
| Rev. Fr. McHugh | Carna |
| Martin Moran | Carna |
| Val King | Dú-ithir |


## TITHE DEN DARA GRÁD SA bPARÓISTE I 1901

| | |
|---|---|
| John McDonagh | Leitir Ard |
| Mathias McDonagh | Leitir Ard |
| Joe Conneely | An Más |
| Festy Burke | Muighros |
| Michael Curran | Muighros |
| Martin Curran | Muighros |
| W.J. Martin (Sergeant) | Muighros |
| Martin Conroy | Muighros |
| Edward Melia | Doire Iorrais |
| Patrick McGrath | Doire Iorrais |
| Patrick Conroy | Doire Iorrais |
| Bartley Nee | Coill Sáile |
| Patrick Sullivan | Loch Con Aortha |
| Mary Ridge | Caladh an Chnoic |
| Mark Keaney | Caladh an Chnoic |
| Richard Hynes | Cill Chiaráin |
| Thomas Cooke | Cill Chiaráin |
| Thomas Hutchinson | Cill Chiaráin |
| Joseph Cooke | Cill Chiaráin |
| James Cooke | Cill Chiaráin |
| Denis Raher | Cill Chiaráin |
| Peter McDonagh | Cill Chiaráin |
| John King | Cill Chiaráin |
| Patrick McDonagh | Cill Chiaráin |
| Bridget Cosgrove | Cill Chiaráin |
| Francis McGlynn (R.I.C.) | Cill Chiaráin |

| | |
|---|---|
| Ellie Mannion (C.D.B.) | Fínis |
| John O'Shaughnessy | An Aird Mhóir |
| Michael Naughton | An Aird Mhóir |
| Cummins Naughton | An Aird Mhóir |
| Valentine Gorham | An Aird Mhóir |
| John Donoghue | An Aird Mhóir |
| Mary O'Malley | An Aird Mhóir |
| Michael Joyce | Gabhla |
| Peter Keely | An Aird Thiar |
| U.J. McNally | An Aird Thiar |
| Martin Curran | Carna |
| Martin Lyden | Carna |
| Joe Lyden | Carna |
| Laurence Clogherty | Carna |
| Edward Gegherty | Carna |
| Rev. Fr. Ryan | Carna |
| Catherine Carrol | Carna |
| Beairic an R.I.C. | Carna |
| Pat Burke | Dú-ithir |
| James Ferrins | Dú-ithir |

**N.B.:** Ná déantar dearmad gur tithe maithe lena linn a bhí sna tithe seo den dara grád. Tithe den tríú grád nó den ceathrú grád a bhí sa gcuid eile ar fad.

*Seosamh Ó Cuaig*




*1990 – Bliain mhór agóidíochta. Sa bpictiúr seo tá Pádraig Mac Giolla Phádraig as Rinn Mhaoile (Paddy Fitzpatrick) ag iompar an chomhartha "Dialogue is the Way Forward" ag agóid a d'eagraigh daoine áitiúla le linn "Sheachtain an Phortaigh" i Leitir Fraic. Bhí siad den bharúil nach raibh siad ag fáil cothrom na féinne ó Oifig na nOibreacha Poiblí atá ag riaradh na Páirce Náisiúnta sa gceantar.*



*Tuilleadh agóidí i 1990. Sa bpictiúr seo Joe Molloy as Corr na Móna agus an comhartha "Bóithre" ina láimh aige agus Tom Phaddy Mac Diarmada as Cois Fharraige ag coinneáil súil mhaith air. Bhí siad ag agóidíocht faoin mbail atá ar bhóithre Chonamara. I gCunga a bhí siad le linn do chruinniú de Airí Comhshaoil an Chomhphobail a bheith ar bun ann.*

*Sa bpictiúr freisin ó chlé: Caoimhín Ó Súilleabháin as Corr na Móna, Seán Ó Maoildhia (col ceathrar do Joe) agus Micheál Ó Conaire as Ros Muc.*

**Seirbhís iomlán raidió do phobal na Gaeltachta**
**agus**
**do lucht labhartha na Gaeilge ar fud na tíre**

# RAIDIÓ NA GAELTACHTA

**Nuacht, Cláracha cúrsaí reatha, spórt, ceol,**
**agallaimh, díospóireachtaí agus eile**
**ó mhoch maidne go hoíche**

**Éist le Raidió na Gaeltachta.**
**Níl a mhacasamhail eile ann**

# Bás, Breith agus Pósadh

*Sé Colm Ó hUaithnín a chur an cuntas seo i dtoll a chéile do na daoine a tháinig ar an saol, a phós agus a d'imigh ar shlí na fírinne ón 1ú Eanáir 1990 – 6ú Samhain, 1990.*

## CÉAD FÁILTE ROMHAIBH

| | |
|---|---|
| Dónal Stiofán ó Conaire, Cill Chiaráin | 24/12/89 |
| John James Ó Catháin, Glinnsce | 9/1/90 |
| Alan Séamus Mac an Rí, Ros Dúgáin | 11/1/90 |
| Antoine Seosamh Ó Maoilchiaráin, Muighinis | 21/2/90 |
| Seosamh Pádraic Ó Neasa, Coill Sáile | 7/3/90 |
| Máire Mairéad Ní Bhriain, Loch Con Aortha | 9/3/90 |
| Fiona Ní Chualáin, Dú-ithir | 20/3/90 |
| Aindriú Siomón Mac Donncha , Aird Mhóir | 18/4/90 |
| Irene Bairbre Ní Fhlatharta, Bantrach Ard | 19/4/90 |
| Michael Francis Ó Dónaill, Leitir Ard | 21/4/90 |
| Alan Éamon Ó Flatharta, Bantrach Ard | 30/4/90 |
| Festus Máirtín Ó Maoilchiaráin, Caladh bhFuighinse | 24/5/90 |
| Cathal Seán Ó Loideáin, Coillín | 27/5/90 |
| Niamh Caitlín Hollywood, Muighinis & Londain | 14/6/90 |
| Edel Dowd, Cárna | 24/6/90 |
| Caitlín Sorcha Ní Shúilleabháin, Loch Con Aortha | 27/6/90 |
| David Gerard Leavy, Aird Mhóir & Londain | 12/8/90 |
| Michele Nic Giolla Phádraic, Dú-ithir | 12/8/90 |
| Máire Treasa Ní Ghaora, Muighinis | 20/8/90 |
| Sorcha Ní Chlochartaigh, Muighinis | 23/8/90 |
| Máirtín Seosamh Mac Donncha, Aird Mhóir | 28/8/90 |
| Cáit Clár Ní Churraoin, Caladh an Chnoic | 31/8/90 |
| Seán Seosamh Ó Curraoin, Aird Mhóir | 3/9/90 |

**Uimhir a baisteadh i Séipéil Charna agus Chill Chiaráin ó 1982:**

| | |
|---|---|
| 1982 = 35 | 1986 = 31 |
| 1983 = 30 | 1987 = 33 |
| 1984 = 37 | 1988 = 40 |
| 1985 = 31 | 1989 = 22 |
| | 1990 = go dáta = 24 |

## SONAS ORAIBH

| | |
|---|---|
| 1. Seán Mac Donncha, Glinnsce<br>Mairéad Ní Chonaola, Dú-ithir | 31/3/90 |
| 2. Declan Mac Curtha, Dún Dealgan<br>Aingeal Ní Chualáin, Cárna | 17/4/90 |
| 3. Tomás Ó hAllmhuráin, Ros Dúgáin<br>Caitríona Ní Neachtain, Aird Mhóir | 2/6/90 |
| 4. Nollaig Ó Nia, Aill na Brún<br>Susan Ní Mhadaoin, Cill Chiaráin | 21/7/90 |
| 5. Seán Ó Dónaill, Muighros<br>Máire Ní Mhaoilchiaráin, Leitir Ard | 4/8/90 |
| 6. Mártín Ó Curraoin, Ruisín na Maithníoch<br>Sally de Búrca, Ruisín na Maithníoch | 18/8/90 |
| 7. Máirtín Seoighe, Leitir Mealláin<br>Áine Ní Shúilleabháin, Doire Iorrais | 25/8/90 |
| 8. Liam Curley, Sligeach<br>Bairbre Ní Iarnáin, Roisín na Maithníoch | 15/9/90 |

## I nGAIRDÍN DÉ

*Seo a leanas na daoine a fuair bás i 1990 agus atá adhlactha ins an bparóiste:*

| | |
|---|---|
| David Lyden-Walsh, Dú-ithir & Sasana | 22/1/90 |
| Seosamh Ó Dubháin, Caladh bhFuighinse | 23/1/90 |
| Bríd Bn. Uí Chionnaith, Leitir Ard | 31/1/90 |
| Pádraic Ó Curraoin, Aird Mhóir | 3/2/90 |
| Nóra Bn. Seoighe, Muighinis | 14/2/90 |
| Máire Bn. Bairéad, Dú-ithir | 17/2/90 |
| Seán Ó Dónaill, Muighros | 14/4/90 |
| Máire Bhreathnach, Cill Chiaráin | 16/4/90 |
| Eileen Peel, Cill Chiaráin | 5/5/90 |
| Seosamh Bollastrom, Ruisín an Chalaidh | 28/5/90 |
| Cáit Bn. de Búrca, Cárna | 31/5/90 |
| An tSiúr Seosaimhín Ní Uaithnín, Muighinis | 4/7/90 |
| Colm Mac Craith, Glinnsce | 5/8/90 |
| Seosamh Ó Ceannabháin,<br>Aird Thoir & Sasana | 2/9/90 |
| Marcas Mac Thomáis, Leitir Ard | 15/9/90 |
| Mairéad Ní Raghallaigh, Doire Iorrais | 29/9/90 |
| Seán Ó Cuaig, Coill Sáile | 18/10/90 |
| Pádraig Ó Guairim, Ruisín na Maithníoch | 24/10/90 |
| Pádraig Mac an Iomaire, An Aird Mhóir | 29/10/90 |

Go ndéana Dia grásta ar a n-anam agus ar anamacha na marbh go léir.

Focal buíochais don Athair Ó Dubhshláine agus do Bhríd Bn. Uí Dhónaill, Muighinis.

### Figiúirí ó Chomhlacht Táirgeóirí Bradán na hÉireann le blianta beaga anuas

| | | |
|---|---|---|
| Táirgí: | Bradáin agus Bric Rua Úr (Iasc Iomlán, Filléadaí agus Iasc réamhphacáilte) | |
| Fostaíocht: | 250 duine | |
| Táirgíocht: | 1986 | 320 tonna |
| | 1987 | 700 tonna |
| | 1988 | 1,500 tonna |
| | 1989 | 1,750 tonna |
| | 1990 | 2,400 tonna |
| Díolachán | 1986 | IR 1,200,000 |
| | 1987 | 3,100,000 |
| | 1988 | 6,600,000 |
| | 1989 | 6,800,00 |
| | 1990 | 9,000,000 |
| Príomh Mhargaí 1990 | An Fhrainc | 60% |
| | Éire | 20% |
| | Meiriceá | 10% |
| | Na Tiortha Íseal | 5% |
| | An Spainn/An Ghearmáin | 5% |

Buail isteach, gach eolas le fáil

# GRÚPA TÁIRGEOIRÍ BRADÁN ÉIREANN

**(IRISH SALMON PRODUCERS GROUP LTD.)**

Cill Chiaráin
Conamara, Co. na Gaillimhe
Fón: (095) 33501

*Comhgháirdeachas le Coiste Forbartha Chárna*

# TAISTEAL CHONAMARA TEO.

**An Cheathrú Rua**

Busanna ar Cíos • Praghas Réasúnta

Glaoigh ar Noel Phat Mhóir ag

**091 - 95111 nó 091 - 93022**

AON ÁIT – AON AM

*Gach rath ar Choiste Forbartha Chárna*

# Cá bhfuil Muintir an Phobail seo ag Obair



*Oibrithe i monarcha nua deataithe bradán chomhlucht Charrolls i Ruisín na Maithníoch.*

**Braitheann muid ar an bhfarraige**

Ó thaobh fostaíochta agus teacht isteach de, braitheann an pobal seo, ó dhroichéad Inbhir thimpeall le cósta go droichéad Bhun na hAbhann, go mór ar an bhfarraige.

De réir an eolais atá fáighte againn, tá ós cionn 150 duine ag obair go lán-aimseartha ar chúrsaí iascaireachta nó ar cheird eicínt a bhaineann leis an bhfarraige, sa bparóiste seo. Ina theannta sin, tá go hárd ós cionn dhá chéad ag saothrú roinnt ar an bhfarraige, sa gcladach nó ar chéird eicínt atá bunaithe ar an bhfarraige – sin idir dó nó trí chéad duine atá ag obair go páirt-aimseartha.

Ní féidir a bheith cruinn go hiomlán i dtaobh fostaíochta anseo. Choinnigh muid leis na príomh-fhostóirí agus tá meastachán déanta againn ar uimhir na ndaoine a bheadh ag obair dóibh féin nó ag obair ar chéirdeanna eile.

Tá súil againn go mairfidh chuile phost acu agus go méadóidh an fhostaíocht sa bparóiste sna blianta atá romhainn amach.

Seo é anois an cuntas atá againn ar an bhfostaíocht sa bparóiste:

**Nóta:** Cé go n-áirítear cuid d'fhostaithe na bhfeilmeacha éisc mar "pháirt-aimseartha", tá go leor acu siúd ag obair seasta ar feadh an chuid is mó den bhliain.

Feilméireacht Éisc

Comhlacht Carrolls:

**Leitir Árd**

**Obair ar na feilmeacha ar an bhfarraige 7rl.**

*Lán-aimseartha* 29

*Páirt-aimseartha* 15

**Leitir Árd**

**Obair bhainistíochta agus oifige**

*Lán-aimseartha* 17

*Páirt-aimseartha* 1

**An Áird Thoir**

*Lán-aimseartha* 4

*Páirt-aimseartha* 17

**Ruisín na Maithníoch**

*Lán-aimseartha* 9

*Páirt-aimseartha* 10

Tugadh na figiúirí seo ar an 9/9/1990. D'fhéadfadh 10 eile agus tuilleadh a bheith i Ruisín na Maithníoch sa dá mhí roimh na Nollag.

**I.S.P.G., Cill Chiaráin:**

*Lán-aimseartha* 12

Cill Chiaráin Éisc Teo:
*Lán-aimseartha* 6
*Páirt-aimseartha* 15

Emerald Fisheries:
*Lán-aimseartha* 12
*Páirt -aimseartha* 2

Iascaireacht thraidisiúnta:
Tógfaidh muid Comharchumainn Sliogéisc Chonamara (Oistrí/Muiríní/Gliomaigh 7rl)
*Lán-aimseartha* 1 *(Bainisteoir)*
*Páirt-aimseartha* 144
(144 iascaire cláraithe i bpobal Chárna agus Chill Chiaráin)

An Fheamainn:

Arramara Teo., Cill Chiaráin:
*Lán-aimseartha* 14
*Thart le 35 sa bpobal ag baint fheamainne ó ham go chéile.*

Saotharlann Taighde Mara, Maoinis:
*Lán-aimseartha* 15

Seirbhísí Tógála, Suíomhanna, Seirbhísí éagsúla:
*Thart ar 25 (d'athródh an figiúir seo scaití)*

Tithe Gnó, Beáranna 7rl.:
*Thart ar 25 (ardaíonn sé sa Samhradh)*

Jabanna eile:
*15 – 20 (Athraíonn an figiúir seo).*

Scéimeanna Fostaíochta Sóisialta:
*Tuairim 18 sa bpobal fostaithe 3 lá sa t-seachtain faoi láthair.*

Cúrsaí Oideachais:
Múinteoirí Bunscoile
14
Scoil Phobail Mhic Dara
*Lán-aimseartha* 17
*Páirt-aimseartha* 1

Tionscail eile:
A.C.M. Cárna
*Lán-aimseartha* 12
Comhlacht Soilse Chárna
*Lán-aimseartha* 7

Seirbhísí eile:
Seirbhísí leighis 7 sóisialta
*Lán-aimseartha* 4
*Páirt-aimseartha* 1

Comharchumann Chonamara Thiar
*Lán-aimseartha* 4



*Mark Norman, Bainisteoir Chomharchumann Sliogéisc Chonamara ag déanamh staidéir ar oistrí. Tá obair mhór fhorbartha déanta ag an gComharchumann seo.*


# TI PHADDY FESTY

**An Sraith Salach**

## Beár - Ceol - Damhsa

Glacfar le áirithintí ó ghrúpaí sa mbialann sa nGeimhreadh

*Cuirfidh Cyril, Maisie agus Mikey Molloy fáilte romhat*

**095 – 34673**

# AN FHEILMÉIREACHT ÉISC TIONSCAIL MHÓR NA hÁITE SEO

*Sí an fheilméireacht Éisc tionscail mhór na háite seo anois. Tá go leor ag braith uirthi. Tá ceisteanna móra curtha fúithi. Níl an tionscail suaimhneach. Cé as ar eascair sí agus cá bhfuil a treo anois? Cé'n bhail atá ar an tionscail faoi láthair?*

*San alt seo, scríobhann Máirtín Ó Catháin cuntas ar an bhFeilméireacht Éisc i gCárna agus i gCill Chiaráin i 1990.*

***********



*Foireann oibre Bhradáin Mara Teo. i Leitir Árd. An Bainisteoir, Feargal Ó Díomasaigh ar dheis sa gcéad líne agus an Bainisteoir Suímh, Pádraig Seóige díreach taobh thiar dó ar thaobh na láimhe deise.*

Tá an-bhorradh tagtha faoin gceantar seo de bhárr na feilméireachta éisc. Tá cúis shimplí leis sin. Tá ós cionn 150, nó b'fhéidir ag breith suas ar 200 duine ag saothrú go lán-aimsearach nó go páirt-aimsearach sa tionscail sa gceantar seo. Tá páigh sheachtaine ina bpóca acu tráthnóna Dé hAoine. Sa mullach ar sin, tá áit sa tionscail d'fhir agus do mhná agus tá cineálacha áirithe oibre ag baint léi. Fáigheann an t'é atá in ann oibriú i monarcha próiseála an deis sin; fáigheann an t'é atá in ann obair fharraige a dhéanamh ar chliabháin jab ansin; fáigheann tumadóirí obair agus fáigheann daoine nach iad obair. Gan dabht ar bith, tá tionscail seo na feilméireachta éisc ar an tionscail is luachmhaire a tháinig an taobh seo le blianta fada – an tionscaill is mó a thug obair agus teacht isteach go scafánta anseo. An méid sin ráite, tá ceisteanna crua curtha faoin bhfeilméireacht éisc agus fillfidh muid orthu sin níos deireannaí. Ach, cloíodh muid le cúrsaí mar atá siad agus tabharfaidh muid leath-shúil siar ar an gcaoi ar cuireadh bonn faoin tionscail ar an gcósta seo.

**An tÚdarás ina gceannródaithe**

I dtús na seachtóidí, bhunaigh Údarás na Gaeltachta dhá chomhlacht taighde – Beirtreach Teo. a rinne staidéar agus forbairt i dtionscail an t-sliogéisc agus Bradán Mara Teo. a rinne staidéar ar thionscail na mbradán. Bhí feilméireacht dhiúlicíní bunaithe go maith faoi thús na n-ochtóidí. I 1983 cuireadh deire le Beirtreach Teo. agus díoladh an chuid dó a bhí bunaithe ar na diúlicíní le daoine príobháideacha. Fágadh na cineálacha sliogéisc a raibh tuilleadh fiosruithe ag teastáil fúthu, faoi scáth chomhlacht eile taighde, Taighde Mara Teo.

Sna seachtóidí, bunaíodh Bradán Mara Teo.

agus an tÚdaras agus Bord Soláthar an Leictreachais faoin gcomhlacht seo. Bhí cleachtadh ag lucht Bhoird Soláthar an Leictreachais ar shíolrú aibhneacha agus ar iascach bradán agus eascanna ar aibhneacha. Thug an Bord Soláthar Leictreachais a gcuid eolais don chomhlacht nua agus chuir Údarás na Gaeltachta an t-airgead sa gciste. Sé an comhlacht seo a rinne an obair cheannródaíochta i bhfeilméireacht bhradán ar chósta thiar Chonamara.

**Comhlachtaí eile**

I 1982, bunaíodh Bradán Cheathrú Rua Teo. agus i 1983 bunaíodh Camus Fisheries. (Cuireadh cuid den chomhlacht seo i lámha an ghlacadóra le gairid). I 1984, bunaíodh Muirgheal i Leitir Caladh agus Damien Ó Ceallacháin ag stiúriú an chomhlachta sin. San am chéanna, bhí chúig cinn d'ionaid nua dá mbunú faoi scáth Salmara i nDún na nGall agus i gCúige Mumhan. Tugtar seirbhísí do na comhlachtaí sin i gConamara anois.

Ar ais chuig Bradán Mara Teo. a thosaigh sna seachtóidí. Bhí an chomhlacht sin ag táirgiú 100 míle tonna méadrach i lár na n-ochtóidí. Ansin d'imigh an Bord Soláthar Leictreachais as an gcomhlacht agus chuaigh siad i mbun feilméireachta éisc astú féin. Tá éirithe go maith leo ar chuan na Maoille Rua i nDún na nGall agus ar leithinis Bhéara ó dheas.

Dhíol Údarás na Gaeltachta comhlacht Bhradán Mara Teo. le comhlacht P.J. Carrolls - lucht déanta táirgí tobac - i 1986. Tá forbairt mhór déanta ag Carrolls ó shoin agus is iad is mó a chuireann bradáin fheilme as an tír seo ar an margadh anois.

Idir an dá linn, bhí comhlachtaí breise á mbunú: Iasc Iath-Ghlas (Emerald) Teo - 1986; Bradán Feasa, Leitir Mealláin - 1986; Iasc Chuan Chaisín - 1987; Éisc Uí Fhlatharta, an Áird Mhóir - 1988; Gólaim, Leitir Mealláin - 1988; Inis Barra Teo. - 1988; Stoiricín Teo Leitir Meallain - 1988. Bunaíodh comhlacht eile a bhfuil ceangal aige le Conamara anois i 1979. Sin e Coireán i gceantar Acla.

I 1985, bunaíodh comhlacht margaíochta agus sé cinn de chomhlachtaí faoina scáth - ISPG nó Comhlacht Táirgeóirí Bradán na hÉireann. Tá oifigí an chomhlachta sin i gCill Chiaráin. Sé cinn de chomhlachtaí a bhí faoina scáth an uair sin agus bhí na comhlachtaí sin ag táirgiú 300 tonna éisc.

Bhí siad ag déanamh margaíochta do Bhradán Mara (comhlacht Charrolls anois) i dtús aimsire ach ghlac Carrolls na cúramaí sin orthu féin i 1988. Tá cheithre cinn déag de chomhlachtaí (na comhlachtaí a hainmníodh thuas) faoi scáth ISPG anois.

Chomh maith leis an gcomhlacht margála, tá comhlacht pacála agus grádála éisc ag freastal ar 13 comhlachtaí i gCill Chiaráin. Sin é Éisc Chill Chiaráin Teo.

I 1989, chur na comhlachtaí atá faoi scáth ISPG 1,750 tonna bradáin ar an margadh agus meastar go gcuirfear 2,400 tonna bradáin ar an margadh i 1990. Tá cuntas ar tháirgíocht agus ar theacht isteach ISPG tugtha dúinn ag an mBainisteoir Margaíochta, Micheál Ó Cinnéide agus is féidir súil a chaitheamh air, ag deire an ailt seo. Faoi láthair, tá Bradán Mara Teo. (Carrolls) ag díol thart ar 800 tonna in aghaidh na bliana agus is iad na táirgeóirí is mó uile iad. Ar Chuan na Beirtrí Buí atá an chuid is mó dá gcuid cliabháin ag Bradán Mara.

Tá siad lonnaithe mar seo a leanas:

Salt Point ............. (d'fhéadfaí 400 tonna méadrach a chur as);
Rough Rocks......... (d'fhéadfaí 600 tonna a chur amach as);
Gar do Leitheanach ...... (d'fhéadfaí 100 tonna a chur amach as).
(In aghaidh na bliana atá i gceist agam leis na figiúirí thuas).

Tá trí cinn de shuíomhanna ag Carrolls i gcuan Bhaile na Cille sa taobh ó thuaidh de Chonamara agus tá suíomhanna eile acu gar do Leitir Mealláin.

Déantar glanadh agus grádú ar bhradáin i monarcha Charrolls san Áird Thoir. Pacáiltear agus réitítear an t-iasc le cur ar an margadh i mboiscíní agus i bpacáistí sa monarcha bhreá nua i Ruisín na Maithníoch.

De réir na bhfigiúirí atá tugtha dúinn, cuirtear 3,200 tonna bradáin as an gceantar seo ar an margadh in aghaidh na bliana faoi láthair agus de réir an phraghas atá orthu, is fiú thart ar £12.8m an méid sin. Tagann an chuid is mó dó sin as láthaireacha i gConamara. Ní mór a chur san áireamh gur b'é seo an luach a bheadh orthú nó thart air - dá ndíolfaí iad mar atá siad. Árdaíonn an praghas nuair a phróiseáiltear an t-iasc.

**Galar agus ísliú ar phraghasanna**

Sé an leagan atá ag feidhmeannaigh i gcomhlacht Charrolls ar an bhfeilméireacht éisc i gConamara go dtí seo ná nach ndearna siad aon bhrabach fós. Tá súil acu go ndéanfaidh go gairid. Is fíor, ar ndóigh, go bhfuil go leor le foghlaim faoin bhfeilméireacht bhradán sa tír seo fós agus go mbíonn costas mór ar thosnú gnó. Ach, an méid sin ráite, ní rún ar bith é go bhfuil na milliúin punt cáillte ag Carrolls ar an bhfeilméireacht éisc go dtí seo. Níl fáth ar bith, ar ndóigh, nach n-

athródh an scéal sin de réir a chéile. Ach, tá comhlacht Rothmans ag iarraidh seilbh a ghlacadh ar Charrolls agus mé ag scríobh an phíosa seo. Níl fhios dháiríre cé'n dearca a bhéas ag Rothmans ar ghnó seo na feilméireachta éisc, an n-díolfaidh siad í, an gcoinneóidh siad í, an méadóidh siad í nó an laghadóidh siad í. Is maith an scéalaí í an aimsir.

Tá cuid de ghnóthaí Camus Fisheries, ceann de na comhlachtaí is fuide ar bóthar, curtha i lámha glacadóra agus tá scéalta sa timpeall go bhfuil roinnt comhlachtaí feilméireachta éisc eile dá mbualadh cheal airgid. Ní maith an scéal é. Tá cúiseanna leis.

Cé go bhfuil praghas an tonna bradáin árdaithe agus muid ag ullmhú na hirise seo, níl an margadh chomh maith agus a bhí sé i dtús aimsire. Thit praghasanna go mór le bliain nó dhó. Bhí fíor-chuimse bradáin curtha ar mhargaí na hEorpa ag lucht na hIorbhuaidh, go mór mhór ach ta curtha ina n-aghaidh go láidir thrí áisíneachtaí an Chomhphobail Eorpaigh. Deirtear go raibh siad ag sárú dlíthe na bpraghasanna. Ar ndóigh, dá mhéid táirgeóirí a bhéas i mbun gnó, is amhlaidh is deacra an praghas a choinneáil árd. I Stáit Aontaithe Mheiriceá, mar shampla, tá an choimhlint níos géire ar an margadh ná a bhíodh sé. Agus caithfidh táirgeóirí na tíre seo Aer Thaisteal a chur san áireamh sul a ndéanfaidh siad brabús ar dhíolachán i Meiriceá. Ach, tá an t-árdú ar phraghasanna le gairid ina dheá-scéal agus tá idir £4,000 agus £4,500 an tonna dá íoc ar bhradáin anois. Tháinig £500 an tonna d'árdú ar an bpraghas le gairid. Tá brú ar chomhlachtaí anois a dhul i mbun próiseála agus earraí éagsúla eile atá ag teastáil ar na margaí. Ní ceart an t-iasc uile a choinneáil in aon eangach amháin!

Sa mullach ar an ísliú ar phraghasanna, tá feilméaraí éisc buailte de bharr galraí sna cliabháin. Arís, ní rún ar bith é, gur buaileadh na táirgeóirí is mó thart anseo - Carrolls - go dona le bliain. Ní h'iad amháin atá thíos le galraí. An galra 'pancreas' is mó atá luaite ach tá galra eile ag bualadh na mbradán freisin nach bhfuil ainmnithe agus nach bhfuil fhios céard é féin. De réir na ndaoine atá ag obair sa tionscail, buaileann an galra seo na bradáin an-toibeann. D'fhéadfadh siad a bheith thar cionn inniú; amárach, bheadh siad caillte. Tá gach uile iarracht dá dhéanamh le tuiscint agus smacht a fháil ar an ngalra seo, ach admhaítear go bhfuil sé ag cur an tionscail i mbaol. Is deacair aon phleanáil a dhéanamh nuair nach féidir galraí a aithneachtáil.

Ach ní h'é an t-ísliú praghas agus na galraí amháin atá ag baint craitheadh as an bhfeilméireacht éisc. Tá piléir lucht na timpeallachta dírithe uirthi freisin.

**Feilméireacht éisc agus an timpeallacht**

Cloisfidh tú gach uile leagan ar an ábhar seo ag comhdhálacha, ag seiminéir, ag sainéolaithe ar thaobh amháin agus ag aineolaithe ar an taobh eile. Is deacair a rá cé dhó ar cheart géilleadh. Ach, cébí scéal é, féadfaidh muid glacadh leis an méid seo:

* ní thagann mórán forbartha ar bith gan praghas éigin a bheith le n-íoc air;
* is iondúil go mbíonn mí-bhuntáiste éigin le tréan-tháirgiú, is cuma ar sicíní, muca nó iasc é;
* maidir le ceimicí – tá míle beag ceimic ar dhroim na cruinne; tá chuile chógaslann sa tír lán leo agus ní rud nua é "dichlorovos" nó "nuvan";
*muna dtiocfaidh forbairt agus postanna, caillfear an áit; is deas é an cliabh agus ba mhaith ę an t-asal ach tá an lá sin imithe ach amháin ar chártaí poist;
* seo í ré na timpeallachta; is mó go mór áirde a thabharfar ar scéala gur frítheadh cannaí folamh "Nuvan" i bportach ná ar scéal go bhfuil cuan na Beirtrí Buí glan. (Tá a leithide de scéala ann.)
*tá gluaiseacht chiallmhar timpeallachta ann agus tá gluaiseacht mhí-reasúnach timpeallachta ann;
*agus níos measa fós, tá gluaiseacht "thimpeallachta" ann atá ag iarraidh Conamara a mhúnlú ina pháirc náisiúnta.

**Radharcanna, ceimicí agus salachar as na cliabháin**

De réir mo thuisceana ar an díospóireacht ar chás na gcliabháin go dtí seo is cosúil go bhfuil na radharcanna breátha, na ceimicí a úsáidtear agus an-iomarca cothú a bheith dá dhéanamh ar an tsáile de bharr salachair as na cliabháin ar na príomh phoinntí atá pléite.

Seans go mbreathnódh Cuan na Beirtrí Buí, mar shampla amháin, níos nádúrthaí muna mbeadh blas ar bith le feiceáil ar an gcuan ach cúpla bád seoil. An méid sin ráite, tá neart radharcanna breátha trasna an chuain i gcónaí. Ach, nach breá an rud muintir na háite a fheiceáil ar an gcuan sin; ag saothrú ar an gcuan sin ina dtimpeallacht nádúrtha féin? Cinnte, ní mór a bheith stuama ó thaobh pleanála de, ach nach féidir a dhul thar fóir leis an bport seo faoin áilleacht? Nach álainn an rud é go dtugann a ndúlra féin slí bheatha do dhaoine ... agus ní dhéarfainn gur imigh aon turasóir fós. Go deimhin, sé an chaoi a raibh siad níos tréine ná ariamh i 1990 ... agus d'fhan go leor acu cóngarach go maith do chuan na Beirtrí Buí!



*Foireann oibre mhonarca próiseála chomhlucht Charrolls san Áird Thoir.*

**Nuvan**

Sé "Nuvan" an cheimic a úsáidtear go hiondúil le míola farraige a dhíbirt ó bhradáin. Bailíonn na míola ar na bradáin sna cliabháin agus chuirfeadh siad sa riocht iad nach bhféadfaí iad a dhíol murach go ndéanann an "Nuvan" ar siúl leis na míola. Tá nimh sa "Nuvan" seo agus tá contúirt ag baint leis. Síleann go leor daoine nár cheart é a úsáid sa bhfarraige.

Deir na heolaithe go bhfuil an"Nuvan" seo bunaithe ar an gceimic ar a dtugtar "dichlorovos". Úsáidtear é seo sna páipéir a ngreamaíonn cuileoga dó, mar shampla, agus tá cineálacha '"dip" chaorach bunaithe air. Ní rud nua é i gConamara ach, tá sé contúirteach. Níor mhór don t'é a thógfadh cuid dó ina bhéal nó ina shrón a bheith ag díriú ar an Dochtúr ar an bpoinnte. Tá stuf ann le n-aghaidh agus bíonn sé ar iompar ag Dochtúirí in iarthar Chonamara i gcónaí. Thárla cúpla timpist leis i gceantar an Chlocháin, ach bhí an Dochtúr áitiúil ansin in ann déileáil leis. San am chéanna, ní maith é dá bhféadfaí déanamh dá uireasa. Ach an oiread le ceimicí go leor, ní féidir déanamh dá uireasa sa tionscail faoi láthair.

Cé go bhfuil sé áirithe ar cheann de na ceimicí contúirteacha, is ceart, ina dhiaidh sin féin, an méid seo leanas a chur san áireamh: Shocraigh an "Environmental Protection Agency" i Meiriceá anuraidh nár cheart go mbeadh "Nuvan" áirithe mar shiocair leis an ailse. Tá cáil ar an áisíneacht sin ar fud an domhain. Ach, an méid sin ráite, moladh i dtuairisc a chur Páirlimint na Breataine amach faoin bhfeilméireacht éisc le gairid, gur cheart féachtaint le rud éigin eile seachas "Nuvan" a fháil le míola farraige a smachtú. Ach, a deirtear sa tuarascáil sin, bheadh sé as bealach a bheith ag súil go gcurfí deire le úsáid an "Nuvan" láithreach.

Caithfear a admhachtáil freisin, go bhfuil eolaithe ann a deir nach bhfuil baol dá laghad ag baint leis an "Nuvan" ach é a láimhseáil mar atá ordaithe agus chuile nídh a dhéanamh de réir na rialacha.

Ar ndóigh, tá dóchas mór ann anois go ndéanfaidh cineál balach atá fáighte an obair chomh maith céanna agus i bhfad níos saoire ná an "Nuvan". Tá trialacha dá ndéanamh air seo sna cuanta síos an taobh ó dheas do Chonamara anois agus má éiríonn leis na trialacha seo beidh ceist an "Nuvan" curtha as an mbealach. Sé'n chaoi a n-itheann an balach seo míola farraige as éadan.

**An iomarca cothú sa bhfarraige**

Tá sé ag luí le réasún go sciorrann cuid den bheatha a thugtar do na bradáin sna cliabháin síos amach sa bhfarraige. Chomh maith leis sin, tá roinnt áirithe cacamais ag dul sa bhfarraige as an iasc féin. Deirtear go ndéanfaidh sé seo "cothú" ar an uisce. Tá árdú ar leibhéal an

nitrogen áirithe ar cheann de na mí-bhuntáistí a bhainfeadh leis. I dtéarmaíocht an t'é nach bhfuil fios eolaíochta aige (mo leithide féin), ciallaíonn sé go bhféadfadh an-iomarca saibhris a bheith san uisce. Dá bharr sin, chuirfí as d'iasc eile, a deirtear agus chuirfí as do fhás farraige, an fheamainn san áireamh. Caithfear a mheabhrú don léitheóir arís, gur leagan amach é seo atá ag roinnt eolaithe agus nach bhfuil a leithide de rud ag tárlú nó tárlaithe thart anseo.

Sin é an fáth a mbíonn an oiread seo béime ar an áit a bhfuil an cliabhán lonnaithe.Go deimin, dá n-ardódh leibhéal truaillithe mar sin thíos faoi chliabhán dhéanfadh sé dochar don iasc san gcliabhán féin. Da réir sin, ní féidir a rá go bhfuil na feilméaraí féin ag déanamh áibhéile nuair a deireann siad go gcaithfidh siadsan uisce glan a bheith acu. Sé an leagan amach atá ag fir farraige ná go bhfeileann sruth maith láidir istigh faoin gcliabhán. Má tá sé sin ann, tabharfar an dramhaíl chun bealaigh. Tá rialacha leagtha síos freisin faoin uimhir cliabháin agus an meáchan éisc a bheadh ceadaithe i réimse áirithe uisce. Níl chuile dhuine ar aonfhocal faoi agus níl chuile dhuine ar aonfhocal gur bé an réimse uisce an t-aon tslat tomhais atá ag teastáil.

**Thart anseo go dtí seo**
Ó thaobh Bhradán Mara de, ar Chuan na Beirtrí Buí, tugann an Comhlacht féin an cuntas seo ar an sruth agus an malartú uisce:

Lehenagh Pool ..."very sheltered area with poor to moderate water exchange;"

Saltpoint ... "semi-exposed site with excellent water exchange and flushing action;"

Rough Rocks ... " probably the most exposed salmon site in Europe. Water quality, depth and exchange are ideal but tidal conditions make it a very difficult site to work, particularily in winter"

Bíonn ar oibrithe Bhradán Mara na cliabháin a thabhairt isteach ar théad ón suíomh seo leis na bradáin a bhaint astú.

Ar thaobh Chill Chiaráin, tá comhlacht Iath-Ghlas Teo. nó Emerald, goite i mbun Feilméireacht bhradán ag Carraig a Meacan. Tá an suíomh seo an-fhada amach agus deir Micheál Ó Cinnéide ó ISPG go n-inseóidh an Geimhreadh seo go leor faoin suíomh seo. Tá iasc an-mhaith ann go dtí seo ach, caitear freastal ar na cliabháin agus an t-iasc a bheathú. An féidir é sin a dhéanamh go sásúil chomh fada sin i bhfarraige sa nGeimhreadh? Is maith an scéalaí í an aimsir.

Ar ndóigh, cuireann na hiascairí traidisiúnta spéis i bhforbairt na feilméireachta éisc agus tá siad aireach go maith ar fhaitíos go ndéanfaí aon mhillteanas. Is mór is fiú go bhfuil Comharchumann a bhfuil eagar mhaith air san áit anois. Cuidíonn sé go mór mar chóras teangbhála idir an hiascairí agus na comhlachtaí feilméireachta éisc. Míníonn Cathaoirleach an Chomharchumainn, Éamon Ó Conghaile gur ritheadh rún ag cruinniú cinn bhliana an Chomharchumainn anuraidh go gcuirfí in aghaidh aon chliabháin bhreise nó aon mhéadú ar chliabháin sna cuanta seo muna mbeadh an dream a bhéas ina bhun in ann a 'speáint nach ndéanfaidh sé aon dochar don chuan nó don iasc nádúrach. San am chéanna, deir Éamon nach bhfuil aon mhillteanas le tabhairt faoi deara. Bhí na hoistrí thar cionn i mbliana, mar shampla. Tá sliogéisc ag fás go sláintiúil ar na téadracha a choinníonn cliabháin ar ancaire. Tá áthas ar Phríomh Fheidhmeannach Bhradán Mara, Feargal Ó Díomasaigh go raibh séasúr maith ribe róibéis ag iascairí na háite. Sé an múnla céanna atá ar an ribe róibéis agus atá ar an míol farraige ina cholainn. Deir Fergal Ó Díomasaigh go 'spáinneann sé sin nach bhfuil "Nuvan" ag scaipeadh nó ag déanamh dochair.

**Staidéar agus fáisnéis**
Míníonn Micheál Ó Cinnéide, Bainisteoir Margaíochta ISPG agus Feargal Ó Díomasaigh, Príomh Fheidhmeannach Bhradán Mara Teo. go mbíonn ar fheilméaraí éisc samplaí don uisce thart ar na cliabháin a chur chun bealaigh chuile mhí ionas go gcoinneofar cuntas ar chaighdeán an uisce. Tá staidéar dá dhéanamh in Albain faoi láthair ar shampla a tógadh le ocht nó naoi de bhlianta agus tá áthas ar an mbeirt gur b'é an scéal atá ann ná nach bhfuil aon athrú a b'fhéidir a thomhais ar chaighdeán an uisce.

Deir Feargal Ó Díomasaigh ó Bhradán Mara go bhfuil fianaise eolaíoch acu féin go bhfuil chuile shórt ceart ar an mBeirtreach Buí. Rinne comhlacht M.C.S. i nGaillimh i gcomhar le eolaithe as Roinn na Mara in Ollscoil na Gaillimhe agus saineolaithe as Albain, staidéar le gairid ar an mbail atá ar an mBeirtreach Buí agus níorbh b'fhéidir aon bhlas neamh-ghláthach a aimsiú ann. Deir Feargal Ó Díomasaigh go bhfuil torthaí an staidéir le cur faoi bhráid an Chomharchumainn Siogéisc, an Choiste Forbartha i gCárna agus dreamann áitiúla eile agus go mbeifear sásta aon cheist atá acu a phlé leo. Beidh sé seo ag tarlú go gairid.

Ach, théis an t-saoil, caithfidh muid a bheith san áirdeall i gcónaí.

**Seód luachmhar**
Is seód luachmhar í an fharraige atá thimpeall orainn. Bhí sí luachmhar go traidisiúnta don iascaire – chur sí airgead i bpócaí na ndaoine. Meallann sí an turasóir. Beidh duine ag súil i

gcónaí go mbeidh sí chomh glan agus gur féidir an grinneall a fheiceál go soiléir agus é ag snámh i Muigh-Inis nó i gCaladh bhFuighinse! Ní cosúil go bhfuil baol ar bith ann nach mar sin a bhéas. Ach, caithfear a bheith san áirdeall agus teastaíonn comh-oibriú ó chuile thaobh .. agus cé go dteastaíonn roinnt chainte, ní chuireann sí mar chaint mórán slacht ar an timpeallacht! Is breá an rud Coiste Timpeallachta Chill Chiaráin agus Chárna a fheiceáil ag gníomhú. Tuigeann siad nach hionann timpeallóir agus duine a bhíonn in aghaidh rudaí. Coiste dearfach atá ann agus é ar an ionsaí go praicticiúil ar shon na timpeallachta ar bhealaí go leor.

**Cé chomh téagarach agus atá an tionscail**

Tá tuarscálacha go leor faoi thionchar na feilméireachta éisc ar an timpeallacht ar tí a bhfoilsithe. Tá an ceann ar chás na mBreac Geal ina measc. Tá grúpaí ann a fháiscfidh go fíochmhar ar an tionscail má fhaigheann siad ligean ar bith. Má léirítear go bhfuil droch-thionchar ag an bhfeilméireacht éisc ar chuid ar bith den timpeallacht, bheifeá ag súil go ndéanfaí iarrachtaí leis an trioblóid sin a leigheas. Chaithfeadh údar aisteach a bheith agat sul a bhféachfá leis an tionscail seo a thachtadh. Mar a deir Cathaoirleach Bhord Fáilte an Iarthair, Seán Standún le gairid, chaithfeá an-údar a bheith agat sul a n-diúltófa do phost amháin in iarthar na tíre seo nó sul a mbeifeá ag smaoineamh dháiríre ar pháigh sheachtaine a cheilt ar dhuine ar bith trathnóna Dé hAoine.

Ach, tá deacrachtaí eile ag an tionscail seo a bhfuil réiteach orthu ach an toil a bheith ann – tá feabhas ag teastáil ar sheirbhísí.

**Seirbhísí easnamhach**

Deir Micheál Ó Cinnéide, Bainisteoir Margaíochta ISPG i gCill Chiaráin gur chlis an teileafón dhá scór babhta orthu féin le trí bliana anuas. Tá an port céanna le cloisteáil ó dhaoine atá ag obair i mBradán Mara Teo. Go deimhin, d'fhéadfá fonn a chur leis an bport sin. Deir Telecom Éireann go bhfuil an córas Digital atá ag teacht chun an Chlocháin anois ar chóras chomh maith agus atá le fáil. Is ar na línte ar chuaillí a thagann an telefón go Cárna/Cill Chiaráin as an gClochán agus deir lucht Telecom go n-díreóidh siad ar dheacrachtaí "áitiúla" anois.

Deir Micheál Ó Cinnéide go bhfuil an t-seirbhís leictreachais lochtach freisin agus go bhfuil orthu féin deis ar a dtugtar U.P.S. a bheith acu leis an leictreachas a choinneáil ar bhonn seasta, rialta. Is cosúil gur féidir le lagan ar an leictreachas dochar a dhéanamh do ríomhairí. Ach, níor chuala muid aon ghearáin eile faoi sin agus deirtear linn go bhfuil sé inmholta córas stiúrtha don leictreachas a bheith agat in áit ar bith a bhfuil roinnt ríomhairí ann. Cébí scéal é, tá an córas leictreachais ó Scríb siar thimpeall an cheantair neartaithe le gairid.

Ar ndóigh, tá an bhail atá ar bhóithre ina údar gearáin ag chuile dhuine sa tionscail ach, ar a laghad ar bith, tá roinnt feabhais ag teacht orthu, mar a deir Micheál Ó Cinnéide.

Tá caighdeán maith seirbhísí ag teastáil don tionscail agus tá béim ar chineálacha difriúla feilméireachta éisc ag teastáil freisin.

**Taighde agus éagsúlacht**

I gcomparáid leis an gcaiteachas i dtíortha eile, ní chaitear mórán ar fhiosrú, taighde agus bealaí nua oibre sa tír seo. Teastaíonn sé sin go géar. Tá daoine ag foghlaim na ceirde agus ag foghlaim na scileanna agus na seirbhísí atá ag dul léi. Is iontach an rud é go bhfuil iasc dá chur ar fud an domhain as Cill Chiaráin agus as Cárna. Is iontach an rud an teicneolaíocht nua a fheiceál in iarthar na hÉireann ... helecaptair agus ríomhairí agus deiseanna eile. De réir a chéile, tiocfaidh muintir na háite isteach ar na ceirdeanna nua uile.

Mairfidh ceist na timpeallachta agus is ceart go mairfeadh. Ach, bítear ag súil go mairfidh an réasún freisin agus go dtuigfear cás mhuintir na háite i gcónaí. Maidir le cúrsaí airgid agus brabúis ... deirtear go bhfuil na margaí ann ach nach bhfuil an t-iasc sách fairsing againne. Caithfear a rá freisin, go dteastaíonn spás ó chuile thionscail agus má fháisctear orthu ró-ghéar nach féidir leí forbairt. I ndeire na dála, caithfidh daoine a dhul ar thaobh amháin nó ar thaobh eile den chlaí.

Dá dtárlódh sé go mbainfí treascairt mhór as an bhfeilméireacht éisc sa taobh seo tíre, bheadh sé ina chás práinne. Chaithfí féachaint le fostaíocht eile a thosnú láithreach. Ní bheadh sé éasca.

# Seaimpín Phaddy Phaitseach

## *Gaiscíoch Caraíochta Chárna*

*Is cuid den seanchas é Seaimpín Phaddy Phaitseach sa taobh seo tíre. Ach, go dtí anois ní móide go raibh aon chuntas ceart againn ar chumas caraíochta an fhir seo.*

*Tá Seosamh Ó Cuaig ag bailiú eolais faoin Seaimpín agus san alt seo roinneann sé cuid den eolas atá bailithe aige linn.*

* * * * * * * * * * *

Is fada bhéas cuimhne agam féin agus ag go leor nach mé ar an maidin a dtáinig John Phateen Tom abhaile as Meiriceá thréis dhó a ghabhail go dtí an buille deireanach le Mike Mc Callum i gCraobh an Domhain sa dornálaíocht. Thart ar a 6 a chlog ar maidin a tháinig sé isteach go hAerfort na Sionainne agus bhí slua beag deas againn ansin ag fanacht leis. Ó tharla go raibh mise ag obair do Raidió na Gaeltachta ann, scaoil freastalaí groíúil isteach thar an ngeata mé go bhfaighinn cúpla focal ar téip uaidh sula dtosódh an brú brú sa gcarnán. Feicim fós é ina sheasamh ansin go huaigneach, ag breathnú uaidh.

Bhí sé tamall maith ó chonaic mé cheana é.

"Is dóichí nach n-aithníonn tú mé," a deirimse.

"Cén fáth sa diabhal nach n-aithneoinn thú a mhac,"a deir sé "nach thú Josie Cooke as Cill Chiaráin."

"Cén chaoi a bhfuil tú a John, ar aon nós?" a deirimse.

"Togha," a deir sé, "ach tá gráin an diabhail a'm m'aghaidh a thabhairt siar thréis an méid a tharla".

"Mura bhfuil dul amú mór ormsa a John," a deirim féin "ní shin é an chaoi a mbreathnófar air beag ná mór."

Agus ar ndóigh níorbh é – b'fhada riamh roimhe sin déarfainn ó cuireadh fáilte abhaile go Conamara roimh aon duine chomh breá agus chomh glórach agus a cuireadh roimh an Mainíneach an chuid eile den lá agus as sin go maidin.

Go mion minic ar an turas go Ros Muc moladh an gníomh a bhí déanta aige .. dúradh na céadta uair gur fada arís go ndéanfaí beart níb fhearr ná é ... dúradh arís agus arís eile go mba é ba ghaire fós a chuaigh go Chraobh an Domhain chomh fada agus a bhain sé le fear as Conamara. Ba é freisin, ach bhí fear eile ag rith trí m'intinnse agus mé ag éisteacht leo – fear as Dú-Ithir in Iorras Aithneach a bheadh i gCraobh an Domhain é féin murach gur leag an bás é agus gan é ach i dtús a mhaitheasa – Pádraic Ó Conaola, Seaimpín Phaidí Phaitseach.

Ag caraíocht a bhíodh Seaimpín Phaidí Phaitseach agus ní ag dornálaíocht. Ach níor lú de cheird í an charaíocht ag tús an chéid sula ndearna lucht sorcais agus lucht teilifíse ceap magaidh di. Fear maith a bhí ina sheaimpín caraíochta ar an mBreatain Mhór an uair sin mar a bhí fear Dhú-Ithir. Fear maith a bhí ar a a bhealach go dtí Craobh an Domhain i Meiriceá sular leag an bás é.

Thréis an méid sin níl eolas ceart cruinn againn ar shaol Phat Connolly inniú – nó ar a laghad ar bith níl sé agamsa, cé go bhfuil mé á bhailiú chomh maith agus is féidir liom, de réir a chéile.

Dúirt Joe Pheadair Uí Laoi liom go raibh a athair féin ag gabhail ag an scoil in éindí leis. "An uair sin féin, " a dúirt Joe, "bhíodh sé ag caraíocht .. ag leagan faoi is thairis. " Dúirt duine eile liom gur cóitín flainnín a bhíodh air, nós na linne, agus gur mhinic an cóitín sin caite, stróicthe lena ndéanadh Pádraic Óg Ó Conaola de rúpáil agus de threascairt.

Bhí gaol ag Joe Pheadair Uí Laoi, ó thaobh athar agus máthar, le máthair an t-seaimpín – Bid Shimon Uí Iarla. Deirfiúr léise a bhí pósta i Muighros ag Feichín Bhairbre Búrc – Meaig Shimon, máthair bhean Thomáis Mhic Eochagáin. Agus ansin tá clann Mhaidhc Phaddy ann – clann a dhearthára.

Tá dhá scéal dheasa ag Joe faoin Seaimpín agus faoina chuid nirt. Uair dá raibh sé sa mbaile ar saoire chuaigh "fear mór na hÁirde" Tomás Sheáin Shiubháin ag breathnú air. Ba sheo fear a raibh droim chomh leathan le comhla dorais air, mar dúirt Joe, agus a bhí in ann maide rámha péinne dhearg ocht dtroithe déag a athrú ó áit go háit sa bpúcán le aon láimh amháin "mar a bhéarfadh sé ar chipín." D'fháisc Tomás Sheáin Shiubháin lámh Sheaimpín Phaddy Phaitseach ag cur fáilte roimhe. "M'anam, " a deir an Seaimpín nuair a d'fháisc "dá mbeifeá-sa san áit a bhfuil mise go ndéanfá graithe freisin."

Geábh eile bhí sé féin agus Pádraic Ó Máille as an Mám ag triáil a chéile san áit a bhfuil halla Chárna anois. Ag caint do Shinn Féin a bhí an Máilleach an lá céanna. Ba é an chéad T.D. é a bhí ag Sinn Féin i gConamara ina dhiaidh sin. Ag caitheamh cloch ghualann a chuaigh siad agus má sea féin a deir Joe, bhí fear an Mhháma ag



*Pádraig Ó Conaola – Seaimpín Phaddy Phaitseach – as Duibhithir. Bhí a shúil ar Chraobh Caraíochta an Domhain aige nuair a bhásaigh sé go hóg.*

tabhairt neart aimsire dhó. Fear mór láidir a bhí in Pádraic Ó Máille é féin.

Ach ní ar an gcloich ghualann a bhí cáil Sheaimpín Phaddy Phaitseach bunaithe ach ar an gcaraíocht. Ní raibh mórán eile sa domhan lena linn a bhí in ann a ghabhail sa bhfáinne leis ar an gceird sin. Tóg mar shampla amháin an oíche ar chosain sé craobh na Breataine Móire i nGlasgow. Seo mar a cuireadh síos air an t-seachtain chéanna i nuachtán de chuid na haimsire - "The Sporting Chronicle."

DEFEAT OF ESSON DECISIVE MATCH IN GLASGOW

For the second time within a week Jimmy Esson, the famous Aberdeen heavy-weight, and Pat Connolly, the champion of Great Britain, met in the Palace Theatre, Glasgow last night. On the first occasion Esson undertook to gain two falls within an hour and failed. The second match was best of three falls. Both matches were in catch-as-can style and all holds were allowed except the strangle. The theatre was crowded when the men appeared. Mr Borland of the Scottish National A.C. was M.C., Mr Johnny Murphy timekeeper and Mr. Charles Donaldson referee.

The contest was one of the most desperate encounters seen in Glasgow, both men being on their mettle and in deadly earnest. Connolly was determined to retain the title which Esson had come to Glasgow to win. The latter who is like Connolly a professional wrestler with no other occupation is leaving to join a troupe on the continent and a victory over Connolly would have much augmented his fame abroad. There was therfore a very powerful incentive to Esson to strain every nerve to achieve a victory. That he did so was the opinion of everyone who witnessed the contest. After a few feints Connolly suddenly caught Esson in the Cumberland and Westmoreland style hold and pulling him in with a vice-like grip as if about to apply the hips as suddenly back-heeled the big fellow. Down Esson went with Connolly sticking to him like a leech. Esson tried manfully to bridge but the fall had temporarily knocked the wind out of him and Connolly twisted his own legs around Esson's nether limbs in such a manner that bridging was difficult. Connolly gained the fall in 2 min 17 sec.

When the match was resumed Jim came on full of confidence and literally chased Pat all round the stage. Connolly seemed to take things a little easier and for a time Esson had all the best of the wrestling. On one occasion he had Connolly in serious trouble, the champion having to bridge to avoid being thrown. When 20 minutes had gone Esson was strong as ever and full of dash. Connolly punished him considerably with toe and leg holds but Esson's resistance here was superb. From these tactics Connolly repeatedly forced Esson on one shoulder but the Aberdonian's great strength enabled him to fight Connolly off and the whole thing had to be begun over again.

When 30 minutes had gone the pace became terrific and somewhat rough. In this latter both men were at fault and had to be cautioned by the referee. Connolly showed to advantage in clever work but Esson's tremendous strength was the subject of much comment. The full Nelson was allowed and Connolly applied this hold several times quite unsuccessfully, Esson breaking clear by sheer strength in spite of all Connolly's endeavours. In like manner Esson always prevented Connolly from applying one of his favourite holds - the hammer-lock. Never once during the whole contest did Connolly succeed in stealing a wing. In work on the legs and in wrestling at the upright Connolly was superior. His knowledge of Cumberland style, acquired at the Highland games, gave him this advantage when both were on their feet. On the floor Esson's resistance was fine and his attack also to be reckoned with. Over and over again Connolly had to himself seek the hands and knees position for safety but at last when 41 minutes 19 seconds had gone Connolly levered Esson on one shoulder and got him almost down with a half-Nelson and leg hold. When Esson seemed like getting out of this Connolly quirled round and locked Esson's head in the scissors. Keeping an arm pinned to the carpet Connolly thus levered the big fellow down and gained the fall.

Throid sé oíche eile i nGlasgow agus seo é an cur síos a rinneadh sa bpáipéar air:

"Connolly was in fine form and stripped a model of physical perfection, and his 13 st. 4 lb was made up of muscle of the whipcord class all in the right place."

Dúradh an oíche sin freisin nuair a bhuaigh sé: "the result puts Connolly to the very top of the tree in this country as he has now defeated every one with any pretension of championship status. Connolly now has cleared all the local men and will have to look further afield for opponents."

Tamall ina dhiaidh sin chuaigh sé go Meiriceá ar a bhealach go dtí Craobh an Domhain. Ach ní fada a bhí sé thall nuair a cailleadh é - agus é ar an traein as Vancouver, Washington, go Boston.

Tá sé thar am againn comóradh a dhéanamh sa bparóiste ar an bhfear cumasach seo. Is gearr ó bhí mé ag caint le dream caraíochta i mBleá Cliath agus dúirt siad liom go dtiocfaidís anuas go Cárna le taispeántas a thabhairt dá mbeadh a leithéid de chomóradh againn. Caithfidh muid tosú á eagrú go luath ach roimhe sin d'fheilfeadh sé tuilleadh eolais a bhailiú faoi Sheaimpín Phaidí Phaitseach.

Ní bhfuair mé amach fós cén bhliain ar cailleadh é, cuir i gcás...

# FONNADÓIRÍ AGUS CEOLTÓIRÍ AS CÁRNA – AR CHEIRNÍNÍ GAEL-LINN

**SEOSAMH MAC DONNCHA**
'Ó na Sceirdí Aniar'
Casann Josie Sheáin Jeaic 'Úna Bhán,' 'Seoladh na nGamhna' agus amhráin eile.
Dréachta ceoil ag Marcus Ó hIarnáin (Ceoltóir feadóige)
CEF/CEFC 124

**SEOSAMH Ó hÉANAÍ**
A Cheád Fhadcheirnín
'Caoineadh na dTrí Muire' 'Bean a' Leanna' 'Curracha na Tra Báine' 'Púcán Mhicil Pháidín'agus amhráin eile.
CEFC 028

**P.J. HERNON**
A Cheád Fhadcheirnín
Dréachta ceoil ar an mbosca agus ar an mileoideon
CEf 065

**SEÁN MAC DONNCHADHA**
'Bruach na Beirtrí'
Casann Johnny Mháirtín Larry 'Contae Mhaigh Eo,' 'Amhrán Mhuighinse' agus amhráin eile.
Dréachta ceoil ag Máirtín Ó Cualáin (Ceoltóir Bosca)
CEF/CEFC 117

**SEOSAMH Ó hÉANAÍ**
'Ó Mo Dhúchas'
'Dónall Óg,' 'Seachran Chearbhaill', 'Casadh an tSúgáin,' 'Amhrán na Páise' agus amhráin eile
CEFC 051

**P.J. agus MARCUS HERNON**
'Beal a'Mhurlaigh'
Beirt ghaiscíoch ceoil ar an mbosca agus ar an bhfliúit.
CEF/CEFC 141

# GAEL-LINN

**26, Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2.**
**Tel: 01 - 767283 Fax: 01767030**

# Hugo Carey

## *Duine de Laochra Peile na Gaillimhe*

*Ba é Hugo Carey an lán-chúlaí ar dheis ar fhoireann na Gaillimhe a bhua Craobh Sinsir Peile na hÉireann agus Corn Sham Mhaguidhir sa mbliain 1934. I gCárna a chaith sé furmhór bhlianta a óige agus ba ansin a thosnaigh sé ag imirt peile sna comórtais áitiúla an chéad lá ariamh.*

*Mac deartharа le Hugo Carey é Mártan Ó Ciardha atá i gceannas ar chúrsaí Spóirt i Raidió na Gaeltachta. San alt seo, déanann Mártan Ó Ciardha cur síos ar a uncail, an laoch peile – Hugo Carey*

* * * * * * * * * *

Cé go bhfuil sé 56 bliain ó bhuaigh Hugo Carey bonn Chraobh Peile na hÉireann, tá cuimhne mhaith aige ar chluiche ceannais sin na bliana 1934 nuair a bhuaigh na Gaillimhigh ar Bhleá Cliath leis an scór 3-5 in aghaidh 1-9. Dhá mhí dhéag roimhe sin, bhí fear Chárna ar fhoireann na Gaillimhe freisin, nuair a bhain siad an cluiche ceannais amach, ach ansiúd chas foireann láidir ón gCábhán orthu agus thug fir Bhreifní an lá agus an corn leo, don chéad uair ariamh.

Ach ar an 23ú lá de mhí Mheán an Fhómhair 1934, ar Pháirc an Chrócaigh, bhí na Gaillimhigh



*Ná scaoil do ghreim - Hugo Carney ag imirt do Ghaillimh.*

ag súil go láidir gurb iad fhéin a bheadh ag béiceach nuair a shéidfí an fheadóg dheire. Théis an tsaoil bhí seaimpíní na bliana roimhe sin, an fhoireann chéanna ón gCábhán, curtha dá gcois ag Gaillimh sa gcluiche leathcheannais i dTuaim agus ní raibh ina n-intinn ach an cleas céanna a dhéanamh le Bleá Cliath, nuair a thit an ciúnas ar Pháirc an Chrócaigh agus nuair a thosaigh an banna ceoil agus an slua ar Amhrán na bhFiann.

Thug Hugo Carey é fhéin aghaidh ar an mbratach ach leath bealaigh isteach san Amhrán, rug loinnir eicínt sa bhféar ar a shúil. Le deire an cheoil, fuair sé deis cromadh, agus thóig ceann dena sean-phíosaí 3 pingine den talamh. Sháigh sé síos i bpóca beag é, a bhí fuaite ag a mháthair ar a bhríste peile, agus ba ansiúd a d'fhán an píosa 3 pingine agus an bonn beannaithe a bhíodh ann i gcónaí, nó go raibh na graithí déanta ag na Gaillimhigh.

Go dtí an lá atá inniú ann, níor scaoil Hugo uaidh an píosa 3 pingine sin agus spáinfidh sé duit é ina theach cónaí i Longfort, chomh snasta céanna le bonn Chraobh na hÉireann a frítheadh ar an lá céanna leis, le bonn Chomórtas an Bhóthair Iarainn (1934 freisin) agus leis an dá bhonn de chuid Chraobh Peile Chonnachta a bhuaigh Hugo Carey sna blianta 1933 agu 34.

Tá bonn eile lena gcois sin i measc an bhailiúcháin uilig atá aige, a bhfuil an Ciardhach an-bhródúil as. Sin bonn de chuid Chomórtais Peile Iarthair na Gaillimhe, a bhuaigh sé nuair a bhí sé ar fhoireann as Cárna a thug an chraobh sin leo, i ndeire na bhficheadaí.

**As Cárna go Liatrom agus ar ais**

Timpeall bliain agus fiche d'aois a bhí Hugo Carey an uair sin. Ba as Contae Aontroma a athair. Chaith seisean tamall ina bhall den R.I.C. i gCárna ag tús an chéid, áit ar phós sé duine de mhuintir Bhéara, as an tsráidbhaile. Go gairid théis phósta dó, aistríodh é go Cora Droma Rúisc i gContae Liatroma agus ba ansiúd a rugadh Hugo sa mbliain 1908. Nuair a scoireadh an R.I.C. d'fhill an chlann uilig, cúigear mac agus beirt iníon, ar Chárna sa mbliain 1920 agus chónaigh siad tamall suas ó shiopa Mhic Oireachtaigh.

Le linn dó a bheith ag freastal ar an Scoil Náisiúnta i gCárna a thosaigh Hugo ag cur suime sa bpeil. Ní raibh aon pháirc sa gceantar an uair sin agus bhí gasúir na scoile taobh le bheith ag imirt timpeall na scoile agus sna garrantaí beaga. "Sin é an fáth a raibh muid chomh maith san aer"

a deir Hugo. "Níorbh acmhainn dúinn an liathróid a ligean ar an talamh".

Déanadh roinnt mhaith imeartha freisin ar thrá Mhuighinse agus sa sean-Phlantation, ach nuair a cláraíodh foireann daoine fásta le Coiste Iarthair na Gaillimhe, i ndeire na bhficheadaí, socraíodh caoi cheart a chur ar an bpáirc ansin. Déanadh obair dheonach go leor uirthi, a deir Hugo, bailíodh airgead i Meiriceá agus fearacht an lae inniu, ritheadh crannchuir, ach níl mé cinnte an mbeadh oiread céanna measa inniu ar an bpríomh dhuais, agus a bhí an uair sin ... rothar glan nua as an bpíosa.

Bhí lá mór ann lá oscailte na páirce. Tháinig foirne as Uachtar Árd, as an gClochán, as Cora Fine agus foireann Galway Gaels as cathair na Gaillimhe, foireann ar imir Hugo fhéin dóibh ina dhiaidh sin.




*Cárna, Seaimpíní Iarthar na Gaillimhe 1929 - Sé Hugo Carey atá i lár báire sa líne tosaigh.*

**Comórtas Paróiste**

Le teacht na páirce freisin, tosaíodh ag imirt sraithchomórtas paróiste. Bhí foireann ag Hugo fhéin ann, foireann ag an Athair Goodwin, sagart a raibh baint mhór aige le bunú na foirne i gCárna, foireann ag Muighinis agus foireann as an Oileán Máisean. Bhíodh sluaite móra ag breathnú ar na cluichí eatarthú agus tá cuimhne faoi leith ag Hugo ar na cluichí a himríodh idir a fhoireann fhéin agus foireann an tsagairt, agus an béiceach a bhíodh ann nuair a thugadh sé fhéin agus an tAthair Goodwin, fear téagartha eile, faoina chéile, ag fiachaint na liathróide.

Bhí togha na bpeileadóirí ag Cárna an uair sin a deir sé. Ar dhuine acu sin bhí Cóilín Sheáin Dhúdara Ó Cualáin as Duibhithir, duine dena peileadóirí nádúrtha ab fhearr a chonaic sé ariamh ina shaol, a deir Hugo. Ar na peileadóirí eile a d'imir leis bhí Cóilín Mac Craith a bhásaigh le gairid agus Macdara McGrath as Glinsge, James Moran, an tAthair Willie Ó Móráin agus Dónal Ó Cathaláin,

Bhí peileadóirí ón taobh amuigh ag imirt le Cárna freisin. Orthu sin bhí Séamus Ó Máille, fear a bhí ag múineadh san áit agus a bhí ina chaptaein ar fhoireann Mhaigh Eo a bhuaigh Craobh na hÉireann ina dhiaidh sin, sa mbliain 1936. Bhí baill dena Gardaí leo freisin, Fiannachtach, Conchubhaireach, duine de shliocht Mhic Craith, Cathánach, a mba as an mBlascaod ó dhúchas dó, agus Cinnéideach a bhí i mbeairic na Sraithe Salaigh. Go deimhin bhíodh beairic Chárna chomh bánaithe sin an lá a mbíodh foireann an pharóiste ag imirt, agus go gcaití Garda a thabhairt aniar as an gClochán le dhul ar dualgas ann.

**Ag imirt do Ghaillimh agus do Chonnacht**

Ba sa mbliain 1929 d'imir Hugo Carey do fhoireann shóisir na Gaillimhe don chéad uair agus dhá bhliain ina dhiaidh sin fuair sé a áit ar an bhfoireann shinsir, áit a choinnigh sé go dtí 1935. San achar sin d'imir sé i gcluiche ceannais na hÉireann faoi dhó (1933 agus '34) agus thug sé bonn uile Éireann leis as an dara cuairt ar Pháirc an Chrócaigh. Bhuaigh sé dhá bhonn i gConnachta freisin agus ceann amháin de chuid an Bhóthair Iarainn.

Sé seachtainí théis dóibh Bleá Cliath a bhualadh i gcluiche ceannais na bliana 1934 thug foireann na Gaillimhe cuairt ar na Stáit Aontaithe agus d'imir siad cluichí i Nua Eabhrach, i mBostún, i gCathair Jersey agus i Philadelphia.



*Uimhir a 2 ar a dhroim – Hugo Carey ag cosaint chúl na Gaillimhe.*

Faoin am sin bhí post faighte ag Hugo ina thiománaí bus le Córas Iompar Éireann agus ba le foireann Galway Gaels i gcathair na Gaillimhe a d'imir sé a chuid peile ón mbliain 1932 ar aghaidh. Chaith sé blianta ag tiomáint an bhus as an gClochán go Gaillimh agus bhí sé i mbun dualgais ar an gcéad lá de Bhealtaine 1935 nuair a cuireadh deire leis an tseirbhís traenach as an gClochán go Gaillimh agus nuair a cuireadh seirbhís bus ina háit.

Ina dhiaidh sin arís, cuireadh ag tiomáint an bhus idir Gaillimh agus Longfort é. Chuir sé faoi sa mbaile sin agus is ann atá sé i gcónaí, beo bríomhar in aois a cheithre scór bliain. Is minic ag caint agus ag cuimhniú ar Chárna é, áit a bhfuil luí faoi leith aige leis agus áit inár chuir sé tús le saol peile, a tháinig faoi bhláth ar pháirceanna peile chomh fada óna chéile leis an bPlantation, Páirc an Chrócaigh agus na Polo Grounds i Nua Eabhrach.



*Galway's March to Victory. All-Ireland's Football Championship,* 1934

*'Pictiúr stairiúil – sé Hugo Carey an tríú fear ó chlé i ngeansaí na Gaillimhe.*


*Comhghháirdeachas le Coiste Forbartha Chárna*

ó

# Stanley & Son

## Clochán

**095 - 21039**

**Togha siopa éadaigh**

Earraí olna, Línéadach agus
Criostal Éireannach.
Earraí iascaireachta agus spóirt
agus neart rudaí eile.

# ARRAMARA TEORANTA

## Cill Chiaráin

Teileafón: 095 - 33404/33417
Teileacs: 50928
Facs : 095 - 33494

*Comhgháirdeachas le Coiste Forbartha Chárna*
*as tabhairt chun críche na hoibre*
*agus go n-éirí go geal leo sa todhchaí*



*Gach deá ghuí don Choiste Forbartha agus don Iris*

# Seán Ó Dubhda

## Tógálaí Tí

Cárna, Conamara

Níl aon tinteán mar do thinteán fhéin

# Peil Ghaelach

## Cuirfidh oscailt na páirce borradh fúithi arís

Tá peil á himirt ag fóirne i gCárna ó 1929 i leith. Bhí fóirne an-láidir ann sna blianta sin agus uaireanta eile, fóirne nach raibh chomh láidir sin. Is ins na tríochaidí agus ins na seachtóidí a ba láidre a bhíodar, de réir an scéil. Rinne Cárna éacht i 1971 nuair a bhuaigh ógánaigh (faoi 16) an chumainn Craobh an Chontae. Bhí foireann bhreá, meáite ag Cárna agus chuir siad fóirne a bhí an-láidir san am, foireann an Athair Uí Ghríofa agus foireann Chorafinne go leath taobh ar a mbealach go ceann scríbe.

I 1973, chuaigh foireann sóisir Chárna chomh fada le cluiche ceannais an Chontae. Is fiú a lua nach raibh ann an uair sin ach dhá ghrád – sóisir agus sinsir – agus go raibh árd chaighdeán peile ag fir Chárna. Bhi furmhór na fóirne céanna ar fáil i 1977 nuair a bhuaigh siad Craobh Náisiúnta Chomórtas Peile na Gaeltachta i nGleann Cholmcille i nDún na nGall.

Théis bua 1977, thit cúrsaí peile siar go mór ar chúis amháin nó ar chúis eile. Bhí blianta ann i dtús na n-ochtóidí nuair nach raibh foireann ar bith ann.

### Ath-chlárú Chumann Mhic Dara

Bhí peileadoirí as an gCaiseal ar fhóirne na seachtóidí ach i dtús na n-ochtóidí chuaigh siad sin a mbealach féin nuair a bunaíodh Cumann Peile Naomh Conal sa gCaiseal. Tháinig muintir Chárna acu féin arís i Márta, 1984 nuair a ath-chláraíodh Cumann Peile Mhic Dara agus iad ag freastal ar Chárna agus ar Chill Chiaráin. Bhí áit acu i sraith sóisir (B) an chontae i dteannta an Chaisil, Rosmuc, Árainn agus go leor fóirne eile. Ní go ró-mhaith a bhí ag éirí le Cárna ná leis an gCaiseal agus i ndeireadh na bliana, 1986 tháinig an dá chumann le chéile faoi aon bhrat amháin - Cumann Peile Chárna/Caiseal. Tháinig feabhas ar an bhfoireann dá bharr sin agus d'árdaigh an fhoireann céim amháin taréis an Chraobh Soisir "B" a bhuachadh i 1987 i gcoinne St. Michaels as Gaillimh.

### Ar ais sa gComórtas Gaeltachta arís

Ó1988 i leith tá an fhoireann shóisireach ag imirt i sraith sóisir "A" an chontae i dteannta Rosmuc, Rinn Mhaoile, Mícheál Breathnach, Fr. Griffin's, an Rinn Mhóir agus roinnt fóirne eile. Tá an grád idirmhéanach agus an grád sinsireach níos airde ná an grád sóisir "A". I mbliana, bhí fóirne faoi 14, faoi 16, mionúir (faoi 18), faoi 21 agus sóisireach ag imirt againn i gcomórtais ar fud an chontae. D'éirigh leis an bhfoireann shóisireach craobh na Gaillimhe de Chomórtas Peile na Gaeltachta a bhuachaint den chéad uair ó 1977. Ghlac siad páirt ins an gComórtas Náisiúnta i gCiarraí i dtús an t-samhraidh ach níor thug siad an Chraobh abhaile leo an iarraidh seo. Bhí cailín Gaelach Chárna, Caitríona Ní Choirbín i gCiarraí freisin mar Chailín Gaelach Chonamara. Reachtáil an Cumann turais go hÁrainn agus go Londain i 1990 áit ar casadh go leor cáirde nua leo.

### Fóirne faoi aois

Mar a d'fhás fóirne láidre sna seachtóidí as fóirne láidre faoi aois sna seascaidí, tá an dóchas ann go mbeidh an toradh céanna ar na sár-fhóirne faoi aois a bhí ag an gcumann le cúpla bliain. Tá tús áite le fáil ag foireann faoi 14 a bhuaigh Sraith an Chontae faoi 14 (C) i 1988. Bhí an chuid ba mhó de na peileadóirí óga céanna ar an bhfoireann a bhuaigh an comórtas céanna faoi 16 i 1989. Beidh siad seo le feiceáil arís, le cúnamh Dé ag imirt ar ár bpáirc féin i ngrád na mionúir an bhliain seo chugainn. Bhí chúig fhoireann faoi aois ann i 1989 agus chaith siad taisteal i gcóir chuile chluiche. Bhí an cumann buailte ó 1982 mar nár b'fhéidir aon chluichí a imirt ar pháirc Chárna. Ach, tá caoi bhreá curtha uirthi anois agus déanfaidh sé difríocht mhór don chumann cluichí a bheith sa mbaile acu don chéad uair le naoi mbliana.

Mar fhocal scoir, má tá suim agat i gcúrsaí peile ins an gceantar, beidh fáilte romhat ag an gcruinniú cinn bhliana a bhéas ann go luath san ath-bhliain. Tabharfar fógra póiblí faoi seo.

**Colm O hUaithnín** - ***Rúnaí Naomh Conal Mac Dara***



*Craobh Condae ag Cárna - Éamonn Ó Catháin as Gabhla, Caiptín fhoireann faoi 16 Chárna a bhuaigh Craobh na Gaillimhe i mí Mheán Fómhair 1971. Seo é an t-aon Chraobh Condae a bhuaigh Cárna ariamh. Sa bpictiúr seo, glacann Éamonn le Corn Bhord an Iathair ó Mrs R. G. Pierce 'théis dhóibh Fr. Griffins a bhualadh sa gcluiche ceannais. Sa bpictiúr seo tá ó chlé - Dónall Killeen, Peadar Ó Céidigh, Éamonn Ó Catháin ag glacadh leis an gcorn agus R. G. Pierce. Bhuail Cárna foireann Chorafinne i gcluiche ceannais an Chondae. Tá Éamonn Ó Catháin ina mhúinteoir Meánscoile i mBalla, Co. Mhuigheo anois.*



*Foireann Chárna faoi 16, 1966 a bhuaigh Craobh Ghailllimh Thiar*
*Ar chúl ó chlé: Antoine Breathnach, Tomás Ó Nia, P. Mac Donncha, Séamus Ó Maoilchiaráin, Seán Ó Coirbín, Mártín Ó Máille, Séamus Ó Mealóid R.I.P., Micheál Ó Cuaig. Líne láir ó chlé: Páraic Mac Donncha, Colm Ó Flatharta, Éamon de Búrca, Páraic Ó Coirbín, Éamon Ó Mealóid, Seán Ó Ceannabháin, Seán Ó Cuaig, Máirtín Ó Maolchiaráin. Chun Tosaigh: Mairtín Ó Ceannabháin, Micheál Ferns, Gearóid Ó Cosgordha, Tomás Ó Caonaigh.*


# Adhmad Teo.

Casla, Co. na Gaillimhe

**Doirse &**

**Doirse Frithsheasmhach Tine**

**Fuinneoga & Gloine**

**Aonaid Cistine**

Fón: 091 - 72290

# Seomraí Feistis ag Páirc Imeartha

Sa deire thiar tá féar ag fás i bpáirc imeartha Chárna agus beidh sí réitithe le haghaidh cluifí san ath-bhliain.

Tuigeann chuile dhuine go dteastaíonn seomraí feistis ag páirc imeartha don t-sórt seo agus, mar sin, bhí sé ar cheann do na tionscnaimh a bhí roghnaithe ag Coiste Forbartha Chárna le cúpla bliain anuas.

Nuair a bhua an Coiste Forbartha £4,000 – príomh dhuais an Údaráis don Phobal Beo – shocraigh muid an t-airgead iomlán a chur ar fáil le haghaidh Seomraí Feistis a thógáil.

Bunaíodh fó-choiste don Choiste Forbartha leis an obair a dhéanamh. Ar an gCoiste sin, tá:

Tomás Ó Nídh – Cathaoirleach
Pádraic Ó Cualáin – Rúnaí
Colm Ó hUaithnín – Cisteoir
Seán Ó Loideáin
Pádraic Ó Clochartaigh
Pádraic Ó Coirbín.

**Deacrachtaí le suíomh**

Taréis oifigí a thoghadh ag an gcéad chruinniú, shocraigh muid ar scrudú a dhéanamh ar an suíomh. De bharr an scrúdaithe sin, chonaic muid go raibh deacrachtaí áirithe ag baint leis an suíomh. An deacracht is mó a bhí ag baint leis ná go raibh an suíomh píosa fada ón mbóthar agus chosnódh sé roinnt mhaith airgid bóthar a dhéanamh isteach chomh fada leis. Taréis an cheist a chíoradh, shocraigh muid nach raibh aon dul as againn ach bóthar a dhéanamh.

Faoin am seo bhí pleananna réitithe againn agus d'iarr muid cead pleanála ar Chomhairle Chondae na Gaillimhe.

Chomh luath agus a fuair muid cead pleanála, chuir muid iarratas ar dheontas chuig Roinn na Gaeltachta agus tá súil againn le freagra go gairid.

**Cúrsaí Airgid**

Ag braith ar dheontas na Roinne agus ar an £4,000 a bhí fáighte againn ó Choiste Forbartha Chárna, mheas muid go gcaithfeadh muid £10,000 a chruinniú muid féin.

Taréis go leor machnaimh, shocraigh muid ar chrannchur le 1,000 ticéad ar £20.00 an ceann le duaiseanna iomlán £8,000. Fágfaidh sé seo má dhíolann muid na ticéidí ar fad go mbeidh breis is deich míle punt brabúis againn nuair a bheas na costaisí iomlán a bhaineann lena leithid do chrannchur íocaithe.

Faoi láthair, tá an bóthar agus an bhonnchloch réidh agus tá muid ag díol na dticéad. Muna bhfuil ceann ceannaithe agat, tá súil agam go gceannóidh tú ceann ó dhuine éigin don Choiste idir seo agus an Nollaig. Beidh an tarraingt ar an 4ú Eanáir 1991 agus le cúnamh Dé beidh seomraí feistis ag páirc imeartha Chárna an tráth seo arís.

*Tomás Ó Nídh, Cathaoirleach Choiste na Seomraí Feistis.*

---

# *Páirc Chárna Ag oscailt arís i 1991*

Shocraigh muid ar Choiste a thabhairt le chéile ar an 2/2/1984 san Óstán i gCárna. Bhí plean le déanamh agus airgead le cruinniú chun forbairt na Páirce a thosaí.

Thosaigh muid le Ciorcal Airgid agus ticéidí a dhíol. Tar éis bliana, ar an 14/2/1985 bhí £11,000 san mbanc againn.

Cuireadh amach fógra ag iarraidh tairiscintí. Sa mBealtaine 1985 piocadh Paraic Ó Cualáin i gcomhar leis an Innealtóir Séamus Breathnach. Ceadaíodh deontas do £15,000 dúinn ó Roinn na Gaeltachta.

Thosaigh an obair i mí Meithimh 1985 agus mí Meán Fómhair, 1989 cuireadh síol féir sa bpáirc. Chosain an obair atá déanta £30,000. Tá na postaí cúil agus an clár scóranna le fáil fós ach beidh siad sin ann an samhraidh seo chugainn nuair a bheidh an pháirc ghalánta seo á hoscailt le cúnamh Dé.

Marach an tacaíocht agus an comh-oibriú a fuair an Coiste ó mhuintir an pharóiste, ní bheadh sé ar ár gcumas an obair seo a thabhairt chun críche.

Sa deire tá páirc ag aos óg an pharóiste seo aríst, chun an spóirt, ar bhain peileadóirí Chárna cáil amach ann, a chur chun cinn.

Míle buíochas libh.

***Máire Áine Uí Choirbín***

*Comhgháirdeachas le Coiste Forbartha Chárna agus leis an Iris*

Céad Míle Fáilte romhat i gcónaí ag

# Ollmhargadh Mhic Oireachtaigh

## Cárna, Conamara

## Búistéara
## Bureau de Change
## Nuachtáin

**Ós cionn 100 bliain ag feastal ar an bpobal**

**Sé lá go leith sa t-seachtain**

*Is fearr leath builín ná bheith gan arán*

# An Pholaitíocht sa gCeantar Seo

## Stair Mhór Fhada

*Tá stair mhór pholaitíochta ag an bpobal seo. Bhí cónaí ar ionadaí amháin poiblí, ar a laghad, sa gceantar seo i gcaitheamh an ama le trí scóir bhlianta. Bhí Teachta Dála sa tsráidbhaile ó 1927 go 1969.*

*Tá Comhairleoir Contae agus Comhalta d'Údarás na Gaeltachta ina gcónaí sa bpobal seo anois. Is as Cárna ó dhúchas í an tAire Stáit i Roinn na Taoisigh, Máire Geoghegan-Quinn, T.D. a bhfuil cónaí uirthi i gcathair na Gaillimhe anois. Sa gcuid seo den Irisleabhar labhrann Máirtín Ó Catháin le polaiteoirí an cheantair seo agus caitheann sé súil ar stair pholaitíochta an cheantair.*

* * * * * * * * * * *

**Ceisteanna ar Pholaiteoirí an Cheantair**

As sráidbhaile Chárna é an Comhairleoir Contae Micheál Ó Móráin (Fianna Fáil). Toghadh ar an gComhairle Contae é don chéad uair i 1974. Tá an suíochán sin aige ó shoin i leith.

I sráidbhaile Chárna a rugadh agus a tógadh an tAire Stáit i Roinn an Taoisigh, Máire Geoghegan-Quinn, T.D. (Fianna Fáil). Toghadh ina T.D. í den chéad uair i 1975. Tá a suíochán i nGaillimh Thiar coinnithe aice ó shoin i leith.

As Áill na Brún i gCill Chiaráin é Seosamh Ó Cuaig. Toghadh ar Bhord Údarás na Gaeltachta é in 1989 agus é san iomaíocht faoi bhratach na heagraíochta "Cumhacht". Sé an chéad duine ón bpobal seo é a toghadh ina Chomhalta Údaráis.

Nuair a chuaigh mé chun cainte leis an triúr acu ar shon na hIrise seo, chuir mé na ceisteanna céanna orthu, a bheag nó a mhór. B'éigin, ár ndóigh, díriú ar na dualgaisí ar leith atá orthu san tríú ceist .. m.sh. Údarás, Comhairle Contae agus Aireacht Stáit. Bhain an ceathrú ceist lena ndearca pearsanta ar an saol polaitiúil i bhfianaise a dtaithí air sin.

Níor chuir mé isteach ná amach ar aon nduine acu agus iad ag tabhairt freagraí agus níor chuir mé aon cheist orthu le cois na cheithre cheist a tugadh dóibh ar dtús. Tá tús áite faighte acu anseo de réir ord aibítreach.

---

## Máire Geoghegan-Quinn



*An tAire Stáit i Roinn an Taoisigh, Máire Geoghegan-Quinn, T.D. (Fianna Fáil)*

**Ó Catháin:** Céard iad na hathruithe is suntasaí atá tugtha faoi deara agat in do cheantar dúchais?

**Máire Geoghegan-Quinn:** An feabhas atá tagtha ar thithíocht, cinnte. Tá an chumhacht leictreach acu i mbunáite chuile theach anois agus tá na compóirtí céanna acu agus a bheadh sa mbaile mór. Tá an fhostaíocht feabhsaithe freisin. Cuir i gcás, nuair a bhí mise ag dul ag an Meánscoil chaitheadar a dhul in áit éigin eile – ní raibh deis ar bith acu sa mbaile. Tá an turasóireacht feabhsaithe. Feictear dom go bhfuil an-fheabhas tagtha ar sheirbhísí sláinte ó d'fhág mise Cárna agus, ár ndóigh, bhí togha na ndochtúirí againn i gcónaí i gCárna.

**Ó Catháin:** Is cinnte go bhfuil feabhas ar chúrsaí fostaíochta le blianta beaga anuas ach tá daoine ag cur díobh faoin mbail atá ar bhóithre. Táthar an-mhí-shásta faoi sheirbhísí teileafóin. Bheartaigh an pobal othar-chárr dá gcuid féin a chur i mbun seirbhíse. Ní raibh aon mhuinín as éifeacht sheirbhíse an Stáit. Nach deacair bárr-slaicht a chur ar fhorbairt nó go mbeidh caighdeán maith seirbhísí againn?

**Máire Geoghegan-Quinn:** Bhuel tá feabhas tagtha ar chúrsaí den t-sórt sin, cur i gcás, nuair a d'fhág mise an áit scór blianta ó shoin – agus ní shin tréimhse an-fhada – ní raibh ach cúpla telefón sa gceantar agus sílim nach raibh bosca poiblí ar bith ann. Tá córas uathoibritheach ann anois agus cé go mbíonn deacrachtaí acu ó ham go chéile, ní bheadh mórán difríochta idir an t-seirbhís a bhíonn acu agus a bhíonn istigh sa mbaile mór, mar shampla. Tá daoine ag clamhsán faoi chúrsaí bóithre agus dá mbeadh na milliúin

agus na milliúin le caitheamh, bheadh daoine ag clamhsán fós. Sílim go bhfuil sé faireáilte a rá gur fheabhsaigh cúrsaí roinnt bhlianta ó shoin nuair a socraíodh go bhféadfaí airgead a bhíodh Roinn na Gaeltachta a chaitheadh ar bhóithre áise agus ar bhóithre portaigh – go bhféadfaí é sin a chaitheadh ar bhóithre contae. I gceantar Rosmuc agus i gceantar Chárna, déanadh roinnt mhaith oibre ar bheagán beag pingineacha.

**Ó Catháin:** Is tusa, a Mháire an tAire Stáit i Roinn an Taoisigh agus freagrachtaí ort ó thaobh cúrsaí na hEorpa de. Cé'n chaoi ar féidir leis an gComhphobal Eorpach cuidiú le ceantair imeallacha – do cheantar dúchais féin, Cárna mar shampla?

**Máire Geoghegan-Quinn:** Siad na Cistí Réigiúnacha is tábhachtaí anseo. Tagann airgead a chuidíonn le seirbhísí i gCárna – bóithre, telefón, uisce, séarachas – isteach ón gciste go dtí an Roinn Comhshaoil. Ó thaobh cúrsaí oideachais de, tagann airgead ón gCiste Sóisialta agus cuir i gcás, na scéimeanna sóisialta poiblí atá ar fud Chonamara anois agus a dhéanann an-leas – tagann an t-airgead lena n-aghaidh isteach as an gComhphobal. Mar sin, cé go mb'fhéidir go ndéarfadh daoine nach bhfuil an t-airgead ag teacht, tá sé ag teacht go hindíreach. Tagann sé isteach thrí chistí an Rialtais anseo agus b'fhéidir nach mbeadh sé ann murach gur throid daoine – mé féin ina measc – go crua le dúbailt a fháil ar na Cistí Struchtúrtha.

**Ó Catháin:** Ar bhonn pearsanta, a Mháire – mar Aire Stáit Eorpach, déanann tú go leor taistil. Bíonn tú cruógach. An dtagann smaointe isteach in do cheann scaití agus tú ag taisteal ar eitleáin ó háit go háit go mb'fhéidir go mbeadh an saol níos éasca agat in do chónaí go ciúin duit féin thiar i gCárna?

**Máire Geoghegan-Quinn:** Tagann ... tagann scaití. Ceapann daoine go bhfuil duine ag feiceáil áiteacha breátha agus mar sin ach go minic ní bhíonn ann ach isteach agus amach in eitleáin agus in oifigí – oifigí a d'fheicfeá in aon áit. Go háirithe i 1987/88 nuair a fuair mé an jab ar dtús. Thosódh cruinniú ag an 10 ar maidin agus bheadh sé ar siúl go dtí an 5 an mhaidin dár gcionn. Thart ar an dó nó an trí ar maidin b'fhéidir go ndéarfá leat féin "An bhfuil mise craiceáilte?" Bheifeá ag cuimhniú gurbh fearr duit a bheith ar na cúl bhinsí nó ag múinteoireacht ... nó thiar i gCarna ar an trá. Bhí mé sa Róimh agus ar Oileán Chapri ag cruinnithe an tseachtain seo, cuir i gcás, agus an gcreidfeá go raibh sé ina thoirneach, ina thinntreach agus ina bháisteach i gcaitheamh an ama!

## Seosamh Ó Cuaig



*An Comhalta Tofa Údaráis, Seosamh Ó Cuaig (ón eagraíocht "Cumhacht")*

**Ó Catháin:** Na hathraithe is suntasaí atá tugtha faoi deara agat sa bpobal seo. Cá bhfuil muid ag dul?

**Seosamh Ó Cuaig:** Tá níos mó athruithe tagtha ar an bpobal seo le mo línn ná a tháinig le míle bliain roimhe sin. I dteach ceann tuí nach raibh leithreas, leictreachas ná raidió ann a chaith mé m'óige. Dá mbeadh sé le rá le m'athair nach raibh féar, móin ná fataí aige ní cheapfainn go bhfágfadh sé an teach an chuid eile dá shaol le ceann náire.

Tá rudaí fiúntacha go leor eile á gcailleadh againn, ar ndóigh, leis an athrú atá tagtha. Tá an Ghaeilge ar cheann acu.

Ach tá rudaí eile caillte a raibh sé thar am fáil réidh leo. Chuirfinn faitíos ar cheann an liosta – faitíos roimh an sagart, faitíos roimh an dochtúir, faitíos roimh an múinteoir, faitíos roimh an siopadóir, go bhfeicfeadh sé ag gabhail i siopa éigin eile thú. Na gasúir fhéin tá siad misniúil, neamhspleách. Deifir a bhíonn orthu ag gabháil ag an scoil dóibh – seachas a mbricfeasta a bheith fágtha gan ithe acu le teánn faitís roimh an máistir mar a tharlaíodh fadó.

Tá rud mór eile tárlaithe sa bparóiste freisin, an greim marfach a bhí ag Fianna Fáil ar an bpobal le blianta – agus roimhe sin ag Cumann na nGael – tá sé á scaoileadh de réir a chéile. Mar a dúirt Paddy Ó Conaola as an Más san Óstán oíche ní "Up de Valera" ná "Up Cograve" atá chor ar bith anois ann ach "Up Muid Fhéin".

**Ó Catháin:** Cé go bhfuil cúrsaí fostaíochta feabhsaithe – de bhárr na feilméireachta éisc, cuid mhaith – nach léir go bhfuil na bun-sheirbhísí lag go maith i gcónaí. Tá daoine ag cur díobh faoi

bhóithre, b'éigean do dhaoine seirbhís othaircharr dá gcuid féin a bhunú agus a choinneáil ag imeacht. Tá na teileafóin ina n-údar gearáin i gcónaí. Nach deacair dul chun cinn ceart a dhéanamh i gceantar atá chomh heasnamhach sin ar bhun-sheirbhísí?

**Seosamh Ó Cuaig:** Tá cuid mhaith taistil déanta agam ar fud na hEorpa le deich mbliana anuas. Ar thurais den tsórt sin is soiléire a fheicfeas tú chomh mór agus atá an taobh seo fágtha ar an bhfaraíor géar ó thaobh seirbhísí bunúsacha de – thréis ar tugadh de sheanmóirí sollúnta dhúinn nuair a bhí muid ag gabháil isteach sa gComhargadh faoin gcaoi a gcuirfí chuile cheantar ar chomhchéim chomh luath agus a bheadh muid istigh nó go gairid ina dhiaidh.

Teastaíonn bóithre cearta sa taobh seo, teastaíonn seirbhís iomlán leictreachais, seirbhísí uisce, srl. Teastaíonn córas nua-aimseartha teileafóin le go mbeidh muid in ann tionscail ríomhaireachta a bhunú – tionscail a fheileann chomh maith i gceantar "iargúlta" agus a fheileann i gceantar mórdhaonra.

An rialtas a chaithfeas freagra a fháil ar na fadhbanna seo sa deireadh. Le n-aghaidh sin atá siad ann.

**Ó Catháin:** Is tú an t'é is deireannaí as an bpobal seo a toghadh. Cé'n bharúil atá agat den pholaitíocht go dtí seo? Ag breathnú amach duit ón "taobh istigh" anois, an bhfeictear duit go bhfuil sé níos deacra ná a cheap tú do bhealach a dhéanamh thríd an "gcóras"?

**Seósamh Ó Cuaig:** "Keep them under pressure" – sin í an chomhairle a thug Jack Charlton dá fhoireann agus sin é freisin atá mo leithéidse in ann a dhéanamh istigh ag Bord an Údaráis. Ach níl mé in ann é a dhéanamh liom fhéin. Níor chreid mé riamh gur cheart iomarca muiníne a chur i bpolaiteoir ar bith – beag ná mór. Ní chreidim gur cheart iomarca muiníne a chur ionam fhéin ach oiread – go mbeadh daoine a cheapadh ó chuir siad isteach mé go bhfuil a ndualgas déanta acu agus go dtarlóidh míorúiltí feasta. Úsaid a bhaint as na polaiteoirí in áit na bpolaiteoirí a bheith ag baint úsáide as an bpobal – sin é an mana ba cheart a bheith ann feictear domsa. Éiríodh an pobal fhéin amach agus éilídís a gcearta. Ach tá a fhios agam rud eile freisin – gur fearr a thuigeann oifigigh an Údaráis anois go bhfuil daoine ina gcónaí an taobh seo de Dhoire Né chomh maith le áiteacha eile agus go bhfuil siad i dteideal na gcearta agus na fostaíochta céanna agus atá coirnéal ar bith den Ghaeltacht.

**Ó Catháin:** Údarás na Gaeltachta – an gceapann tú go bhfuil an tÚdarás sách gníomhach in Iarthar Chonamara agus cé'n chaoi a bhfeiceann tú ról na heagraíochta amach anseo?

**Seosamh Ó Cuaig:** Tá obair mhaith déanta ag Údarás na Gaeltachta ar an bhfeilméireacht éisc sa taobh seo. Ach níl muid ach ag scríobadh an uachtair chomh fada agus a bhaineann sé le muiríní, oistrí, abalone agus cineálacha eile.

Chuile sheans dá bhfaighim bím ag cur ar a súile d'oifigigh an Údaráis go raibh Séamas Mac an Iomaire as Maoinis ag tógáil dhá scór dosaen muiríní sa ló roimh an gCéad Chogadh Mór – i mbád seoil. Go mbíodh na céadta fear ag "dredgáil" ar feadh trí mhí den bhliain sa dá chuan atá in aice linn leithchéad bliain ó shin. Go ndearna Ruairí Ó Flatharta gaisce sa leabhar a scríobh sé ós cionn 300 bliain ó shin as na hoistrí a bhí i gCuan na Beirtrí Buí. Tá sé mínithe arís agus arís eile agam dhóibh gur tugadh luach £220,000 d'oistrí isteach as Cuan Chill Chiaráin i mbliana agus gur ionann an t-airgead sin don áit agus 30 duine a bheith fostaithe i monarcha ó cheann ceann na bliana.

Caithfear obair an Údaráis a leathnú ar go leor bealaí. Caithfear cead a thabhairt dhúinn a ghabhail ag plé le turasóireacht, cuir i gcás – mar atá ag SFADCO. Caithfear cead a thabhairt dhuinn deontais a thabhairt do dhaoine as an áit atá sásta tionscail bheaga seirbhíse a thosnú.

## Micheál Ó Móráin



*An Comhairleoir Contae, Micheál Ó Móráin (Fianna Fáil)*

**Ó Catháin:** ... Céard iad na hathraithe is suntasaí atá feicthe agat sa bpobal seo, a Mhichíl?

**Micheál Ó Móráin:** Athraithe móra dháiríre. Tá sár-chaighdeán tithíochta sa bpobal seo anois. A bhuíochas sin don Stát agus do imircigh.

Chinntigh na himircigh a chuaigh thar sáile go mbeadh a muintir sa mbaile in ann leas a bhaint as an gcúnamh ón Stát le títhe maithe a thógáil. An t-aon mharach amháin atá ar seo ná na tithe beaga atá ag sean ndaoine aonaracha agus ní féidir glacadh leo seo i bhfad eile. Tá seirbhísí sláinte an phobail ar fheabhas. Tá córas an otharcháirr ag obair ar fheabhas ... arís a bhuíochas sin do chomhoibriú idir an pobal agus an Stát. Feictear dom go bhfuil deireadh le ré na dtuillimí – an ré úd nuair a bhraith an pobal ar an Stát agus ar oifigí Stáit.

Tá feabhas tagtha ar fhostaíocht le blianta beaga anuas. Is minic a rith sé liom go ndearna an sean-choiste pobail a bhí ann fadó obair mhór nuair a réitigh siad an cimín i Ruisín na Maithníoch le tabhairt ar láimh do Ghaeltarra. Dá bhárr sin, bhí suíomh ar fáil do mhonarchain.

Ach, tá go leor ionsaithe dá ndéanamh ar shaol an phobail agus táid ann gur mhaith leo fásach gan pobal beo a dhéanamh do Chonamara agus é a choinneáil d'fhámairí agus do thurasóirí. Tugtar aire don fhostaíocht más linn pobal a bheith againn anseo. Má déantar botúin, ba cheart an cás a phlé leis na fir agus leis an mná atá ag obair ann agus gan an scéal a chur ar dtús chuig an "Media" nó "Cigirí" Stáit nó do "strainséaraí".

**Ó Catháin:** Cé go bhfuil cúrsaí fostaíochta feabhsaithe – de bharr na feilméireachta éisc cuid mhaith, nach léir go bhfuil na bun-sheirbhísí lag go maith i gcónaí. Tá daoine ag cur díobh faoi bhóithre, b'éigean do dhaoine seirbhís otharchairr dá gcuid féin a thosnú agus a choinneáil ag imeacht. Tá cúrsaí teileafóin ina n-údar gearáin i gcónaí. Nach deacair dul chun cinn ceart a dhéanamh i gceantar atá chomh heasnamhach sin ar bhun-sheirbhísí?

**Micheál Ó Móráin:** Tá feabhas ar na córais uisce agus solais. Tá an guthán ag feabhsú in aghaidh an lae. Is dóiche gur b'iad na bóithre an marach mór atá ar an bpobal agus gur b'shin í an fhadhb is gaire don scornach. Ní fadhb í atá le réiteach againn féin amháin – tá an chasaoid go forleathan ar fud na tíre agus luath nó mall, caithfidh an Stát a dhul i ngleic leis an gceist seo. Is dócha go dtugann na bóithre ceist chumais an Chomhairle Contae agus an Chórais Rialtais Áitiúil os ár gcomhair.

**Ó Catháin:** Comhairle Chontae na Gaillimhe a Mhichíl ... an t-údarás áitiúil anseo. An bhfuil an t-údarás sin in ann díriú i gceart ar na deacrachtaí anseo nó an dteastaíonn údarás níos áitiúla?

**Ó Móráin:** Táid ann a cheapann gur féidir deacrachtaí a leigheas ach an córas a leathnú. Bhraithfeadh a n-éifeacht ar chumhacht agus ar airgeadú. Ní chreidim go mbeidh an Stát sásta an píobaire a íoc agus cead a thabhairt do choistí áitiúla an port a ghlaoch. Airgead bun agus barr na ceiste; méid an chiste agus roinnt an chiste an dá mhór dheacracht agus ní maith le maorfhlaitheas ná leis an Stát an chomhairle sin a scaoileadh uathu.

**Ó Catháin:** Sé bliana déag sa bpolaitíocht, a Mhichíl. An éiríonn tú bréan dó scaití ... an ndeireann tú leat féin go mba éasca go mór é an saol dá mbeadh duine ar a chomhairle féin nó an bhfuil do chroí sa bpolaitíocht i gcónaí?

**Ó Móráin:** Tá 16 bliain caite agam sa bpolaitíocht áitiúil. Is minic cáinte mé agus is annamh molta mé. Ach, mar a gheallas 16 bliain ó shoin, ní raibheas in ann ach mo dhícheall a dhéanamh agus rinneas sin. Ba mhaith liom an deis seo a thapú agus míle buíochas a ghlacadh leo siúd a chuidigh liom. Tá go leor acu ann idir bheo agus mharbh. Go ndéana Dia grásta orthu siúd atá imithe.

Mo chuimhne, sul a gcríochnóidh mé, ba mhaith liom a lua nár cheart dearmad a dhéanamh do thábhacht an Choláiste Gaeilge agus don toradh dearfach a bhí air. An sruth a thug sé isteach d'airgead agus d'fhámairí agus an tús a chuir sé le aois nua turasóireachta sa gceantar agus an meas a chothaigh sé ar thobar fhíor-ghlan na Gaeilge, ar na hamhráin agus ar an gceol atá sa gceantar agus tá súil agam go bhfágfaidh an ghlúin seo oidhreacht na Gaeilge agus nádúr na ndaoine ag na glúnta atá le teacht.

# Ionadaithe Poiblí sa Dáil, ar an gComhairle Contae agus san Údarás

Seo iad na daoine as an bpobal seo a bhí ina n-ionadaithe poiblí ó thús an Stáit.

Ar dtús, na Teachtaí Dála:

**Josie Mongan.** Bhí Josie Mongan ina Theachta Dála de chuid Chumann na nGael agus Fhine Gael i nGaillimh Thiar ó 1927 – 1951, cé's moite de bhearna amháin idir 1933 agus 1937. Toghadh é don chéad uair i 1927 agus toghadh é sna blianta seo a leanas freisin: 1932, 1937, 1938, 1943, 1944 agus 1948. Bhí sé ina Chomhairleoir Contae i nGaillimh ó 1937 nó gur éirigh sé as i 1948.

Níor labhair Josie Mongan aon Bhéarla sa Dáil ariamh. Ba aige a bhí Hotel Mhongáin i gCárna agus bhí sé gníomhach in imeachtaí go leor, Cumann Chapaillíní Chonamara ina measc. Phós sé Máirín Ní Néill as Cluain Meala i dTiobrad Árainn i 1941.

Bhásaigh Josie Mongan agus é fós ina Theachta Dála i 1951. Buaileadh tinn é agus é ag tosnú an aistir go dtí an Dáil i mBaile Átha Cliath. Sa gClochán a bhásaigh sé, go ndéana Dia trócaire ar a anam.

**Johney Geoghegan,** go ndéana Dia trócaire air, Teachta Dála de chuid Fhianna Fáil do Ghaillimh Thiar ó 1954-1975.

Bhí Johney ina fhear stiúrtha ar an mbus ó Ghaillimh go Cárna nuair a chuaigh sé isteach sa bpolaitíocht an chéad uair. D'éirigh Aodh Ó Domhnaill – Hugh Phádraig Rua – as an gComhairle Contae agus comh-thoghadh Johney Geoghegan ina áit i 1949. Tóghadh é in áit Pheadar Duignan (athair Sheáin Duignan a bhíonn ar an Telefís) mar Theachta Dála do Ghaillimh Thiar i 1954. Toghadh Johney i chuile thoghchán Dála agus Comhairle Contae dár thriáil sé as sin go deireadh a shaoil. Nuair a ceapadh é ina Rúnaí Páirliminte don Aire Leasa Shóisialaigh i 1969, d'imigh sé as an gComhairle Contae agus sé Micheál Mac Oireachtaigh as Cárna a có-thoghadh ar an gComhairle ina áit.



*Josie Mongan as Cárna – Teachta Dála de chuid Chumann na nGael agus Fhine Gael ó 1927 - 1951. Níl Máirtín Ó Méalóid as Cárna a thug an pictiúr seo dúinn cinnte don áit ar tógadh an pictiúr seo ach deir sé gur b'shin é Máirtín Thornton taobh thiar d'uillinn Josie Mongan le hais an dorais. An bhfuil aon bharúil ag aon nduine don áit ar tógadh an pictiúr?*



*Johney Geogheghan, Teachta Dála*

D'fhág muintir Mhic Eochagáin Cárna i dtús na seachtóidí. Bhí cónaí orthu díreach amach ar aghaidh gheata na páirce nó an "phlantation" i gCárna. Bhásaigh Johney Geoghegan agus é fós ina Theachta Dála in Eanáir na bliana 1975.

Tá cónaí ar a bhean i nGaillimh - sin í Bairbre Ní Chualáin, mar a bhí uirthi roimh phósta di. Ba as Duibhithir di agus bhí sí ina múinteoir scoile. Tá cónaí ar mhac leo, Seán i nGailllimh agus sí Máire Geoghegan-Quinn, T.D. an tAire Stáit Eorpach a n-íníon.

**Máire Geoghegan-Quinn.** Toghadh Máire Geoghegan-Quinn ina Teachta Dála in Earrach na bliana 1975 ins an bhfó-thoghchán i nGaillimh Thiar, théis bás a athar.

Toghadh arís í i 1977 agus ins na trí thogchán a tháinig tobainn i ndiaidh a chéile i dtús na n-ochtóidí. Toghadh arís i 1987 agus i 1989 í.

Bhí sí ina hAire Gaeltachta i dtús na n-ochtóidí agus sí an tAire Stáit atá freagarthach as cúrsaí an Comhphobail Eorpach anois í. Rugadh agus tógadh Máire i gCárna.


*Comhgháirdeachas le Coiste Forbartha Chárna as tabhairt chun críche na hoibre agus go n-éirí go geal leo sa todhchaí*

# UNISEX HAIR CARE

**Carna, Conamra, Co. na Gaillimhe**
**Fón 32277**

***Gruagaire Fir agus Mná***

**Uaireanta Oscailte**
5 lá na seachtaine: 10.00 a.m. - 6.00 p.m.

**Ann Coyne**



# Ó CUALÁIN TEO.

le haghaidh

**Tolladh**
**Bleaisteáil**
**Cartadh**
**Iompar**

Má tá suíomh le réiteach 'ad
glaoigh ar 095 - 32263

*Comhgháirdeachas le Coiste Forbartha Chárna*

# Comhairleoirí Contae as an bpobal Seo

**Marcus Ó Caolla (Fianna Fáil).** Ba as Damhros ó dhúchas é. Bhí cónaí air i Sruth Sháile, An Caiseal agus bhí sé ina Chomhairleoir Contae do Fhianna Fáil ar feadh tréimhse sna tríochaidí.

**Máirtín Ó Mealóid (Fine Gael).** As baile Chárna Athair Mheaic Mylotte. Bhí Máirtín ina Chomhairleoir de chuid Fhine Gael sna tríochaidí agus sna chéad bhlianta sna ceathaireachaidí.

**Josie Mongan (Fine Gael).** Ina Chomhairleoir Contae ó 1937 - 1948. Ar ndóigh bhí Josie Mongan ina Theachta Dála chomh maith.

**Aodh Ó Domhnaill (Fianna Fáil).** Toghadh Aodh i dtús na gceathaireachaidí agus arís i 1948. D'éirigh sé as i 1949 agus comh-thoghadh Johney Geoghegan ina áit.

**Meaic Mylotte (Fine Gael).** Mac le Máirtín Ó Mealóid. Toghadh é i 1948 agus chaith sé tréimhse amháin ar an gComhairle Contae. Níor thriail sé aon toghchán Comhairle Contae ina dhiaidh sin.

**Johney Geoghegan (Fianna Fáil)** Comh-thoghadh Johney Geoghegan ar an gComhairle Contae in áit Aodh Uí Dhomhnaill i 1949. D'éirigh leis i chuile thogchán Comhairle Contae idir sin agus 1969 nuair a d'éirigh sé as théis dó a bheith ceaptha ina Rúnaí Páirliminte sa Dáil.

**Michéal Mac Oireachtaigh (Fianna Fáil)** Comh-thoghadh Micheál in áit Johney Geoghegan i 1969. D'fhan sé ar an gComhairle go dtí 1974, ach ní dheachaigh sé san tóir ar ainmniúchán an bhliain sin.

**Micheál Ó Móráin (Fianna Fáil)** Toghadh Micheál don chéad uair i 1974. Ó shoin i leith, tá an suíochán sin coinnithe aige i 1979 agus arís i 1985.

**Údarás na Gaeltachta - aon bhall amháin**
I 1979 a bhí an chéad thoghchán Údaráis ann. Bhí toghchán eile Údaráis ann i 1984 agus an tríú toghchán Údaráis i 1989.

**Seosamh Ó Cuaig (An eagraíocht "Cumhacht")** Toghadh Seosamh Ó Cuaig ar Bhord an Údaráis i 1989. Sé an chéad duine as an taobh seo tíre é ar Bhord an Údaráis. Tá sé gníomhach le fada i ngluaiseachtaí pobail agus bhí sé ar dhuine de cheannródaithe Ghluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta.



*Meaic Mylotte - pictiúr dó le linn dó a bheith ina Chomhairleoir Contae de chuid Fhine Gael ar feadh tréimhse amháin i ndeire na gceathaireachaidí agus i dtús na gcaogaidí.*



*Máirtín Ó Méalóid - athair Mheaic Mylotte, a bhí ina chomhairleoir d'Fhine Gael i gComhairle Contae na Gaillimhe 'sna tríochadaí agus 'sna ceatharachadaí.*

# Halla Éinne

## An Cheathrú Rua

**Bí linn**
**gach deire seachtaine**
**Ag teacht don Nollaig seo**

**Dave Marr**

**Lucky Numbers**

**John Glenn**

**Mick Flavin**

**agus go leor eile**

***J.J.***
***S.B.B.***

# Ag Vótáil sa gCeantar Seo

*Go Strasbourg, Baile Átha Cliath agus na Forbacha*

Bhí trí thoghchán sa tír seo i mí an Mheithimh, 1987. Bhí na trí cinn acu ar bun an lá céanna. Bhíothas ag toghadh Feisirí Eorpacha, Teachtaí Dála agus Comhaltaí d'Údarás na Gaeltachta. Bhí sí ceaptha a bheith ina vótáil chasta ach bhí torthaí an-speisiúla uirthi. De réir "tallies" na bpáirtithe is mar seo a caitheadh na bhótaí i gCárna/Cill Chiaráin/Rosmuc/Caiseal.

**Beagán míniú ar théarmaí**

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Oib. | = | Páirtí na nOibrí | P.D. | = | Páirtí Daonlathach |
| F.G. | = | Fine Gael | S.F. | = | Sinn Féin |
| F.F. | = | Fianna Fáil | Cumh. | = | Cumhacht |
| Lucht Oib. | = | Lucht Oibre | N.S. | = | Neamhspleách |

TOGHCHÁN DO PHAIRLIMINT NA hEORPA – 1989

| | L.C. Aortha | Aird Mhóir | Carna | Aird Thiar | Glinnsge | Caiseal | Turlach Beag | Gort Mór |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| N. Blaney (N.S.) | 4 | 17 | 13 | 17 | 3 | 4 | 6 | 4 |
| Jimmy Brick (Oib.) | 1 | 6 | 2 | 3 | 1 | 0 | 3 | 8 |
| P. Doherty (S.F.) | 2 | 2 | 0 | 2 | 0 | 1 | 0 | 0 |
| S. Doherty (F.F.) | 4 | 10 | 4 | 4 | 2 | 8 | 6 | 6 |
| Guy (S.F.) | 1 | 1 | 1 | 5 | 0 | 0 | 3 | 2 |
| P. Harte (F.G.) | 0 | 1 | 0 | 4 | 0 | 2 | 0 | 1 |
| M. Killilea (F.F.) | 39 | 92 | 50 | 40 | 17 | 43 | 35 | 23 |
| A. Lupton (F.G.) | 3 | 0 | 7 | 9 | 1 | 7 | 2 | 0 |
| J. McCartan (F.G.) | 0 | 2 | 3 | 10 | 4 | 8 | 1 | 0 |
| I. McPhillips (Lucht Oib.) | 3 | 4 | 2 | 0 | 0 | 2 | 2 | 1 |
| R. Molloy (P.D.) | 43 | 102 | 82 | 94 | 31 | 51 | 56 | 41 |
| O. C. (S.F.) | 0 | 4 | 1 | 3 | 0 | 1 | 3 | 1 |
| S. Rogers (Oib.) | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 |
| **Iomlán a caitheadh sna bothanna** | 100 | 241 | 165 | 191 | 59 | 128 | 117 | 87 |

**Iomlán na bhótaí a caitheadh sa gceantar** 1088

OLLTOGHCHÁN – 1989

| | L.C. Aortha | Aird Mhóir | Carna | Aird Thiar | Glinnsge | Caiseal | Turlach Beag | Gort Mór |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Brick (Oib.) | 0 | 1 | 0 | 2 | 0 | 0 | 0 | 1 |
| Coogan (F.G.) | 4 | 10 | 5 | 14 | 8 | 10 | 6 | 2 |
| Fahey, F. (F.F.) | 4 | 2 | 0 | 2 | 3 | 3 | 2 | 0 |
| Geog.-Quinn (F.F.) | 40 | 79 | 47 | 56 | 9 | 3 | 48 | 27 |
| Higgins (Lucht Oib.) | 3 | 14 | 8 | 8 | 2 | 1 | 9 | 8 |
| McCormack (F.G.) | 4 | 9 | 16 | 26 | 3 | 17 | 4 | 3 |
| Molloy (P.D.) | 16 | 40 | 32 | 44 | 15 | 30 | 21 | 21 |
| Ó Conn | 0 | 1 | 0 | 2 | 1 | 1 | 1 | 0 |
| Ó Cuív (F.F.) | 47 | 90 | 69 | 50 | 20 | 62 | 62 | 37 |
| Shanley (N.S.) | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 2 |
| **Iomlán a caitheadh sna bothanna** | 118 | 246 | 177 | 204 | 61 | 127 | 153 | 101 |

**Iomlán bhótaí a caitheadh sa gceantar** 1187

TOGHCHÁN d'ÚDARÁS NA GAELTACHTA – 1989

| | L.C. Aortha | Aird Mhóir | Carna | Aird Thiar | Glinnsge | Caiseal | Turlach Beag | Gort Mór |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| S. Creaven (P.D.) | 1 | 1 | 4 | 1 | 0 | 0 | 2 | 0 |
| S. Ó Cuaig (Cumh.) | 104 | 199 | 118 | 146 | 55 | 24 | 107 | 74 |
| T. Ó Cuinn (F.F.) | 4 | 2 | 3 | 9 | 2 | 1 | 4 | 5 |
| C. Ó Donncha (Oib.) | 0 | 2 | 4 | 2 | 0 | 1 | 1 | 0 |
| P. Ó Foighil (F.G.) | 2 | 1 | 10 | 18 | 6 | 6 | 5 | 6 |
| S. Ó Neachtain (F.F.) | 7 | 23 | 31 | 17 | 0 | 6 | 16 | 11 |
| **Iomlán a caitheadh sna bothanna** | 118 | 228 | 170 | 193 | 63 | 38 | 135 | 96 |

**Iomlán vótaí a caitheadh** 1041

## AN CHOMHAIRLE CONTAE

I 1985 a bhí Toghchán Comhairle Contae againn go deireanach sa tír seo. Mar seo a caitheadh na bhótaí sa gceantar seo.

TOCHCHÁN COMHAIRLE CONTAE 1985

| | L.C. Aortha | Áird Mhóir | Cárna | Áird Thiar | Glinnsge | Caiseal | Turlach Beag | Gort Mór |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| G. Bartley (F.F.) | 0 | 2 | 0 | 1 | 1 | 21 | Níl againn | 2 |
| P. Clancy (F.G.) | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | N/A | 0 |
| N. Mac Donnchadha (Cumh.) | 48 | 36 | 20 | 8 | 1 | 0 | N/A | 15 |
| J.M. Mannion (F.G.) | 1 | 5 | 1 | 4 | 2 | 37 | N/A | 0 |
| E. Mylotte (F.G.) | 9 | 65 | 39 | 43 | 10 | 5 | N/A | 1 |
| N. Ó Concubhair (F.F.) | 0 | 10 | 0 | 2 | 0 | 0 | N/A | 6 |
| E. Ó Cuív (F.F.) | 0 | 16 | 6 | 4 | 1 | 0 | N/A | 0 |
| M. Ó Móráin (F.F.) | 82 | 137 | 134 | 150 | 25 | 60 | N/A | 63 |
| S. Ó Maoildhia (Cumh.) | 3 | 1 | 0 | 2 | 0 | 0 | N/A | 1 |
| P. Ó Tuathail (Cumh.) | 0 | 5 | 5 | 5 | 0 | 0 | N/A | 7 |
| Walsh (N.S.) | 0 | 4 | 0 | 0 | 0 | 0 | N/A | 0 |
| T. Welby (F.F.) | 2 | 1 | 1 | 2 | 1 | 5 | N/A | 6 |
| **Iomlán a caitheadh sna bothanna** | 145 | 282 | 206 | 221 | 41 | 129 | N/A | 101 |

**An méid bhótaí a caitheadh sa gceantar:** 1,125.

## AN CHÉAD UACHTARÁN BAN — CÉN CHAOI AR BHÓTÁIL MUID?

Ar an 9ú lá de Shamhain 1990, fógraíodh san RDS i mBaile Átha Cliath go mba í Mary Robinson an tUachtarán nua ar Éirinn. Ócáid stairiúil a bhí inti. Cén chaoi ar bhótáil muide sa taobh seo tíre. Tá "tally" anseo againn ar na bhótaí i Rosmuc/Cill Chiaráin/Cárna/Caiseal.

| | L.C. Aortha | Áird Mhóir | Cárna | Áird Thiar | Glinnsge | Caiseal | Turlach Beag | Gort Mór |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| A. Currie (F.G.) | 2 | 7 | 24 | 31 | 3 | 26 | 2 | 5 |
| B. Lenihan (F.F.) | 34 | 89 | 80 | 77 | 21 | 87 | 55 | 36 |
| M. Robinson (Eite chlé) | 21 | 45 | 46 | 44 | 20 | 38 | 25 | 26 |
| **Iomlán bhótaí sna bothanna** | 57 | 141 | 150 | 152 | 43 | 151 | 82 | 67 |

**Iomlán a caitheadh sa gceantar:** 843.

Tógfaidh muid an dá cheantar mhóra bhótála sa nGaeltacht agus sa nGalltacht in iarthar agus i ndeisceart Chonamara agus tógfaidh muid comhaireamh ar na bótaí a fuair na hiarrthóirí iontu:

| | | | |
|---|---|---|---|
| AN CHEATHRÚ RUA: | Currie = 63 | Lenihan = 341 | Robinson = 158 |
| AN CLOCHÁN: | Currie = 154 | Lenihan = 290 | Robinson = 193 |

Má thógann muid an toghcheantar is gaire don doras againn — toghcheantar Chomhairle Contae Chonamara a shíneann ón Líonán síos go Cill Chiaráin, soir go Cnoc na hAille, amach go hUachtar Árd agus amach ó thuaidh thríd an Mám, Cor na Móna agus amach ó thuaidh go Cunga — is mar seo a caitheadh na bhótaí do na hiarrthóirí.:

**Currie:** 1,231 **Lenihan:** 3,757 **Robinson:** 2,375

## BUÍOCHAS

B'fhéidir gurbh fhiú an focal "tally" a mhíniú. Osclaítear na boscaí ina gceann agus ina gceann san ionad comhairimh. Bíonn ionadaithe na bpáirtithe ansin faoi réir agus tógann siad cuntas ar na bhótaí atá caite do na hiarrthóirí i chuile bhosca de réir mar a bhíonn siad dá seiceáil agus dá gcomhaireamh.

Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh leis an Seanadóir Éamon Ó Cuív, an Seanadóir Pól Ó Foighil, an Comhalta Údaráis Seosamh Ó Cuaig agus Marie Halliday in oifig an Pháirtí Dhaonlathaigh i nGaillimh as ucht an chúnamh a thug siad dom leis na figiúirí seo.

# Seirbhís ón Eaglais agus Seirbhís don Eaglais

*Stair mhór fhada*

*Paróiste Mhuighrois a thugtar ar an bparóiste seo, go hoifigiúil. Tosnaíonn sé ag Droichead Inbhir – an teorainn idir an paróiste agus Rosmuc – agus sé Droichead Bhun na nAbhann an teorainn thiar idir an paróiste seo agus paróiste Chloch na Rón*

*Tá taighde déanta ag Colm Ó hUaithnín as Muigh-Inis ar stair na Sagart sa bparóiste seo agus freisin ar na Sagairt agus na Mná-rialta as an bparóiste seo a thug seirbhís i bhfad agus i ngearr. Seo é cuntas Choilm ar na Sagairt agus ar na Mná-rialta sin.*

* * * * * * * * * *

**Sagairt an Pharóiste**

De réir an eolais atá ar fáil ba é an tAthair Daithí Ó Conduibh i 1591 an chéad shagart a bhí i bparóiste Mhuighrois. Bhí an sagart seo ag breathnú i ndiaidh pharóistí Mhuighrois, Chloch na Rón agus Bhaile an Dúin siar thimpeall Bhaile Chonghaile. Bhí Sagairt eile ins sa gceantar idir an t-am sin agus 1798 ach de bharr an chaoi a raibh an saol ní raibh Sagart ann an t-am ar fad agus na Sagairt a bhí, níl aon chuntas orthu. Seo iad a leanas na Sagairt Pobail a bhí ann go dtí an lá inniú:

| | |
|---|---|
| **1591 – ?** | An tAthair Daithí Ó Conduibh S.P. |
| **1798 – ?** | An tAthair Maolmhuire de Priondargás S.P. |
| **? – 1823** | An tAthair Maolmhuire Ó Maolmhuidh S.P. |
| **1823** | An tAthair Michéal Bhaldron S.P. |
| **1823 – 1826** | An tAthair Michéal Ó Gríofa S.P. |
| **1840 – 1845** | An tAthair Peadar Ó Conbhuidhe S.P. |
| **1846** | An tAthair Peadar Ó Curraoin S.P. |
| **1848 – 1859** | An tAthair Éamon Ó Máille S.P. |
| **1859 – 1873** | An tAthair Liam Ó Scolaidhe S.P. |
| **1874 – 1879** | An tAthair Seán Ó Cainín S.P. |
| **1879 – 1881** | An tAthair Padraig Ó Gralaigh S.P. |
| **1881 – 1891** | An tAthair Tomás Ó Flannabhra S.P. |
| **1891 – 1924** | An tAthair Michéal Mac Aodha S.P. |
| **1924 – 1939** | An tAthair Mairtín Mac Ádaim S.P. |
| **1940 – 1952** | An tAthair Domhnall Ó Corcráin S.P. |
| **1952 – 1962** | An tAthair Éamon Ó Donnchadha S.P. |
| **1962 – 1969** | An tAthair Seán Mac Philbín S.P. |
| **1969 – 1990** | An tAthair Pádhraic Ó Dubhsláine S.P. |
| **1990 –** | An tAthair Pádhraic Ó hAdlaigh S.P. |

Tá Sagairt Chúnta anois ag an Sagart Pobail. Tá duine amháin i gCárna agus duine eile i gCill Chiaráin. I 1846 a tháinig an chéad Shagart Cúnta go Cárna agus is iad seo a leanas na Sagairt Chúnta i gCárna ó shoin:

| | |
|---|---|
| **1846** | An tAthair Seán Ó Maolalaidh agus an tAth. Séamus Fearaidhigh ag freastal ar Mhuighros agus ar Chloch na Rón 1848. An tAth. Seán Ó Maolalaidh i bparóiste Mhuighrois amháin. |
| **1853-54** | An tAthair Micheál Ó Braonáin |
| **1854 – 1857** | An tAthair Dónall Ó Loideáin |
| **1858 – 1859** | An tAthair Anraoi Ó Cathail |
| **1863 – 1868** | Ainm an t-sagairt a bhí ann ar iarraidh. |
| **1868 – 1871** | An tAthair Tomás Ó Máille |
| **1869** | An tAthair Pat Mac Oireachtaigh |
| **1871** | An tAthair M Ó Maolfhábhail |
| **1876** | An tAthair Seosamh de Cannton |
| **1877 – 1879** | An tAthair Tomás Ó Flannabhra |
| **1879 – 1881** | An tAthair P. Ó Colgáin |
| **1881 – 1883** | An tAthair Micheál Ó Feallamháin |
| **1883** | An tAthair Máirtín Ó Callaráin |
| **1884** | An tAthair P. Ó Flaithbheartaigh |
| **1885 – 1889** | An tAthair Liam Mac an Mhílidh |
| **1889 – 1893** | An tAthair Seán Ó Máille |
| **1893 – 1897** | An tAthair P.S. Ó Corcoráin |
| **1897 – 1899** | An tAthair P.E. de Breith |
| **1899 – 1904** | An tAthair Séamus Ó Riagáin |
| **1904 – 1906** | An tAthair L.F. O Maolfhábhail |
| **1906 – 1907** | An tAthair I.S. Fácnar |
| **1907** | An tAthair Séamus Ó hÉanadha |
| **1907 – 1913** | An tAthair Seán M. Ó Raghallaigh |
| **1913 – 1915** | An tAthair Micheál S. Ó hEoghain |
| **1915 – 1919** | An tAthair Pat Ó Murchadha |
| **1919 – 1923** | An tAthair Pat Mac Aodha |
| **1923 – 1928** | An tAthair Tomás Ó Cróinín |
| **1928 – 1931** | An tAthair Micheál Ó Godáin |
| **1931 – 1935** | An tAthair Séamus de Priondargás |
| **1935 – 1936** | An tAthair Conchubhar Ó hÉanadha |
| **1936 – 1939** | An tAthair Tomás Ó Máirtín |
| **1939 – 1940** | An tAthair Éamon Mac Ailín |
| **1940 – 1942** | An tAthair Aibhistín Ó Broin |
| **1942 – 1944** | An tAthair Liam Mac Fhionn |
| **1944 – 1946** | An tAthair Riocard de Priondargás |
| **1946 – 1955** | An tAthair Tomás Mac Lochlainn |
| **1955 – 1964** | An tAthair Séamus Mac Artúir |
| **1964 – 1970** | An tAthair Séamus Breathnach |
| **1970 – 1974** | An tAthair Seosamh Ó Briain |
| **1974 – 1985** | An tAthair Liam Ó Raghallaigh |
| **1985 – 1990** | An tAthair Micheál Ó Ríordáin |
| **1990 –** | An tAthair Pádhraic Ó Dubhshláine |

Tá na sagairt chúnta seo leanas ag freastal ar phobal Chill Chiaráin ó 1943:

| | |
|---|---|
| **1943 – 1948** | An tAthair Seán Mac Philbín |
| **1948 – 1958** | An tAthair Mícheál Tóibín |
| **1958 – 1966** | An tAthair Mícheál Ó Gabhaolaigh |
| **1966 – 1967** | An tAthair Tomás Ó Mainnín |
| **1967 – 1968** | An tAthair Cathal Ó Máille |
| **1969** | An tAthair Séamus Mac Artúir |
| **1969 – 1974** | An tAthair Tomás Ó Treasaigh |
| **1974 – 1987** | An tAthair Colm Ó Ceannabháin |
| **1987 –** | An tAthair Mícheál Ó Fátharta |

Liosta do mhisineirí as an bparóiste a cuireadh le chéile i 1979.

| Ainm | Áit Dhúchais | Ag obair |
|---|---|---|
| An tAth Colm Ó Cathasaigh R.I.P. | An Áird Thoir | Arizona,Meiriceá |
| An tAth Ciarán Mac an Iomaire | Muighinis | Sao Paulo, An Bhraisíl |
| An tSiúr Bríd Ní Dhónaill | Glinnsce | Meiriceá |
| An tSiúr Bríd Ní Laoi | Muigh-Inis | Florida |
| An tSiúr Dorothy Ní Chlochartaigh | Cárna | California |
| An tSiúr Caitlín Ní Ghuairim | Ruisín na Maithníoch | Brentwood, Sasana |
| An tSiúr Máirín Bhreathnach | Caladh bhFuighinse | Texas, Meiriceá |
| An tSiúr Seosaimhín Ní Uaithnín R.I.P. | Muigh-Inis | Grimsby, Sasana |
| An tSiúr Nóra Ni Chaonaigh | Glinnsce | Ceylon |
| An tSiúr Emily Ní Dhomhnaill | Muighros | Florida, Meiriceá |
| An tSiúr Justina Ní Mhaoilchiaráin | Caladh bhFuighinse | Boston, Meiriceá |
| An tSiúr Aloysius Ní Shúilleabháin | Doire Iorrais | Sasana |
| An tSiúr Mairéad Ní Mháille | Doire Iorrais | Meiriceá |
| An tSiúr Neansaí Ní Raghallaigh | Cill Chiaráin | Los Angeles, Meiriceá |
| An tSiúr Róisín Ní Dhochartaigh | Cill Chiaráin | Kenya |
| An tSiúr Caoimhín Nic Dhonncha | An Áird Thiar | Droichead Átha, Co. Lú |
| An tSiúr Nóra Éinniú | Glinnsce | Sasana |
| An tSiúr Nóra Ní Nia | Muigh-Inis | Meiriceá |
| An tSiúr Áine Ní Dhomhnaill | Coill Sáile | Éirinn |
| An tSiúr Magdalen Ní Dhomhnaill | Muighros | Corcaigh |
| An tSiúr Áine Bhreathnach | An Áird Thiar | Baile Átha Cliath |
| An tAth Séamus Ó Clochartaigh | An Bhántrach Árd | California, Meiriceá |
| An tAth Tomás Keys R.I.P. | Cill Chiaráin | Gaillimh |
| An tAth Gearóid Breathnach | Cill Chiaráin | Gaillimh |
| An Canónach Liam Ó Móráin | Cárna | Óran Mór |

Tá cuid de na sagairt agus de na siúracha seo básaithe ó 1979. Go ndéana Dia trócaire orthu.

## Glór na nGael Chárna

"Togáil Pobal le nasc na Gaeilge" mana Ghlór na nGael.

Tá Coiste Forbartha Chárna ag feidhmiú mar Choiste Ghlór na nGael Chárna ó 1987. Is í aidhm Ghlór na nGael ionad na Gaeilge i saol na tíre a neartú agus a chothú. Cumann na Sagart a bhunaigh Glór na nGael sa mbliain 1961.

Bíonn comórtas "Ghlór na nGael" ar siúl gach bliain. Spreagann an comórtas seo gach pobal a gcultúr Gaelach agus an teanga a choinneál beo. Tá rannóg faoi leith do mhuintir na Gaeltachta sa gcomórtas. Fuair Coiste Ghlór na nGael Chárna duais na moltóirí i gcomórtas 1987 – 88 (an chéad bhliain san iomaíocht). Fuair Cárna an tríú duais sna Gaeltachtaí 1988 – 89.

Tá muid ag foghlaim agus ag feabhsú bliain i ndiaidh bliana.

Ár ndóigh, sul a raibh tuairisc ar bith againn ar "Ghlór na nGael" bhí meas ar an gcultúr agus ar an teanga i bPobal Chárna. Bígí linn i gComórtas '89 - '90 a mbeidh moltóireacht dhá dhéanamh air go gairid.

*Bairbre Uí Ghuairim, Rúnaí an Choiste*



*Duais eile Ghlór na nGael do Chárna 1989 - Glacann Máirín Bn. Uí Dhubhda leis an duais ó Bhrian Ó Baoill. Ar chúl tá Uachtarán na hÉireann Pádraig Ó hIrghile.*

# Sagart cúnta nua agus Séiplíneach ag imeacht.

Ar dheis sa bpictiúr seo, an tAthair Pádraig Ó Dubhshláine a chríochnaigh a thréimhse mar Shagart Pobail i gCárna i mbliana. Tá sé ag tógáil an t-saoil níos réidhe mar shagart cúnta i gCárna anois.




Rugadh an tAthair Pádraig Ó Dubhshláine i gCeathrú Thomáis i nDún Mór i 1910. D'fhreastal sé ar Choláiste Iarfhlatha, Tuaim ó 1924 - 1930. Bhí sé i gColáiste Mhagh Nuadht sna blianta 1930 - 1937. Oirníodh ina shagart é i 1937. Go Dún Éidinn in Albain a chuaigh sé ar dtús. Bhí sé sna háiteacha seo:

| | |
|---|---|
| 1937 - 1939 | Dún Éidinn |
| 1939 - 1942 | Halifax, Sasana |
| 1942 - 1944 | An Creagán |
| 1944 - 1949 | Cill Rónáin, Árainn |
| 1949 - 1958 | Baile Átha an Rí |
| 1958 - 1965 | Cill Beanáin |
| 1965 - 1969 | Caisleán an Bharraigh |
| 1969 - 1990 | Sagart Pobail i gCárna |

Bhí ceiliúradh mór i gCárna i 1987 nuair a rinneadh comóradh ar oirniú an Athar Pádraig 50 bliain roimhe sin. Bhí sé ina pheileadóir cumasach. D'imir sé do Dhún Mór, do fhoireann sóisir na Gaillimhe agus tréimhse eile i ngeansaí marún pheileadóirí sinsireacha na Gaillimhe.

**An tAthair Micheál Ó Ríordáin**

Ar chlé sa bpictiúr thall, an tAthair Micheál Ó Ríordáin a bhí ina shéiplíneach i gCárna ó 1985 go 1990. D'imigh sé i mbliana go Baile an Róba. Bhí sé ina chisteoir ar an gCoiste Forbartha agus bhí baint mhór aige le bunú an t-seirbhís otharcháirr i gCárna. Bhí sé gníomhach i gCoistí eile freisin. B'é Cárna a chéad pharóiste. Go n-éirí an saol agus an aimsir leis.



*Sagart Chill Chiaráin, an tAthair Micheál Ó Fátharta. As Inis Meáin ó dhúchas dó. Bhí sé an-ghníomhach i mbunú Fhundúireacht Van Leer i gceantar na nOileán.*


*Comhghháirdeachas le Coiste Forbartha Charna*

*ó*

# Lowry's Drapery

Clochán

095 - 21139

FAISIÚN MNÁ AGUS GASÚR

Glaoigh isteach agus breathnaigh
ar réimse leathan gúnaí agus cultacha
de gach saghas agus méid ó £39.95 suas.
B's Jean (Pege) agus léinteacha le ceannacht

# SOILSE CHÁRNA

**Cárna, Co. na Gaillimhe**

**Seo na soilse is masiúla**
**agus is breátha in Éirinn**

**Earraí Éireannacha déanta sa nGaeltacht**
**agus ag tabhairt fostaíocht áitiúil**

*Comhgháirdeachas le Coiste Forbartha Chárna*

# Tigh Keane

Cill Chiaráin

Fón: 095-33410

# Petrol – Beár

*Comhgháirdeachas le Coiste Forbartha Chárna*

# Scoileanna Náisiúnta an Pharóiste

## Scéal an bhunoideachais le 100 bliain

*Sé cinn de Scoileanna Náisiúnta atá sa bparóiste seo anois. Bhíodh ocht gcinn ann scaitheamh ach, dúnadh Glinnsge agus Loch Con Aortha fiche bliain ó shoin.*

*Múinteoir i Scoil Náisiúnta an Chlochair i gCárna í Máire Ní Uaithnín as Muigh-Inis. Tá sracfhéachaint tugtha aici ar stair na scoileanna áitiúla agus sí a chuir an tuairisc seo ar na scoileanna i dtoll a chéile.*

* * * * * * * * * *

**Scoil Mhuighrois**

Ar an 24ú lá de Feabhra 1894 sea cláraíodh an chéad bhuachaill i Scoil Mhuighrois. Bhí sé dhá bhliain déag ag an am agus is é an chaoi ar haistríodh é féin is na gasúir eile ón tsean-scoil a bhí thiar i Leitirárd. Páraic Mac Donncha ab ainm dó go ndéana Dia grásta air ach ba bheag laethanta a chuir sé isteach i scoil Mhuighrois mar d'fhág sé an scoil an bhliain dár gcionn. Cuireadh 72 gasúr ar rollaí na scoile seo an lá ar oscail sí agus tháinig a bhfurmhór mór sin as Leitirárd. Bhí beirt bhuachaillí ann as Muighros agus aon bhuachaill amháin as Duibhithir. Is iomaí síos agus suas a rinne uimhir bhuachaillí na scoile sin ó shoin. Ón mbliain 1960 – 69 níor cuireadh ach triúr buachaillí as Leitirárd ar rollaí na scoile. Buachaill amháin sna chuile trí bliana.

Is 445 buachaill ar fad atá tagtha chun na scoile seo ó bunaíodh í. Ba í Mairéad Ní Chonchúir, iníon mhúinteoir scoile, go ndéana Dia grásta orthu, an chéad chailín a cláraíodh i scoil Mhuighrois. Bhí sí suas le sé bliana déag ag an am agus is aniar ó Scoil Leitirárd a tháinig sí féin agus na cailíní eile. Triúr cailín as Muighros agus beirt as Duibhithir a bhí ann. D'fhan bunáite na gcailíní ar scoil gur shlánaíodar na cheithre bliana déag.

Is suas a bhí uimhir na ngasúr ag dul ar feadh na chéad fiche bliain ach thosaigh sé ag titim ansin. Ní raibh ar rollaí na scoile ar an 7/9/70 ach ocht ngasúr déag ar fad. Tháinig gasúir scoil Ghlinnsge i gcabhair ar an uimhir ansin agus sháith an uimhir suas go dtí trí ghasúr is dá fhichead. Níl anois idir an dá cheanntar scoile ach ocht ngasúr déag is fiche (28). Ní mór cuimhneamh i gcónaí go mbíodh chuile ghasúr ag an scoil fadó go haois a ceathair déag. Mar sin féin is mór an titim é ó 1898 nuair a bhí seachtmhó cúig ar rolla na scoile seo. Ós ag caint ar aois é, is minic a dhéanaim gáire nuair a léighim tuairisc an chigire W.H. Welply ar scoil Mhuighrois don bhliain 1894. I measc a thuairisce bhí gearán aige ar dhuine do na buachaillí a bhí sa scoil a bhí ós cionn fiche bliain d'aois!

Cothrom an ama seo i 1923 sea thug mé faoi deara an Ghaeilge ag teacht 'na scoile seo ach mar sin féin níor cuireadh an chéad chailín ar an rolla i nGaeilge go dtí 30/6/25. Dhá mhí ina dhiaidh sin sea cuireadh an chéad bhuachaill ar an rolla i nGaeilge. Ní shin le rá nach raibh an Ghaeilge luaite roimhe sin. Ar an 20/8/1908 mhol an cigire J. Fenton an Ghaeilge a úsáid mar theanga comhrá agus teagaisg sna ranganna ísle agus amhráin Ghaeilge a mhúineadh don scoil uilig. Ar ndóigh seo é an cigire céanna a chuir ina thuairisg nár léar dó balla na binne le deatach tobac an lá ar thug sé cuairt ar an scoil an bhliain ina dhiaidh sin.

I 1959 dúnadh an scoil seo agus hosclaíodh scoil bhreá nua-aimseartha ar an láthair chéanna. Cé gur mór is gur maith linn Scoil Naomh Bríde níl goir ar bith aici ar an t-seanscoil le scéalta móra agus eachtraí. Níl an dúidín dá lasadh ná bun féasóige dá slíocadh i suíocháin cúil an t-seomra ranga san árus nua. Ní cangailt tobac a chloiseas tú dá iarraidh ar a chéile anois ach "marker" nó "coke".

*Macdara Ó Loideáin*



*Máire Ní Uaithnín a chuir an t-eolas seo faoi scoileanna an cheantair i dtoll a chéile.*

**Scoil Mhuigh-Inise – Scoil Cholmáin**

Tógadh an chéad Scoil Náisiúnta i Muigh-Inis sa mbliain 1887. Tógadh teach múinteora lena hais. Seomra mór amháin a bhí sa scoil ach bhí beirt mhúinteoirí inti i gcónaí. Bhí an scoil tógtha i gCaladh an Aifrinn. Tá cúntas ar chuile dhuine a rinne freastal ar an scoil ó 1906 i leith.

Nuair a tógadh scoil nua ar an gCartúr sa mbliain 1950 leagadh an t-sean scoil. Deich



*Gasúir Scoile Mhuighrois – Deireadh Fómhair 1990*
*Na Múinteoirí: (ar chlé sa tríú líne siar) Bairbre Bean Uí Ghuairim (ar dheis sa tríú líne siar) Macdara Ó Loideáin an Príomh Oide.*

*Gasúir Scoil Náisiúnta Mhuigh-Inise – Deireadh Fómhair 1990*
*Na Múinteoirí: (ar chúl an phictiúir ag an doras) Máirín Bean Uí Chuirrín an Príomh Oide ar chlé agus Damhnait Bean Uí Bhreathnaigh.*





*Gasúir Scoil Náisiúnta Mhuire, Cárna – Deireadh Fómhair 1990*
*Na Múinteoirí: (ar chlé sa tríú líne siar) Máire Ní Neachtain (taobh istigh de) Máire Ní Uaithnín (ar dheis sa tríú líne) An tSiúr Mairéad – an Príomh Oide.*

*Gasúir Scoile na hÁirde Móire – Deireadh Fómhair 1990*
*Na Múinteoirí: (ar dheis sa bpictiúr) Máire Bolger, an Príomh Oide agus Colm Mac Donnchadha.*





*Gasúir Scoil Chill Chiaráin – Deireadh Fómhair 1990*
*Na Múinteoirí: (ar chlé sa tríú líne siar ) Micheál Ó Cuaig, an Príomh Oide (ar dheis sa líne chéanna) Máire Kilcullen (ar an imeall) Áine Ní Dhonncha, (an dara duine ó thaobh na láimhe deise san tríú líne siar).*

*Gasúir Scoil Náisiúnta na hÁirde*
*Na múinteoirí ar chlé sa líne cúil, Máire Bean Uí Laighin, an Príomh Oide agus ar dheis sa líne cúil, Bríd Ní Fhátharta.*



nduine fhichead atá ag freastal ar an scoil faoi láthair. Tháinig laghdú mór ar líon na ndaltaí le blianta beaga anuas.

Mí Meitheamh 1948 bhí 44 dalta ar an rolla
Mí Meitheamh 1958 bhí 54 dalta ar an rolla
Mí Meitheamh 1968 bhí 53 dalta ar an rolla
Mí Meitheamh 1978 bhí 44 dalta ar an rolla
Mí Meitheamh 1988 bhí 33 dalta ar an rolla

**Scoil Náisiúnta Mhuire, Cárna**

Sa mbliain 1873 a tháinig na mná rialta go Cárna ar dtús. Is i dteach cónaí Major Forbes a chuir siad fútha – teach ceann tuí agus ní sa teach ar a dtugtar "Teach an Mhajor" air mar a cheaptar go hiondúil. Chuir siad caoi ar na stáblaí agus ba iontu sin a bunaíodh scoil na mban rialta.

Ó bhunú na scoile sin go dtí an bhliain 1948 théadh buachaillí chuig an scoil ach d'fhágaidís le dul chuig scoil na mbuachaillí, foirgneamh atá ina sheasamh fós mar halla an phobail i mbaile Chárna, nuair a bhíodh a gcéad chomaoineach glactha acu.

Sa mbliain 1948 dúnadh scoil na mbuachaillí agus ó shoin i leith tá scoil na mban rialta ag freastal ar bhuachaillí agus ar chailíní. In 1957 a hathraíodh go dtí an scoil náisiúnta san ionad nua ina bhfuil sí inniú ón áit ina raibh sí i sean-stáblaí an Mhajor Forbes.

Is iad seo thíos líon na ndaltaí sna blianta ó 1955 - 1990:

**1955 – 119**
**1960 – 117**
**1965 – 114**
**1970 – 84**
**1975 – 75**
**1980 – 83**
**1985 – 91**
**1990 – 78**

*An tSr. Mairéad*

**Scoil na hÁirde Móire**

Is í seo an scoil is sine sa bpobal. D'oscail sí sa mbliain 1872.

Tá rolla na bliana 1873 le fáil sa scoil inniú. I mBéarla a bhí chuile rud scríofa. Bhí daoine as na bailte seo a leanas cláraithe ar an rolla sin – Áird Mhóir, Caladh bhFuighinse, Áill na Brún, Bántrach Árd, Ruisín na Maithníoch, Coill Sáile, Feenish, Muigh-Inis, Cárna, Corr na gCapall, Baile na hInse agus an tOileán. Tá sé le feiceál sna rollaí go mbíodh an scoil oscailte i mí Iúil agus Lúnasa.

Tá tuairisc sna rollaí ar shlí bheatha na dtuismitheoirí; feirmeoirí, oibrí, bádóirí, póilíní, gréasaí, múinteoirí, siúinéirí, tailliúir, siopadóirí, saor bád agus gabha.

Tá tuairiscí ó chigirí sna leabhra rollaí chuile bhliain. Déanann siad tagairt do thinreamh neamh rialta, gasúir mall ag teacht ar scoil, easpa móna! Bhí nótaí ann freisin ar obair na scoile, glaineacht na scoile, fuinneoga briste 7rl. Tá na tuairiscí seo uilig scríofa i mBéarla go dtí 1924. I nGaeilge atá chuile thuairisc ó shoin i leith .

Is iad seo thíos uimhreacha na rollaí ón mbliain 1879 – 1990:

**1879 – 115**
**1900 – 59**
**1910 – 88**
**1920 – 89**
**1930 – 80**
**1940 – 71**
**1950 – 72**
**1960 – 67**
**1970 – 77**
**1980 – 51**
**1990 – 50**

**Scoil Chill Chiaráin**

Sa mbliain 1947 a tógadh scoil Chill Chiaráin. Ar chúl an fhoirgnimh sin a bhí an t-sean scoil.

Nuair a dúnadh scoil Loch Con Áortha i 1970 aistríodh na daltaí anoir, rud a fhágann go bhfuil gasúir ó Dhoire Iorrais go hÁill na Brún ag freastal ar an scoil faoi láthair.

Ag breathnú ar na figiúirí ins an deich mbliana seo caite is léir go bhfuil siad ag coinneál seasta go leor ó 78 dalta i 1980 go 91 dalta i 1985 agus faoi láthair 73 ar an rolla.

**1961 – 82 dalta ar an rolla**
**1965 – 58 dalta ar an rolla**
**1970 – 56 dalta ar an rolla**
**1975 – 70 dalta ar an rolla**
**1980 – 78 dalta ar an rolla**
**1985 – 91 dalta ar an rolla**
**1990 – 73 dalta ar an rolla**

# Scoil na hÁirde

Tógadh scoil na hÁirde in 1893. Ar dtús bhí tinreamh an-árd ínti ach tháinig titim ghéar ar seo i ndiaidh an dara cogadh mór. Deich mbliana ó shoin ní raibh ar an rolla ach dhá scór páiste. Is ag dul i méid atá an tinreamh ón am sin agus anois tá seasca a haon gasúr ag freastal uirthi. Tá lánúin amháin a bhfuil cúigear páistí acu

tagtha ar ais chugainn óna Stáit Aontaithe agus tá a gclann ar scoil anseo. Chomh maith leis sin tá lánúnacha nua-phósta ag fanacht anseo anois - thar mar bhíodh - agus ag tógáil a gclainne sa gceantar.

**Scoil Loch Con Aortha**

Tá Scoil Loch Con Aortha ar cheann de dhá scoil sa bparóiste seo a dúnadh scór blianta ó shoin. Tá sí 'na hionad Aifrinn sa gceantar anois.

Tógadh sean scoil Loch Con Aortha in 1888. Tógadh scoil nua 'na háit sna caogadaí agus osclaíodh í in 1955. Bhí 112 dalta i Scoil Loch Con Aortha in 1951. Cuireadh an tríú múinteoir ag obair inti i lár na gcaogadaí. Bhí ós cionn 100 ag freastal ar an scoil fós in 1958. Ach sna seascadaí tháinig laghdú suntasach ar líon na ndaltaí agus i 1970 dúnadh scoil Loch Con Aortha. Bhí naoi nduine dhéag (19) agus beirt mhúinteoirí fanta inti – Pat Mór Mac Donnchadha agus Mary Ann Uí Shúilleabháin. Chuir sin deire le ionann is céad bliain scolaíochta Loch Con Aortha. B'as Doire Iorrais, Coill Sáile agus Loch Con Aortha a thagadh daltaí scoile go Loch Con Aortha. Go Cill Chiaráin a théann gasúir an cheantair sin anois. Faraíor, níl aon phictiúr againn do ghasúir scoil Loch Con Aortha, 1990.

*Siad Bairbre Uí Neachtain agus Bairbre Mhic Dhonnchadha as Loch Con Aortha a chuir muid ar an eolas faoi Scoil Loch Con Aortha.*

**Scoil Ghlinnsge**

Deirtear go mbíodh múinteoir taistil i mbun a cheirde san áit a mbíodh sean teach Tom Ruadh i gCaladh an Chnoic sular osclaíodh sean scoil Ghlinnsge in 1893. Bhí droch bhail ar an scoil seo i ndeire na gcaogadaí agus ceadaíodh tógál scoile nua sa gceantar. hAistríodh na gasúir soir tigh Chóilín Mháire Bheartla – teach a bhí folamh san am agus chaith siad na blianta ó 1961 – 63 ansin, 'chúns bhí scoil nua 'á tógáil ar láthair na sean scoile. Osclaíodh an scoil nua in 1963, ach seacht mbliana ón lá sin bhí sí dúnta.

Cé go raibh ós cionn trí scóir gasúr ar an rolla i nGlinnsge deich nó dó dhéag do bhlianta roimhe sin, bhí scoil Ghlinnsge taobh le 25 dalta nuair a casadh an eochair sa doras don uair dheire i Samhraidh na bliana 1970. Chuaigh gasúir as Gabhla, Caladh 'Chnoic, Glinnsge agus Leitir Árd go Scoil Mhuighrois an bhliain sin.

Bhí go leor imeachtaí pobail i Scoil Ghlinnsge ó shoin agus tá sí 'na hIonad Aifrinn sa gceantar.

Ach níl sí réidh uilig í leir mar ionad scoile mar go bhfuil scata beag páistí as an gceantar ag freastal ar naoi-scoil inti anois.

B'iad Seán Ó Ceóinín as Ruisín na Maithníoch agus Máire Nic Craith as Glinnsge na múinteoirí a bhí i nGlinnsge nuair a dúnadh an Scoil..

Faraíor, níl agus ní bheidh aon phictiúr againn de ranganna Scoil Ghlinnsge, 1990.



*Scoil Ghlinnsge - an geata dúnta*


# Tigh Chadhain

## Cill Chiaráin

## Siopa Grósaera agus Beár

*Comhgháirdeachas le Coiste Forbartha Chárna*

# COLÁISTE GAEILGE SHEOSAIMH

## Cárna - Cill Chiaráin Conamara

**Cúrsaí 1991:**
**Cúrsa 1: Meitheamh 7 - Meitheamh 29**
**Cúrsa 2: Meitheamh 30 - Iúil 22**
**Cúrsa 3: Iúil 23 - Lúnasa 14**

Bróisiúr iomlán eolais ar fáil ach é a iarraidh.

**Rita Mhic an Iomaire,**
**Cill Chiaráin,**
**Conamara.**
**Fón: 095 - 33412**

**Dónall Mac Mathúna**
**Inis Bheag,**
**Cill Mháille,**
**Inis, Co. an Chláir.**
**Fón: 065 - 39670**

*Guíonn Coiste an Choláiste Gaeilge gach rath ar Choiste Forbartha Chárna*

# Le Ciumhais na hAbhann i gCárna

*Máirín Bn. Uí Dhubhda*

Is annamh sa lá inniú go mbíonn am ag duine machnamh a dhéanamh.

Bíonn muid ag dul anseo agus ansiúd, níl am againn tada a dhéanamh ceart – tá deifir orainn i gcónaí chun rud eicínt eile a dhéanamh. Amantaí bíonn an dinnéar slugtha againn agus gan fhios againn cén blas a bhí air. Amantaí bíonn an oiread imní orainn faoi amáireach nach bhfuil fhios againn céard atá muid a déanamh inniú – cén dath atá ar na bláthanna sa ghairdín, cén boladh atá ortha, cén áilleacht atá sa ghasúr atá ag caint linn.

Bíonn an fuadar céanna fúinn más fear sinn nó más bean – imní orainn faoi rud eicínt i gcónaí agus gan muid ag baint taithneamh as an saol chor ar bith. Sa deire fághann muid tuirseach traochta agus cailleann muid an misneach.

Mar ghrúpaí forbartha pobail bíonn cathú orainn go minic bheith ag déanamh n-iomarca rudaí ag an am céanna, ach ní féidir coinneáil ag imeacht faoi bhrú an t-am ar fad.

Bhí sé de ádh orm fhéin maidin amháin le gairid siúl le ciumhais na habhann atá in aice le mo theach i gCárna. Bhí an ghrian go hárd sa spéir – í ag scalladh anuas orm do mo théamh. Bhí an ghaoth aneas ag séideadh go bog ar mo leiceann. Shuigh mé síos agus dhún mé mo shúile. D'airigh mé cineáltas an lae ag dul i bhfeidhm orm.

Bhí an t-aer úr folláin ag dul isteach i mo scamhóga. Nach aoibhinn Dia dhom bheith i mo chónaí in Iarthar na hÉireann, i gConamara – anseo i gCárna – ach níor airigh mé an t-aer seo le fada cheana.

D'éist mé. Bhí londubh ag canadh in aice liom – nach álainn an port a bhí aice. Agus an abhainn fhéin – ceol arís – ach ní port an t-am seo ach míle port. Ríleanna agus Cornphíopaí – symphony a d'fhéadfá rá – ag athrú arís nuair a thit sí le fána ag an eas – agus arís torann láidir bodhráin nuair a bhuail sí leis an bhfarraige thíos.

D'oscail mé mo shúile agus bhreathnaigh mé ar an uisce – dubhghorm anseo, glas anseo, solas geal anseo agus ansiúd áit a raibh gathanna na gréine ag lonradh. Í ag gluaiseacht léi ina sruth gan stad gan staonadh – glan, úr. Bhí braonacha beaga geala ag léimneach le háthas nuair a bhuaileadar cloch mhór.

Thosaigh mo chuid cúramaí ag imeacht le sruth de réir a chéile. D'fhág mé slán acu ar feadh tamaill – billí, sláinte, an obair nach bhfuil críochnaithe agus an obair nach bhfuil tosnaithe.

Chonaic mé an pictiúr ar fad níos soiléire anois – na crainnte loma ag fanacht go foighdeach leis na duilleoga a bhí réidh le pléascadh amach, loinnir na gréine ar na duilleoga síor-ghlasa agus ar an bhféar a bhí ag luascadh go bog sa ngaoth; na carraigreacha maorga le críonnacht na mílte bliain ag tabhairt neart agus tacaíocht don Radharc ar fad.


Tháinig mada deas ag breathnú orm – Rex an ea? Céard a bhí ina chloigeann? Nach bhfaca tú é seo go minic cheana?

B'fhéidir gur bhreathnaigh mé go minic ach an bhfaca mé tada, ar chuala mé torann an uisce ariamh cheana?

Bhí mo chroí suaimhneach anois. Bhí ciúnas ann. Bhí mé beo. D'airigh mé an fhuil ag gluaiseacht i mo chuisleacha.

Athbhreith an ea? Sheol sé ar imeall an uisce mé áit a bhfuair mé suaimhneas. Buíochas le Dia.

Tá mé buíoch go bhfuil mé 'mo chónaí in áit nach bhfuil truaillithe. Pé ar bith cén fhorbairt a dhéanfas muid, ná caithimís uainn an saibhreas íontach nádúrtha atá timpeall orainn. Sa lá inniú agus san am atá romhainn beidh muid níos beoga má stopann muid ag rith thart agus roinnt ama a chaitheamh ag ciumhais na habhann – glan.



*Máirín Bn. Uí Dhubhda*

*Comhghairdeachas le Coiste Forbartha Chárna*

# ÓSTÁN CHÁRNA

**Togha Cóiríochta • Bia agus Deoch • Ceol agus Craic**

Buail isteach am ar bith
Fíorchaoin fáilte romhat.

**Fón: 095 – 32255**

# Mannion, Aird & Co

# Dlíodóirí

Clochán

**Fón: 095 – 21411**
**Fax: 095 – 21756**

**J.J. Mannion B.A.**
**Caitríona M. Aird B.A.**

*Comhgháirdeachas le Coiste Forbartha Chárna*

# SÍOMÓN NA BOLGAIGH

## *Níl Leac ná Leachta air Fós*

*As an Áird Thiar é Éamonn Ó Conghaile agus cá bhfágfadh sé bua na cainte agus an t-seanchais. B'é Beartla Beag Ó Conghaile an scéalaí agus an seanchaí a athair.*

*San alt seo, insíonn Éamonn Ó Conghaile scéal Shíomón na Bolgaigh a tháinig i gcabhair ar dhaoine a bhí buailte tinn sa droch-shaol.*

***********

Bhí sé ráite ariamh go ndéantar dearmad ar an arán a hitheadh ach nár chóir an mhaith a déanadh a ligean i ndearmad. Cé gur iomaí duine atá le moladh as ucht a leas don phobal, idir chléir agus tuath, bhí beirt fhear as an Áird go háithrid a raibh ceart ag an bpobal a bheith buíoch díobh le beagnach dhá chéad bliain anuas.

B'é aimsir Éirí Amach Emmet a bhí ann sa mbliain 1803. Bhí fear as an Áird Thiar ina scoláire i gColáiste na Tríonóide i mBleá Cliath agus é ag dul le leigheas. Roibeárd Ó Laoi ab ainm dhó, mac le Máirtín Ó Laoi a raibh cónaí air cóngarach don áit a bhfuil céibh na hÁirde anois. Níorbh iontas sin go deimhin mar bhí an leigheas ag rith le muintir Laoi. Bhí Muiris Ó Laoi ina Lia ag na Flaitheartaigh agus ag Gráinne Ní Mháille roimhe sin.

Bhí cumann curtha ar bun i gColáiste na Tríonóide ag an am, ag Tomás Addis Emmet le tacaíocht a thabhairt dá dheartháir san Éirí Amach, ach nuair a cuireadh an Éirí Amach faoi chois caitheadh na micléinn a bhí san gcumann amach as an gColáiste agus bhí Mac Uí Laoi ar dhuine acu. Ní raibh aige ach a theacht abhaile don Áird agus a dhá láimh chomh fada le chéile.

### Ag Bádóireácht

Bhí bád mór acu san Áird agus chuaigh sé fhéin agus fear de Chlann Dhonncha ag iascach. D'imigh an aimsir thart go dtáinig oíche amháin agus iad amuigh ar an doimhin mór ag iascach le dorchadas agus dhúin sé ina cheo orthu. D'fhan sé dúnta agus tar éis lá is oíche a bheith caite acu ag seoladh agus ag sundáil chonaiceadar céibh bhreá nár aithníodar i ngoireacht dóibh. Bhí sé ina shárú eatarthu cén chéibh í fhéin ar feadh tamaill mar bhí an leath-bhádóir ag déanamh amach gurb é balla na Gaillmhe a bhí ann ach bhí Mac Uí Laoi ag rá nach ea, agus nach bhféadfaidís a bheith seolta isteach an Caoláire réir mar bhíodar ag sundáil ach gur cheap sé fhéin go mba é an "t-oileán faoi dhraíocht" a bhí buailte acu. Bhí beirt fhear an-aithnid ar cheann an bhalla – fear acu ina shuí agus an fear eile ina sheasamh.

"Tóig splanc as an bpota agus cuir i dtír í," a dúirt Mac Uí Laoi leis an leath-bhádóir. Bhí sé ceapaithe ariamh go dtógfadh tine an t-oileán ó dhraíocht. Thóig an leath-bhádóir an splanc. "Ná caith", a dúirt an fear a bhí ina sheasamh ar an gcéibh. "Caith" a dúirt an fear a bhí ina shuí. "Ná caith" a dúirt an fear a bhí ina sheasamh arís t. "Fear thusa" ar seisean le Mac Uí Laoi "a bhfuil suim i leigheas a'd. Tiúrfaidh mise leabhar dhuit a mbeidh leigheas inti le haghaidh chuile lá sa mbliain má fágtar an splanc san áit a bhfuil sí."

### Leabhar

Deárnadh amhlaidh agus fuair Mac Uí Laoi an leabhar. Bhagair an fear air gan an leabhar a oscailt go ceann lae agus bliain, ar aon chuntar, agus go mbeadh leigheas inti le haghaidh chuile lá sa mbliain.

Chuadar chun seoil arís t agus ba ghearr gur ghlan an ceo agus ní raibh céibh ná oileán le feiceál mar sé'n áit a raibh siad píosa maith siar aneas ó Oileán Iarthach Árann. Sheol siad abhaile don Áird agus an leabhar acu. Bhí an leabhar cumhdaithe le ór agus glas uirthi. Bhí cuid de mhuintir an bhaile cruinnithe isteach tigh Mháirtín Uí Laoi an oíche sin agus iad ag cur is ag cúiteamh céard ab fhearr a dhéanamh faoin leabhar. Cuid acu ag rá go mb'fhearr í a oscailt mar má bhí leigheas inti go raibh sé ag teastáil go géar, mar bhí daoine dá síneadh thar a chéile leis an mbolgach. Galra tóigeálach a bhí san mbolgach agus bhí sí marbhthach.

Idir shárú agus imní hosclaíodh an leabhar lá arna mháireach. Bhí leigheas na bolgaigh breacaithe ar an gcéad bhilleog agus chuile bhilleog eile bán. Bhí an t-eolas le gearradh san mbolgach breacaithe i nGaeilge ar thaobh den bhilleog agus i Laidin ar an taobh eile. Chuaigh Roibeárd Ó Laoi chun oibre leis an eolas a bhí faighte aige leis an mbolgach a thóigeáil ó bhó ghamhnach agus gearradh a dhéanamh. Bhí daoine ag teacht chuige as chuile cheáird ach ba ghearr go dtáinig dlí Shasana anuas air agus b'éigean dó a dhul isteach ar oileán Mhic Dara leis an obair a dhéanamh i ngan fhios don dlí.

B'éigean dó rith as sin arís ach sul ar imigh sé mhúin sé an cheird do Shíomón Mac Donnacha.

**Ag Sábháil Daoine i gCruach na Cara**

Cé nach raibh aon scoil faighte ag Síomón bhí sé meabhrach agus lean sé dá léamh ag gearradh san mbolgach ar feadh blianta fada ina dhiaidh. Is iomaí duine agus daoine a shábháil sé ar an ngalra marbhthach agus é ag obair faoi rún istigh i gCruach na Cara. Bhí muintir Phobail Chárna fíor-bhuíoch do Shíomón 'ac Dhonnacha agus thaispeáin siad an t-ómós sin dó nuair a fuair sé bás. In áit é adhlacadh ar Oileán Mhic Dara, san áit a raibh a mhuintir roimhe adhlacaithe, tugadh soir go Cárna é agus adhlacadh a chorp ós comhair dhoras Theach an Phobail san áit nach ligfí i ndearmad é ná an gníomh uasal a rinne sé. Thug sé cuid mhór dá shaol ar son leas an phobail agus na daoine a shábhailt agus gan de thuarastal aige ach an rópa cnáibe nó Van Diemens Land dá bhfaighfí greim air.

Thug Muintir Laoi an leabhar don Iarsmalann Náisiúnta i mBleá Cliath agus is ann atá sé fós – 'Leabhar Mór Bhreasail' nó 'The Book of Brazil' an t-ainm atá air.

Níor cuireadh leac ná leachta ar Shíomón na Bolgaigh Mac Donnacha ariamh agus dá gcuirtí anois fhéin air é ba mhaith an aghaidh sin air, mar ní cóir an mhaith a ligean i ndearmad.



*Éamon Ó Conghaile – scríbhneoir an ailt seo.*


# TÍ PHEACOCKE

**Maam Cross**

## DISCOES

***Oícheanta Aoine agus Domhnaigh***

## CEOL GAELACH

***Chuile Oíche Shathairn***

**Béilithe sa mBeár go dtí an 6 chuile thráthnóna**

**Fón: 091-82306 *nó* 091-82374**

# An Fheilméireacht Éisc agus Truailliú

## *Barúil Beirte atá ag Obair sa Tionscail*

*Ar an 9ú lá de Mheán Fómhair, 1990 thug comhlacht feilméireachta éisc Bhradán Mara Teo. nó Carrolls mar a thugtar ar an gcomhlacht go háitiúil, cuireadh don phobal isteach chuig a bpríomh oifig i nGleann an tSrutháin i Leitir Árd.*

*Chuir Máirtín Ó Catháin agallamh ar bheirt de na daoine atá fostaithe ansin, Pádraig Seoighe as Glinnsge atá ina Bhainisteoir ar an suíomh áitiúil agus Pádraig Ó Coirbín as Cárna.*

*Phlé sé an feachtas timpeallachta in aghaidh na feilméireachta éisc leis an mbeirt acu. Tá muid ag priondáil píosaí as an agallamh anseo le caoinchead Raidió na Gaeltachta.*

* * * * * * * * * *

**Ó Catháin:** Tá sé ráite a Phádraig go bhfuil cuimse míola farraige sa gcuan faoi láthair. Anois, is agatsa atá an taithí air sin. Bíonn tú amuigh ansin ar an gcuan. An bhfuil míola farraige fairsing i mbliana?

**Pádraig Seoige:** Níl i mbliana - níl sé chomh dona le blianta eile. Ceann de na rudaí is cúis leis sin, seans, ná nach bhfuil teocht na farraige chomh hárd i mbliana agus a bhí sé le cúpla bliain anuas ... tá sé céim nó dhó níos fionnuaire. Tá mé ag rá leat nach raibh na míola chomh fairsing i mbliana. Níor chaith muid ach leath an oiread míola mharú i mbliana agus a mharaigh muid blianta eile.

**Ó Catháin:** A Phádraig Uí Choirbín, labhair tú níos túisce ar an dream atá ag caitheamh anuas ar thionscail na feilméireachta éisc agus caithfidh muid glacadh leis gur le deá-chroí atá cuid acu dá dhéanamh. Cé'n teachtaireacht a bheadh agat dóibhsean ar an Lá Oscailte seo i Leitir Árd?

**Pádraig Ó Coirbín:** Bhuel, tá go leor acu nach bhfaca Leitir Árd ariamh. Tá siad ag scríobh amach as oifigí móra thuas i mBaile Átha Cliath nó b'fhéidir síos i lár na tíre. An dream seo a bhíonn ag tabhairt amach faoi, ní fhaca mé aon nduine acu fós ag teacht aníos le tionscail a chuirfeá ina áit. Cur i gcás, dá ndúnfadh an tionscail feilméireacht éisc amárach, ní fhaca mé luaite fós ar aon pháipéar, ar an raidió nó ar an teilifís fós céard a chuirfí ina áit. Céard a tharlódh do na céadta i gConamara atá ag braith ar an tionscail.

**Ó Catháin:** Séard atá i gceist agatsa ná go bhfuil daoine ag caitheamh anuas ar an bhfeilméireacht éisc ... ag iarraidh go gcuirfí deire leis ... ach nach bhfuil aon nduine ag inseacht duitse cá bhfaighidh tú jab ina áit má imíonn sé?

**Pádraig Ó Coirbín:** Sea, dá ndúnfaí an comhlacht seo nó na comhlachtaí eile Dé hAoine seo chugainn agus muid a chur ar ais ar an "dole queue" arís - bhuel chaith muintir Chonamara sách fada ar an "dole queue" agus thug tionscail na feilméireachta éisc go leor acu dó ... agus tá meas agat ar do lá oibre. Éireoidh tú suas maidin Dé Luain agus tá áit agat le dhul agus tá fonn ort a dhul amach agus do lá oibre a dhéanamh agus feicfidh tú ag deire na bliana go bhfuil tú dá dhéanamh duit féin agus don áit - tá tú dá dhéanamh don áit chomh maith. Tá borradh faoin áit ... nuair a gheofaidh tú isteach sna tithe ósta nó nuair a gheofaidh tú amach chuig cluiche peile feicfidh tú daoine nach bhfeicfeá murach tionscail seo an éisc a bheith ann. Bheidís thall i Sasana nó thall i Meiriceá. Tá an-iomarca dó sin feicithe againn.

Tá mise ar shon na feilméireachta éisc. Tá mé ag obair ann. Tá mé ag saothrú air. Ach, dá mbeinnse a'cheapadh go raibh muid ag déanamh aon dochar do fhear na ngliomaigh, do fhear na ribe róbéis nó d'fhear na feamainne is mise, mé féin, an chéad duine a bheadh in aghaidh na feilméireachta éisc. Ach an dream seo atá ag caint ina aghaidh, tagaidís aníos le tionscail a bhéas chomh maith nó chomh héifeachtach do mhuintir na háite agus atá an fheilméireacht éisc faoi láthair.

**Ó Catháin:** An gcuireann an chaint seo agus an gearán atá dá dhéanamh faoin bhfeilméireacht éisc imní ortsa, a Phádraig?

**Pádraig Ó Coirbín:** Siúráilte cuireann sé imní orm a Mháirtín. Cé'n fáth nach gcuirfeadh? Tá tithe nua tógtha ag go leor don dream atá ag obair ann. Tá mortgages amuigh acu. Beidh siad dá n-íoc sin as seo go ceann scór blianta. Dá n-dúnfadh an rud síos amárach, cá bhfaigheadh siad airgead le é a íoc. Tá go leor ag braith air, an bhfuil fhios agat. Tá dream tagtha ar ais as Meiriceá agus as Sasana le cur fúthu san áit seo - cuid acu ceathaireacha nó caoga bliain d'aois. Ní bhfaigheadh siad aon phost eile i gCárna. Tá siad socraithe síos anseo anois agus a mbonnchloch

leagtha síos ar an obair seo acu agus iad ag déanamh a míle dícheall go n-oibreoidh sé.

**Ó Catháin:** A Phádraig Seoighe - tá daoine ann ansin a deireann nach mairfidh an tionscail seo an-fhada. Deir siad go mairfidh sé cúpla bliain eile, go mbeidh an áit millte agus go mbeidh na cuanta millte agus gurbh shin é a dheireadh.

**Pádraig Seoighe:** Ní aontaíonn mé leis sin, a Mháirtín. Tá dhá thionscail de réir mar fheicimse é a rinne an-leas do Chonamara. Tá tionscail na feamainne agus an mhonarcha i gCill Chiaráin. Sílim go bhfuil sé ann le beagnach leath chéad bliain. An chéad cheann eile ansin ná an fheilméireacht éisc. Silim go bhfuil sé ann ó 1974. Bhuel, tháinig tionscail agus d'imigh tionscail ach tá tionscail na mbradán anseo fós. Ní fheicim go bhfuil sé ag déanamh aon damáiste faoi láthair - níl aon bhlas cruthaithe agus go mbeidh an cruthúnas sin ann, sílim gur cheart éisteacht le muintir Chonamara. Tá daoine ón taobh amuigh ag inseacht dúinn cé'n chaoi ar cheart dúinn maireachtáil. Má tá muid ag déanamh aon dochar, níl sé cruthaithe fós agus nó go mbeidh tá mé a'cheapadh gur cheart fair play a thabhairt dúinn.

## Club Óige Chárna


Tá "Club Óige" i gCárna le blianta fada. Tagann an aois ghrúpa ó 12 – 19 le chéile gach oíche Aoine sa halla i gCárna. Roghnaíonn siad coiste agus leagann siad amach Clár Oibre dóibh fhéin le haghaidh na bliana. Tá an Club Óige mar bhall d'Ógras agus ina bhall de chomh-choiste chlubanna óige Chonamara.

Bíonn réimse mór imeachtaí ar siúl sa gClub. Sí'n aidhm atá leis an gclub ná daoine óga thabhairt le chéile le píosaí spraoi bheith acu. Imríonn siad púl, leadóg boird, snúcar agus cártaí sa gclub. Sé'n feáll nach bhfuil tuille áiseanna caitheamh aimsire acu.

Glacann an Club Óige páirt i gcomórtais a bhíonn eagraithe ag comh-choiste chlubanna Chonamara agus taistealann siad go dtí na hionaid éagsúla.

Tá an-spriod ins an ngrúpa daoine óga seo. Is fiú tacaíocht agus spreagadh a thabhairt dóibh i gcónaí. Tá club Chill Chiaráin agus Club Chárna ag obair le chéile i mbliana. Ba cheart go mbeadh an club níos láidre ná ariamh anois.

Tá buíochas mór ag dul i mbliana do Thomás Breathnach as a shaothar ar son Club Óige Chárna. Buíochas freisin do Pheadar Ó Maoláin, Feidhmeannach an Údaráis as a thacaíocht do na clubanna Óige uilig. Go mba fada buan a mhairfeas Club Óige Chárna.



*1990 – Bliain na sluaisteála. An Seanadóir Pól O Foighil (ar chlé sa bpictiúr seo) ag sluaisteáil as éadan ar dhroichead Inis Niaidh i gCloch na Rón. Chuaigh muintir na háite féin i mbun oibre ar an droichead seo a tógadh in 1887.*

# Comharchumann Sliogéisc Chonamara


*Ag Cur i nGáirdín an Iascaire*

*Tá cuanta na Beirtrí Buí agus Chill Chiaráin áirithe ar thogha na réimsí uisce do fhás sliogéisc. Tá stair mhór, fhada ag baint leis na hoistrí agus leis na muiríní sa taobh seo tíre. Ach, tá an stair sin thart agus tá iascairí anuas le cósta anseo dá n-eagrú féin anois le leas a bhaint as na hacmhainní nádúrtha seo.*

*Tuairiscíonn Máirtín Ó Catháin ar an obair atá déanta ag Comharchumann Sliogéisc Chonamara ..*

* * * * * * * * * *

Bhí ag bórdáil ar leath chéad bád amuigh ar Chuan Chill Chiaráin ar maidin Dé Luain, an 8ú lá de Dheireadh Fómhair i mbliana. Bhí ós cionn céad iascaire ar bord agus ceadúnais acu le dhul ag iascach na n-oistrí. Deich lá a bhí ceaptha amach d'iascach na n-oistrí, sin nó 30,000 tonna oistrí. Muna mbeadh na 30,000 sroichte acu, b'fhéidir go gcuirfí síneadh ar an séasúr. Ach, cé go dtáinig sé ina ghála lá amháin, ar a laghad, bhí 32,000 tonna oistrí tugtha i tír ag na hiascairí théis chúig lá. Shuigh Coiste Chomharchumann Sliogéisc Chonamara síos agus ó tharla go mba léir go raibh na hoistrí an-tréan i gcónaí, cuireadh dhá lá eile leis an séasúr. Socraíodh go nglanfaí meilsceán de chúpla acra de ghrinneall na farraige an trí lá eile. Cheana féin, bhí máithreach as an nua réitithe amach ag na h'iascairí i dtús na seachtaine. Bhíothas ag cur na n-oistrí beaga ar bord báid mhóir agus dá dtabhairt chuig láthair eile sa gcuan a thabharfadh beathú níos fearr dóibh. Bhí Cathaoirleach an Chomharchumainn, Éamonn Ó Conghaile thar a bheith sásta. Bhí an Fómhar a cuireadh chúig bhliana roimhe sin bainte.



*Ag treabhadh na dtonn i gCuan Chill Chiaráin. An-chuan d'fhás oistrí.*

**Seilbh agus ceadúnas**

Shaothraigh Comharchumann Sliogéisc Chonamara an tseilbh agus an t-údarás ceadúnais ar an iascaireacht oistrí agus muiríní i gcuanta iarthar Chonamara. Ó bunaíodh an Comharchumann níos mó ná chúig bhliana ó shoin chuireadar idirbheartaíocht chasta dóibh. Ach, i 1987 i gCill Chiaráin, d'fhógair an Taoiseach, Cathal Ó hEochaidh go raibh acu. Tugadh cearta do Chomharchumann Sliogéisc Chonamara ar chosaint, ar shíolrú, ar fhorbairt agus ar iascach oistrí agus muiríní ó Chuan Chuigéil i gceantar na nOileán ó thuaidh chomh fada le Ceann Inis Leacain i gCloch na Rón. Chuir an t-athrú ola ar chroí Éamoinn Uí Chonghaile. Shíl seisean i gcónaí go raibh saibhreas nádúrtha dá gcuid féin in easnamh ar mhuintir na háite ' an fhad is nach raibh smacht acu ar na cuanta. Bhí an ghaoith athraithe anois ach bhíos ag Èamonn freisin go raibh cuid de na hionaid iascaigh bánaithe. Ní raibh ord ná eagar ar an tionscail le blianta roimhe sin agus ní raibh srian ná teorainn leis na séasúir iascaireachta. Ach, bhí muinín i gcónaí aige as iascairí iarthar Chonamara. Theastaigh an muinín sin, mar bhí socraithe nach dtaithneódh le aon nduine le déanamh. Bhí na máthaireacha goite i léig chomh mór sin agus gur moladh nach ndéanfaí aon iascach ar oistrí ná ar mhuiríní ar feadh dhá bhliain. Bhunaigh na hiascairí a gcóras maoirseoireachta féin i gcomhar le Cigirí Bhord Iascaigh an Iarthair, agus cé go mba dheacair a léithide de chóras a mhúnlú, d'oibrigh sé. Idir an dá linn, tosaíodh córas ballraíochta faoina n-íocfadh na baill £100 in aghaidh na bliana isteach i gciste an Chomharchumainn. Cláraíodh 400 ball. Ba dheacair airgead a bhailiú chúns bhí an t-iascach stopaithe ach, le cúnamh ó Údarás na Gaeltachta fostaíodh Bainisteoir lán-aimseartha ar an gComharchumann. Tosaíodh ag síolrú na gcuanta. Bhí Údarás na Gaeltachta ag tabhairt 60 pingin don Chomharchumann in aghaidh chuile phunt a chaithfeadh siad féin ar an obair fhorbartha. Osclaíodh na cuanta arís sa tríú bliain ach théis an t-séasúir sin socraíodh go ndúnfaí na cuanta arís ar feadh bliana eile. Ansin, i 1989 tugadh deich lá do na hiascairí ar na hoistrí agus tugadh dhá mhí dóibh ar na muiríní. Bhí cosúlacht níos fearr ar chúrsaí, go háirithe i dtaobh na n-oistrí. I mbliana, tháinig bláth níos fearr fós ar an bhforbairt, cé go bhfuiltear ag coinneáil súil ghéar ar fhorbairt na muiríní. Míníonn Éamonn Ó Conghaile an scéal.

**Am agus Pleanáil**

"Tógann sé chúig bhliana ar an oistre atá againn

barr a mhaitheasa a shroichint", a deir Éamonn "agus tá toradh na chéad bhliana forbartha feicithe againn anois". "Tá síolrú déanta chuile bhliain ó shoin", a deir sé "agus seans go dteastóidh roinnt áirithe síolrú i gcónaí. Bhí an-tús leis an séasúr iascaireachta muiríní i mbliana", a deir Éamonn "ach laghadaigh siad go mór théis tamaill. Beidh sé seachtainí againn ar na muiríní ón gcéad lá d'Eanáir 1991 ar aghaidh agus feicfidh muid linn".

Ní raibh aon aimhreas ar Éamonn Ó Conghaile ariamh ach go raibh na hiascairí in ann a ngnóthaí a eagrú go maith ach an deis a thabhairt dóibh. "Bhí an-riaradh ar an séasúr oistrí", a deir sé "agus ag an gcruinniú cinn bhliana tháinig moltaí ón urlár go gcuirfí cosc ar iascach na muiríní i mbliana. I ndeire báire, shocraigh muid ar shé seachtainí".

**Muiríní**

Deir Éamonn Ó Conghaile go leagfar amach plean níos iomláine do fhorbairt na muiríní as seo go ceann roinnt míosa. Ach, níl sé chomh héasca léargas ceart a fháil ar an muirín. Ní fhanann sé san áit a gcuirtear é. Cuireadh 40,000 muirín beag amach i gcuan na Beirtrí Buí agus cuireadh 60,000 muirín beag amach i gCuan Chill Chiaráin ach níl an Comharchumann in ann a rá cén toradh a bhí air sin fós. Ach de réir taighde atá déanta ag Dan Minchen, saineolaí sa Roinn Iascaigh, tá an-deis fhorbartha ar mhuiríní i gcuanta gainimh thart anseo. Ceaptar go bhféadfadh luach £¼m. de theacht isteach a bheith ar thrí nó ceathair de chéadta slat cuain théis do chostaisí a bheith glanta, a deir Éamonn Ó Conghaile. Tá córas maith síolraithe nádúrtha ag an muirín freisin. Síolraíonn sé trí, nó ceathair nó b'fhéidir chúig bhabhta féin sa mbliain. Ach, níl ach na teoiricí cruthaithe fós agus tá an obair dháiríre le déanamh rud a thógfaidh roinnt bhlianta, a deir Éamonn.

**Feilméireacht Éisc**

Tá caidreamh maith idir Coiste an Chomharchumainn agus furmhór na bhfeilméaraí éisc – go deimhin, tá ionadaíocht ag na feilméaraí éisc ar Choiste an Chomharchumainn. Deireann Éamonn Ó Conghaile nach bhfuil fianaise ar bith ann anois go bhfuil an fheilméireacht éisc ag déanamh aon dochar do oistrí ná dó mhuiríní. "San am chéanna, níl aon cheann de na ciseáin gar do na láthaireacha atá muid a fhorbairt faoi láthair", a deir Éamonn. Deir sé, ina dhiaidh sin féin go gcaithfear a bheith san áirdeall i gcónaí. Luann sé mar shampla, nár mhór súil a choinneáil ar an gcothú atá drámhaíl as na ciseáin a dhéanamh ar



*Cuid d'obair Chomharchumann Sliogéisc Chonamara. Ag réiteach le sliogáin a chur i bhfarraige mar leaba do shíol.*

an uisce. Caithfear súil a choinneáil ar an gcoibhneas idir cothú agus an méid ciseáin atá i gcuan, a deir sé.

Go deimhin, socraíodh ag cruinniú cinn bhliana an Chomharchumainn go gcuirfí in aghaidh aon fheilm nua agus in aghaidh aon mhéadú ar fheilm sa gceantar a bhfuil ceadúnas ag an gComharchumann ann muna 'spáinfaí nach ndéanfadh an fhorbairt dochar do mhuiríní agus do oistrí. Ach, caithfear a admhachtáil, a deir Éamonn Ó Conghaile go bhfeicenn tú cinéalacha áirithe sliogéisc ag fás ar rópaí agus ar threallamh ar na ciseáin féin.

**Forbairt agus Cúram**

Beidh na muiríní ar an gcloch is mó ar pháidrín an Chomharchumainn i 1991 ach tá caint ann freisin go bhféadfaí córas aistrithe oistrí ó chuan Chill Chiaráin go Cuan an Chaisil a bhunú. Is cosúil go bhfuil an-chothú ar oistrí i gcuan an Chaisil. Chomh maith leis sin, tá sé cruthaithe ag an gComharchumann anois go bhfásann an t-oistre Seapánach go maith sna huiscí anseo. Cruthaíodh é sin i gcuan an Chaisil. Fásann an t-oistre Seapánach sciobtha agus maireann a shéasúr ó cheann, ceann na bliana. Ní bhuaileann galra na n-oistrí é ach an oiread. Cheana féin, tá chúig cinn de fheilmeacha oistrí Seapánacha tosnaithe thart le cósta in Iorras Aithneach faoi cheadúnas ón gComharchumann Sliogéisc agus le cabhair ó Údarás na Gaeltachta. Daoine aonaracha atá ina mbun seo. Tá cliabhán beag, nach bhfuil le feiceáil beag ná mór, feistithe in íochtar an chladaigh agus na hoistrí seo cuibhrithe i málaí plaisteacha atá ceangailte don chiseán. Níl le déanamh ach roinnt freastail a dhéanamh air ó ham go chéile. Seo iad na chéad fheilmeacha den tsórt seo in Éirinn. Ach, tá comhlachtaí móra ag cur spéis san obair agus ag iarraidh scaranna sa gComharchumann. Ní droch rud é seo, ach sé an baol a bheadh ann, a deir

Éamonn Ó Conghaile ná go bhfaigheadh gnóthaí móra smacht orthu. "Ní féidir leis sin tarlú", a deir sé. "Shaothraigh muid an smacht agus an tseilbh. Glacfaidh muid le infheistíocht ar bhealach nach gcuirfidh an dá rud sin i mbaol".

**Coiste agus Ceantair**

Tá ceantar an Chomharchumainn roinnte ina shé chuid. Tá triúr ionadaí as chuile cheantar ar an mór-choiste chomh maith le ionadaithe as feilmeacha eisc, áisíneachtaí Stáit (Údarás na Gaeltachta, mar shampla) agus ó infheisteoirí eile. Ar an lár-choiste féin, tá Éamonn Ó Conghaile as an Áird Thiar ina Chathaoirleach, Ciarán Ó Maoláin as an Áird Mhóir ina Rúnaí agus Réamon Ó Mainnín as Rosmuc ina chisteoir. Tá triúr eile ar an lár–choiste – Maitias Ó Cathasaigh as an Áird Mhóir, Pádraig Ó Maoilchiaráin as Muighinis agus Mark Norman atá ina Bhainisteoir lán-aimseartha ar an gComharchumann. Bíonn cruinnithe acu uair sa t-seachtain nó uair sa gcoicís scaití. I gCill Chiaráin atá oifig an Chomharchumainn.

I mbliana, d'eagraigh an Comharchumann a gcandáil féin ar na hoistrí chuile thráthnóna i gCill Chiaráin. Íocadh £3.90 an kilo ar na hoistrí an chéad lá ach chuaigh an praghas sin suas go £5.00 an kilo. Tá na margaí go maith anois, go háirithe ó buaileadh oistrí san Eoraip le galra.

Le himeacht aimsire, creideann Éamonn Ó Conghaile go mbeidh fostaíocht ar an mór-thír de bharr na forbartha. Ach ní obair aon lae í. Ach, ba cheart, ar a laghad, go bhfeabhsódh teacht isteach na n-iascairí de réir a chéile agus ba dul chun cinn mór é sin i gCill Chiaráin agus i gCárna, áit a bhfuil 144 ball cláraithe ar leabhra an Chomharchumainn ó dhroichead Inbhir siar thimpeall chomh fada le droichead Bhun na hAbhann.


# Éisc Iathghlas Teo.

**Áird Mhóir, Cill Chiaráin, Co. na Gaillimhe**

Fón 095-32208 Telex 50922

*Gach deá mhéin le Coiste Forbartha Chárna ar fhoilsiú a nIrise*

# Jackie Ó Cualáin

**CONRAITHEOIR TÓGÁLA**


Cárna

**Cuirfidh muid seirbhís ar fáil ar fud Chonamra.**

Is féidir leat glaoch orainn ag 095 - 32331



*Ó chlé go deas: An Canónach Liam Ó Móráin as Cárna i gcuideachta Mháirtín Uí Uaithnín as Muigh-Inis agus a bhean, arbh duine de mhuintir Dháibhis as Inis Nídh ó dhúchas í. Bhí cáil mhór ar Mháirtín mar pheileadóir.*




*Tá daoine as an taobh seo sa bpictiúr seo a tógadh i Lourdes i 1971, an tAthair Ó Dubhshláine, Cárna agus an tAthair Ó Treasaigh as Cill Chiaráin ina measc.*



*I lár na seachtóidí, thóg beirt darbh ainm Cyril A. Reilly agus Renee Travis Reilly pictiúir in Éirinn le cur i leabhrán grianghrafanna dár teideal "An Irish Blessing". Foilsíodh an leabhar seo i Meiriceá i 1977. Seo é an pictiúr álainn a bhí ar an gclúdach. Cúpla as Cill Chiaráin – Máire agus Bairbre Ní Thuathail.*



*Bhí saortha bád Mhuigh-Inse molta i bhfad is i ngearr. Idir na Maoilchiaráin, na Clochartaigh agus na Cathasaigh, dúradh nach raibh a sárú le fáil agus gur faide a mhair an traidisiún i Muigh-Inis ná sa gCladach i nGaillimh féin. Sa bpictiúr seo a tógadh i 1961, tá Colm Ó Cathasaigh ag cur caoi ar bhád de chuid Sheóige Inis Bearachain.*

*Gach rath ar*

# Choiste Forbartha Chárna

Sí an aidhm chéanna atá againn –
An ceantar a chur chun cinn

**Comharchumann Chonamara Thiar**
**Cill Chiaráin,**
**Conamara,**
**Fón (095) 33436**

# Stiofán Ó Loideáin

*Bleastálaí*

*Seirbhísí Réiteach Suíomhanna*

**An Cheathrú Rua**

**Telefón 091 - 95077**

# Nuacht an Iarthair

*Scathán ar shaol an cheantair*

*Lá i ndiaidh lae, coinníonn Nuacht an Iarthair ar Raidió na Gaeltachta muintir an cheantair seo ar an eolas faoina bhfuil ag tarlú i gConamara agus níos fuide ó bhaile. Ach, ní as an aer a thagann Nuacht an Iarthair. Tá ceird, stuaim agus obair ag baint le barr nuachta a chur amach ar maidin, i rith an lae agus aríst trathnóna.*

*Sé Tomás Mac Con Iomaire atá i gceannas ar chóras nuachta Raidió na Gaeltachta agus tugann sé léargas don phobal anseo ar an gcaoi a gcuirtear Nuacht an Iarthair le chéile.*

* * * * * * * * * * *

Oibríonn an té sin a chloiseann tú ar Nuacht an Iarthair go rialta, lá fada oibre, dhá uair déag sa ló, le bheith cruinn. Ón seacht ar maidin go dtí a seacht san tráthnóna an gnáth lá oibre atá ag an nglór sin a chloiseann tú ag tabhairt deá scéalta agus droch scéalta duit go laethúil, ocht n-uaire ar fad le linn an lae.

Tagann an té atá ar Nuacht an Iarthair isteach i Seomra na Nuachta i gCasla ag a seacht a chlog ar maidin. Beidh Nuacht le réiteach agus le léamh ag a 8.00, 8.30, 9.00,12.00 agus ag a 1.00. Taréis am lóin beidh nuacht le léamh ag a 4.00 ag a 5.00 agus ag a 6.00 agus beidh sé a seacht arís sa tráthnóna sula dtabharfaidh an té sin an bóthar abhaile air fein le bheith faoi réir arís ag a seacht a chlog ar maidin lá arna 'mhárach.

Tárlaíonn an rud céanna don Nuacht Náisiúnta agus Idirnáisiúnta. Tá an scéal amhlaidh dóibh siúd atá ag obair ar an gclár Adhmhaidin.

Cé as a dtagann an nuacht áitiúil a bhíonn ar fáil ag a 8.00 ar maidin mar sin. Bhuel, bíonn duine eile ag obair go deireannach san oíche ag soláthar na nuachta sin, ag bailiú is ag tóraíocht, ag eagrú agus ag scríobh, ag tochailt is ag cartadh.

Tá daoine amuigh sa bpobal a bhailíonn nuacht do Raidió na Gaeltachta. Cuireann siadsan in iúl go rialta céard atá ag tarlú go háitiúil. Tá na daoine seo tábhachtach do Raidió na Gaeltachta mar go minic siad an ceangal leis an bpobal áitiúil iad.

Cuirtear glaoch ar na gárdaí, ar na hospidéil, ar dhochtúirí, ar lucht tithe ósta, ar pholaiteoirí, ar iascairí, ar lucht coistí, lucht comharchumainn, go deimhin ar dhuine ar bith a bhféadfadh scéal nuachta a bheith aige nó aici.

Tá a liosta pearsanta féin ag chuile nuachtóir, a gcuid comhfhreagróirí féin a choinníonn ar an eolas iad, daoine a bhfuil ceangal agus trust cothaithe acu leo ar feadh na mblianta.

**Córas inmheánach an Stáisiúin**

Ach ní hiad seo amháin a chuireann scéalta ar fáil. Cruthaíonn cláracha Raidió na Gaeltachta féin go leor nuachta, cláracha ar nós Adhmhaidin agus Iris Aniar agus cláracha eile. Tugann iriseoirí an stáisiúin leidí dá cheile, faightear leidí i dteach an óil go minic, fiú ag aifreann an Domhnaigh nó ag siúl an bhóthair. Bíonn na súile agus na cluasa oscailte i gcónaí, bíodh an té sin ag obair nó ar lá saoire. Clúdaítear cruinnithe Comhairle Condae, cruinnithe coistí pobail, cruinnithe comharchumainn, cruinnithe agóide agus cruinnithe ceiliúradh, scéalta báis agus scéalta pósadh, go deimin chuile ní ó beirtear duine go dtéann sé nó sí i gcré.

Tá sé tagtha sa saol nach scéala anois é munar chuala tú ar Raidió na Gaeltachta é agus má chuala tú ar an nuacht é, caithfidh sé a bheith fíor, sin é an tábhacht atá bainte amach ag an nuacht áitiúil.

I 1972, tráth ar bunaíodh Raidió na Gaeltachta, is ar éigin a bhí leath uair an chloig nuachta in aghaidh an lae ar Raidió na Gaeltachta. Faoi láthair craoltar dhá uair a chloig nuachta go laethúil. Cuireann Nuacht an Iarthair leathuair a chloig dhe seo ar fáil go laethúil.

Triúr atá ag obair ar Nuacht an Iarthair. Oibríonn beirt sealanna oibre dhá uair déag, seacht lá as a chéile ar a seal. Oibríonn an tríú duine seal oibre ocht n-uaire go leith, go minic go meán-oíche le nuacht a réiteach don lá dár gcionn.

**Go leor ullmhúcháin**

Tá níos mó i gceist ná siúl isteach sa stiúideo agus tosnú ag léamh. Ta an bailiú le déanamh ar dtús, tá sé le seiceáil ansin, tá sé le cur le chéile go slachtmhar, tá agallaimh le reiteach, le déanamh agus le taifeada. Tá an clog le faire, tá imeachtaí an iarthair le faire agus tá an pobal le faire mar glac uaimse é má deintear botún ní thabharfaidh an pobal cead duit dearmad a dhéanamh air, go deimhin ní féidir a dhul amach ag ól pionta nó braon vodka nach mbeidh duine éigin amuigh romhat a thabharfas an lá oibre arais arís agat.

Is mar sin a cuirtear le chéile an nuacht agus is mar sin a tarraingítear ó chéile arís í. Níl i Nuacht an Iarthair san deire ach scáthan dúinn féin, cur síos orainn féin agus gach a ndéanann agus nach ndéanann muid ó lá go lá, ó sheachtain go seachtain agus ó bhliain go bliain. Ó thosnaigh Nuacht an Iarthair tá na damháin alla bainte den scáthán agus muid in ann breathnú níos géire orainn féin.

# MUINTEARAS

TOGRA OIDEACHAIS GAELTACHTA

**LEITIR MÓIR, GAILLIMH**
**FÓN: (091) 81145/81155**
**FACS: 81277**

Urraithe ag
Fundúireacht Bernard van Leer
agus
Údarás na Gaeltachta

## Scéim Réamhscoile do Thuismitheoirí
## Scéim Tacaíochta do Bhunscoileanna
## Scéimeanna don Óige

Ag obair i gCorca Dhuibhne, Conamara, Tír Chonaill
agus ar fud na Gaeltachta.

*Tuismitheoirí, múinteoirí agus an pobal ag obair as láimh a chéile ar mhaithe le oideachas agus forbairt a bpáistí.*

BÍ LINN

# Colm Ó Caodháin

*D'fhág Séamus Ennis an Chraobh aige*

*Ní raibh cur síos ná inseacht scéil ar a raibh de shean-amhráin agus bhéarsaí ag Colm Ó Caodháin as Glinnsge. Bhailigh Séamus Ennis cuimse amhráin, scéalta agus seanachais uaidh. Bhí sé molta go spéir ag Séamus as ucht a raibh de shaibhreas seanachais aige.*

*Catháin a thugtar ar na Caodháin sa lá atá inniú ann. Ba co-ainmneóir leis í údar an ailt seo roimh phósta dí.*

*Déanann Máire T. Uí Chuinneagáin cur síos ar an bhfear a bhí ina chomharsa béal dorais aice féin agus a muintir – Colm Ó Caodháin.*

***********

Ba mhór i gceist an fhoglaim go glan mheabhair i scoileanna sna blianta a chuaigh thart. Ba gnás le daoine bheith in ann bhéarsaí fada crua-chainte, Teagasc Críostaí, amhráin agus a leithidí eile, a aithris go cruinn agus iad ag teannadh amach sna blianta.

Mar sin fhéin, is cosúil gur cheap Dia do dhaoine áirithe meabhair chinn agus bua cuimhne thar an gcuimse. Is furusta a shamhlú go raibh éacht ar leith san bhfear a thug breis is 300 píosa – idir bhéarsaí, amhráin agus seanachas do Shéamus Ennis, an craoltóir agus an bailitheoir béaloidis. Go deimhin, marach an chuimhne bheo ghéar a bhí ag an bhfear céanna seo, ba smiochóid san ngríosach an saibhreas a bhí ina cheann. Sea! mar taobh istigh do thairseach na scoile, níor sheas sé ariamh. Ní raibh Béarla, scríobh ná leamh aige. Ár ndóigh "An té is mó a bhfuil leabhair aige, ní hé i gcónaí is mó a bhfuil léann aige."

Rugadh Colm Ó Caodháin; Colm Mháirtín Thomáis Phádraig, i nGlinnsge, i Meitheamh na bliana 1892. B'as Inis Niadh máthair Choilm; Máire Ridge mar ab fhearr aithne uirthi. Phós sise Máirtín Ó Caodháin as Glinnsge. Thóg sé cúigear clainne agus chaith sé an chuid ba mhó dá shaol ina bhaile dúchais – Glinnsge.

## Saol a Óige

Chaith Colm tús a shaoil ag iascaireacht is ag bádóireacht in éineacht len' athair. Ag iascaireacht na scadán a chaitheadh siad séasúr an Gheimhridh agus arís ag iascaireacht na ronnach sa Samhradh. Ní raibh an baile ariamh gan breac, ach díoltaí mór-chuid an éisc ar mhargadh Chloch na Rón. Bhíodh neart le déanamh i gcónaí, idir an iascaireacht, déanamh eangacha, saoirseacht báid, ceardaíocht, siúinéireacht agus rudaí eile nach iad.

Cé gurbh illghnéitheach agus éagsúil obair Choilm, ní raibh ceird ar bith ab ansa lena chroí chomh níor le aghaidh a thabhairt siar amach ar Sceirde, Carraig a'Míle, Cruach na Carra, Carraig Chabhalta, Carraig Muirbhithe, Bolg Mór agus Bolg Beag. Nuair a fuair a athair buille beag sean, chuaigh Colm amach ar aghaidh fhéin, ag iascaireacht ronnachaí go Cloch na Rón. Ba ghnáth leis 'bheith ag iascaireacht ar feadh na hoíche. Is minic a bhíodh sé ag maíomh as an oíche úd ar shaothraigh sé £15, airgead mór ag an am.

Nuair a bhíodh séasúr na ronnach thart, thugadh Colm ansin a aghaidh go Gaillimh, le téarma eile a chur isteach ar shéasúr na scadán. Lean sé air ag obair mar seo ar feadh cuid mhór blianta.

Timpeall na bliana 1916, buaileadh suas an iascaireacht. Feistíodh na báid sna crumpáin agus thit go leor acu iontu. Bhí deire leis an saothrú.

## Thar Sáile le Colm

De bharr easpa saothrú sa mbaile, bhailigh Colm leis go hAlbain, in aois a thrí bliana fichead nó mar sin. Bhí dreatháir agus daoine muinteartha eile leis thall cheana fhéin agus ba ghlas iad na cnoic ...

Níorbh é bealach an ribín réidh a bhí glactha aige air fhéin anois. Chaith sé seal ag iompar málaí guail amach as waigíní traenach agus dhá luchtú ar charranna capaill le tabhairt síos ag céibheanna adhmaid. Bhain sé scaitheamh eile amach ag tolladh plátaí iarainn le "punch" le cur ar shoithí loinge. Bhí sé tréimhse eile ag obair ar ráillí traenach agus ag iompar barraí fada iarainn chuig na ráillí. Chaith sé suas is anuas le chúig bhliana déag ag obair in áiteanna ar nós Dunbarton, Clydebank agus Glaschú. Ba iomaí sin braon allais, is osna ghéar a tugadh ag obair go crua faoi dhroch choinníollacha. Timpeall 1938, bhris an stailc guail amach in Albain. Ní raibh aon phiocadh suas i ndán don obair agus d'fhill Colm abhaile.

"Níor dhúin Dia bearna ariamh nár oscail sé ceann eile."

Ceird eile amach is amach a tharraing Colm air fhéin an iarraidh seo. Bhí suim aige ariamh san obair tógála agus thairig an t-innealtóir O'Grady ocht scóir phunta dhó as teach a dhéanamh. Rinne Colm a theach fhéin le cásáil ghainimh, stroighin agus clocha. Bhí chuile short múnlaithe ina áit fhéin go breá, nó go dtáinig sé chomh fada leis an t-slínn a chur suas. Ní fhaca sé ariamh an cheird seo á dhéanamh, ach bhí plean aige. Seo mar a rinne sé cur síos air ina chuid focal fhéin ar an eideafón.

*"San oíche nuair nach mbíodh tada eile do mo bhadráil, tharraing'inn anuas mo chuid cardboard chugam agus d'fághainn mo shiosúr agus thosnaínn ag tarraingt amach geanntracha, dhá ngearradh, is dhá gcur le chéile ar an urlár fúm. Míle buíochas le*

*Dia, chonaic mé ar an bpointe leis an t-slinn a chur suas."*

Chríochnaigh Colm a theach fhéin amach in achar gearr. Ní amháin sin, ach rinne sé chuile bhall troscáin a bhí istigh ann. Arís ar ais, rinne sé an oirnéis uilig a rinne an obair, plánaí, gróite, siséil, liatháin 7rl. Teaspeánann sé seo go raibh ceird an ghabha, an t-siúinéara, an t-saoir is an tógálaí ag rith leis.

Lean Colm leis ag tógáil tithe thart faoi Iorras Aithneach, Inis Niadh, Sraith Salach, An Clochán, Seana-Chaola agus Bun na gCnoc. Tharraingíodh sé amach plean an tigh ar ghaineamh na sráide agus d'oibríodh sé as sin. Tá cuid mhór de na tithe a thóg sé seasmhach suntasach agus cónaí iontu inniú.

**An Seanachaí, an tAmhránaí, an Cumadóir**

Ba dual cine do Cholm an bua cruthaíochta agus samhlaíochta a bheith aige go dúchasach. Fuair sé a chuid seanachais agus amhráin óna athair, óna sheanathair agus óna mháthair mhór. Deireadh Colm nach raibh aon ríochan lena mháthair mhór ag gabháil fhoinn.

Bhí stór forleathan scéalta agus seanachais ag Colm. Scéalta fiannaíochta, scéalta gaisce, scéalta sí, is ní raibh aon lé leis an méid amhráin a bhí aige. Tá cúntas tugtha ag Ríonach Ní Fhlatharta i "Clár Amhráin Bhaile na hInse" ar a chuid amhráin grá.

*"Thug mé searc is grá do chailín óg sa ngleann,*
*'S geallúint í fháil le pósadh,*
*Ach mo chreach agus mo chrá,*
*Ní dhomsa 'bhí sí 'i ndán*
*Ach don fhear nach labhróidh muid go fóill air"*

Chreid sé go láidir go bhfaigheadh bádóirí agus iascairí "taispeána" dhá mbeadh aon tubaiste le tarlú ar farraige. Ba mhór é a chuid eolais ar thoibreacha beannaithe, ar thiarnaí talún, tionóntaithe agus faoi aimsir an droch shaoil. Níor ghéill sé ariamh do lucht feasa, ná do phisreogaí. Bhí eolas mór, mórtasach aige faoi mhuintir an bhaile agus go speisialta faoina mhuintir fhéin – Muintir Chaodháin. Bhí gaol gar ag a mhuintir le Nóra Uí Chrochúir Bháin faoinár scríobhadh an bhéarsa thuas. Bhí saibhreas doimhin ina chuid cainte agus scéal le n-aithris aige faoi chuile ghábh.

Bhí an scéalaíocht agus an seanachas mar bhunchloch do shaol sóisialta Choilm. Bhí an "flashlamp" faoi réir i gcónaí agus é leagtha ar bharr an driosúir le haghaidh chuartaíocht na hoíche. Mura mbíodh muintir an bhaile bailithe tigh Choilm fhéin, bhíodh seisean i dteach na comharsan – píosa giúise san tine, lampa buaicise ar an mballa agus togha agus rogha na ndán 'á gcumadh is á n-aithris.

Níorbh iontas ar bith gur tháinig Séamus Ennis ar an bhfear groíúil suáilceach seo agus é ag bailiú béaloidis i gceantar Chárna. In 1940 a thug Ennis a chéad chuairt ar Cholm. Ba duine aireach. aimhreasach é Colm agus ní go maith a thrust sé Ennis i dtús báire. Nuair a chuir an bheirt aithne níos fearr ar a chéile, d'fhás cáirdeas agus caidreamh agus ba iomaí sin braon crua a hóladh agus scéal casta a hinsíodh. Thugadh Ennis cuairt bhliantúil ar Cholm ina dhiaidh sin.

Breis is 300 píosa, idir amhráin, sheanachas agus bhéarsaí a bhailigh sé ó Cholm. Tógadh an chuid is mó den bhéaloideas seo thíos i dteach Choilm ach théadh an bheirt go minic trasna go Cloch na Rón i mbád agus níos deireanaí ar "trip' i gcarr Ennis.

Dúirt Séamus Ennis nach raibh aon fhear ariamh arbh fhearr leis píosa d'oíche a chaitheamh ina chuideachta chomh mór le Colm Ó Caodháin. Rinne Alan Lomax ó B.B.C. na hAlban clár le Colm i 1946. In Uachtar Árd a rinneadh an clár seo mar nach raibh aon leictreachas san gceantar seo ag an am. Bhailigh Éamon de Buitléar roinnt eile stuif uaidh níos deireanaí.

**Colm agus m' Athair**

Fear uasal i mbád ba ea Colm deir m'athair taréis dhó trí thréimhse muirínteachta a chaitheamh in éineacht leis ar Chuan na Beirtrí Buí sna blianta 1948/49. Bhíodh pota tine acu sa mbád, "tin can" ina ndéantaí tae ann, agus neart éisc agus arán baile le n-ithe. Níorbh fear phisreógach a bhí ann, ach bhí sé de nós aige an bád a chasadh deiseal in aghaidh na gréine ag fágáil an chalaidh ar maidin. Fear diaganta críostúil a bhí ann, bé a phaidir dhó ag tabhairt aghaidh ar an mBeirtreach :

*I gcoimirce Dé, Mhic Dara, Mhic Duach is Cholmcille muid ,*
*Is go dtagaimís slán abhaile.*



*Colm Ó Caodháin as Glinnsge - Colm ar chlé, a iníon Máire Bn. Uí Chonaire ar dheis agus duine de chlann iníon a dheirfíre Neansa Bn. Uí Chlochartaigh i lár báire.*

**A chlann fhéin**

Phós Colm bean do chlainne Cheannabháin as an Áird Mhóir. Cúpla réidh-chúiseach a bhí iontu beirt, a raibh

leagan amach soineanta acu ar an saol. Bhí cúigear clainne ortha. Tá an bheirt mhac Cóilín agus Tomás anois i Londain Shasana, chomh maith lena iníon Bairbre. Tá Máirtín socraithe síos i dteach a athar san mbaile. Tá Máire, Máire Bn. Uí Chonaire pósta ar an gCoillín, Cárna. Ár ndóigh, tá cáil mhór ar Mháire, í fhéin mar amhránaí sean-nóis, agus mar sheanachaí. Fuair bean Choilm bás i 1963 agus d'fhág sin folúntas agus beárna mhór ina shaol fhéin.

Chaith sé na deich mbliana deirneacha dhá shaol ag déanamh agus ag deisiú báid chomh maith le corr lá iascaireachta a dhéanamh. Nuair a b'fhacthas do Cholm go raibh an tsláinte agus an cumas ag sciorradh uaidh d'fhág sé Glinnsge i 1972 agus chuaigh sé ag cónaí lena iníon Máire ar an gCoillín. Bhí sé d'ádh ar chlann a iníne gur chuir siad aithne ghairid ar a sean-athair – an comhairleoir agus fealsúnaí an t-saoil.

D'éag Colm Ó Caodháin i dteach a iníne Máire ar an 31ú lá d'Eanáir 1975. Ní misde dhom an tuairisc seo ar Cholm Ó Caodháin a chríochnú le bhéarsa as amhrán a chum sé fhéin.

*"'Sé nach am'sa a bhí an saol breá,*
*Nuair a bhí mé ag iascach i mo bhád*
*Ag lomadh isteach an t-seoil uirthi,*
*'S mo dhredge ag dul san trá,*
*Nuair a tharraingíodh muid aníos í*
*Bhíodh sí líonta go dtí an barr,*
*leis na muiríní ba bhreáichte dhár*
*dóirteadh 'riamh ar chéibh."*

***Ar Dheis Dé go raibh a anam uasal.***

*Comhgháirdeachas le Coiste Forbartha Chárna*
*ó*

# Máirtín Bán Breathnach

## Doire Né

Fón: 091 – 72169

**Petrel, Diesel**
**Garáiste/Siopa**
**Coiléir Cloch**

# TÍ CLARKE

Telephone: (091) 74152 & 74126

**Bar and Lounge – B.P. Service Station – Car Wash – Grocery Store – Light Hardware**
**Builders' Supplies – Sand – Blocks – Cement – Tiles – Seaweed and Turf Hauliers**

COMPLETE FUNERAL UNDERTAKERS AND FUNERAL PARLOUR

– ROSMUC –

*Comhghháirdeachas le Coiste Forbartha Chárna*

ó

# ÓSTÁN CHEATHRÚ RUA

**Ostán nua-aimsireach i lár Ghaeltacht Chonamara le**

**go leor áiseanna don chlann**

**Linn Snámha**

**Sauna**

**Clós Spraoi**

**Cúirt Leadóige**

**Solarium**

**Pitch & Putt**

**Rothair ar Cíos**

**Seomra cluichí**

**Seomra Video**

**Tuilleadh eolais ón Óstán ag 091 - 95116**

# PAT WALSH

## *Fear an Union i mBoston*

*Níl comhaireamh ar a bhfuil de dhaoine as an taobh seo tíre goite go Meiriceá agus go háirithe go Boston. Sé Boston cathair mhór Chonamara i Meiriceá. Is iontach mar a chruthaigh na himircigh a d'fhág an taobh seo tíre i gcathaireacha móra Mheiriceá . Thug duine láimh chúnta don duine eile nó go raibh a bhunáit déanta aige dó féin.*

*Fear é Pat Walsh a bhfuil dualgaisí troma air i mBoston agus is fear é nach ligeann an "baile" i ndearmad. San alt seo, tugann Máirtín Ó Catháin léargas ar shaol agus ar shaothar Phat Walsh, fear an Union i mBoston.*

* * * * * * * * * *

Ní nós le Pat Walsh dhá leith a dhéanamh dá chuid briathra. Labhrann sé go neamh-bhalbh. "Caithfidh tú a bheith rough agus tough sa jab seo scaití", a deir sé. Ná ceapadh aon nduine gur ribín réidh de phost é ceannaireacht Union 223 i mBoston. Ní h'ea, agus is troime go mór iad na dualgaisí ansin ó thit an tóin as cúrsaí oibre i Massachussetts le bliain nó dhó anuas. Ach, ní bhfaighfeá fear níos fearr ná Pat Walsh - Pat Mháirtín Tom - as Caladh bhFuighinse, Cárna nuair a iompaíonn an taoille in t-aghaidh. Is in aghaidh an easa a tháinig Pat Walsh é féin chomh fada leis an jab trom atá air i mBoston anois.


Ní baileach gur ionann an leagan amach a bhíonn ar an Union i mBoston agus anseo in Éirinn. I Union 223 i mBoston, cuirtear daoine ar an liosta san oifig atá acu i ndeisceart Bhoston agus glaonn na comhlachtaí tógála isteach ag iarraidh oibrithe, sin nó téann Pat Walsh agus a fhoireann amach ag tóraíocht oibre dá gcuid fear. I ndeire báire, sé Pat Walsh a shocraíonn cé'n áit a dtéann chuile mhac máthar acu agus d'fhéadfadh míle go leith fear a bheith ar an liosta sin. Bíonn air cearta na bhfear a chosaint ar na láthaireacha tógála - jab nach bhfuil éasca i gcroí lár na coimhlinte atá ina cuid de shaol Mheiriceá. Caithfidh sé súil a choinneáil ar na dlíthe agus ar na rialacha atá an Stát agus Cathair Bhoston a leagan amach ar fhaitíos go gcuirfí isteach ar chearta nó ar obair an cheardchumainn agus a chás a throid , más gá. Ní fhéadfaidh tú luí ar na maidí.

Cé'n cúrsa mar sin, a thug Pat Walsh chomh fada le ceannaireacht an cheardchumainn is mó atá ag oibrithe tógála i Státaí New England. Tosnaíonn an scéal beagnach trí scóir go leith bliain ó shoin.

**As Caladh bhFuighinse go Gaillimh go Boston**

I gCaladh bhFuighinse a rugadh agus a tógadh Pat Walsh. Maireann tús a shaoil agus blianta a óige chomh beo céanna in intinn Phat Walsh agus dá mba é an lá inné é. Caintíonn sé ar obair thalún, ar an iascaireacht, ar na sean-bhealaí oibre agus ar nósanna na linne sin. Saol simplí agus saol sona ar bhealach ach ba dheacair luach saothair cheart a bhaint as an obair throm a bhí ann san am. "Cúpla seachtain ar an mbóthar scaití", a deir Pat "agus ba dheacair an méid sin féin a fháil". Bhí an fear óg as Caladh bhFuighinse ag cuimhniú nach anseo a chaithfeadh sé ancaire. Liostáil sé san Arm i nGaillimh. Chaith sé seal ansin ach bhí sé ag díriú a chompáis i bhfad níos faide ó bhaile. Bhí an cogadh thart agus bhí an saol ag feabhsú a bheag nó a mhór. Chroch Pat a sheolta go dtí an tír i bhfad siar. Tá an dáta ar bharr a theanga aige i gcónaí. Sheol an long a d'fhág Cóbh Chorcaigh seacht lá roimhe sin isteach go Caladh Phort Nua Eabhrach ar an 10ú lá d'Aibreán, 1949. Bhí Pat Walsh, sé bliana fichead d'aois, an domhan mór nua roimhe amach.

Bhí uncail ag Pat i Nua Eabhrach agus d'éirigh leis jab a fháil ar na buildeálacha lá arna mhárach. Théis dó scaitheamh a chaitheamh i Nua Eabhrach theánn Pat síos go Boston áit a raibh i bhfad níos mó daoine as iarthar na hÉireann.



*Ceannaire Union 223 i mBoston - Pat Walsh as Caladh bhFuighinse.*

D'oibrigh sé ag déanamh píosaí móra leac-oighre a bhítí a úsáid leis an aer a choinneáil fionnuar i dtraentacha san am sin. Tá "air conditioning" acu ina leaba sin anois. Chaith Pat scaitheamh eile ag obair san South Boston Woolhouse. Ba ansin a phacáiltí agus a dhéantaí grádáil ar olann ó chodanna eile den domhan sul a gcuirtí chun bealaigh é chomh fada le háiteacha eile i Meiriceá. Ina dhiaidh sin, chuaigh Pat ar ais ar na buildeálacha arís.

Sa mbliain 1960 agus é ag freastal ar chruinniú ceardchumainn i mBoston moladh agus cuidíodh le ainm Phat Walsh do dhualgaisí an Leas Chathaoirligh. Ghlac sé leis in aghaidh a thola. Níor fhada gur hiarradh air a theacht isteach in oifig an cheardchumainn mar Rúnaí/Cisteoir ar feadh trí mhí ach cé gur thriáil sé a dhul ar ais ar na suíomhanna arís, d'éirigh chomh maith sin leis san oifig agus gur hiarradh air fanacht ansin. Bhí sé ina Rúnaí/Cisteoir ar feadh bunáite fiche bliain nó gur éirigh an té a bhí ina Bhainisteoir as. Fuair Pat Walsh post an Bhainisteora – agus tá sé tofa arís agus arís eile sa bpost sin ó shoin.

**Teangbháil le Comhlachtaí Móra**

"Union Phat Walsh" a thugann cuid de mhuintir Chonamara ar Local 223. Is minic leo triall ar Phat – tá a ainm ar eolas ag na mílte i mBoston. Mar Bhainisteoir ar Local 223, d'fhéadfadh sé teangbháil a bheith aige le oifig Ghobharnóir an Stáit, le oifig Mhéara na Cathrach Ray Flynn nó le feidhmeannaigh sinsireacha eile i rialtas an Stáit agus na Cathrach. Ach is ins an obair atá ar bonn ar na láthaireacha tógála atá croí Phat Walsh. Bíonn sé ar a chois go gairid théis an cúig ar maidin agus é ag treabhadh na cathrach ó shuíomh go suíomh le maidhneachan lae. "Bíonn lá maith agat agus lá corrach agat scaití eile", a deir Pat. "Scaití, bím féin agus na lads ag gleo ar a chéile ach, caitear é sin in aer arís".

Tá na dlíthe nua i dtaobh daoine nach bhfuil cártaí acu géar go maith agus meabhraíonn Pat do dhaoine nach bhfuil réitithe amach go bhféadfadh sé tárlú nach bhfaigheadh siad obair. Ach is maith leis a mhíle dícheall a dhéanamh i gcónaí do dhaoine ón "mbaile".

**Cuimhne ar an mBaile**

Is mór i gceist ag Pat an "baile". Is minic a thugann bóithrín na smaointe é siar go Caladh bhFuighinse. "Ach, is iontach an tír í Meiriceá", a deir Pat. Is nós leis abairt chainte i mBéarla a chaitheamh isteach sa gcomhrá nuair a labhrann sé ar Mheiriceá ... "the greatest country in the world". Tá a chion féin déanta ag Pat sa tír sin – arú anuraidh, ghairm Méara na Cathrach, Ray Flynn lá ina onóir sa gCathair - "Pat Walsh Day in Boston". B'fhada an t-achar é ó Chaladh bhFuighinse dhá scór bliain ó shoin. Ach gan bhuíochas do na dualgaisí, an choimhlint ghéar agus fiú is go bhfuil Pat fite fuaite ina chuid oibre, tugann sé seáirse amach chuig oícheanta ceoil corr uair. Is ansin a ligeann sé cúramaí an tsaoil as a cheann. Baineann sé féin agus a bhean Nappy as an Spidéal an-taitneamh as an gceol agus as na hamhráin. Tugann an ceol Pat siar ar an mbóthar casta go Cárna arís. Labhrann sé go mall anois. "B'iad an togha iad ... tháinig togha na mban agus togha na bhfear as an taobh sin siar ... an togha ..."


FEIS CHÁRNA

095 – 32291

Spreagadh agus Forbairt chuile ghné
do chultúr agus do theanga
an cheantar.

*Go mba fada buan a bheas Coiste Forbartha Chárna*

# Naíonraí na hÁite

## *Cárna agus Glinnsge*

Dhá Naíonra atá i gceantar Chárna. Tá ceann i gCárna féin agus ceann eile i nGlinnsge. Gasúir atá níos óige ná aois na bunscoile a théann ag na Naíonraí agus reachtáiltear iad thrí Ghaeilge. Deir Stiúrthóirí go "bhfoghlaimíonn an páiste ón atmasféar chruthaíoch ina thimpeall tré bheith ag spraoi le rudaí simplí – gaineamh, uisce, péint agus ábhair mar sin. Ní bhíonn aon bhrú ar an bpáiste; bíonn sé i gcónaí ar a thoil ach, ag an am chéanna, é á threorú lena chumas féin a shroichint tré spraoi agus imeachtaí fiúntacha."



*Nollaig 1989. Daidí na Nollag i Naíonra Chárna – Michelle Ni Chualáin agus Seosamh Mac an Iomaire, Daidí na Nollag agus Máirín Nóra Ní Chonghaile, Peigí Bn. Uí Choirbín, Aisling agus Niamh. Ar chúl: Treasa Bn. Uí Chathasaigh agus Marie, Nóra Bn. Uí Chualáin agus Róisín, Máire Bn. Uí Ghaora a bhfuil obair go leor déanta aici féin ar shon an Naíonra ó thús aimsire.*

**Naíonra Chárna**
*Tús : 1979*
Ionaid sna chéad bhlianta .. Óstán Chárna agus Halla an Phobail. Teastas Aitheantais an Chomhchoiste Réamhscolaíochta bainte amach i 1988. Deir Stiúrthóir Naíonra Chárna, Mae Uí Chualáin go bhfuil deacrachtaí na chéad bhlianta sáraithe acu anois agus go bhfuil siad sásta leis an ionad atá acu – teach sa t-sráidbhaile atá tógtha ar cíos ó Údarás na Gaeltachta. Deir sí go bhfuil na háiseanna go maith ach, nach bhfuil na huimhreacha atá ag freastal ar an naíonra sásúil. Tá spás acu do dheich nduine fhichead agus tá beirt eile chomh maith léi féin cáilithe leis an obair a dhéanamh sa gceantar.

**Glinnsge**
*Tús : mí Aibreáin 1981*
*Ionad : Scoil Ghlinnsge*
Bhí ochtar gasúr ag freastal ar an Naíonra i dtús aimsire; tá deichniúr inti anois. Nuair a hosclaíodh í i 1981, b'é an chéad uair é a raibh gasúir i Scoil Ghlinnsge le deich mbliana roimhe sin. Deir Stiúrthóir an Naíonra, Bríd Uí Chatháin go bhfuil ag éirí thar cionn leis an Naíonra agus go bhfuil sí ag neartú i gcónaí.

**Buíochas**
Glacann na Stiúrthóirí i ch'aon Naíonra buíochas le Údarás na Gaeltachta, le Neillí Bean Uí Neachtain (Comhairleoir), le Bord Sláinte an Iarthair agus go mór-mhór le tuismitheoirí agus le muintir an phobail a thacaíonn i gcónaí le ciste airgid na Naíonraí.



*Páistí Naíonra Ghlinnsge - an líne cúil ó chlé go deas: Fiona Ní Fhallúin, Treasa Ní Standún, Tomás Ó Cionnaithe, Róisín Ní Chatháin. Tosaí: Buachaill Francach, Tristín, Aisling Ní Chuinneagáin agus Conall Ó Cionnaith.*

*Deá-mhéin ó*

# T. Ó MÁILLE TEO.

**Rosmuc**

Ollmhargadh

Crua Earraí srl.

**Telefón 091 - 74101**

*Comhgháirdeachas le Coiste Forbartha Chárna*

*ó*

# TIGH MHEAIC

Teach Tábhairne agus Brú



**Ionad**
**Cultúrtha**
**Eachtraíochta**
**Caitheamh Aimsire**

*Suite ar bhruach na farraige faoi bhun an tsléibhe,*
*tránnna áille, ciúineas, síochán*

**Fón: (095) 32240**

# Scoil Phobail Mhic Dara

Anuraidh tháinig muid ar chinneadh anseo go mba cheart daltaí a fhágáil ag an mbunscoil go dtí go mbeadh siad dó-dhéag go leith ar a laghad. Bhí roinnt de na gasúir ag teacht chugainn an-óg ar fad agus gan a bheith sach aibí le tairbhe cheart a bhaint as an scoil. Bhí roinnt acu ag tabhairt faoin Ardteist agus gan iad fós ach sé bliana déag. Bheadh siad ag iarraidh ansin an baile a fhágail agus dul síos go Gaillimh nó Coláiste tríú leibhéal eile dá mbeadh siad in ann áit a fháil ar chúrsa agus iad chomh hóg sin.

Chomh dona céanna, is docha, nuair a thagann siad ag an scoil seo bíonn siad láithreach ag iarraidh dul amach ag Óg-Chlubanna agus Discó agus ag meascadh le daoine eile níos sine ná iad. Tá difríocht an-mhór idir aon bhliain déag agus seacht mbliana déag. Minic, freisin feictear dom go gcailleann siad suim i gceol agus damhsaí. Rinne muid iarracht ranganna ceoil a chur ar siúl anseo ag 2.30 i.n. ar an Aoine. Cúigear a raibh suim acu ann, faraíor.

Bunaíodh an Scoil Phobail i Meán Fómhair, 1972. Cónascadh a bhí ann idir Scoil Chlochar na Trócaire agus Gairm Scoil Mhic Dara. Sé ceann de na cuspóirí a bhí ann leis an gcónascadh ná rogha ábhair níos leithne a thabhairt d'ár ndaltaí uile. Is amhlaidh a bhí an scéal. Ins na blianta beaga ina dhiaidh sin chuir muid ábhair agus seirbhísí breise nua ar fáil. Ba muid ceann do na chéad scoileanna san tír seo a mhúin Ríomhaireacht agus a fuair ár Ríomhaire féin. Tá sé déag Ríomhaire anois againn. Ba iad sin na laethanta órga. Bhí ranganna againn agus gan ach triúr nó ceathrar daltaí iontu. Ní dheachaigh an méid scoláirí thar chéad ochtú agus an meán timpeall ar chéad seachtú. Ní raibh san scoil ag an am sin ach seacht rang. I 1985 tháinig an chéad bhorradh agus bhí orainn an t-ochtú rang a chur ar fáil. Anois tá deich rang againn agus d'fhéadfadh h-aon déag a bheith ann. Tá dhá chéad seacht déag dalta cláraithe linn faoi láthair.

Ar bhealach amháin níor chaill muid mórán mar gheall ar na giorraithe ach ar bhealach eile chaill. Tá orainn anois freastal ar scoil atá níos mó ach leis an méid céanna achmhainní agus a bhí againn nuair a bhí an scoil níos lú. Mar sin féin tá fós sé ábhar déag ag daltaí na chéad bhliana. Baineann chuile dhuine acu triall as trí déag acu sin. Sa dara bliain laghdaíonn sé sin síos ábhar nó dhó ag brath ar an rogha a ghlacann siad. Nuair a shroicheann siad an ceathrú bliain roghnaíonn siad deich n-ábhar an dhuine as seacht gcinn déag. Amannta bíonn fadhb againn mar gheall ar dhaltaí a bheith ag iarraidh níos mó ná deich n-ábhar a dhéanamh.

*Roibeáird Ó hÉilí, Príomh Oide*

# Feis Chárna

Is ar stáitse Fheis Chárna a bhain go leor de amhránaithe, ceoltóirí, scéalaithe, agus damhsóirí cáiliúla an cheantair, aitheantas amach dóibh fhéin don chéad uair. Níl pobal ar bith níos saibhre ná Iorras Aithneach ó thaobh cultúir agus teanga de. Léiríonn an liosta ainmneacha atá ar leathanach eile é seo dúinn (buaiteoirí an Oireachtais).

Ceann de thograí Choiste Forbartha Chárna i 1985 ab ea Athbheochan na Feise. Cáirdeas, comharsanacht agus cómh-oibriú a chothú sa bpobal an aidhm is mó a bhí ag Coiste na Feise. An bhfuil an iomarca comórtais ag fáil an cheann is fearr ar an aidhm seo?

Oibríonn Coiste na Feise go crua i rith na bliana. Bíonn clár le leagan amach, moltóirí le fáil, airgead le bailiú agus duaiseanna le ceannacht. Tá buíochas mór ag dul do bhaill Choiste na Feise le chúig bhliana anuas. Tá buíochas faoi leith ag dul don Athair Micheál Ó Riordáin a bhí mar chisteoir ag na coistí ar feadh na chúig bhliana. Go ngnóthaí Dia dhó.

Ar chlár na Feise, bíonn réimse leathan éagsúil comórtais. Tá coiste nua ag dul i mbun oibre arís i mbliana. B'fhéidir gur bhfiú ath-bhreithniú a dhéanamh ar chlár na feise, agus níos mó teaspáintais ná comórtais a bheith ann ar shon na ndaoine óge.

Gan tacaíocht is beag le rá aon choiste. Thug an pobal sár-thacaíocht do Choiste na Feise go dtí seo. Déanann tuismitheóirí a gcion fhéin ar son na Feise. Tá buíochas fá leith tuillte ag Micheál Ó hEidhin, as ucht a threoir agus a chúnamh don Fheis le chúig bhliana. Pobal eile a bhí fial flaithiúil linn an chéad bhliain ar thosaigh muid sea Pobal Rosmuc – gura míle maith agaibh. Focal beag buíochais d'Údarás na Gaeltachta freisin as a suim san ócáid seo.

Ráth Dé ar Fheis Chárna.

*Bairbre Uí Ghuairim*

*Comhgháirdeachas le Coiste Forbartha Chárna*

*ó*

# Sweeney Oil Ltd.,

**(Authorised Jet Oil Distributors)**

# Clochán

**Fón: 095 21777/44673**

**Ola Teasa**

**Diesel Auto**

**Diesel Talúna**

**Parafin**

**Tancanna le haghaidh ola**

**Ola Bealaithe – gach grád**

**Togha Seirbhíse agus Deá Mhargadh**

***Stáisiún Petrol***
***Bóthar na Gaillimhe***
***Clochán.***

**Petrol gan luaidhe**
**Áis Níochán Carranna – Siopa**

# Is Aisteach an Mac é an Saol

## *Déagóir ag Caitheamh Súil Anonn agus Anall*

*Is aoibhinn beatha an scoláire a deirtear. Ach, tá smaointe eile freisin ag an scoláire agus ag an dalta Meanscoile. Sé a fhearacht sin ag Eibhlín Ní Chlochartaigh as Muigh-Inis é. Níor thug sí mórán áirde ar an sean-fhocal "Is aisteach an mac é an saol" an chéad uair a chuala sí é ach, géilleann sí dó anois! San alt seo, tá Eibhlín Ní Chlochartaigh, dalta cúigiú bliana i Scoil Phobail Chárna ag cur agus ag cuiteamh faoin saol mar a fheictear di féin anois é*

* * * * * * * * * *

***"Is Aisteach an Mac é an Saol"***

"Is aisteach an mac é an saol" ceann de na chéad sheanfhocail a d'fhoghlaim mé sa mbunscoil. Ní raibh aon tuiscint cheart agam air san am sin, ach go deimhin tá sé breá soiléir dom inniú. Is scolaire Árdteistiméireachta mé i Scoil Phobail Mhic Dara anseo i gCárna. Tá mé tagtha go cros-bhóthar mo shaoil, ach céard é an chéad choiscéim eile? Buíochas le Dia, tá i bhfad níos mó roghanna againn inniú ná fadó, níos mó bóithrí le taisteal.Tá muid ceart má fhanann muid ar an mbóthar mór, siad na bóithríní beaga amach astú siúd a bhreathnaíonn cathaitheach. Siad an chéad cúpla míle a thugann muid amach sa bhfásach na ceanna nach mór dúinn a sheachaint. Is as na bóithríní beaga seo is mó a thagann na fadhbanna difriúla a bhíonn inár saol.

Is dóigh go gcuimhníonn muid uilig ar ár gcéad lá ar scoil. Chomh faiteach is a bhí muid, gan fhios againn céard a bhí i ndán dúinn. An chéad rud eile, tá na blianta ag sleamhnú tharainn agus muid sa mbliain dheireanach a mbraitheann an chuid eile dár saol air! Tá cáil ar mhuintir na hÉireann i dtaobh scolaíochta dhi. Tá árd chaighdeán oideachais againn.

Gach bliain, tá an tír seo ag cur na mílte fear agus mná óga ar fáil le gairmeacha beatha éagsúla acu. Faigheann timpeall 40% acu seo postanna agus an chuid eile, téann siad ar an "dole" nó ar an mbád bán. In Aibreán 1989 tháinig an imirce go dtí an uimhir is airde fós sé sin 216,000 duine ach thit sí 15,000 go dtí 31,000 in Aibreán 1990. Na fáthanna leis an ísliú:

1. Seansanna níos fearr post a fháil anseo in Éirinn.
2. Easpa postanna i dtíortha traidisiúnta imirce ar nós Mheiriceá agus Shasana.

Is deá-scéal é go bhfuil an imirce ag laghdú ach ar an taobh eile don scéal tá na figiúirí dí-fhostaíochta ag méadú. I Iúil 1990 bhí 225,856 as obair, an Meán Fomhair dár gcionn bhí sé árdaithe go 227,231.

**Roinnt Oibre anseo anois**

Deich mbliana ó shoin anseo i gCárna, bhí an imirce árd. Ní raibh aon fhostaíocht cheart ar fáil ag na daoine óga ach gairm bheatha feilméara, iascaire nó saortha báid. Ní raibh aon dúshlán ag baint leis na postanna seo, agus thug siad aghaidh ar ghaolta i Meiriceá nó i Sasana. Ansin tháinig an Fheilméireacht Éisc sa gceantar. Thosaigh an t-athrú. Bhí níos mó postanna sainiúla ar fáil, seansanna ar árdú céime, tháinig borradh faoi mhuintir an cheantair. Ní raibh an imirce chomh híseal ariamh. Postanna do mhuintir na háite agus páirt-aimsireach do scoláirí scoile nó coláiste sa samhraidh. Chomh maith le postanna a thabhairt, tháinig féinmhuinín ar ais sna daoine. Tá Cárna ag fáil fógraíocht uathu, ag tarraingt daoine a chuidíonn le forbairt na háite anseo.

Le cúpla bliain anuas, tháinig comhartha ceiste faoin truailliú. An bhfuil an fheilméireacht éisc ag tarraingt truailliú. Tá daoine ag rá gur droch-scéal iad na feilmeacha seo i thaobh truailliú na timpeallachta. Deirtear go bhfuil na cladaí, tránna agus a bhfuil ag fás agus ag maireachtáil iontu ag fáil bháis de bharr ceimicí éagsúla mí-nádúrtha a mbaintear úsáid astu i dtaobh tógáil na mbradán. Tá eolaithe ag déanamh scrúdaithe de gach saghas chun é seo a chruthú.



*Sí Eibhlín Ní Chlochartaigh as Muighinis, scoláire Árd-Teiste,scríbhneoir an ailt seo.*

**Truailliú dár gcuid féin**

Ach meastú an dtuigeann muidne an truailliú atá muid fhéin a dhéanamh freisin? Is mór an náire dúinn é agus an chaoi atá ar ár dtimpeallacht againn. Na tránna breátha, portaigh uaisle, cladaí rúnda atá muid á úsáid mar láithreáin dumpála. Idir sean-charranna meirigeacha, plaisticí nach leánn leis an aimsir, buidéil ghloine contúirteach

agus neart eile. Meastú an ea nach dtuigeann muid gur ar iasacht atá an domhan againn. Bhí sé ann romhainn agus tá muid ceaptha é a fhágáil mar an gcéanna don chéad líne eile. Ansin sa samhradh tháinig grúpa daoine lena chéile ag glanadh suas trá mhóir Mhuínse. Go deimhin, bhí "job"acu ach, bail ó Dhia orthu, rinne siad togha oibre agus ba mhór an áilleacht í an trá ina ndiaidh. Ach ba cheart nach mbeadh ar aon duine é seo a dhéanamh dá ndéanfadh muid uilig ár gcuid fhéin ó thús.

Agus mé i mo ghasúr, bhíodh mé i gcónaí ag cloisteáil faoi ócáidí agus laethanta móra ceoil agus amhránaíochta a bhíodh acu. Bhíodh "time" ar bun i dteach éigin ar an mbaile uair sa t-seachtain. Is iomaí amhránaí, ceoltóir, scéalaí agus daimseoir cáiliúil sa gceantar a phacáileadh isteach faoi dhíon an tí an oíche úd agus a bhíodh ar bun go dtí ar maidin. Fairíor, níl a leithidí go "time" ar fáil inniú. Bhí an t-aos óg a bhí ag teacht aníos ag cur níos mó suime i rudaí difriúla seachas na buanna cultúir a bhí acu a fhorbairt. B'fhéidir go bé nach raibh an seans acu. Ach tháinig an seans sin i 1986 nuair a bhí Feis Mhór ar bun. Thug an Fheis muinín agus spreagadh do na daoine óga a gcumas a léiriú; thug sí seans dóibh é a fhorbairt agus é a roinnt le muintir an cheantair.

---


*Gach rath ar Coiste Forbartha Chárna*

*ó*

# J.P. MYLOTTE

## Cárna

**Siopa Grósaera agus Crua Earraí**
**Calor Kosangas Rehab Lotteries**
**Socraithe Sochraíde déanta**

32256

# Peadar & Kitty Ó Flatharta

**Doire Né**
**Casla**

Fón: 091 - 72213

**Grósaer agus Beár**

*Comhgáirdeachas le Coiste Forbartha Chárna*

# Céard a dhéanfaidh mé taréis na scoile?

*Tá daltaí na hÁrdteistiméireachta i Scoil Phobail Chárna ag teannadh le táirseach na scoile ... táirseach a fhágfaidh a bhfurmhór taobh thiar dóibh an Samhraidh seo chugainn. Cá bhfuil a dtriall ansin?*

*Is dócha gur mion minic a chuirtear an cheist sin ós árd ... nó ós íseal in intinn an dalta féin, i Scoil Phobail Chárna.*

*As Loch Con Aortha i Irene Ní Bhriain. Tá Irene sa rang Árdteistimeireachta i Scoil Pobail Mhic Dara, Cárna. Ins an alt seo, caitheann sí súil anonn agus anall ar na roghanna atá aici féin, agus ag daltaí eile, théis na Meánscoile*

* * * * * * * * * *

**Slí Bheatha taréis na Scoile**

Tá bliain eile amach romhainn agus tá chuile scoláire atá ag déanamh an chúrsa Árdteistiméireachta ag fiafraí dhó/dhi féin: "Céard a dhéanfaidh mé taréis na scoile?" Is cúis imní é seo go minic. Bíonn brú mór ar na scoláirí chun na poinntí a fháil le dul ar aghaidh go dtí Institiúidí den tríú leibhéal. Ach tá níos mó roghanna ann ná mar a cheapann muid. Tá ár saol amach romhainn ag braith ar roghanna agus ar chinneadh a dhéanann muid nuair atá muid ag an bpoinnte seo inár saol. Dá bhrí sin ba chóir dhúinn cuimse eolais a bhailiú faoina roghanna ar fad atá ann, agus taréis píosa maith ama á chaitheamh ag scrúdú na roghanna seo, ba cheart go mbeadh sé i bhfad níos éasca rogha a dhéanamh. Laghdaítear an brú ansin mar bíonn aidhm leagtha amach ag an scoláire agus oibreoidh sé/sí níos fearr chun an aidhm seo a bhaint amach.

**Roghanna?**

Ach céard iad na roghanna? Tugtar sár-chomairce do na scoláirí faoina roghanna ar fad atá ann. Is féidir dul ag ceann de na coláistí réigiúnacha (RTC) atá ar fud na tíre. Bíonn éagsúlacht mhór sna cúrsaí a chuireann siad seo ar fáil. Caitear dó nó trí de bhlianta sna coláistí seo, braitheann sé ar céard atá tú ag staidéar. Faightear teastas taréis an ama sin. Bíonn an todhchaí sách dóchasúil ag scoláirí a thagann amach as coláistí réigiúnacha agus bíonn roghanna breátha gairme amach rompu.

Rogha eile atá ag scoláirí ná na hOllscoileanna. Tá ceann i nGaillimh, Corcaigh, Luimneach agus is Ollscoil é an NIHE i mBaile Átha Cliath anois chomh maith. Múintear dámhanna éagsúla iontu seo. Tá dhá Ollscoil i mBaile Átha Cliath chomh maith. Caitear ó thrí go sé bliana ag baint amach céime sna dámhanna éagsúla. Cuid de na hábhair is feidir staidéar a dhéanamh orthu ná ríomhaireacht agus cúrsaí ríomhaireachta, teangeolaíocht, feallsúnacht, siceolaíocht, margaíocht agus teangacha agus an oiread eile.

Cuireann roinnt mhaith scoláirí isteach ar na hOllscoileanna ach tá roghanna eile fós ann. Tá réimse mór cúrsaí ann chun scoláirí a mhúineadh ar ábhair ar nós foraoiseacht, garraíodóireacht, díolachán agus díolaíocht, cúrsaí farraige, cúrsaí rúnaíochta agus tá forbairt mhórleathan agus taighde á dhéanamh faoi láthair chun cúrsaí agus ábhair a chur i bhfeabhas. Cuireann "FÁS" sár-chúrsaí ar fáil chomh maith.

**An Comhphobal:**

Tá muid sna naochadaí anois agus tá ré an dóchais buailte linn. Is gearr go mbeidh an Comhphobal Eorapach againn agus beidh, nó ba cheart go mbeadh, chuile scoláire dírithe ar obair a bhéas ar siúl sa gComhphobal. Beidh teangeolaíocht agus margaíocht fíor thábhachtach, chomh maith le ríomhaireacht. Ba cheart go mbeadh chuile dhuine cáilithe in obair faoi leith agus scil a bheith aige. Beidh sé i bhfad níos éasca dul go dtí tíortha na hEoraipe, agus beidh neart roghanna i ndán don aos óg a mbeidh a gcuid oideachais críochnaithe acu.

Rogha eile fós atá ann ná B.Comm. a dhéanamh agus dul isteach i margaíochta as sin. Is post an-mhaith é bainisteoir margaíochta agus tá éileamh mór ann den saghas oibre seo. Ba chóir go mbeadh eolas ar Eagrú Gnó, ceannaitheoirí, seirbhísí, tionsclaíocht agus onmhaireoirí. Is féidir céim a bhaint amach i dteangeolaíocht agus margaíocht i gColáiste na Tríonóide i mBaile Átha Cliath. Beidh post den chineál seo rí-thábhachtach amach anseo agus ba chóir go mbeadh a fhios ag scoláirí faoi.

Níor labhair muid fós faoin saol beannaithe. Caithfidh glaoch speisialta a bheith agat ó Dhia, ach má fhaigheann tú an glaoch seo, tá rogha agat é a leanacht suas nó éisteacht leis. Is cinneadh tábhachtach é seo agus caithfidh an duine smaoineamh go mbeidh air nó uirthi a shaol/saol a thabhairt suas do Dhia. Is cinnte gur rogha é seo atá chomh maith, nó b'fhéidir níos fearr ná roghanna eile.

**Sa mbaile nó i gcéin**

D'éirigh go breá le iar-scoláirí Scoil Phobail Mhic Dara anseo i gCárna. D'imigh siad amach sa domhan oibre agus bhain siad amach gairmeacha beatha agus ceirdeanna breátha dhóibh féin. Tá traidisiún sa scoil i gcónaí go dtéann agus go dtéadh líon mór scoláirí ar aghaidh go dtí cúrsaí den tríú leibhéal. Bíonn éagsúlacht mhór sna cúrsaí a thógann siad, a lán de na cailíní le cúrsaí oiliúna múinteoireachta agus rúnaíochta, agus buachaillí le meas mór acu agus luí acu le cúrsaí oiliúna múinteoireacht in adhmadóireacht agus miotalóireacht i gColáiste Thuamhumhain agus

nádúrtha go leor téann a lán ar aghaidh leis an gceardaíocht. Ach bíonn suim i réimsí eile staidéir agus i gcúrsaí éagsúla eile cosúil le eolaíocht, innealtóireacht, ríomhaireacht, banaltracht agus teicneolaíocht.

Tá go leor imirce ag tarlú sa lá inniú. Fiú amháin má bhíonn scoláirí ag caint faoi leanacht ar aghaidh lena gcuid oideachais ina dtír féin, tá sé intuigthe go mbíonn imirce mar cheann de na roghanna atá ar intinn acu. Is dócha gur rogha é imirce, ach b'fhearr le chuile dhuine dá bhfanfadh an t-aos óg sa tír ar tógadh agus ar fáisceadh aisti iad.

Tá a ndearcadh féin ag scoláirí faoin saol agus an t-slí bheatha a bhéas acu. Tá cúrsaí teicneolaíochta agus eacnamaíochta ag athrú go seasta síoraí, tá athrú ag teacht ar chúrsaí oideachais chomh maith. Tá sé tagtha sa saol go bhfuil rudaí ag athrú go tapaidh agus caithfidh muid coinneál suas leo. Tá uaillmhian dhó/dhi féin ag chuile scoláire. Ba chóir go mbeadh aidhm leagtha amach acu agus a bheith deimhneach faoi. Caithfidh siad a bheith díograsach dá gcuid oibre agus suim agus taithneamh a bhaint as. Ach, in éineacht leis sin, caithfidh muid smaoineadh má theipeann muid uair amháin go gcaithfidh muid uile cur suas "le bua agus le briseadh."

---

## *Coiste Timpeallachta Chárna agus Chill Chiaráin.*

Níl aon chaomhnóirí chomh maith ar an Timpeallacht le muintir na háite féin. Tá go leor cainte cloiste againn faoin timpeallacht ach shíl muide anseo sa gceantar seo gur bhfearr go mór gníomh ná caint. Bunaíodh Coiste Timpeallachta Chill Chiaráin agus Charna i mbliana. Díríodh ar obair dhearfach agus ar obair phraicticiúil. Socraíodh go rachfaí in éadan na dtránna ar dtús. Chuaigh slua síos ar na tránna le fáil amach cé mar a bhí an cás. Ba earraí plaisticeacha, píosa rópaí agus eangacha ba mhó bhí le feiceál. Ba léar gur isteach ón bhfarraige a tháinig siad seo. Ní raibh aon chosúlacht go raibh aon díobháil á dhéanamh do iasc sliogach an chladaigh ná don fheamainn. Bailíodh gach rud a bhí sa gcladach agus tógadh chun siúil iad.

Shocraigh an Coiste leis iarraidh ar an gComhairle Contae comhartha a chur ag béal gach bóithrín chun na trá ag iarraidh ar dhaoine gan brúscar a chaitheamh sa taoille.Ba údar imní leis an droch bhail a bhíodh ar an t-sráidbhaile de bharr mí-chúramacht daoine a d'fhág málaí brúscair thart ann. Na málaí a bhí ag an gComhairle Condae bhíodar ró-bheag agus ní raibh siad in ann don méid brúscair a bhíodh thart. Níorbh aon deá chomharsa na madraí agus na hasail ach oiread mar stróiceadh siad na málaí agus ligtí gach a raibh istigh le gaoth. Níor thaithneamhach an radharc seo go mór-mór do chuairteoirí agus sa deire thiar ba é an sráidbhaile bheadh thíos leis. Socraíodh scríobh ag an gComhairle Condae ag iarraidh ortha scib a chur gar don sráidbhaile a bheadh cóiriúil chun brúscar an bhaile a choinneáil. Tá muid ag fanacht le freagra air seo ach tá súil ghéar go ndéanfaidh siad beart.

Rud eile nach raibh ag cur le slacht an phobail ná an méid sean charranna a bhíodh fágtha go fánach. Chuir an Coiste litir thríd an bpost chuig gach teach ag míniú go mbeadh an Chomhairle Contae sásta na sean charranna seo a aistriú ach cead i scríbhinn a bheith acu ón úinéir. Go dtí seo tá ag éirí go maith leis an iarracht mar tá roinnt mhaith daoine anois ag tabhairt an chead.

Is beag le rá iarracht gach duine anseo nuair a bheadh toradh céadtach air. Is fiú an tairbhe an trioblóid.

*Pádraig Ó Cosgordha – Rúnaí Choiste Timpeallachta Chill Chiaráin agus Chárna.*
*Fón (095) 32234 (baile)*



*Coiste Timpeallachta Chárna ar Thrá Chaladh bhFuighinse. Ó chlé: Colm Ó hUaithnín, Máirtín Ó Catháin, Susan Uí Chatháin, Mairéad Mhic Oireachtaigh, Pádraig Ó Cosgordha, Seosamh Ó Cuaig, Tomás Ó Nídh, Lúí Mac an Iomaire agus a iníon, Jennifer.*

# Joe Éinniú

## Amhránaí Mór na hÁirde Thoir.

Sa mbliain 1919 rugadh Joe Éinniú in Áird an Chaisleáin (An Áird Thoir) i bparóiste Mhuighrois, Cárna. Ceantar é seo ina bhfuil saibhreas béaloidis, amhráin agus scéalaíocht.

Séard a dúirt an bailitheoir ceoil as Meiriceá Alan Lomax faoi Chárna

*"The richest centre of traditional music I have ever come across".*

Fáisceadh Joe Éinniú, ar nós go leor daoine eile, as an traidisiún seo.

Fuair Joe cuid mhaith amhrán óna athair Páraic Ó hÉighnigh. Cailleadh a athair nuair a bhí Joe thart ar 16 bliain d'aois, sula bhfuair sé an stór mór amhrán a bhí aige.

D'fhreastal sé ar Scoil Náisiúnta na hÁirde agus d'éirigh leis scoláireacht a fháil chuig Coláiste i mBaile Átha Cliath.

Fuair sé an chéad duais ag Feis Cheoil na bliana 1940. Fuair sé bonn óir an Oireachtais i mBaile Átha Cliath i 1943 d'amhránaíocht sean-nóis. Tar éis sin chuaigh sé go Southampton, Albain agus Londain ag obair. Thriáil sé go minic obair a fháil in Éirinn ach níor éirigh leis.

Sa mbliain 1964 tharla eachtra 'Róisín Dubh': agus é ag rá an amhráin san Grafton Cinema i mBaile Átha Cliath. Fuair Seosamh 'booáil' ó chuid den lucht éisteachta. Dúirt sé féin ina dhiaidh sin: *"They booed what I was doing, not me."*

B'é a thug an t-amhrán 'Seven Drunken Nights' do na Dubliners, an t-amhrán a thug clú agus cáil dóibh. Freisin, bhí baint aige leis na Clancy Brothers, agus na Furey Brothers agus chaith siad go leor ama i dteannta a chéile.

Chuaigh sé go Meiriceá i 1966. Chas sé ar Folk Festivals cháiliúla i Newport agus i Philadelphia le Liam Clancy, Bob Dylan aagus Joan Baez, agus ag mór-fhéilte eile.

Bhí sé ar chláracha teilifíse coast to coast m.sh. 'The Merl Griffin Show".

Rinne sé ceirníní leis an Topic label agus, an-tábhachtach ina shaol, le Gael Linn. B'é ceann de na chéad amhránaithe a bhí acu ar na '78's. Thug Roibeárd Mac Górán cabhair dó le seo. Chuir Gael Linn chun cinn é mar amhránaí. Rinne Máire Davitt bainistíocht air nuair a bhí sé in Éirinn.

Fós, níor éirigh leis obair a fháil in Éirinn aon uair a dtug sé cuairt ar an mbaile.


I 1977 fuair sé an "Eisteddfod Award" ó Massachussettes University, USA ar son a "contribution to the perpetuation of Traditional Music".

I 1980 thosaigh sé Léachtóireacht dhá bhliain ag Wesley University, Connecticut ar "Irish Language, Culture and Traditional Singing".

I Meitheamh 1982 bronnadh an National Heritage Award air ón United States National Endownment for the Arts.

Bhí sé in Éirinn ag an am agus bronnadh é seo air san American Embassy. An tAmbasadóir a bhronn an duais air. Ag an am seo bhí sé ar saoire ó job nua insan Department of Ethnic Music san University of Washington i Seattle.

An t-am ar cailleadh é bhí sé ag obair le céimithe ar leabhar amhrán traidisiúnta le haistriúchán agus autobiographical notes agus reflections.



B'é a mhór-choinne deireanach sna Stáit ná i San Francisco mí na Samhna '83. Sa mbliain sin d'eagraigh Gael Linn coirmcheoil mhór dó sa gCeoláras Náisiúnta le ceoltóirí agus amhránaithe eile.

Cailleadh é mí na Bealtaine 1984, aois 64 bliain.

Bhí tréith láidir ag Joe i gcaitheamh a shaoil, bhí sé dílis dá dhúchas agus dá cháirde.

Agus is iomaí cara leis a bhí ag béal na huaighe an lá ar cuireadh é i reilg Mhuighrois. Thug a chara mór agus a chomharsa Seán 'ac Dhonnchadha óráid an lá úd.

Is mór an onóir é do ghaolta agus cáirde Joe go bhfuil leithéide Mhichíl Uí Chuaig ag eagrú ócáid bhliantúil i gcumhne Sheosaimh uí Éanaí.

Bhí sé i gcónaí ag iarraidh obair a fháil in Éirinn, áit a raibh a chroí i gcónaí ach ar nós go leor Éireannaigh eile, is mó aitheantais a fuair a shaothar i Meiriceá ná sa mbaile le linn dó a bheith beo.

Bhí sé an-bhródúil as a mhuintir agus a pharóiste i gCárna. Is cinnte, sna blianta amach anseo, gur ábhar bróid é cuimhne Sheosaimh i measc a mhuintire dúchais freisin.

*S. Éinniú*



*Nach n-aithneófá i gcónaí é! An tAthair Pádraig Ó Dúbhshláine, Sagart Cúnta Chárna ina fhear óg.*



*Gasúr i gCárna. Séimín Mheaic ina ghasúr beag – beannacht Dé lena anam.*



*An bhliain 1943 – an tAthair Tom Keyes ar dheis agus Tom Clancy ar chlé agus iad réitithe le dhul ag foghlaeireacht.*



*Tá beirt as an bpictiúr seo a tógadh i gCárna sna seascaidí ar shlí na fírinne anois. Ó chlé: Máirtín Berry (R.I.P.), Seán Geoghegan, Ciarán Ó Cualáin as Cárna agus Seosamh Ó Cualáin as Muigh-Inis (R.I.P.).*



*Pictiúr a tógadh taobh amuigh do Ti Mheaic i gCárna ... Johney Greene as Muigh-Inis agus Éamon Mheaic ar a ghualainn aige agus Bríd Bean Uí Chaodhna as Gabhla.*



*Sa bpictiúr seo ... Joe Mhaidín as Fínis ar chlé; Máirtín, Séimín agus Éamon Mheaic ina ngasúir; Festy Toole as Gleann Tuircín, an Caiseal ar dheis.*



*James Mongan as Cárna, deartháir do Josie Mongan, T.D. agus duine de chlann Mheaic (níl muid cinnte cé acu) ina ghabhail aige.*

# Buaiteoirí i gComórtais Sean-Nóis an Oireachtais le Chúig Bhliana Fichead

An té a bhéadh ag iarraidh cur síos ceart a dhéanamh ar sheanchaithe, ar amhránaithe, ar dhaimseóirí agus ar cheoltóirí Chárna agus Chill Chiaráin, níor mhór dó Irisleabhar iomlán a bheith aige agus gan aon ábhar eile a bheith le cur inti ach an méid sin amháin. Go deimhin, b'fhiú go mór cuntas chomh hiomlán agus a b'fhéidir a chur le chéile agus a fhoilsiú bunaithe ar an ábhar sin amháin.

Níl muid ach ag caitheamh leath-shúil ar chuid amháin de chumas ceoil agus amhránaíochta an cheantair seo san Irisleabhar seo, agus níl sa méid sin ach sampla beag dó. Bheartaigh muid a dhul siar chúig bhliana fichead agus liosta do dhaoine as an bparóiste seo a bhua an chéad duais agus an dara duais i gcomórtais sean-nóis an Oireachtais a thabhairt anseo. Seo é an liosta sin:

**Amhránaíocht Sean-Nóis Fir**

| | | |
|---|---|---|
| 1964: | 2ú áit | Máirtín Ó Cosgordha, Cárna |
| 1968: | 1u áit | Seosamh Mac Con Iomaire, Cill Chiaráin |
| 1972: | 2ú áit | Máirtín Ó Cosgordha, Cárna |
| 1976: | 1ú áit | Seosamh Mac Donncha, Áird Thoir |
| 1977: | 1ú áit | Seosamh Mac Donncha, Áird Thoir |
| 1978: | 1ú áit | Seosamh Mac Con Iomaire, Cill Chiaráin |
| 1979: | 1ú áit | Seosamh Ó Flatharta, Cill Chiaráin |
| 1980: | 2ú áit | Seosamh Ó Flatharta, Cill Chiaráin |
| 1982: | 1ú áit | Seán Mac Donnacha, Leitir Árd, Cárna |





*Seosamh Mac Donnchadha - Josie Sheáin Jack i gcuideachta a bhean chéile ~~[illegible]~~ NORA. Thug Josie Corn Uí Riada go hIorras Aithneach fresin.*



*Seán Mac Donnchadha - Johnny Mháirtín Larry as Leitir Árd, duine eile de Sheaimpíní Oireachtais an cheantair. Sa bpictiúr seo tá Johnny ag dul thar lear ar thuras ceoil.*



*Máire Ní Eidhin as Cill Chiaráin - chroch sí an Corn mór léi ón Oireachtas fresin.*



*Seosamh Mac an Iomaire - Joe John as Coill Sáile, Seaimpín Oireachtais.*

| | | |
|---|---|---|
| 1986: | 2ú áit | Dara Bán Mac Donncha, Áird Thiar |
| 1987: | 2ú áit | Dara Bán Mac Donncha, Áird Thiar (roinnte) |
| 1988: | 1ú áit | Risteárd Ó hEidhin, Cill Chiaráin |

**Amhránaíocht Sean-Nós Mná**

| | | |
|---|---|---|
| 1964: | 1ú áit | Mairéad Ní Bhriain, Cill Chiaráin |
| | 2ú áit | Máire Ní Eidhin, Cill Chiaráin |
| 1965: | 1ú áit | Máire Ní Eidhin, Cill Chiaráin |
| 1977: | 1ú áit | Áine de Búrca, Ruisín na Maithníoch |
| 1980: | 2ú áit | Treasa Ní Cheannabháin, Cill Chiaráin |
| 1986: | 1ú áit | Áine Nic Dhomhnaill (de Búrca), Ruisín na Maithníoch |
| 1987: | 1ú áit | Bríd Ní Cheannabháin, Áird Thoir |

**Corn Uí Riada**

| | |
|---|---|
| 1965 | Máire Ní Eidhin, Cill Chiaráin |
| 1977: | Seosamh Mac Con Iomaire, Cill Chiaráin |
| 1978: | Seosamh Mac Donncha, Áird Thiar |
| 1982: | Seosamh Mac Donncha, Áird Thiar |
| 1985: | Seán Mac Donnacha, Leitir Árd |



*Sa bpictiúr seo tá P.J. Ó hIarnáin agus Marcus Ó hIarnáin as Ruisín na Maithníoch, Cárna - ceoltóirí a bhfuil a gcáil goite i bhfad is i ngearr. Tá P.J. áirithe ar dhuine de na fir bosca is fearr a chasann ceol Gaelach agus tá craobhacha na hÉireann buaite ag Marcus ar an bhfeadóg mhór. Ní ón ngaoith a thóg na hIarnáin an ceol. Is cuid den tseanchas thart anseo é uncail mháthair P.J. agus Marcus, Pateen Pháraic Mháirtín as Fínis a bhain ceol as an mbosca ag míle beag damhsa san aimsir a caitheadh.*

*Níl aon "Bhand" oifigiúil i gCarna ach nuair a thagann an "Band" in éindí, mar a tháinig cúpla geábh le bliain anuas, is deacair iad a shárú ... Máirtín Chualáin ar an mbosca ceoil; Pádraig agus Tomás Ó Ceannabháin as an Áird Mhóir ag píobaireacht agus ag baint nótaí draíochta as an bhfeadóig mhór; Seosamh Ó Ceannabháin (mac Mhichael Mháire an Ghabha) ceoltóir óg cumasach; Cóilín Ó Cualáin as Muighinis ar an bhfeadóig mhór freisin; Nóirín Uí Shúilleabháin ar an bhfeadóg stáin agus cár fhága tú Michael Mháire an Ghabha nó Pádraig Tom Photch? Is minic le Johnny McKiernan, a bhfuil a chuid rútaí go doimhin i mbaile an Choillín, a bheith thimpeall chomh maith. Sin iad na hainmneacha is túisce a thagann ar bharr mo theanga ach, tá ceoltóirí eile ann nach mealltar amach mórán agus tá togha na gceoltóirí óga ag teacht ar an stáitse ag an Feiseanna. Sa lá atá inniu ann, tá Máirín Bean Uí Dhúbhda agus Nóirín Ní Shúilleabháin ag cur snas ar an mianach nádúrtha ceoil atá sna daoine óga seo.*

*Ar ais chuig P.J. agus Marcus Ó hIarnáin. I Sasana atá Marcus faoi láthair agus tá cónaí ar Ph.J. i gContae Shligigh.*


*Le deá-mhéin ó*

# Banc Aontais Éireann

## Clochán

**095 - 21120**

Bainisteoir : Seán Ó Briain

**Chuile cinéal seirbhísí baincéireachta**



**Banna Ceoil na nOgánach i gCárna sna Seascaidí**

*An líne tosaigh ó chlé: Marian Ní Nídh, Éamon Ó Méalóid, Máirtín Ó Cualáin, Séaimín Ó Méalóid, Gearóid Geoghegan, P.J. Ó hIarnáin, Máirtín Ó Cuirrín, Michael Coleman Ó Cualáin, Seosamh Ó Loideáin (Ruisín na Maithníoch) agus Máirín Ní Loideáin.*

*Caithfidh sibh féin a bheith ag ainmniú an chuid eile acu. Dála an scéil an aithníonn sibh an tríú cailín ó thaobh na láimhe deise sa ceathrú líne siar – sin í Máire Geoghegan ag casadh na feadóige!*

**Coiste Ceoil Iorras Aithnigh**

Bunaíodh Coiste Ceoil i mí Meithimh 1989 chun uirlisí ceoil a chur ar fáil do ghasúir an pharóiste. Sé an príomh aidhm atá ag an gCoiste ná uirlísí éagsúla a chur ar fáil do ghasúir ar feadh treimhse áirithe sa gcaoi go mbeadh seans acu a dtallann féin a fhorbairt. Chomh maith leis sin is féidir leo uirlísí difriúla a thriáil amach gan iad a cheannacht ionas go bhfeicfidh siad an bhfuil siad feiliúnach dóibh. Tá muid fíor-buíoch do Roinn na Gaeltachta as ucht an deontais a thug siad dúinn. Tá ag éirí go maith leis an obair atá idir lámha againn.

*Noirín Uí Shúilleabháin*


# GLÓR NA nGAEL

Ar fud na tíre tá Glór na nGael faoi bhláth. Daoine ag tarraingt le chéile chun an Ghaeilge a chur chun cinn. Sa bhaile. Sna siopaí. Ar chlós na scoile. Ranganna, ceoilchoirmeacha agus chuile shórt imeachtaí á n-eagrú acu chun an teanga bheo a choinneáil i mbéal an phobail.

Seo cuireadh duitse páirt a ghlacadh san obair thábhachtach seo. Beidh fáilte romhat is roimh do phobal isteach sa chomórtas. Tabharfaidh bhur dtimire áitiúil cabhair agus comhairle daoibh. Cá bhfios nach mbainfidh sibh duais amach don iontráil nua is fearr?

**Eolas:** Glór na nGael
Áras na Comhdhála,
86 Sráid Ghardnar Íocht.,
Baile Átha Cliath 1
Teil: 01 - 365572 Facs: 01 - 366846

# ACM

# ROOFING

Seo iad na saineolaithe ar chúrsaí díonta
Comhairle agus Luacháil saor in aisce

glaoigh air : 095 – 32251 nó 098 – 25381
Fax: 095 32341

**SÉAMUS BREATHNACH,B.E.**

**le aon fhadhb atá agat le do dhíon**

*Comhgháirdeachas le Coiste Forbartha Chárna*

# Ceangal Croí leis na Beanna

Máirtín Ó Catháin

*"Nach deas an radharc iad na Beanna Beola, maidin Fhómhair le éirí an lae:*
*Nuair a scallann an ghrian orthu mar scáilí ómra, mar chlóca ór-bhuí chun iad a ghléas.*
*Is uasal, uaibhreach ina seasamh ansiúd iad, ag dearca anuas ar na bánta réidh;*
*Mar laoch dána, a gceann in áirde, ag coinneáil gárda ar an tír go léir."*

**********

Bhíodh an Máistir i ndoras na scoile, a láimh árdaithe aige ina scáth in aghaidh na gréine agus é ag baint lán a shúl as ... b'shin í an cheist? B'shin í an cheist a chuireadh muide, gasúir Ghabhla orainn féin agus muid ag baint as i dtreo na scoile. Go deimhin, seans gur mhinic linn a bheith buille beag mall. Bhí sórt barúil againn go raibh an cead sin againn. Is nach raibh ionann agus trí mhíle súil orainn ó d'fhágadh muid an baile nó go sroicheadh muid scoil Bharr Linnín, nó scoil Ghlinnsge mar a thugtaí uirthi go hoifigiúil. Dá mbeadh air féin é a shiúl ar maidin? Dá mbeadh ... b'fhurasta labhairt leis nuair a leagfadh sé a "shatchel" isteach faoin suíochán! Ach cé'n mhaith ag caint. D'fhiafródh an Máistir díot cé'n t-am ar fhág tú an baile ... sea, agus má d'fhág tú an baile in am mhaith, cé'n mhoill a bhí ort. B'é díol an diabhail é a theacht slán ó chuile cheist agus cé'n bhrí ach chaití bréaga a chothú le bréaga eile. Scaití eile ansin ní bhacfadh sé leat. Ní ort a bhíodh sé ag faire i dháiríre. Bhíodh rud éigin eile ar a intinn aige agus é ag breathnú amach ó thuaidh. Ba mhinic leis lán a shúl a bhaint as an gcriathrach fada, fairsing a shín amach go spéir ó thuaidh de Scoil Ghlinnsge. Bhí tú ag súil i gcónaí go mba ar na cnoic agus nach ar ghasúir Ghabhla - mall aríst - a bhí Seán Ó Ceoinín (Johney Simon) ag breathnú agus é ina sheasamh sa doras ag caitheamh súil amach ó thuaidh ar maidin.

## Cuimhní cinn

Ba mhinic le Johney seasamh sa doras sin agus staidéar súl a dhéanamh ar an dá bhínn déag agus ba aige a chuala mé na bhéarsaí úd ... "nach deas an radharc iad na Beanna Beola ..." an chéad lá ariamh. Bean as a bhaile dúchais féin, Máire Ní Ghuairim as Ruisín na Maithníoch a chum na bhéarsaí. Solas na bhFlaitheas d'í féin agus do Johney Simon anois. Tráthúil go leor, ba amuigh faoi scáth na mBeanna Beola - Tigh Mhaisie (iar scoláire leis féin) ar an Sraith Salach a tháinig "gasúir" Ghabhla, Ghlinnsge agus Leitir Árd le chéile i gcuideachta a bhean Caitríona, a mhac Síomón agus a iníon Mairéad in ómos do Johney go gairid théis dó bás a fháil ar an 15ú Iúil, 1988. Chuimhnigh muid arís ar na maidineacha sin - an chuid againn a bhí ansin mar bhí go leor eile nach gcónaíonn sa tír seo anois - agus an scoil dúnta anois agus an Máistir ar shlí na fírinne, nach iontach nach raibh fanta de cheangal idir na maidineacha sin ach na Beanna árda, maorga agus iad go síoraí ag gárdáil na dúiche síos ó dheas.

## Teorainneacha agus bóithre

Shilfeá gur in aon turas a cuireadh ansin iad le fál a chur idir thú féin agus an ríocht diamhrach sin a bhí ar an taobh eile dóibh. Ina n-gasúir, shíl muid go mba ar bharr na mBeanna a bhí teorainn an domhain seo. Bhí na Beanna ina gciorcal thimpeall ar shamhlaíocht an ghasúir ... ansin ag éirí duit ar maidin agus ansin nuair a mheall an tuirse thú isteach abhaile tráthnóna fada Samhraidh. B'fhéidir gur ar a gcúla a bhí na Flaithis....

Le himeacht aimsire, thuig tú go raibh saol mór, millteach eile taobh thoir do na Beanna. Céad agus míle uair, thaisteal tú an bóthar a thaisteal tú san Earrach, sa Samhraidh, sa bhFómhar agus sa nGeimhreadh. B'é an bóthar sin faoi bhun na gcnoc a thug tú chuig chuile chineál ócáide. Threabh tú an bóthar sin i chuile chineál aimsire - na Beanna sa spéir ó thuaidh duit - na Beanna Beola ... an dá bhínn déag.

An dá bhínn déag - b'é Pádraig Ó Máille as Both Íseal, an Sraith Salach an chéad duine ariamh a chuala mé dá n-aimniú ceann i ndiaidh an chinn eile. Chuaigh Pádraig chun na scoile i gCárna. B'fhada an aistir í ar rothar agus ba mhinic a théadh sé i gcaitheamh an bhealaigh síos agus aníos ar an rothar céanna. B'iontach crua an lad óg a bhí ann san am ach dá phaiteanta ina rothaí é, shúifeadh na bóithre fada an spreac as a chnámha óga scaití. Sheasfadh sé agus leagfadh sé a dhá uillinn ar an rothar agus chaithfeadh sé a shúile i dtreo an bhaile, i dtreo na gcnoc. Ansin d'ainmneódh sé iad ceann i ndiaidh an chinn eile. "An Bhínn Bhán, Bínn Dhoire an Chláir, Bínn Leitrí, An Bhínn Dhubh, Bínn Bhriain, Bínn Gabhar, an Bhínn Bhreac, Meacanacht, Binn an Chora Mhóir, Bínn an Chora Bhig, Binn Guaire, Bínn na Cailligh.

Ba ghearr é seal Phádraig faoi bhun na nBeánn.

Chuaigh sé go Sasana go hóg. Bhásaigh Pádraig go tragóideach i dtimpist ina theach cónaithe i Londain bliain go ham seo. Cuireadh é i mí na Samhna anuraidh amuigh faoi scáth na gcnoc i reilig Bhéal an Átha Fhada. Ba chiúine an lá sin ná an bás féin. Bhí beagáinín cruais san aer, an raithneach seargaithe ar an mBínn Bhán – an Geimhreadh.

**Ag athrú leis na séasúir**

Is iomaí sin dreach a bhíonn ar na cnoic – scaití folctha i síor-dhórtadh báistí, snoite go gléineach scaití eile ag an sioc, caitheann siad caipín bán sa nGeimhreadh, plúchann an ceo iad scaití eile agus ansin ar thrathnóna breá Samhraidh bíonn siad mar a bheadh siad ag luascadh i ró-samh teaspaigh. Is álainn iad na Beanna tráthnóna Samhraidh ach feictear dom nach bhfaca mé anam na mBeanna chomh soiléir ariamh is mar a bhí siad oíche gála móir sa nGeimhreadh.

Oíche Eanáir ar an mbóthar fada ón gCoill Mhóir go dtí an Sraith Salach ar chúl na mBeanna – gála gaoithe aniar aduaidh ag stróiceadh aniar an Gleann Eighneach agus múraíl fhiáine ag lascadh na gcnoc.

Ansin scaipfeadh an ropadh gaoithe na clabhtaí agus d'éalódh an ghealach amach ós cionn na mBeánn mar a bheadh lóchrann draíochta ann. Ach, ní mhairfeadh an solas ach seal beag gearr. Mhúchfaí an lóchrann mar a d'éalódh brionglóid le drúcht na maidne agus d'fháiscfeadh brat dorcha anuas ar na Beanna. Draíocht agus dorchadas. Níor ceapadh amach aon fhocla a mhíneódh é ... agus beidh na Beanna ina dtost go brách.



*Na Beanna Beola*

## *Ionad Tuismitheoirí/Múinteoirí Pharóiste Mhuighrois*

Thosaigh na múinteoirí i bParóiste Mhuighrois ag teacht le chéile i gceardlann sé bliana ó shin. 'Sé an fáth ar thosaigh siad ag teacht le chéile ná chun ábhar praiticiúil a chur ar fáil do ghasúir arbh í an Ghaeilge a gcéad teanga.

'Sna sé bliana seo tá an sraith leabhar "Bundailín" curtha le chéile chomh maith le scéim nua do mhúinteoirí agus do thusimitheoirí "Ag Réiteach i gComhair na Scoile".

Thug Muintearas chuile chúnamh leis an obair seo agus bhí múinteoirí i gCeantar na nOileán ag obair leis na múinteoirí i bparóiste Mhuighrois i gcur le chéile na leabhar seo.

Go dtí seo 'siad na múinteoirí a bhí ag teacht le chéile ach le bliain nó dhó anuas tá múinteoirí agus tuismitheoirí ag teacht le chéile i gceardlann chun ábhar a réiteach le n-úsáid leis na gasúir sa mbaile.

Tá Ionad Tuismitheoirí/Múinteoirí bunaithe anois sa seomra breise i S.N. na hÁirde Móire. Tá sé i gceist go mbeidh an seomra seo "Seomra Sheáin Uí Cheoinín" dá úsáid mar ionad oideachais do thuismitheoirí agus múinteoirí an cheantair.

# Ag forbairt na Feamainne

Chaith mé seachtain sa mBriotáin sa bhFómhar ag déanamh staidéir ar thionscal na feilméireachta éisc ann agus ar thionscail eile atá bunaithe ar shaibhreas na farraige. Tionscail iad uilig a bhfuil go leor le foghlaim ag an bpobal seo astu.

Míníodh an obair dhúinn atá á dhéanamh sa mBriotáin ar shíolrú muiríní agus spáineadh dhúinn an chaoi a bhfuil na mílte mílte cinn óga á gcur i gcuanta feiliúnacha. Cuan Chill Chiaráin agus Cuan na Beirtrí Buí a bhí ag rith trí m'intinnse agus mé ag éisteacht leo.

Thug muid cuairt ar thionscail diúilicíní ann, ar fheilm turbard (£10,000 an tonna a théann siad) agus tugadh mioneolas dhúinn faoin tionscal mór oistrí Seapánacha atá sa tír. Insíodh scéal suimiúil dhúinn faoi chineál áithrid crosáin a itheanns na crosáin eile agus tugadh isteach i saotharlann muid gur taispeánadh dhúinn an obair atá ar bun leis na "super-crosáin" seo a shíolrú.

Lá eile tugadh ag feilm fheamainne muid agus léiríodh na tionscail dhúinn atá bunaithe ar an bhfeamainn. Tá coirrleach thirim ag gabhail idir £500 agus £2,000 an tonna ann. Ón saitilít atá amuigh sa spás a fhaigheann siad amach cén áit is fearr a bhfuil an fheamainn ag fás. Tógann an t-saitilít pictiúir agus tugtar an t-eolas chun cruinnis le ríomhairí. Agus tá croisín meicniúil




*Seo é an "scooby do" nó an croisín meicniúil choirligh atá i gceist ag Seosamh Ó Cuaig. Tógadh an pictiúr seo ar chósta na Briotáine sa bhFrainc.*

acu leis an gcoirrleach a bhaint. An *"scooby-do"* a thugtar air (pictiúr leis seo).

Dúradh linn go mbíonn beirt fhear in ann pái mhaith bliana a dhéanamh ag baint choirlí leis an gcroisín seo agus á triomú le haghaidh an mhargaidh.

D'fhoglaim muid go leor ar an turas ach cén mhaith sin mura gcuirtear an t-eolas ag obair. Feictear dom féin go bhféadfaí leas a bhaint as an teicneolaíocht seo sa taobh seo siar.

*Seosamh Ó Cuaig*

*Gach deá mhéin ó*

# E & E Connolly

**Leitir Árd, Caiseal, Conamara**

**Fón 095-32315**

Tógálaí agus Innealtóireacht Shibhialta
Inneallra ar Cíos
Saor Mheastúcháin

# ÓRD MHALTA

*CRAOBH CHÁRNA*

Ag tabhairt seirbhíse do mhuintir an phobail

Ag freastal ar chóras pobail othar-chairr

Beidh fáilte roimh bhaill nua amach anseo.

*An leathanach seo urraithe ag an Dr. Micheál Ó Cathasaigh, Cárna*
*095 – 32281 in Ionad Sláinte Chárna*

Glacadh le othair phríobháideacha freisin.

# *Siar le Cladaí Chonamara*

Séamus Mac an Iomaire as an Meall Rua

*Ba as Meall Rua i Muigh-Inis é Séamus Mac an Iomaire. Sa mbliain 1938 a foilsíodh a leabhar "Cladaí Chonamara". Tá an leabhar seo molta de bharr an chur síos breá atá inti ar gach a bhfuil sna cladaí thart le cósta anseo. Sa bpíosa seo as an leabhar "Cladaí Chonamara", insíonn Séamus dúinn faoin oileán inár rugadh agus inár tógadh é féin.*

* * * * * * * * * *

**Muínis**

Is mór an lán oileán atá i gCuan na Gaillimhe in iarthar na hÉireann, agus tá fúm cur síos beag a dhéanamh ar cheann de na hoileáin seo a raibh mé i mo chónaí air tráth den tsaol. Feicim le súile m'intinne anois féin na botháin úd, agus na hoileáin agus na radharcanna áille a bhí i mo thimpeall an t-am úd i Muínis. Is maith a fheileas an t-ainm Muínis, i.e. maigh (má) + inis, mar is má bhreá chothrom réidh atá i go leor de agus an fharraige mórthimpeall. Tá sé tuairim dhá mhíle ar fhad agus míle go leith ar leithead. Má tá dumhach nó má féin ann, ní fhágann sin nach bhfuil go leor áiteacha achrannacha garbha ann, ardáin agus ísleáin, ailltreacha móra agus beaga, agus clochar cloch go mírialta anseo is ansiúd.

Ar an taobh ó dheas agus thiar is fiáin garbh an t-imeallbhord é. San áit a raibh an talamh bog tá sé ite isteach ag oibriú na farraige. Aircíní a thugtar ar na mantanna sin atá ag síneadh isteach tríd an talamh mar a bheadh géaga ón muir agus fiacla dalba dána crua de mhulláin mhóra eibhir ag síneadh amach agus ag tabhairt dhúshlán na mbristí. Is cosúil le calaí i gcomhair bád na haircíní céanna. Cúng go maith sa mbéal isteach, agus fairsing taobh istigh, ailltreacha arda ar gach taobh le foscadh a dhéanamh, agus áiteacha anseo is ansiúd le theacht i dtír. Níl an t-imeallbhord ar an taobh thoir ná ó thuaidh chomh fiáin sin. Tá roinnt dídine ann ó aghaidh na teiscinne móire.


In aice na mara is líonmhaire atá na tithe, mar is ón bhfarraige is mó atá cothú na ndaoine. Saothraíonn siad a mbeatha go crua le hiascach is ceilpeadóireacht, go moch is go mall le soineann is doineann, amuigh ar ucht árd na dtonn, agus a gcois go minic ar bhruach na huaighe.

Maidir le talamh, níl sin acu ach an fíor bheagán, na garranta beaga líonta le clocha, agus in áiteacha gan troigh ar domhain sa bhfód. An talamh gainimh, níl mórán brí ná maitheasa leis le haghaidh bárr ar bith. Ach mar sin féin bliain chóiriúil fásann na fataí go maith. Feamainn atá mar ábhar leasaithe agus deirtear gur maith an leasú í freisin.

Níl mórán de mhaoin shaolta ag an dream seo ach ag stracadh leis an saol go hanróiteach. Ar feadh an tsamhraidh agus an fhómhair saothraíonn siad beagán ach is gearr le ghabháil é an chuid eile den bhliain. Drochdhlithe agus tíorántacht, a bhí á n-imirt orthu leis na céadta bliain, a d'fhág go dona iad.

Maidir le cíos is cáin, níorbh fhiú trácht orthu ar ghualainn na ndrochghníomhartha eile. Bánaíodh an áit tráth, dála mar a rinneadh le go leor áiteacha eile ar fud na hÉireann. Díbríodh na daoine amach as a gcuid gabháltas agus leagadh a gcuid tithe. D'fhulaing siad a lán pionóis agus céasadh ó bháillí an tiarna agus ó bhuíon na ngróití iarainn, a bhfuil lorg a láimhe le feiceáil go soiléir go fóill; seanbhallaí loma uaigneacha a bhfuil an t-eidheann agus an caonach ag fás taobh amuigh, agus neantóga taobh istigh. Rinneadh feall mór, ach deir an seanfhocal "go bhfilleann an feall ar an bhfeallaire."

Timpeall le cheithre fichid teach atá ar an oileán seo agus iad suite go deas te teolaí cois na mara. Tithe ceann tuí a bhformhór. Cuirtear díon nua orthu i gcónaí faoi Shamhain, nuair a bhíos an geimhreadh agus an drochaimsir ar ghoirt an bhaile mar "ní hé lá na gaoithe lá na scolb." Tá suim blianta ó shin, cuireadh droichead ag greamú an oileáin le talamh na tíre. Roimhe sin b'aistreánach an áit é, mar chaití iomlacht a dhéanamh le báid le rud ar bith a chur amach ná a thabhairt isteach.




*Pictiúr do Sheó Chapaillíní Chonamara sa bPlantation i gCárna (an pháirc pheile anois) i 1946.*

# ÓSTÁN AN DÓILÍN

An Cheathrú Rua

(091) 95169




BIALANN.

***Rogha an Óil — Togha an Cheoil***

*Oscailte ar feadh na bliana*

*Ceol gach deireadh seachtaine*

**Déanfar freastal ar gach cineál ócáid,**

**Partaí nó Bainis suas go 300**

SPRAOI — SPÓIRT — CRAIC

***Tá an dá Dhóilín ann.***

# DHÁ MHÁLA PULP

*Gearóid Ó Cosgordha, Comharchumann Chonamara Thiar Teo.*

Atá gan amhras beatha beithíoch ann-ann ar a dtugtar pulp. Atá gan amhras pulp go maith ag na beithigh. Atá. Agus atá an pulp le díol i málaí móra mí-stuama. Atátá. Gan amhras.

A bíonn mé féin gusgus an mála pulp ag walsáil go minic. Ní mór greim docht. Lámh ar an ngualainn; lámh faoi, lámh faoin ascaill chlé, an smig-smig-smig ina lámh, lámh lastuas, lámh lastall, lámh lasbhus, lámh lách, lámh lag, lámh ligthe. Mórmór m'allas, mórmór m'anachain, mórmór mo cheol ag dul trasna an urláir faoi ualach. A-bíonn an ceolceol bríomhar, buíoch.

*"Buíochas, pulpbhuíochas, pulpbuíochas, pulp-pulp.*
*Lastas, mórlastas, mórlastas, mór-mór.*
*Biatas, breábhiatas, breábhiatas, breá-breá*
*Do smuit-smuit, smuit-smuit-smuit, smuit-smuit-smuit, smuit-smuit.*

Gan tionlacan.

Bhí mé ag déanamh isteach Tigh Mhóráin oíche ag oíche cheoil is gan tada idir an dá chluais ach 'Lord Gordon'. Bhí mo chloigeann liom, rud is annamh. É adúirt: "Tá Fellistene Feilistrum ag teacht anall." Níor chuala mé tada ach 'Lord Gordon'. "Tá Fellistene Fhellistene Jhennifer ag teacht anall 'nall", arsa mo chloigeann liom arís". Labhair sé sa D árd - é faoi bhrú. Sula raibh seans agam an D árd a mheas, bhí Fellistene os mo chomhair amach. Adúirt. "An dtabharfá dhá mhála pulp a'm? "Céadr", a deirimse, fós fuaite i 'Lord Gordon'. "Dhá mháála puchkk a thabhairt chugam", arsa sí, an draíocht-sí. Sa D árd.

Smugairle 'puchkk'.

Is iomaí ssmugairle-leagan ar an bhfocal 'pulp:- 'pup', 'poc', 'puc', 'ppullkp', 'pochaide', 'bocalaero', 'pochalaero', 'puckadoo', 'phuchh', 'phuchhp', 'phuchk', 'puchkk', 'puchp', 'puchhlpkkc', 'puch'. Bhí sé seo ulig ag rith leis an mbosca cinn ... ach ansin thosaigh P.J. ar na 'Bucks' agus bhí mé bailithe. Ghlaoigh mo chloigeann ar ais orm: "Atátáta Felly Feilistrum Sí Óg Sí Bean chroíúil aghaidh chroíúil aghaidh romhat." "Bucks atátá P.J. ", arsa mise ceol 120%.

"Dhá mhála pulp, maith 'fear", arsaAa Felly arís, fós foighdeach.

"Ceatr" , adeirimse, "amárach."

Ach, Amárach, Arú-amárach. Arú-arú-amárach. Arú faoi thrí, faoi cheathair, faoi chúig, faoi sé. Seachtain caite.

Agus. Seachtain lá arna mhárach agus bhí mé féin agus an veain ag bogshodar siar an bóthar:-

*Sodar-veain, sodar-veain, sodar sámh-sámh;*
*Gordon-Lord-Gordon sodar sámh-sámh;*
*Felly-Fell-Felly ag sodar san aer*
*Le lámha, lámh-lámha, lámha stop-stop.*

Measmeas mo mheas ar an stad seo. "Céadr? adeirimse. "Dhá mhála pulp. An gcuimhníonn tú? do fiafrais sísí. "Dár fírinne an fhocail...", ach sin ar dhúirt mé. D'fhéach mé. Smaoinigh mé. Chartaigh mé an bosca cinn. "Dhá mhála pulp ... Tigh Mhóráin???" arsa Fellistene go mórfhaisnéiseach.

Fuair mé.

"AhAhAhAhAhAhAhAhAhAhAhAHHHH", arsa mise, "mo ómós duit". "Tá ómós againn dá chéile, tá's agam sinn", arsa sí, an sí ómósach. "Rinne mé dearmad dearmad dearmad dearmad dearmad glan glan glan glan glan. Mo ómós ómós duit ... Ahahh ... 'Lord Gordon', 'The Bucks of Oranmore', ... agus P.J. ... tá's a'd", arsa mise ómósach.

"Tuigim", arsa Fellistene, "...ach.."

Mór an 'Ach'...

"... ach mór-ocras na naoi mbudóg meata."

Ciúnas agus cráifeacht.

"Céard é mo phionós", arsa mise, "mar is dona liom mór-ocras na naoi mbudóg meata."

"Mar phionós", arsa sí, "beidh ort mála amháin a thabhairt go Jennyville, sean-fhothrach tí mo mhamó, i Loch an Bhuí - in aice le Seanach Dómhnaill ..."

"Dia dá réiteach", (mise a rá seo faoi líonrith, go Loch an Bhuí le compás is asal. Agus ???"...

..."Agus. Agus an dara mmMáAllaA Puch .. a . ithe. Tú féin.

"Mé féin, mé féin??"...

"Tú féin, tú féin, tú asal, tú asal."

"Mé féin, mé féin, mé bullán, mé stumpa de laoi." ....'MÉ STUMPA DE LAOI !... MÉ STUMPA DE LAOI! ... MÉ STUMPA ! ACH CÁ BHFUIL MÉ? ...CAS 'LARRY O'GAFF' A Ph.J.... CAS DEABHAL ÉIGIN ..... CÁ BHFUIL MO BHRIONGLÓID? ....CÁ BHFUIL MO BHRIONGLÓID?..."

Slán as Loch an Bhuí. Níl an puch puchta agam fós, fós fúm.

*Slán as Loch an Bhuí, slán, slán.*
*Is slán as Seanach Dómhnaill -*
*Clár-bholg Chnoc Mordáin*
*Le féarach is le féar.*
*Is mo bheannacht ó Chnoc Mordáin -*
*Cnoc Cnoc Mor Mor Dáin;*
*Cnoc Mór, Cnoc Mór, Cnoc Mór, Cnoc Mór -*
*Cnoc Mór Dáin is Dáir.*

Is gearr go mbeidh an mála eile ite ag na láchbhudóga. Is feicim an t-asal uaim i Seanach Dómhnaill – is féar go smut faoi ....'is gan aird ar an saol aige ná ag an saol air'..

Tá mé tar eis iarratas a fháil ó Láchbhudóg XXC4279JQ – Heidi – ar an mála pulp atá fúm. Sílim ....?

....Ach, ómós? .. ach Fellistene? ..Ach?...ach críoch.



*Más port, fonn nó feadaíl é ... cuir glaoch ar Mháirtín Tom Sheáinín, seaimpín Oireachtais agus fear "Thogha agus Rogha" ar Raidió na Gaeltachta.*


# Glynsk Country House

Cashel, Connemara, Co. Galway    Phone 095-32279

**Bialann Bia Farraige – Fully Licensed**

**Oscailte i rith na Bliana**

**Seomraí Áise**

# Bua a Maireann a Chuimhne Fós
# Craobh an Iarthair 1973

*Bhuaigh Cumann Peile Chárna Craobh an Iarthair i 1973 théis comhraic mhór le foireann Éire Óg as Gaillimh. Ní raibh ann ach an dá ghrád an uair sin – Sinsir agus Sóisir. Níor shroich Cárna roinn na Sinsir, ach bhí siad i bhfoisceacht meandair dó.*
*Sé Michael Éinniú a scríobh na bhéarsaí seo san am.*

**Foireann Peile Chárna**
Nach mór an chliú do Chonamara
foireann peile Chárna
Thréis an ghníomh mhór gaisce
a rinne siad an lá cheana
in Uachtar Árd thoir
Nuair a thugadar an cupán
den chéad uair siar go Cárna
Guidhim féin saol fada
ar gach fear dá raibh a láimh ann.

Tosaíodh ar an gcluiche, bhí an
liathróid i lár páirce;
Fear d'fhoireann Éire Óg an
chéad fhear fuair ina láimh í;
Bhuail seisean cic uirthi isteach
go dtí an chearnóig,
Is an chéad rud eile a
chonaic mé bhí sí ag imeacht
thar an treasnán.

Sé Joe Lydon a thóg an chic
amach, níor chlis sé riamh ar Chárna
Mar d'imigh sí nós piléar
uaidh nó gur leandáil sí i lár páirce;
Fuair Tommy Keaney greim uirthi
is phassáil sé ag Corbett;
Is bhí a fhios a'm go raibh
*point* aige sular fhág sí
amach a lámha.

Pete Hernon a bhí ina chaiptín
agus molaim féin an barr leis;
Na Búrcaigh 'gus an Cosgarach,
An Breathnach is na Máilligh.
Ridge, is Coyne, is Maoilchiaráin
Óg go hiontach sa gcúl báire;
Fear eile a rinne job fíormhaith
Mulkerrins as Chicargo.

Is maith an tamall cheana ó bhí
foireann mhaith i gCárna a'ainn,
Nuair a bhí Cóilín Sheáin Dhú Dara,
bhí Carey is bhí McGrath a'ainn;
Ach de léir mar chonaic mise
in Uachtar Árd an lá úd;
Ní raibh chúig fhear déag
ariamh againn chomh maith 'gus
tá faoi láthair.

Ólfaidh mise deoch libh anois
a mhuintir Chárna;
Agus deoch mhór eile do Ros Muc,
na Súilleabháin is na Máilligh.
Ach má choinníonn sibh bhur
misneach agus pleanáil mhaith a dhéanamh,
Beidh Corn Chraobh an Chontae
Tigh Mhac Mellett a'ainn á líonadh.

*Michael Éinniú*



*Spiorad Peile Chárna - Pádraig Ó Coirbín (a lámha sínte amach) ag imirt sa ngeansaí buí d'fhoireann Chárna.*



*... agus d'fhéadfá cluiche beag a imirt leis an moncaí taréis an chluiche peile! Sa bpictiúr seo ó chlé: Patsy Joyce (Leitir Móir), Seán Ó Maoilchiaráin as Caladh bhFuighinse, Seán Ó Conghaile as Coill Sáile agus Stiofán De Búrca as Ruisín na Maithníoch. Tógadh an pictiúr seo siar sna seachtóidí.*




*Beirt bhall de Chumann Drámaíochta Chárna sna blianta siar – Mary-Ann Moylan as an Áird Mhóir agus Seosamh Mac an Ríogh as an Áird Thoir.*



*Tomás Ó Mainnín as Ros Muc (Tommy Khate) agus Colm Ó Súilleabháin as Camus Uachtair ar dheis san bpictiúr drámatúil seo!*



*Tógadh an pictiúr seo céad bliain ó shoin. Bhí na fir seo ag obair ar thógáil Chéibh an Mhása faoi scéim de chuid Bhord na gCeantar gCúng.*



*Dúradh gur don India a bhí plean na beairice seo leagtha amach ach go dtáinig sí go Cárna trí dhearmad. Seo í an tsean-bheairic i gCárna. Bhí sé ar láthair na beairice atá ann anois.*

# McGrath Quarries Group

Conga, Co. Mhuigheo
Fón: 092 - 6022

## Blocanna, gaineamh, graibhéal
## Clocha beaga agus Earraí Concréid

*Comhghháirdeachas le Coiste Forbartha Chárna*




*Dhá Scór Bliain ó Shoin–Mar seo a bhfacthas an ceantar seo don scríbhneoir seo san "Irish Times"*

# Carna and the Connemara Country

by Marjorie Thornhill

Acting on the advice of an enlightened friend I rectified my mistake of never having visited Carna and arrived there, one mellow September evening, having entrained in Dublin for Galway, where I took the bus for that forty miles drive which is well worth doing, for with each mile the Connemara scene unfolds like magic. Carna is unique in character – like the police barracks dominating the village and surrounding moorlands. This austere building with its tall tower looks more suited to the north-west Indian frontier than to a remote Irish village. The coast line, looking south to the Aran Islands, is a confused, circuitous jumble of rock, tiny fields divided by stone walls, white cabins girdled by brilliant fuchsia hedges and massed heather, all intersected by slender creeks which radiated the blue of the Connemara sky. This sky is comparable to that of the Mediterranean countries, so vivid is its content above a country that is the very essence of wildness. The tang of burning peat together with that indefinable quality peculiar to Ireland permeates the air which soothes and caresses.

**Skannive, Glenaun, Pibrum, Bola**

Brown-sailed turf boats glide into the creeks and load up from the panniers of small patient donkeys who have trotted down from the cuttings on the moors at the back of Carna. These moors have a shimmering, gossamer quality which reminds me irresistibly of cob-webs and here are the loughs Skannive, Glenaun, Pibrum and Bola glittering blue or slate grey according to the temper of the weather. Their beauty is enhanced by huge clumps of heather and bright yellow gorse. It is a fine walk from the excellent hotel to Mweenish island (joined to the mainland by slender threads) to gaze out to Mason island and the sea fringing the barren coastline with white foam, or to look across curving strands of brilliant sand covered by orange wrack into which the blue sea encroaches. The Twelve Pins swing in a great misty arc across the early morning sky or, dark blue, veined by the gold of an afternoon sun, or grey ghosts fading out against a twilight backcloth of pink. I spent one whole day seated in a field watching this play of light and shade. My other companions were donkeys, charmingly shy,sad-eyed little beasts, who moved off at the first sign of human intrusion.

If one is content to make the best of nature's bounty, Carna is the place. There are few distractions other than the most natural ones of walking, fishing and swimming. The bathing beach, though illusive, is delightful and the sands white and firm. The village street, long and dusty, flanked by white houses and shops evenly spaced out between fuchsia hedges, is the prettiest that I have seen in the west of Ireland. Most of the dwellings have vermilion doors and window-frames, and I discovered a grocer's shop with a brilliant scarlet bar at the back of the establishment!

Between Carna and Glinnsk there are four or five miles well worth walking, and indicative of the pattern of Connemara life. Old men and women working near their cabins are only too willing to stop and talk in philosophical manner. The dark beauty of the younger women enhanced by the red skirt and black shawl is something that her more sophisticated counterpart might well envy. It is an extremely pleasant occupation, sitting on a wall overlooking the green patches of grass in rock-bound fields and watching life go by to the chorus of moorland birds and the incessant creak-creak of turning cartwheels.

**Lovely Bertraghboy Bay**

At Glinnsk there is a small rocky peninsula jutting out into an inlet from Bertraghboy Bay (the loveliest thing of its kind that I have seen) and it provides an excellent vantage point from which to enjoy a galaxy of dark blue ocean, white sands, the red and purple fuchsia scattered about the glowing moorlands pricked out with tiny loughs and Cashel mountain rising like a bastion in the foreground of the Twelve Pins. A few miles further along the Cashel road the Owengowla river spends its force in the waters of Bertraghboy Bay.

There are many fascinating places within reach of Carna. Ballinahinch, Lough Inagh, Roundstone harbour – more French than Irish, with its tiers of

houses climbing steeply away from the water's edge – and in the east there is a coast road from Kilkieran Bay to Screeb which should be explored for the number of creeks, small islands and bays by which it is bound are almost too numerous to count. When the opportunity occurs for me to revisit this Connaught retreat I shall most certainly take it; for the moment memories must suffice. Fortunately they are easily evoked.

## Ionad Taighde Atmasféir Choláiste na hOllscoile Gaillimh, Ceann Mása, Cárna

Tá an tIonad Taighde ag Ceann Mása ar cheann dena hionaid is tábhachtaí sa domhan le tomhais a dhéanamh ar cheimicí san atmasféar. Tá an t-ionad an-tábhachtach san ré ina bhfuil muid anois.

Tá athrú mór tagtha ar chomh-dhéanamh ceimicí an atmasféir domhanda agus is féidir leis sin tionchar a bheith aige ar aeráid an domhain, cumas glanta an atmasféir agus sláinte an chine dhaonna. Fás domhanda sa daonra agus i dtionsclaíocht is cúis leis seo.

Tá iarracht láidir idirnáisiúnta i dtaighde cheimic atmasféir faoi lán t-seoil anois le tabhairt faoi na fadhbanna seo agus chun tuiscint chuimsitheach a fháil ar na ceimicí san atmasféar.

Leis an eolas seo, ba cheart go mbeadh níos mó tuisceana againn ar na cúiseanna le athraithe a dhéanann an cine daonna ar an atmasféar agus ar an toradh a bhéas ar na hathraithe sin. Tá an t-eolas seo ag teastáil chun an pláinéad a chosaint dona glúnta atá le theacht.

Glacfaidh an t-ionad taighde agus na cláracha a bhéas ar bun ann páirt mhór san obair idirnáisiúnta seo.



*An Stáisiún Taighde Atmasféir i gCeann Masa i gCárna. Obair fíor-thábhachtach ar siúl ann.*

Tá moladh mór ag dul do Roinn na Fisice, Coláiste na hOllscoile, Gaillimh as ucht na n-iarrachtaí atá ar bun acu, go mór-mhór an Dr. Tomás Ó Conchubhair agus Coiste Bainistíochta Cheann Mása.

*Máirín Bn. Uí Dhubhda, Cúntóir Taighde, Ceann Mása.*


# Rosmuc Knitwear

**Gort Mór, Rosmuc, Co. na Gaillimhe**

**Fón 091-74172 Fax 74291**

**Earraí Cniotáilte Rosmuc**

# Seó na Bliana 1946 – An Ceann Deiridh i gCárna

I gCárna a bhíodh Seó Chapaillíní Chonamara scaitheamh den tsaol. Táimid buíoch do Phádraig Ó hEidhin a thug dúinn leabhar nó "Catalogue" Sheó Chapaillíní Chonamara don bhliain 1946. Is léir go raibh caiple an-fhairsing in Iorras Aithneach an uair sin.


Mar a thárla sé, ba é Seó seo na bliana 1946 an ceann deireanach i gCárna. Athraíodh an seó siar chun an Chlocháin an bhliain dár gcionn agus socraíodh gur ansin a d'fhanfadh sé. Seo cóipeanna do chúpla billeoig as Clár an tSeó i gCárna i 1946.

Clár - 6p.

CATALOGUE SIXPENCE

Teasbántas Capaillíní

Ċonamara



CONNEMARA SHOW

AT CARNA

THURSDAY, Aug. 29, 1946

# CLÁR, 1946

## Connemara Ponies

### CLASS 1.

(R.D.S. Championship Class)—REGISTERED CONNEMARA PONY STALLION. (First Prize winner at last year's Show is not eligible for entry). 1st Prize, R.D.S. Silver Medal and £5; 2nd, £2; 3rd, 30s.; 4th, 20s.; 5th, 10s.

1. Michael Diamond, Derryinver, Letterfrack—*I. Laddie.*
2. Willie Bolger, Waterfield, Oughterard—*Lavalley Rebel.*
3. John Walsh, Kylesala, Kilkerrin, Carna—*Creganna Winter.*
4. John Kyne, Leagaun, Moycullen—*Finnane Rover.*
5. Frank McDonagh, Derrylea, Clifden—*Dooyeher Con.*
6. Peter Connolly, Bealadangan, Galway—*Gil.*
7. Ned Conneely, Glentrasna, Rosmuck—*Derry Boy.*
8. Michael Conroy, Bunowen, Ballyconeely—*Keehaune Laddie.*

### CLASS 2.

(R.D.S. Championship Class)—REGISTERED CONNEMARA PONY MARE up to 6 years old. State whether *with* or *without* foal at foot. (First Prize winners in Registered Mares at last year's Show are not eligible for entry). 1st Prize, R.D.S. Silver Medal and £5; 2nd, 30s.; 3rd, 20s.; 4th, 15s.; 5th, 10s.

9. Michael Griffin, Goroman, Recess—*Goroman Grey* (958).
10. Martin Lyden, Glenhoghen, Recess—*Silver Dolly* (1000).
11. John Nee, Kylesalia, Kilkerrin, Carna—*Sporting Lass* (889).
12. Martin Nee, Kylesalia, Kilkerrin, Carna—*Silver Beauty* (890).
13. John Curran, Ardmore, C[illegible] *Rebel Kate* (736).
14. Joseph Joyce, Lougheoneera, Kilkerrin, Carna —*Lougheoneera Star* (717).
15. Richard Joyce, Shanakeela, Recess—*Cailin Liath* (752).
16. Patk. Joyce (Ml.), Shanakeela, Recess—*Joyce Grey* (933).
17. Mark Keaney, (Bartley) Callancruic, Cashel —*Litle Nancy* (788).
18. John Madden, Kilkerrin, Carna—*Grey Colleen* (952).
19. Frank McDonagh, Derrylea, Clifden—*Derrylea Dun* (991).
20. Joseph Hoade, Banba, Barna, Galway—*Recess Rose II* (792).



21. Micheal Og O Morain, Carna—*Flicka* (959).
22. Peter Gorham, Rusheenamanna, Carna —*Rusheen Blackbird* (891).
23. Tom Mulkerrins, Callowfeenish, Carna—*Ocean Wave* (949).
24. Mark Fitzpatrick, Callowfeenish, Carna—*Galun Buidhe* (903).
25. Pat Folan, Moyrus, Carna—*Heath Lady* (789).
26. Pat Nee (Joe), Derryrush, Rosmuck—*Workman* (801).
27. Patk. Walsh, Kilkerrin, Carna—*Dairin Lass* (960).
28. Val Keaney (Pat), Callancruic, Cashel—*Calla Bay* (892).
29. Padhraig O Flaithbheartaigh (Sean), Camus Uach, Casla —*Tobach* (916).
30. Patk. Walsh, Snabo, Rosmuck—*Snambho* (870).
164. Coleman Devane, Callowfeenish, Carna—*Mary Lillie* (900).
165. Martin J. O'Malley, Derryrush, Rosmuck—*Harvest Moon* (893).
166. Patk. O'Flaherty, Ardmore, Carna—*Rosaleen* (898).
167. Michael Cooke, Alnabrooa, Kilkerrin, Carna—*Grey Gil* (955).
168. Coleman Ridge, Rusheenamanna, Carna—*Golden Pearl* (897).
169. Joseph McDonagh, Moyrus, Carna—*Moyrus Star* (956).
170. Joseph McDonagh, Moyrus, Carna—*Realt na Maidne* (904).
191. Wm. Moylan, Ardmore, Carna—*Ardmore Lass* (963).

### CLASS 3.

(R.D.S. Championship Class)—REGISTERED CONNEMARA PONY MARE over 6 years old, with Foal at foot from Registered Stallion. (First Prize winners in Registered Mares at last year's Show are not eligible for entry). 1st Prize, R.D.S. Silver Medal and £5; 2nd, £2; 3rd, 30s.; 4th, 20s.; 5th, 15s.; 6th, 10s.

31. Martin Mannion Goroman, Recess—*Lassie* (657).
32. Pat Sullivan (John), Lougheoneera, Kilkerrin, Carna —*Lougheera* (228).
33. Michael Flaherty, Bontroughard, Kilkerrin, Carna —*Shanaceala Pride* (725).
34. Joseph Ridge, Rosdogan, Kilkerrin, Carna—*Irish Beauty* (669).
35. Festy Folan, Bontroughard, Kilkerrin, Carna *An t-Sailchuach* (663).
36. Martin Walsh (Pat), Kylesalia, Kilkerrin, Carna —*Cuach na Coille* (236).
37. Ml. Folan, Lougheoneera, Kilkerrin, Carna—*Eager Lady* (797).
38. Martin Mulkerrins, Callowfeenish, Carna —*Callowfeenish Dolly* (437).
39. Joe Joyce, Derrada East, Recess—*Roundstone Lass* (235).
40. Peter Walsh, Rusheenamanna, Carna—*Rusheen Pride* (613).
41. Martin Folan, Halfmace, Carna—*Connemara's Sea Lass* (733).
42. Stephen Keane, Kilkerrin, Carna—*Eileen Alanna* (667).
43. Michael Mulkerrins (Mark), Callowfeenish, Carna —*Rusheen Dolly* (346).

44. Michael Sullivan, Loughconeera, Kilkerrin, Carna —*Loughconeera Cuckoo* (616).
45. Martin McDonagh, Kilkerrin, Carna—*Glenmore Pride* (918).
46. Ml. Devane (Pat), Rusheenamanna, Carna —*Shamrock Girl* (729).
47. Peter Coyne, Loughconeera, Kilkerrin, Carna —*Cailin Glas* (662).
48. John De Courcey, Errisbeg, Roundstone —*Little Miss Echo* (566).
49. Michael Keane, Lettermorencoille, Rosmuck—*Kerrie* (177).
171. Bartley Nee (Anth.), Derryrush, Rosmuck —*Strolling Home* (351).
172. Mark Mulkerrin, Alnabroon, Kilkerrin, Carna —*Queen Maeve* (795).
173. Tom O'Malley (Ed.), Derryrush, Rosmuck—*Derry Grey* (207).
192. Ml. Canavan, Alnabroon, Kilkerrin—*Adventure Black* (732).

## CLASS 4.

REGISTERED CONNEMARA PONY MARE, over 6 years old, without Foal at foot but served by a Registered Stallion this season. (First Prize winners in Registered Mares at last year's Show are not eligible for entry). Prizes: £3; £2; 20s.; 10s.

50. Patk. Joseph Cloherty, Lehenagh, Cashel—*Lehanagh Lass* (415).
51. John Addley, Derrada West, Ballinafad—*Ballinahinch* (319).
52. Coleman Joyce, Schrahallia, Cashel—*South Sea Lass* (514).
53. Patk. Heanue, Beacauneen, Clifden—*Jane Eyre* (856).
54. Martin Lyden, Glenhogher, Recess—*Thrush* (649).
55. Willie Bolger, Waterfield House, Oughterard —*My Gal Sal* (1010).
56. Richard Canavan, Cashel, Recess—*Joan* (723).
57. Peter Canavan, Kilkerrin, Carna—*Cnocmordain Lass* (340).
58. Kevin Naughton, Ardmore, Carna—*Kylesalia Grey* (611).
59. Thos. Keaney, Mynish, Carna—*Tiger Tank* (908).
60. John Mannion, Derrada West, Ballinafad—*Rover* (242).
61. John Davis, Ballinafad—*Village Girl* (690).
62. Frank McDonagh, Derrylea, Clifden—*May Day* (322).
63. Joseph Hoade, Banba, Barna, Galway—*White Nell* (962).
64. Val Keaney (Pat), Callancruic, Cashel—*Calla Girl* (734).
65. Val Keaney (Pat), Callancruic, Cashel—*Calla Lass* (433).
66. Pat Walsh, Callowfeenish, Carna—*Golden Vale* (279).
67. Tom Folan (John), Callowfeenish, Carna—*Ann* (163).
68. Ml. Mulkerrins, Callowfeenish, Carna—*Inver Bridge* (459).
69. Tom Conneely, Bontroughard, Kilkerrin, Carna —*Goldfinch* (276).
70. Patk. Mulkerrins (Morgan), Rusheenamanna, Carna —*Sea Grey* (219).



71. Tom Devane, Rusheenamanna, Carna—*The Shamrock* (278).
72. Festy Folan (Festy), Callowfeenish, Carna —*Sliabh na mBan* (227).
73. Coleman Geary, Letterdeisceart, Carna—*Carna Girl* (525).
74. Joseph Walsh (Mtn.), Callowfeenish, Carna—*Film Star* (245).
75. Joseph Keane, Gowla, Cashel—*Primrose* (907).
76. Jas. Toole (Ml.), Glentrasna, Rosmuck—*Cornacapall Lass* (430).
174. Stephen Nee, Callowfeenish, Carna—*Sidhe Duach* (793).
175. Joseph Joyce, Lisoughter, Recess.

## CLASS 5.

PERPETUAL CHALLENGE CUP, presented by His Grace the Most Rev. Dr. Walsh, Archbishop of Tuam, for the BEST BROOD MARE. Open to all, including the first prize winners at previous Show. Winner's name will be inscribed on the Cup and a replica presented.

77. Pat Sullivan (John), Loughconeera, Kilkerrin, Carna —*Banreacht* (735).
78. Dudley McDonagh, Letterkeehaun, Maam X —*Golden Gleam* (296).
79. Patk. Mulkerrin, Callowfeenish, Carna—*Carna Dolly* (442).

*NOTE—All mares entered in Classes 2, 3, 4 and 12 are also entered for this Cup. The above are additional entries, being mares which are not eligible for entry in the ordinary classes.*

## CLASS 6.

COLT FOAL, the progeny of Registered Connemara Pony Mare and Registered Connemara Pony Stallion. Prizes: First, 25s. and a Merit Badge from the National Horse Association of Great Britain; Second, 20s.; Third, 15s.; five additional prizes of 10s. each.

*(Catalogue No. of Dam is given in brackets in front of name)*

80. (31) Martin Mannion, Goroman, Recess—Sire: *Dun Lorenzo.*
81. (11) John Nee, Kylesalia, Kilkerrin, Carna—Sire: *Gil.*
82. (13) John Curran, Ardmore, Carna—Sire: *Gil.*
83. (77) Pat Sullivan (John), Loughconeera, Kilkerrin, Carna —Sire: *Gil.*
84. (32) Pat Sullivan (John), Loughconeera, Kilkerrin, Carna —Sire: *Gil.*
85. (36) Martin Walsh (Pat), Kylesalia, Kilkerrin, Carna —Sire: *Gil.*
86. (38) Martin Mulkerrins, Callowfeenish, Carna—Sire: *Gil.*
87. (17) Mark Keaney (Bartley), Callancruic, Cashel —Sire: *Hillside Rover.*

# Cottage Industries

(No Article which won a Prize already at a Connemara Show is eligible for entry and such if entered will be disqualified. Pieces of Tweeds, etc., must be of the lengths specified for their Classes, otherwise they will be disqualified).

### CLASS 63.

HAND-KNITTED CARDIGAN, made from Handspun Thread. Prizes: 10s., 7s. 6d., 5s., 2s. 6d.

529. Miss Annie Cosgrave, Market Street, Clifden.
530. Miss Mary J. Mulkerrins, Rusheenamanna, Carna.
531. Mrs. Dunworth, Kylesalia, Kilkerrin, Carna.
532. Miss Sarah Joyce (F.). Schrahallia, Cashel.

### CLASS 64.

HAND-KNITTED JUMPER, made from Handspun Thread. Prizes: 10s., 7s. 6d., 5s., 2s. 6d.

533. Mrs. John McDonagh, Bridge House, Ardwest, Carna.
534. Miss Mary J. Mulkerrins, Rusheenamanna, Carna.
535. Mrs. Pat McDonagh (Richard), Ardwest, Carna.
536. Mrs. Patrick Ridge, Culleen, Carna.
537. Julia McDonagh, Ard East, Carna.
538. Mrs. Dunworth, Kylesalia, Kilkerrin, Carna.
539. Miss Sarah Cosgrave, Half-Mace, Carna.
540. Mrs. Kathleen Ridge, Gowla, Cashel.
771. Miss Bridget Hernan, Rusheenamanna, Carna.
772. Mrs. John Feeney, Rusheenamanna, Carna.
796. Mrs. Ml. Keane, Glynsk, Cashel.

### CLASS 65.

HAND-KNITTED PULLOVER, made from Handspun Thread. Prizes: 10s., 7s. 6d., 5s., 2s. 6d.

541. Miss Annie Lacey, Cleggan, Clifden.
542. Miss Annie Cosgrave, Market St., Clifden.
543. Mrs. Peter Mulkerrins, Rusheenamanna, Carna.
544. Miss Mary J. Mulkerrins, Rusheenamanna, Carna.
545. Mrs. Pat McDonagh (Richard), Ardwest, Carna.
546. Miss Sara Mulkerrins, Callowfeenish, Carna.
547. Mrs. Patrick Ridge, Culleen, Carna.
548. Julia McDonagh, Ard East, Carna.
549. Miss Barbara Casey, Ardwest, Carna.
550. Mrs. Tommie Cloherty, Loughconeera, Kilkerrin, Carna.



551. Mrs. Julia Joyce, Loughconeera, Kilkerrin, Carna.
552. Mrs. Michael McDonagh, Rusheenamanna, Carna.
553. Mrs. Michael Canavan, Alnabroon, Kilkerrin, Carna.
554. Miss Ann McDonagh, Rusheenamanagh, Carna.
555. Mrs. Madeline Keaney, Gowla, Cashel.
556. Mrs. Kathleen Ridge, Gowla, Cashel.
773. Mrs. Mary Canavan, Ardeast, Carna.
774. Mrs. Mary Canavan, Ardeast, Carna.
775. Mrs. Mary Canavan, Ardeast, Carna.
776. Mrs. John Feeney, Rusheenamanna, Carna.
777. Miss Elizabeth McDonagh (Joe), Ardwest, Carna.
797. Mrs. Ml. Keane, Glynsk, Cashel.

### CLASS 66.

HAND-KNITTED CARDIGAN, JUMPER OR PULLOVER, made from other than Handspun Thread. Prizes: 10s., 7s. 6d., 5s., 2s. 6d.

557. Miss Mary Greene, Culleen, Carna.
558. Miss Mary Greene, Culleen, Carna.
559. Mrs. John McDonagh, Bridge House, Ardwest, Carna.
560. Miss Baby Coyne, Loughconeera, Kilkerrin, Carna.
561. Miss Sara Mulkerrins, Callowfeenish, Carna.
562. Mrs. Patrick Ridge, Culleen, Carna.
563. Miss Bridget Folan, Spiddal.
564. Mrs. Margaret Nee, Letternoosh, Clifden.
565. Mrs. Sarah Coyne, Leagaun, Moycullen.
566. Miss Barbara Casey, Ardwest, Carna.
567. Miss Magdelin Keaney, Gowla, Cashel.
568. Miss Mary Gorham, Ard, Carna.
569. Mrs. Michael Canavan, Alnabroon, Kilkerrin, Carna.
570. Miss Sarah Cosgrave, Half-Mace, Carna.
571. Miss Sarah Joyce (F.), Schrahallia, Cashel.
778. Miss Bridget Hernan, Rusheenamanna, Carna.

### CLASS 67.

ARTICLE OF IRISH CROCHET. Prizes: 10s.; 7s. 6d.; 5s.; 2s. 6d.

572. Mrs. Patrick Ridge, Culleen, Carna.
779. Mrs. John Feeney, Rusheenamanna, Carna.

### CLASS 68.

HAND-EMBROIDERED ARTICLE, White Embroidery. Prizes: 10s.; 7s. 6d.; 5s.; 2s. 6d.

573. Miss Annie Cosgrave, Market Street, Clifden.
574. Mrs. Pat McDonagh (Richard), Ardwest, Carna.

# PICTIÚIR Ó SHEÓ NA BLIANA 1939

*Gabhfaidh muid siar anois chomh fada le Seó Chapaillíní Chonamara sa mbliain 1939 i gCárna. Tógadh na pictiúir seo ag Seó 1939, díreach sul ar thosnaigh an Dara Cogadh Mór. Tá muid fíor bhuíoch do Thomás Mac Fhlannchadha agus do Sheán Mac Fhlannchadha as Cill Chiaráin a thug na pictiúir seo dúinn.*




*Peige Bean Uí Chlochartaigh (bean Thomáis Uí Chlochartaigh) as Loch Con Aortha ag Seó Chárna i 1939.*



*Iad gléasta i bhfeisteas na mblianta sin ... ag Seó Chapaillíní Chonamara i gCárna i 1939. Ó chlé: Beairtle Guairim (Beairtle Rua) as Leitir Árd; Pádraig Mac Donnchadha (Pat Bhilly) as Coillín; Bean Mhic an Iomaire as Fínis; Bean Phádraig Mhic an Iomaire as an gCoillín agus Mairéad Bhreathnach (Margaret Cheaite Bhreathnaigh) as Caladh bhFuighinse.*



*Coiste Chumann Chapaillíní Chonamara a bhí ag eagrú Seó Chonamara i 1939. Tógadh an pictiúr taobh amuigh de Óstán Mhongáin i gCárna. Níl na hainmneacha uile againn ach tabharfaidh muid dhíbh na ceanna atá againn.*

*An chéad líne ó chlé: C. Kearns as Uarán Mór; an tAthair Kenny, Sagart Pobail Ros Muc; Tim Cotter as Tuaim, Príomh Oifigeach Talmhaíochta an Chontae.*

*An líne láir ó chlé: Josie Mongan, T.D., Cárna; Micheál Ó Máille (Athair Frank an Mháille) Ros Muc; B. Ó Súilleabháin as Corcaigh agus níl fhios againn cé hiad an bheirt eile sa líne seo.*

*An líne cúil ó chlé: P.K. Joyce as an gClochán; an tUasal Ó Ceallaigh as Gaillimh; P. Clancy (deartháir do Tom Clancy) agus ar dheis sa líne cúil, Tom Clancy, Comhairleoir Talmhaíochta as Cill Chiaráin.*



*Ag coinneáil súil ghéar ar an Seó i gCárna i 1939. Níl againn ach cuid de na hainmneacha. Bairbre Ní Fhinneadha as Ruisín na Maithníoch an bhean ar thaobh na láimhe clé agus aithneoidh corr dhuine an bhean de chlainne Conghaile as Fínis ar dheis.*


# Clan Electric

**An Cheathrú Rua**


**091 - 95092**

## Réimse mór Earraí Leictreachais le Ceannacht nó le tabhairt ar Cíos

## Obair Dheisiúcháin

*Comhgháirdeachas le Coiste Forbartha Chárna*

# AN BRADÁN FEASA




Oifig Eolais Chonradh na Gaeilge
45 Sráid Doiminic, Gaillimh.

Fón (091) 67824 Facs (091) 61453

# *Cumhacht i gConamara*

## Cé'n chaoi a gcoinnítear an solas lasta?

Bhí scaipeadh na cumhachta leictreachais ar fud na tuaithe ar cheann de na hathruithe ba mhó a tharla sa tír seo. Is scéal ann féin é agus dá bhféadfaí Pádraig Ó Fátharta as Cloch na Rón (as an gCeathrú Rua ó dhúchas, ar ndóigh) a chur i mbun pinn, b'fhiú go mór an leabhar a scríobhfadh sé a léamh. D'oibrigh Pádraig ar fud Iarthar na hÉireann le linn don Bhord Soláthar Leictreachais a bheith ag scaipeadh na cumhachta ar fud na tuaithe. Ach, sin scéal eile. Tá an oiread sin forbartha tagtha ar bhealaí éagsúla agus go gcaitear an córas cumhachta a neartú dá réir. Córas an-chasta é an córas leictreachais agus is mar seo a thagann an chumhacht chomh fada linne anseo.

1. Tagann línte a bhfuil 220 Kv. cumhachta iontú isteach as Roinn an Airgid (Moneypoint) i gContae an Chláir isteach chomh fada le cathair na Gaillimhe.
2. Tagann cumhacht amach le cósta Chois Fharraige agus 38 Kv. téagair ann. Sroicheann sé an chéad stáisiún sa taobh seo tíre ag cros-bhóthar Ros a'Mhíl. Téann sé as sin agus 38 Kv. cumhachta ann i gcónaí chomh fada le stáisiún Scríbe. Sé Stáisiún Scríbe a thugann an chumhacht don cheantar siar Rosmuc, Cill Chiaráin, Cárna agus páirt don Chaiseal. 10 KV. cumhachta atá sa líne sin. Nuair a bhuaileann an chumhacht sin na "transformers", laghdaítear arís é nó go n-íslíonn sé go 220 volt agus sin é an leibhéal cumhachta a théann isteach sa ngnáth theach.

### Feabhas ar an gcóras

Le gairid, neartaíodh an córas as Scríb anoir an taobh seo. San áit nach mbíodh ann ach dhá cheangal (2 phase), tá trí cheangal cumhachta (3 phase) anois ann. Deireann na saineolaithe go mbeidh an córas níos éifeachtaí dá bharr seo agus gur lú baol atá ann anois go n-imeóidh an chumhacht, nó go mbeidh ceantar mór, fairsing buailte d'aon iarraidh amháin. Tá an tríú ceangal cumhachta seo feistithe thart le cósta agus suas go Glinnsge. Níl an tríú ceangal curtha chomh fada le Caladh an Chnuic ná le Gabhla fós ach tabharfaidh muintir na mbailte sin faoi deara go mbeidh an sruth cumhachta níos seasmhaí agus táthar ag súil go mbeidh an tríú ceangal acusan amach anseo.

### Súil ar an gcóras ar fud Chonamara

Tá tábhacht dúinne anseo sa leagan amach atá ar fud Chonamara. Dá réir sin, coinneoidh muid orainn ón áit ar stop muid i Scríb ...

3. Imíonn an phríomh líne agus 38Kv. cumhachta inti i gcónaí ó thuaidh as Scríb chomh fada leis an stáisiún atá ar leath taobh an bhóthair ag cross-bhóthar an "Mhail" ar an Sraith Salach. Tugann an stáisiún nua sin cumhacht do Ghleann Eighneach, Sraith Salach, cuid den Chaiseal, Cloch na Rón agus páirt de Bhaile Conghaile.
4. Tá línte eile ansin ag dul siar as an Sraith Salach agus cumhacht 38 Kv. iontu i gcónaí nó go mbuaileann siad an stáisiún atá sa gClochán (ar leath taobh an bhóthair taobh amuigh de na "cottages"). Tugann an stáisiún sin cumhacht don bhaile mór féin, do cheantar Rinn Mhaoile/Leitir Fraic agus amach an taobh sin agus do pháirt do Bhaile Conghaile. Ár ndóigh, tugann Ros a'Mhíl, cumhacht don Cheathrú Rua agus do cheantar na nOileán síos an taobh ó dheas.

### Ceangal idir na ceantair

Má tá ceangal idir na ceantair, is féidir an chumhacht a roinnt anonn agus anall de réir mar a fheileann sé. Cuidíonn sé seo go mór má thárlaíonn sé go bhfágtar ceantar amháin gan cumhacht. Tá Bord Soláthar an Leictreachais ag iarraidh na ceangail seo a chríochnú anois.

Faoi láthair, tá beárna idir cuaillí leictreachais i gceantar Bhaile Conghaile agus Chloch na Rón dá líonadh.

Tá beárna eile níos gaire dúinn féin le líonadh freisin. Is i gceann thuaidh phobal Chárna atá an bheárna sin idir Bun na hAbhann agus Gabhla. Níl aon cheangal idir na línte ansin. Ach, is idir Uachtar Árd agus an Sraith Salach atá an bheárna is mó.

Thug urlabhraí ón mBord Soláthar Leictreachais i nGaillimh le fios go bhfuil an t-airgead curtha go leath-taobh ag Bord Soláthar an Leictreachais leis an obair seo a dhéanamh. Tá pingin mhór airgid i gceist. Caithfear cuaillí a chur as Uachtar Árd tríd an gcriathrach chomh fada leis an Sraith Salach. Tá cómhráití ar bun idir an Bord agus an Chomhairle Contae féachaint an bhféadfadh siad aontú ar an gcúrsa ab fheiliúnaí ó thaobh costaisí agus timpeallachta de. Tá an ceangal sin rí-thábhachtach. Thabharfadh sé an dara ceangal cumhachta as Gaillimh isteach go Conamara. 38 Kv. a bheadh sa gceangal sin.

Dá mbeadh na ceangail sin uile déanta, meastar nach mbeadh mórán le cois uair an chloig moille, sul a dtabharfaí cumhacht ar ais i gceantar a bheadh fágtha sa dorchadas. D'fhéadfaí cumhacht a thógáil ó stáisiún eicínt eile nuair a d'imeodh an ceann áitiúil.

### Athrú ar línte

Tá na línte leictreachais féin thart anseo athraithe, dá n-athrú nó le n-athrú as seo go ceann píosa. Aliminium fáiscithe ar stíl a bhíodh sna línte ach cé go raibh siad sách éifeachtach, bhí cúpla locht orthu. Bhíodh an dá rud ag creimeadh a chéile agus chomh maith leis sin, dúirt urlabhraí BSL liom go mbíodh salann na farraige

(a bhíonn fairsing san aer thart anseo!) ag goilliúint orthu. Coipéar atá dá chur ina áit sin. Is cosúil go bhfuil sé níos téagaraí. Cébí scéal é, dúirt fear an BSL i nGaillimh nach mbíonn mórán le cois dhá scór blianta maithe sna línte a bhíodh ann agus ó tharla gur sna caogaidí a cuireadh cuid mhaith den chóras isteach thart anseo, tárlaíonn sé go bhfuil sé in am línte nua a fheistiú anois.

**Buíochas**

Tá mé buíoch do Cholm Ó Suilleabháin as Camas Uachtair, fear nach gá a chur in aithne, as ucht an chúnamh a thug sé dom agus mé ag réiteach an phíosa seo. Thug Bord Soláthar an Leictreachais i nGaillimh a gcuid tuairimí féin dom agus chuir Máirtín Ó Cualáin as Leitir Árd "bun-oideachas" orm i gcúrsaí leictreachais.

*Máirtín Ó Catháin*

# Córas an teileafóin sa gceantar gleo agus dóchas

Cé gur mion minic a bhí gearáin mhóra ón taobh seo faoin teileafón, deir lucht Telecom Éireann go bhfuil an córas nua a feistíodh idir Gaillimh agus an Clochán sa bhFómhar seo caite ar cheann chomh maith agus atá sa tír. Córas "Digital" é seo agus tá sé feistithe idir Gaillimh agus an Clochán. Is mar seo a thagann na "línte" isteach go Cárna:

1. Seoltar an chaint thríd an aer isteach ón Malartán mór i Muirbheach i gcathair na Gaillimhe chomh fada leis an gClochán. Níl na sean línte a bhíodh ar na cuaillí ag obair chor ar bith anois. Cuirtear na focla d'aon sciotán amháin tríd an aer agus buaileann siad an stáisiún taca atá lonnaithe gar d'Uachtar Árd (Knock/Letterfore).
2. As Uachtar Árd, cuirtear fuinneamh in ath-uair sa gcóras agus cuirtear ar aghaidh é chomh fada le stáisiún taca an Chlocháin (O'Malley's). Uaidh sin, téann sé isteach i Malartán an Chlocháin.
3. Tagann glaochanna Chárna/Chill Chiaráin/Shraith Salach/Caiseal agus Chloch na Rón anuas as an gClochán ar na sean-línte ar na cuaillí chomh fada le stáisiún aistrithe an Chaisil. Nuair a shroicheann an córas an stáisiún sin atá gar do Theach an Phosta, an Caiseal, roinntear na glaochanna amach ar na ceantair éagsúla. Amach ar na sean-línte sin a chuirtear na glaochanna thart anseo.

De réir lucht Telecom, sé an buntáiste is mó a bhaineann leis an gcóras nua as Gailimh siar chun an Chlocháin ná go bhfuil an "dara" córas fite fuaite istigh ann. Má chliseann an príomh chóras, tá córas eile ins an gcóras nua Digital seo agus is féidir é sin a chur in úsáid go léim.

Roimhe seo, ba é an córas ceangail Raidió a bhí idir Gaillimh agus an Clochán. Nuair a chlisfeadh an córas Raidió, bheifí ag braith ar an líne teileafóin ar na cuaillí agus bhí sé seo an-mhí-shásúil.

Ach, cé go bhfuil an córas Digital isteach ina Chlocháin, tá na ceantair eile amach ón gClochán ag braith i gcónaí ar na línte ar na cuaillí. (Is i Leitir Fraic, dála an scéil, atá an Stáisiún aistrithe do thuaisceart Chonamara). Tá daoine sa taobh seo tíre ag gearán i gcónaí go bhfuil deacrachtaí leis an teileafón i gcónaí. Deir urlabhraí ó Telecom go b'fhéidir go bhfuil deacrachtaí áitiúla ann i gcónaí ach go mbeidh siad in ann a dhul ina n-éadan sin anois ó tharla an príomh líne a bheith ceart.

Deireann urlabhraithe Telecom go bhfuil sé ag luí le réasún go ndéanann an ghaoth láidir agus an droch-aimsir ar chósta an iarthair go leor dochair do na línte agus don chóras. San am chéanna, deireann siad go bhfuil foireann láidir coinnithe acu sa gClochán in aonturas le freastal a dhéanamh ar an gcóras anseo. Teastaíonn seo, a deir siad mar gheall ar an mbrú a chuireann an aimsir ar na línte.

Ach, cébi céard a déarfaidh Telecom, is léir go bhfuil an teileafón anseo go háitiúil ina ábhar gearáin i gcónaí, go háirithe ag lucht gnó.

**Stair**

Cuireadh línte nua ar ar tugadh línte "Co-axial" siar go Conamara as Gaillimh i dtús na seachtóidí. Cuireadh na línte isteach i leaba na sean-línte. Bhí an-bharúil don líne "co-axial" ach chuaigh an córas sin i léig go mór. Bhí sé ina ghleo i dtús na n-ochtóidí agus cuireadh ceangal "Raidió" isteach i 1984. Admhaíodh nár chóras glan nua as an bpíosa a bhí ann. Idir 1985 agus 1987 cuireadh córas uathoibritheach isteach agus tugadh go leor oibrithe breise isteach le freastal ar an nglaoch a bhí ag teacht as éadan ar theileafóin nua. D'oibrigh an córas go maith ar feadh tamaill ach bhí cúrsaí ina gcíor-thuathail i 1989 agus de bharr brú agus gleo cuireadh an córas nua "Digital" isteach.

Fiú is go bhfuil an córas thart anseo mí-shásúil scaití, is cinnte gur dul chun cinn é an córas nua seo chomh fada leis an gClochán.

# AG DUL ABHAILE

Níor chóir an doicheall.
Ní raibh an aga fada –
Trasna garraí – ag tionlacan
Na seanmhná abhaile.
Fanta thar a cuairt iondúil
Gur lig an oíche uirthi.

Soir an réidh le taobh an tí
Síos na steipeanna;
An bhearna féin ab' anróití
'Nach mbeadh leagtha go híochtar...'

Oíche mheargánta. Scamaill.
Mar eachra mire i rás
Gan tús gan deireadh ag scinneadh
Thar phosta bua lán gealaí
Sconna anbháthach na seanmhná
Á scuabadh síos ina chúr
Ar shuaill neamhairdiúil do smaointe.

Go dtí gur truisleadh í
A cos in aghaidh tuláin,
Is rinne ablach ort mar thaca
Ag báthadh na méara ársa ós cionn d'uilinne;
Ach níorbh í an teangmháil cnáimhe is feola
A ghin an éiseallacht a d'éirigh ionat
Ach an uaill scímghlórach a chuala lena linn.
Nárbh ó aon bhéal beo a d'eisigh
Ach uatha siúd dár thriall aniar ó thús
Den bhantracht is de thoradh síolrach a broinne.


Tríd an dara bearna thoir.
Bhog a greim. 'Tá mise ceart anois...'
Is rinne ar an solas amhail giall a shaorfaí.
Ala eile, chuaigh an solas as.
D'iompaigh tú ón gclaí teorann siar.
Bhí an eochair le cur in áirse brí na hoíche
Is an t-seanbhean slán ó anachain sa mbaile.

*Micheál Ó Cuaig*

# TINE CHNÁMH

Tine aerach amháin atá againn i mbliana
Agus ina teannta cruinníonn clann na talún le chéile
Ar an gcnocán is airde atá againn sa mbaile.
Níl suíochan sa spéir nach bhfuil tógtha anois ag réalt.
Mar is dóibh sin i ndáiríre spórt seo an iontais!
Cuireann canna ola aithinní ag damhsa ina ngeilt
solais suas thar na cnoic chuig croílár na bhFlaitheas
Agus dá leanúint dearcann an tsúil i bhfaitíos
Ar an oscailt atá ag tabhairt a dheargdhúshláin d'fhios
– Ach tá sí go fóill ina codladh faoi scáile na hollbhroinne
Is ní thugann aird ar a anam ar uirthi atá a glaoch
Agus is ansin a shábhálas neamhspleách í
Ó ghéilleadh do phianta Gheitséiminé.

*Seosamh Ó Guairim*



*Seaimpín sa gClochán agus san RDS. "Village Colleen" agus a húinéara Pádraig Ó hEidhin as Gleann Chóchainn, Béal an Átha Fada.*

# *Nótaí*

Clódóirí Lurgan Teo. Tel. 091-93251/93157

## UIMHREACHA FÓINTEACHA TEILEAFÓIN

| | |
|---|---|
| ***Sagart*** | |
| An tAthair Audley | 095 - 32232 |
| An tAthair Ó Dúshláine | 095 - 32246 |
| An tAthair Ó Fátharta | 095 - 33403 |
| ***Dochtúir*** | |
| Ionad Sláinte Chárna | 095 - 32281/32204 |
| Teach i gCárna | 095 - 32243 |
| Ionad Sláinte Chill Chiaráin | 095 - 33429 |
| ***Gardaí*** | |
| Cárna | 095 - 32242 |
| Clochán | 095 - 21021 |
| ***Bord Soláthar an Leictreachais*** | |
| Clochán | 095 - 21486 |
| Gaillimh | 091 - 57641/57644 |
| ***Bád Tárrthála*** | |
| Clochán | 095 - 21332 |
| Árainn | 099 - 61107/75010 |
| An tSionainn | 061 - 61969 |
| ***Ionad Dóiteán*** | |
| Clochán | 095 - 21069 |
| ***Bord Sláinte an Iarthair*** | 091 - 23122 |
| ***Ospidéil*** | |
| Páirc Mheirlinne, Gaillimh | 091 - 57631 |
| Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh | 091 - 24222 |
| Ospidéal an Chlocháin | 095 - 21333 |
| ***Ionaid do Dhaoine Aosta*** | |
| Clochán (St. Anne's) | 095 - 21189/21255 |
| Áras Mhic Dara, An Cheathrú Rua | 091 - 95204 |
| ***Telecom Éireann*** | |
| Clochán | 095 - 21336 |
| **Scoil Phobail Mhic Dara** | 095 - 32245 |
| **Ollscoil na Gaillimhe** | 091 - 24411 |
| **Coláiste Réigiúnach na Gaillimhe** | 091 - 53161 |
| ***Oifig Leasa Shóisialaigh*** | |
| Gaillimh | 091 - 66191 |
| Clochán | 095 - 21025 |
| Uachtar Árd | 091 - 82135 |
| ***Oifig Cáin Ioncaim*** | |
| Gaillimh | 091 - 63041 |
| Cáin Cairr | 091 - 63151 |
| ***Oifig Talamhaíochta*** | |
| Hynes Buildings, Gaillimh | 091 - 63007 |
| ***Roinn na Gaeltachta*** | |
| Na Forbacha, Gaillimh | 091 - 92555 |
| Baile Átha Cliath | 01 - 764751 |
| ***V.H.I.*** | |
| Ross House, Gaillimh | 091 - 63715 |
| ***Raidió na Gaeltachta*** | |
| Casla, Conamara | 091 - 72224 |
| **Comharchumann Sliogéisc Chonamara** | 095 - 33489 |
| **Connacht Tribune, Gaillimh** | 091 - 67251 |
| **Árus Mháirtín Uí Chadhain** | 091 - 95101 |
| **Muintearas na nOileán** | 091 - 81145 |
| **Bus Éireann, Gaillimh** | 091 - 62000 |
| **Comhairle Condae na Gaillimhe** | 091 - 63151 |
| **An tInnealtóir Áitiúil, Casla** | 091 - 72232 |
| **Réamhfháisnéis na hAimsire (réamhfháisnéis don cheantar seo)** | 061 - 62677 |

## SEIRBHÍSÍ DOCHTÚRA I gCARNA/CILL CHIARÁIN/ROSMUC/CAMUS

*An Dochtúr Michéal Ó Cathasaigh*

| | | |
|---|---|---|
| Cárna | Ionad Slainte | 095-32281/32243/32304 |
| Cill Chiaráin | Ionad Sláinte | 095-33429 |
| Rosmuc | Ionad Slainte | 091-74107 |
| Camus | Ionad Slainte | 091-74136 |

**Dé Luain:**

| | |
|---|---|
| 10.00 a.m.-01.00 p.m. | Cill Chiaráin |
| 10.00 a.m. -01.00 p.m. | Rosmuc |
| 03.00 p.m.-06.00 p.m. | Carna* |

**Dé Máirt:**

| | |
|---|---|
| 10.00 a.m.-01.00 p.m. | Carna |
| 03.00 p.m.-06.00 p.m. | Carna* |

**Dé Céadaoin:**

| | |
|---|---|
| 10.00 a.m.-01.00 p.m. | Carna |
| 02.30 p.m.-03.30 p.m. | Camus |
| 06.00 p.m.-08.00 p.m. | Carna* |

**Déardaoin:**

| | |
|---|---|
| 10.00 a.m.-01.00 p.m. | Carna |
| 03.00 p.m.-0.600 p.m. | Cill Chiaráin |

**Dé hAoine:**

| | |
|---|---|
| 10.00 a.m.-01.00 p.m. | Rosmuc |
| 11.00 a.m.-01.00 p.m. | Carna |
| 03.00 p.m.-06.00 p.m. | Carna* |

*Socrú roimh ré.

*An t-eolas seo tugtha dúinn 26-10-1990*

## BUS CHÁRNA GO GAILLIMH

| | |
|---|---|
| Luan – Satharn | Fagáil Chárna 8.30 a.m. |
| | Fagáil Ghaillimh 5.00 p.m. |
| Tríd Sraith Salach | Dé Máirt |
| Tríd Rosmuc | Dé Luain agus Dé hAoine |